# 2022

## Tuarascáil Bhliantúil ar Ghníomhaireachtaí an Aontais do bhliain airgeadais 2022

CÚIRT INIÚCHÓIRÍ NA hEORPA

GA

CÚIRT INIÚCHÓIRÍ NA hEORPA
12, rue Alcide De Gasperi
1615 Luxembourg
LUCSAMBURG

Teil. +352 4398-1
Fiosruithe: eca.europa.eu/gaPages/ContactForm.asp
Suíomh Gréasáin: eca.europa.eu
Twitter: @EUAuditors

Tá tuilleadh eolais faoin Aontas Eorpach ar fáil ar an idirlíon (http://europa.eu).

Lucsamburg: Oifig Foilseachán an Aontais Eorpaigh, 2023

PDF ISBN 978-92-849-0011-4 doi:10.2865/788453 QJ-AG-23-001-GA-N

# Clár

Liosta de ghníomhaireachtaí an Aontais agus de chomhlachtaí eile an Aontais atá clúdaithe sa tuarascáil seo 7

Caibidil 1 Gníomhaireachtaí an Aontais Eorpaigh agus iniúchóireacht na Cúirte 10

Réamhrá 11

Gníomhaireachtaí an Aontais 13

Cuidíonn cineálacha éagsúla gníomhaireachtaí leis an Aontas Eorpach beartais an Aontais a cheapadh agus a chur chun feidhme 13

Tugann gníomhaireachtaí díláraithe aghaidh ar na riachtanais i réimse beartais ar leith 13

Cuireann gníomhaireachtaí feidhmiúcháin de chuid an Choimisiúin cláir an Aontais chun feidhme 14

Comhlachtaí eile a bhfuil sainorduithe ar leith acu 14

Athruithe a tharla le déanaí 14

Maoinítear na gníomhaireachtaí ó fhoinsí éagsúla agus faoi cheannteidil éagsúla de CAI 16

Tá na socruithe don bhuiséad agus don urscaoileadh cosúil le chéile do na gníomhaireachtaí ar fad, seachas EUIPO, CPVO agus BRA 24

Éascaíonn Líonra Gníomhaireachtaí an Aontais Eorpaigh comhar idirghníomhaireachta agus cumarsáid le geallsealbhóirí 25

Ár n-iniúchadh 27

Eisímid ráiteas dearbhaithe do gach gníomhaireacht 27

Tá ár gcur chuige iniúchóireachta bunaithe ar mheasúnú ar phríomhrioscaí 27

Bainimid úsáid as obair iniúchóirí eile 29

Bainimid úsáid as nósanna imeachta iniúchóireachta digiteacha 29

Déanaimid cásanna amhrasta de chalaois a thuairisciú chuig comhlachtaí ábhartha an Aontais – OLAF agus OIPE 29

Caibidil 2 Forléargas ar na torthaí iniúchóireachta 30

Réamhrá 31

Ar an iomlán, is lú torthaí dearfacha a tháinig ó na hiniúchtaí bliantúla ar na gníomhaireachtaí do bhliain airgeadais 2022 32

Tuairimí iniúchóireachta 'glana' maidir le beachtas na gcuntas do na gníomhaireachtaí go léir 32

Tá na míreanna faoin teideal 'béim ar ábhar' tábhachtach chun tuiscint a fháil ar chuntais CINEA, EMA, OIPE, ERA, ESMA, EUAA, Eurojust, EUSPA, eu-LISA, Frontex agus BRA 32

Tuairimí iniúchóireachta 'glana' maidir le dlíthiúlacht agus rialtacht an ioncaim is bun leis na cuntais do na gníomhaireachtaí go léir 34

Cabhraíonn an mhír faoin teideal 'béim ar ábhar' le tuiscint níos fearr a fháil ar ioncam BRA 34

Tugann an mhír faoin teideal 'ábhar breise' aghaidh ar shaincheist a bhfuil tábhacht ar leith ag baint léi maidir le hioncam BRA 34

Tuairimí iniúchóireachta 'glana' maidir le dlíthiúlacht agus rialtacht na n-íocaíochtaí is bun leis na cuntais do 39 ngníomhaireacht 35

Cabhraíonn an mhír faoin teideal 'béim ar ábhar' le tuiscint níos fearr a fháil ar íocaíochtaí ESMA 35

Thug ár mbarúlacha aghaidh ar réimsí a bhféadfaí feabhsúcháin a dhéanamh iontu i 36 ghníomhaireacht 35

Tá méadú ag teacht ar líon na laigí i nósanna imeachta soláthair poiblí agus iad fós ina bpríomhfhoinse do na híocaíochtaí neamhrialta 37

Tá laigí ann atá ag déanamh difir do chuid de na córais bhainistíochta agus rialaithe 40

In 2022, bhí laigí maidir le saincheisteanna acmhainní daonna ag déanamh difir den chuid is mó do liúntais le saineolaithe náisiúnta ar iasacht 41

Bhí leibhéal ard de thabhairt anonn nó íocaíochtaí déanacha ann mar gheall ar laigí i mbainistiú buiséadach 41

Tá gníomhaireachtaí ag déanamh obair leantach ar bharúlacha ó bhlianta roimhe seo 43

Freagairt na ngníomhaireachtaí ar na géarchéimeanna aeráide agus fuinnimh agus an chaoi a ndearna siad a bhfeidhmíocht aeráide agus fuinnimh a thuairisciú 45

Tá pleananna chun feabhas a chur ar éifeachtúlacht fuinnimh agus ar aeráidneodracht a gcuid oibríochtaí déanta ag beagnach péire as trí cinn de ghníomhaireachtaí an Aontais 46
Déanann formhór na ngníomhaireachtaí tuairisciú de chineál éigin ar a bhfeidhmíocht aeráide agus fuinnimh 52
Tuarascálacha eile a bhaineann leis na gníomhaireachtaí atá eisithe ag an gCúirt Iniúchóirí 57
Freagra ó líonra ghníomhaireachtaí an Aontais 61
Caibidil 3 Ráitis dearbhaithe agus torthaí iniúchóireachta eile atá sonrach don ghníomhaireacht 63
3.1. Faisnéis a thacaíonn leis na ráitis dearbhaithe 64
Gníomhaireachtaí a mhaoinítear faoi Cheannteideal 1 de CAI – An Margadh Aonair, Nuálaíocht agus Inneachar Digiteach 68
3.2. Gníomhaireacht an Aontais Eorpaigh um Chomhar idir Rialálaithe Fuinnimh (ACER) 69
3.3. An Ghníomhaireacht Tacaíochta do Chomhlacht na Rialálaithe Eorpacha um Chumarsáid Leictreonach (Oifig BEREC) 77
3.4. Gníomhaireacht Sábháilteachta Eitlíochta an Aontais Eorpaigh (EASA) 84
3.5. An tÚdarás Baincéireachta Eorpach (ÚBE) 90
3.6. An Ghníomhaireacht Eorpach Ceimiceán (ECHA) 97
3.7. An tÚdarás Eorpach um Árachas agus Pinsin Cheirde (EIOPA) 101
3.8. An Institiúid Eorpach um Nuálaíocht agus Teicneolaíocht (EIT) 109
3.9. An Ghníomhaireacht Eorpach um Shábháilteacht Mhuirí (EMSA) 115
3.10. Gníomhaireacht an Aontais Eorpaigh um Chibearshlándáil (ENISA) 120
3.11. Gníomhaireacht Iarnróid an Aontais Eorpaigh (ERA) 126
3.12. An tÚdarás Eorpach um Urrúis agus Margaí (ESMA) 133
3.13. Gníomhaireacht an Aontais Eorpaigh um an gClár Spáis (EUSPA) 142

Gníomhaireachtaí a mhaoinítear faoi Cheannteideal 2 de CAI – Comhtháthú, Athléimneacht agus Luachanna 148
3.14. An Lárionad Eorpach um Fhorbairt na Gairmoiliúna (Cedefop) 149
3.15. An Lárionad Eorpach um Ghalair a Chosc agus a Rialú (ECDC) 156
3.16. An tÚdarás Eorpach um Shábháilteacht Bia (EFSA) 161
3.17. An Institiúid Eorpach um Chomhionannas Inscne (EIGE) 166
3.18. An tÚdarás Eorpach Saothair (ELA) 173
3.19. An Ghníomhaireacht Leigheasra Eorpach (EMA) 181
3.20. Oifig an Ionchúisitheora Phoiblí Eorpaigh (OIPE) 192
3.21. An Fhondúireacht Eorpach Oiliúna (ETF) 198
3.22. An Ghníomhaireacht Eorpach um Shábháilteacht agus Sláinte ag an Obair (EU-OSHA) 204
3.23. An Foras Eorpach chun Dálaí Maireachtála agus Oibre a Fheabhsú (Eurofound) 210
3.24. Gníomhaireacht an Aontais Eorpaigh um Chomhar Ceartais Choiriúil (Eurojust) 216
3.25. Gníomhaireacht an Aontais Eorpaigh um Chearta Bunúsacha (FRA) 222
Gníomhaireachtaí a mhaoinítear faoi Cheannteideal 3 de CAI – Acmhainní Nádúrtha agus an Comhshaol 227
3.26. An Ghníomhaireacht Eorpach Comhshaoil (EEA) 228
3.27. An Ghníomhaireacht Eorpach um Rialú ar Iascach (EFCA) 234
Gníomhaireachtaí a mhaoinítear faoi Cheannteideal 4 de CAI – Imirce agus Bainistiú Teorainneacha 239
3.28. Gníomhaireacht an Aontais Eorpaigh um Thearmann (EUAA) 240
3.29. Gníomhaireacht an Aontais Eorpaigh chun Bainistiú Oibríochtúil a Dhéanamh ar Chórais Mhórscála TF sa Limistéar Saoirse, Slándála agus Ceartais (eu-LISA) 248
3.30. An Ghníomhaireacht Eorpach um an nGarda Teorann agus Cósta (Frontex) 261
Gníomhaireachtaí a chistítear faoi Cheannteideal 5 de CAI – Slándáil agus Cosaint 278

3.31. Gníomhaireacht an Aontais Eorpaigh um Oiliúint i bhForfheidhmiú an Dlí (CEPOL) 279

3.32. An Lárionad Faireacháin Eorpach um Dhrugaí agus um Andúil i nDrugaí (EMCDDA) 286

3.33. Gníomhaireacht an Aontais Eorpaigh i ndáil le Comhar i bhForfheidhmiú an Dlí (Europol) 292

Gníomhaireachtaí a mhaoinítear faoi Cheannteideal 7 de CAI – Riarachán Poiblí Eorpach 298

3.34. Gníomhaireacht Soláthair Euratom (GSE) 299

Gníomhaireachtaí Féinmhaoinithe 303

3.35. Ionad Aistriúcháin Chomhlachtaí an Aontais Eorpaigh (CdT) 304

3.36. An Oifig Chomhphobail um Chineálacha Plandaí (CPVO) 310

3.37. Oifig Maoine Intleachtúla an Aontais Eorpaigh (EUIPO) 318

3.38. An Bord Réitigh Aonair (BRA) 325

Gníomhaireachtaí Feidhmiúcháin an Choimisiúin 334

3.39. An Ghníomhaireacht Feidhmiúcháin Eorpach um an Aeráid, Bonneagar agus Comhshaol (CINEA) 335

3.40. An Ghníomhaireacht Feidhmiúcháin Eorpach um Oideachas agus Cultúr (EACEA) 340

3.41. Gníomhaireacht Feidhmiúcháin na Comhairle Nuálaíochta Eorpaí agus na bhFiontar Beag agus Meánmhéide (EISMEA) 345

3.42. Gníomhaireacht Feidhmiúcháin na Comhairle Eorpaí um Thaighde (ERCEA) 352

3.43. An Ghníomhaireacht Feidhmiúcháin Eorpach um an tSláinte agus an Digitiú (HaDEA) 357

3.44. An Ghníomhaireacht Feidhmiúcháin Eorpach um Thaighde (REA) 363

# Liosta de ghníomhaireachtaí an Aontais agus de chomhlachtaí eile an Aontais atá clúdaithe sa tuarascáil seo

| Acrainm | Ainm iomlán |
|---|---|
| **ACER** | Gníomhaireacht an Aontais Eorpaigh um Chomhar idir Rialálaithe Fuinnimh |
| **BRA** | An Bord Réitigh Aonair |
| **CdT** | Ionad Aistriúcháin Chomhlachtaí an Aontais Eorpaigh |
| **Cedefop** | An Lárionad Eorpach um Fhorbairt na Gairmoiliúna |
| **CEPOL** | Gníomhaireacht an Aontais Eorpaigh um Oiliúint i bhForfheidhmiú an Dlí |
| **CINEA** | An Ghníomhaireacht Feidhmiúcháin Eorpach um an Aeráid, Bonneagar agus Comhshaol |
| **CPVO** | An Oifig Chomhphobail um Chineálacha Plandaí |
| **EACEA** | An Ghníomhaireacht Feidhmiúcháin Eorpach um Oideachas agus Cultúr |
| **EASA** | Gníomhaireacht Sábháilteachta Eitlíochta an Aontais Eorpaigh |
| **ECDC** | An Lárionad Eorpach um Ghalair a Chosc agus a Rialú |
| **ECHA** | An Ghníomhaireacht Eorpach Ceimiceán |
| **EEA** | An Ghníomhaireacht Eorpach Comhshaoil |
| **EFCA** | An Ghníomhaireacht Eorpach um Rialú ar Iascach |
| **EFSA** | An tÚdarás Eorpach um Shábháilteacht Bia |
| **EIGE** | An Institiúid Eorpach um Chomhionannas Inscne |
| **EIOPA** | An tÚdarás Eorpach um Árachas agus Pinsin Cheirde |
| **EISMEA** | Gníomhaireacht Feidhmiúcháin na Comhairle Nuálaíochta Eorpaí agus na bhFiontar Beag agus Meánmhéide |
| **EIT** | An Institiúid Eorpach um Nuálaíocht agus Teicneolaíocht |

| Acrainm | Ainm iomlán |
|---|---|
| **ELA** | An tÚdarás Eorpach Saothair |
| **EMA** | An Ghníomhaireacht Leigheasra Eorpach |
| **EMCDDA** | An Lárionad Faireacháin Eorpach um Dhrugaí agus um Andúil i nDrugaí |
| **EMSA** | An Ghníomhaireacht Eorpach um Shábháilteacht Mhuirí |
| **ENISA** | Gníomhaireacht an Aontais Eorpaigh um Chibearshlándáil |
| **ERA** | Gníomhaireacht Iarnróid an Aontais Eorpaigh |
| **ERCEA** | Gníomhaireacht Feidhmiúcháin na Comhairle Eorpaí um Thaighde |
| **ESMA** | An tÚdarás Eorpach um Urrúis agus Margaí |
| **ETF** | An Fhondúireacht Eorpach Oiliúna |
| **EUAA** | Gníomhaireacht an Aontais Eorpaigh um Thearmann |
| **EUIPO** | Oifig Maoine Intleachtúla an Aontais Eorpaigh |
| **eu-LISA** | Gníomhaireacht an Aontais Eorpaigh chun Bainistiú Oibríochtúil a Dhéanamh ar Chórais Mhórscála TF sa Limistéar Saoirse, Slándála agus Ceartais |
| **EU-OSHA** | An Ghníomhaireacht Eorpach um Shábháilteacht agus Sláinte ag an Obair |
| **Eurofound** | An Foras Eorpach chun Dálaí Maireachtála agus Oibre a Fheabhsú |
| **Eurojust** | Gníomhaireacht an Aontais Eorpaigh um Chomhar Ceartais Choiriúil |
| **Europol** | Gníomhaireacht an Aontais Eorpaigh i ndáil le Comhar i bhForfheidhmiú an Dlí |
| **EUSPA** | Gníomhaireacht an Aontais Eorpaigh um an gClár Spáis |
| **FRA** | Gníomhaireacht an Aontais Eorpaigh um Chearta Bunúsacha |
| **Frontex** | An Ghníomhaireacht Eorpach um an nGarda Teorann agus Cósta |
| **GSE** | Gníomhaireacht Soláthair Euratom |
| **HaDEA** | An Ghníomhaireacht Feidhmiúcháin Eorpach um an tSláinte agus an Digitiú |
| **Oifig BEREC** | An Ghníomhaireacht Tacaíochta do Chomhlacht na Rialálaithe Eorpacha um Chumarsáid Leictreonach |

| Acrainm | Ainm iomlán |
|---|---|
| **OIPE** | Oifig an Ionchúisitheora Phoiblí Eorpaigh |
| **REA** | An Ghníomhaireacht Feidhmiúcháin Eorpach um Thaighde |
| **ÚBE** | An tÚdarás Baincéireachta Eorpach |

CÚIRT INIÚCHÓIRÍ NA hEORPA

# Caibidil 1

## Gníomhaireachtaí an Aontais Eorpaigh agus iniúchóireacht na Cúirte

# Réamhrá

**1.1.** Is í Cúirt Iniúchóirí na hEorpa (CIE) an t-iniúchóir seachtrach le haghaidh cúrsaí airgeadais an Aontais[1] agus cuidíonn sí le feabhas a chur ar bhainistíocht airgeadais an Aontais. Tá tuilleadh eolais faoinár gcuid oibre le fáil inár dtuarascálacha maidir le gníomhaíochtaí, inár n-athbhreithnithe agus inár dtuairimí i dtaca le dlíthe nua nó nuashonraithe an Aontais nó i dtaca le cinntí eile a bhfuil impleachtaí acu don bhainistíocht airgeadais[2].

**1.2.** Faoi réir an tsainordaithe sin, déanaimid scrúdú bliantúil ar chuntais institiúidí, ghníomhaireachtaí agus chomhlachtaí eile an Aontais, agus ar an ioncam agus na híocaíochtaí is bun leis na cuntais sin. Ní chlúdaíonn ár sainordú na trí ghníomhaireacht a bhíonn ag obair i réimse na cosanta (an Ghníomhaireacht Eorpach um Chosaint, Institiúid an Aontais Eorpaigh um Staidéar Slándála agus Lárionad Satailítí an Aontais Eorpaigh), a ndéantar iad sin a mhaoiniú trí ranníocaíochtaí ó na Ballstáit agus ar iniúchóirí seachtracha neamhspleácha eile a dhéanann iniúchóireacht orthu[3].

**1.3.** Sa tuarascáil seo, cuirtear i láthair na torthaí ar ár n-iniúchadh bliantúil ar ghníomhaireachtaí an Aontais agus ar chomhlachtaí eile an Aontais (dá dtagraítear le chéile mar ‘na gníomhaireachtaí’) le haghaidh bliain airgeadais 2022. Sa tuarascáil seo, chun cúrsaí a choinneáil simplí, is iad na hacrainmneacha a úsáidimid nuair a bhímid ag tagairt do na gníomhaireachtaí seachas a n-ainmneacha iomlána. Tugtar liosta de na gníomhaireachtaí go léir mar aon lena n-acrainmneacha ag tús na tuarascála seo. Seo é an struchtúr atá ar an tuarascáil:

- **Caibidil 1** – tuairisc ar na gníomhaireachtaí agus nádúr ár n-iniúchtaí.
- **Caibidil 2** – cur i láthair ar na torthaí foriomlána ónár n-iniúchadh bliantúil, agus tagairtí déanta do thorthaí iniúchóireachta agus tuairimí eile a bhaineann leis na gníomhaireachtaí.
- **Caibidil 3** – an *ráiteas dearbhaithe* do gach ceann de na 43 ghníomhaireacht, mar aon lenár dtuairimí agus barúlacha i dtaobh beachtas chuntais na ngníomhaireachtaí agus i dtaobh dhlíthiúlacht agus rialtacht an ioncaim agus na n-íocaíochtaí is bun leis na cuntais sin, maille le hábhair agus barúlacha nach dtarraingíonn amhras ar na tuairimí sin.

---

[1] Airteagail 285 go 287 den Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh

[2] Ar fáil ar ár suíomh gréasáin: www.eca.europa.eu.

[3] Athbhreithniú 01/2014: ‘Bearnaí, forluí agus dúshlán – Athbhreithniú lánléargais ar chuntasacht AE agus ar shocruithe iniúchóireachta poiblí’, mír 84.

**1.4.** Ar an iomlán, is lú torthaí dearfacha a tháinig as ár n-iniúchóireacht ar na gníomhaireachtaí don bhliain airgeadais dar críoch an 31 Nollaig 2022 ná mar a bhí ann i mblianta roimhe seo. Trí bhíthin na *ráiteas dearbhaithe* atá eisithe againn do gach gníomhaireacht, sholáthraíomar an méid seo a leanas:

- tuairimí iniúchóireachta fabhracha (glan) maidir le beachtas na gcuntas do gach ceann de na 43 ghníomhaireacht;
- tuairimí iniúchóireachta fabhracha (glan) maidir le dlíthiúlacht agus rialtacht an ioncaim is bun leis na cuntais do gach ceann de na 43 ghníomhaireacht;
- tuairimí iniúchóireachta fabhracha (glan) maidir le dlíthiúlacht agus rialtacht na n-íocaíochtaí is bun le cuntais 39 ngníomhaireacht, ach amháin i gcás CdT, CEPOL, ECDC agus eu-LISA, ar eisíomar tuairimí cáilithe ina leith.

**1.5.** I gcás fhormhór na ngníomhaireachtaí, tarraingímid aird ar réimsí a bhféadfaí feabhsúcháin a dhéanamh iontu sna míreanna faoin teideal 'béim ar ábhar' agus 'ábhar eile', agus inár mbarúlacha nach dtarraingíonn amhras ar na tuairimí iniúchóireachta.

# Gníomhaireachtaí an Aontais

## Cuidíonn cineálacha éagsúla gníomhaireachtaí leis an Aontas Eorpach beartais an Aontais a cheapadh agus a chur chun feidhme

**1.6.** Is eintitis dhlíthiúla ar leith iad gníomhaireachtaí an Aontais atá curtha ar bun le gníomhartha den reachtaíocht thánaisteach chun cúraimí sonracha teicniúla, eolaíocha nó bainistíochta a dhéanamh a chuidíonn le hinstitiúidí an Aontais beartais a dhearadh agus a chur chun feidhme. Tá siad lonnaithe i mBallstáit éagsúla, agus tá tionchar suntasach acu ar réimsí atá ríthábhachtach do ghnáthshaol shaoránaigh na hEorpa, amhail sláinte, sábháilteacht, slándáil, saoirse agus ceartas.

**1.7.** Tá trí chineál gníomhaireachta de chuid an Aontais ann: gníomhaireachtaí díláraithe, gníomhaireachtaí feidhmiúcháin de chuid an Choimisiúin agus comhlachtaí eile. Tugtar tuairisc anseo thíos ar na difríochtaí atá eatarthu (féach míreanna ***1.8***-***1.10***).

### Tugann gníomhaireachtaí díláraithe aghaidh ar na riachtanais i réimse beartais ar leith

**1.8.** Tá ról tábhachtach ag na **33 ghníomhaireacht dhíláraithe**[4] ó thaobh beartais an Aontais a ullmhú agus a chur chun feidhme, go háirithe le haghaidh cúraimí teicniúla, eolaíocha, oibríochtúla agus rialála. Is é an ról atá acu ná aghaidh a thabhairt ar na riachtanais i réimse beartais ar leith agus an comhar Eorpach a threisiú trí shaineolas speisialtachta ón Aontas agus ó rialtais náisiúnta a chomhthiomsú. Is le Rialachán ón gComhairle nó Rialachán ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle a chuirtear ar bun iad go ceann tréimhse neamhchinntithe.

[4] ACER, Oifig BEREC, Cedefop, CdT, CEPOL, CPVO, EASA, ÚBE, ECDC, ECHA, EEA, EFCA, EFSA, EIGE, EIOPA, ELA, EMA, EMCDDA, EMSA, ENISA, ERA, ESMA, ETF, EUAA, EUIPO, eu-LISA, EU-OSHA, EUSPA, Eurofound, Eurojust, Europol, FRA, Frontex.

## Cuireann gníomhaireachtaí feidhmiúcháin de chuid an Choimisiúin cláir an Aontais chun feidhme

**1.9.** Déanann na **sé ghníomhaireacht feidhmiúcháin**[5] de chuid an Choimisiúin cúraimí feidhmiúcháin agus oibríochtúla a bhaineann le cláir an Aontais, amhail tacú le geallsealbhóirí an Comhaontú Glas don Eoraip a thabhairt i gcrích (CINEA) agus tionscadail áirithe faoi Fís Eorpach a bhainistiú (REA). Cuirtear ar bun iad chun go mbeidís i mbun oibríochta go ceann tréimhse socraithe ama (i láthair na huaire go dtí an 31 Nollaig 2028).

## Comhlachtaí eile a bhfuil sainorduithe ar leith acu

**1.10.** Is iad na **ceithre chomhlacht eile** ná EIT, OIPE, GSE agus BRA. Is comhlacht neamhspleách díláraithe de chuid an Aontais é EIT a chomhthiomsaíonn acmhainní eolaíocha, gnó agus oideachais chun borradh a chur faoin inniúlacht nuálaíochta san Aontas trí chistiú deontais a sholáthar. Is comhlacht neamhspleách de chuid an Aontais é OIPE a imscrúdaíonn agus a ionchúisíonn coireanna in aghaidh bhuiséad an Aontais Tá sé de chúram ar GSE a ráthú go bhfuil soláthar rialta agus cothromasach de bhreoslaí núicléacha ar fáil d'úsáideoirí an Aontais i gcomhréir le Conradh Euratom. Is é BRA údarás lárnach an tSásra Réitigh Aonair san Aontas Baincéireachta Eorpach. Is é an misean atá aige ná a áirithiú go dtarlaíonn réiteach rianúil sa chás go gcliseann banc nó gur dóchúil go gclisfidh banc, leis an tionchar is lú is féidir ar fhíorgheilleagar agus cistí poiblí Bhallstáit an Aontais. Sa bhreis ar an tuarascáil seo, tuairiscímid freisin ar dhliteanais theagmhasacha BRA[6].

## Athruithe a tharla le déanaí

**1.11.** Tá méadú tagtha ar an líon gníomhaireachtaí in imeacht na mblianta, ach tháinig laghdú de cheann amháin orthu idir 2021 agus 2022 mar gheall go ndearnadh an Ghníomhaireacht Feidhmiúcháin um Thomhaltóirí, Sláinte, Talmhaíocht agus Bia (Chafea) a fhoirceannadh. Clúdaíonn an tuarascáil seo 43 ghníomhaireacht, faoi mar a léirítear i ***bhFíor 1.1***. Rinneadh a sainordú a mhodhnú do chúig ghníomhaireacht in 2022[7]. Tháinig an Oifig Eorpach Tacaíochta do Chúrsaí Tearmainn (EASO) chun bheith ina gníomhaireacht lánfheidhmiúil agus rinneadh í a athainmniú mar Gníomhaireacht an Aontais Eorpaigh um Thearmann (EUAA).


---

[5] CINEA, EACEA, EISMEA, ERCEA, HaDEA agus REA.

[6] Féach ár dtuarascáil le haghaidh bliain airgeadais 2021.

[7] EMA, eu-LISA, Eurojust, Europol agus FRA

## Fíor 1.1 – Amlíne agus forléargas ar an éabhlóid i líon na ngníomhaireachtaí





*Nóta:* Maidir leis an mbliain atá luaite sna figiúirí, tagraíonn sí sin don bhliain a tháinig an gníomh bunúsach don ghníomhaireacht (nó dá réamhtheachtaí) i bhfeidhm.

*Foinse:* CIE.

**1.12.** Tá gach ceann de ghníomhaireachtaí feidhmiúcháin an Choimisiúin lonnaithe sa Bhruiséil. Tá na gníomhaireachtaí díláraithe agus na comhlachtaí eile lonnaithe i mBallstáit éagsúla den Aontas, mar a thaispeántar i ***bhFíor 1.2***. Is í an Chomhairle aisti féin, nó an Chomhairle i gcomhar le Parlaimint na hEorpa, a chinneann an suíomh do na gníomhaireachtaí.

### Fíor 1.2 – Suíomh na ngníomhaireachtaí ar fud na mBallstát




*Nóta:* Más maith leat dul díreach go dtí an ráiteas dearbhaithe ar leith atá eisithe againn do ghníomhaireacht, is féidir leat cliceáil ar an ainm sa léaráid.

*Foinse:* CIE.


## Maoinítear na gníomhaireachtaí ó fhoinsí éagsúla agus faoi cheannteidil éagsúla de CAI

**1.13.** In 2022, is é an buiséad iomlán a bhí ann do na gníomhaireachtaí go léir (gan BRA san áireamh) ná €4.5 billiún (2021: €4.1 billiún). Is ionann é sin agus 3 % de bhuiséad ginearálta an Aontais do 2022 (2021: 2.5 %), mar a thaispeántar i ***bhFíor 1.3***.

**1.14.** Ba é buiséad BRA do 2022 ná €11.3 billiún (2021: €9.7 billiún). Tá sé sin comhdhéanta de ranníocaíochtaí ó na bainc chun an Ciste Réitigh Aonair (€11.2 billiún) a chur ar bun agus chun caiteachas riaracháin BRA, atá ag (€122 mhilliún), a mhaoiniú.

**1.15.** Clúdaíonn buiséid na ngníomhaireachtaí díláraithe agus na gcomhlachtaí eile an caiteachas foirne, riaracháin agus oibríochtúil atá acu. Bíonn na gníomhaireachtaí feidhmiúcháin ag cur cláir i bhfeidhm atá maoinithe as buiséad an Choimisiúin. Maidir lena mbuiséid féin, arbh ionann é agus €345 mhilliún in 2022 (2021: €326 mhilliún), ní chlúdaíonn sé sin ach an caiteachas foirne agus riaracháin atá acu féin. Is é a bhí sa mhéid de bhuiséad ginearálta an Aontais a bhí á bhainistiú ag na gníomhaireachtaí feidhmiúcháin in 2022 ar chláir a chur chun feidhme thar ceann an Choimisiúin ná €19.3 billiún (2021: €13.1 billiún). Tá an méadú sin nasctha leis an dul chun cinn i gcláir de chuid an Aontais a leathadh amach faoi Chreat Airgeadais Ilbhliantúil 2021-2027.


## Fíor 1.3 – Foinsí maoinithe na ngníomhaireachtaí do 2022




*Foinse:* Buiséad ginearálta an Aontais Eorpaigh do bhliain airgeadais 2022; Cuntais bhliantúla chríochnaitheacha an Aontais Eorpaigh do 2022 agus Tuarascálacha Bliantúla maidir le Gníomhaíochtaí na ngníomhaireachtaí feidhmiúcháin do 2022, arna dtiomsú ag CIE.

**1.16.** Déantar formhór na ngníomhaireachtaí, lena n-áirítear na gníomhaireachtaí feidhmiúcháin go léir, a mhaoiniú beagnach go hiomlán as buiséad ginearálta an Aontais. Déantar cuid eile acu a mhaoiniú go hiomlán nó go páirteach as táillí agus muirir ó thionscail agus trí ranníocaíochtaí díreacha ó thíortha atá rannpháirteach ina gcuid gníomhaíochtaí. I ***bhFíor 1.4***, tugtar miondealú de bhuiséid na ngníomhaireachtaí de réir foinse ioncaim.

## Fíor 1.4 – Buiséid na ngníomhaireachtaí do 2022 de réir foinse ioncaim





* I gcuntais EUSPA do 2022, tugtar buiséad críochnaitheach de €65 mhilliún, ach is é €1.2 billiún a bhí san ioncam iarbhír. Is é an míniú ar an difríocht sin ná go bhfuil gníomhaíochtaí oibríochtúla ann a mhaoinítear trí ioncam sannta; tá siad sin curtha isteach sa bhuiséad formheasta mar iontráil mheabhráin.

*Nóta:* Níl ioncam ilghnéitheach ná cúlchistí buiséadacha san áireamh.

*Foinse:* Cuntais bhliantúla chríochnaitheacha na ngníomhaireachtaí do 2022, arna dtiomsú ag CIE.

**1.17.** I ***bhFíor 1.5***, taispeántar buiséid na ngníomhaireachtaí do 2022. Is de réir an chineáil caiteachais (Teideal I – costais foirne, Teideal II – caiteachas riaracháin, agus Teideal III – caiteachas oibríochtúil, mar aon le haon teideal eile a úsáidtear) atá siad miondealaithe. Ní dhéanann formhór na ngníomhaireachtaí cláir chaiteachais oibríochtúla mhóra a chur chun feidhme; is amhlaidh go mbíonn siad ag déileáil le cúraimí teicniúla, eolaíocha nó rialála. Mar thoradh air sin, is caiteachas foirne agus riaracháin den chuid is mó atá i mbuiséid fhormhór na ngníomhaireachtaí. Ar an iomlán, seasann buiséid foirne agus riaracháin na ngníomhaireachtaí do thart ar 14 % d'iomlán na leithreasuithe faoi chomhair íocaíochtaí atá ar fáil do Cheannteideal 7 den Cheart Airgeadais Ilbhliantúil (CAI) – An Riarachán Poiblí Eorpach. Mar chomparáid, is 48 % atá i gceist don Choimisiún, 17 % don Pharlaimint, 8 % do SEGS, 5 % don Chomhairle agus 8 % d'institiúidí agus comhlachtaí eile an Aontais.

## Fíor 1.5 – Caiteachas na ngníomhaireachtaí do 2022 de réir an teidil den bhuiséad





* I gcuntais EUSPA do 2022, taispeántar buiséad críochnaitheach de €65.4 milliún, ach is é €1.2 billiún a bhí san ioncam iarbhír. Is é an míniú ar an difríocht sin ná go bhfuil gníomhaíochtaí oibríochtúla ann a mhaoinítear trí ioncam sannta atá curtha isteach sa bhuiséad formheasta mar iontráil mheabhráin.

** Tá an figiúr do BRA ina dhá chuid: Cuid I le €122 mhilliún le haghaidh riarachán an Bhoird, agus Cuid II le €11.2 billiún don Chiste. Níl an Cúlchiste san áireamh ansin.

*Foinse:* Cuntais bhliantúla chríochnaitheacha na ngníomhaireachtaí do 2022, arna dtiomsú ag CIE.

**1.18.** Taispeánann ***Fíor 1.6*** cá mhéad duine a bhí fostaithe ar a bhfoireann ag na gníomhaireachtaí amhail an 31 Nollaig 2022. Ar an iomlán, bhí 15 775 dhuine fostaithe ag na gníomhaireachtaí (2021: 14 431). Tá an figiúr seo ag freagairt don líon iarbhír post a bhí líonta ag oifigigh bhuana, ag daoine den fhoireann shealadach agus den fhoireann ar conradh agus ag saineolaithe náisiúnta ar iasacht ar an dáta sin. Is féidir an chuid is mó den mhéadú seo sa líon daoine bhí fostaithe ó 2021 a lua leis na nithe seo a leanas: go raibh trí ghníomhaireacht a cuireadh ar bun le déanaí (HaDEA, ELA agus OIPE) ag leanúint de bheith ag neartú; agus gur tháinig fás ar ghníomhaireachtaí ar sannadh tascanna nua dóibh (EFCA, EUAA agus Frontex). Má thógaimid na pleananna bunaíochta atá formheasta i mBuiséad Ginearálta an Aontais mar bhunús, bhí thart ar 18 % d'fhoireann uile an Aontais ag obair do na gníomhaireachtaí. Mar chomparáid, is 48 % atá i gceist don Choimisiún, 14 % don Pharlaimint, 6 % don Chomhairle, 4 % don Chúirt Bhreithiúnais, 4 % do SEGS, 2 % don Chúirt Iniúchóirí agus 3 % d'institiúidí eile an Aontais.


## Fíor 1.6 – An líon foirne in aghaidh na gníomhaireachta amhail ag deireadh 2022




*Foinse:* Tiomsaithe ag CIE.

**1.19.** Tá an €3.1 billiún i ranníocaíochtaí ó bhuiséad ginearálta an Aontais á mhaoiniú faoi cheannteidil éagsúla de CAI, faoi mar a léirítear i *bhFíor 1.7*.

## Fíor 1.7 – Gníomhaireachtaí atá maoinithe faoi gach ceannteideal de CAI as buiséad ginearálta an Aontais





* Tá ECHA á mhaoiniú go príomha as CAI 1, ach freisin, ar scála níos lú, as CAI 3.

*Foinse:* Cuntais bhliantúla chríochnaitheacha na ngníomhaireachtaí do 2022, arna dtiomsú ag CIE.

## Tá na socruithe don bhuiséad agus don urscaoileadh cosúil le chéile do na gníomhaireachtaí ar fad, seachas EUIPO, CPVO agus BRA

**1.20.** I gcás fhormhór na ngníomhaireachtaí díláraithe agus na gcomhlachtaí eile agus i gcás ghníomhaireachtaí feidhmiúcháin an Choimisiúin, is iad Parlaimint na hEorpa agus an Chomhairle atá freagrach as na nósanna imeachta bliantúla don bhuiséad agus don urscaoileadh. Taispeántar an amlíne don nós imeachta um urscaoileadh i ***bhFíor 1.8***.

### Fíor 1.8 – An nós imeachta um urscaoileadh d’fhormhór na ngníomhaireachtaí




*Foinse:* CIE.

**1.21.** Tá dhá ghníomhaireacht díláraithe ann atá go hiomlán féinmhaoinithe (CPVO agus EUIPO), áfach, agus iad faoi réir nósanna imeachta don bhuiséad agus don urscaoileadh atá á riar faoi seach ag a gComhairle Riaracháin nó ag a gCoiste um an mBuiséad, agus ní ag Parlaimint na hEorpa ná ag an gComhairle[8]. Ar an gcaoi chéanna i gcás BRA, is faoi fhreagracht iomlán a Bhoird atá an nós imeachta bliantúil don bhuiséad agus don urscaoileadh.

## Éascaíonn Líonra Gníomhaireachtaí an Aontais Eorpaigh comhar idirghníomhaireachta agus cumarsáid le geallsealbhóirí

**1.22.** Chuir na gníomhaireachtaí Líonra Gníomhaireachtaí an Aontais Eorpaigh ar bun mar ardán comhair idirghníomhaireachta chun infheictheacht na ngníomhaireachtaí a fheabhsú agus chun gnóthachain éifeachtúlachta a d’fhéadfadh a bheith ann a shainaithint agus a chur chun cinn, chomh maith le gníomhaíochtaí a bhfuil breisluach soiléir Eorpach ag gabháil leo. Cuireann sé ar chumas na ngníomhaireachtaí cumarsáid a dhéanamh ar bhealach níos comhordaithe lena ngeallsealbhóirí agus leis an bpobal i gcoitinne i dtaobh saincheisteanna leasa choitinn, agus cuireann sé lárphointe ar fáil chun faisnéis a bhailiú agus a chraobhscaoileadh i measc na ngníomhaireachtaí go léir. Cuidíonn sé leis na gníomhaireachtaí freisin seirbhísí, eolas agus saineolas a roinnt le chéile. In 2020, d’fhormhuinigh Líonra

[8] Athbhreithniú 01/2014: “Bearnaí, forluí agus dúshláin – Athbhreithniú lánléargais ar chuntasacht AE agus ar shocruithe iniúchóireachta poiblí’, mír 84.

Gníomhaireachtaí an Aontais Eorpaigh a dhara straitéis ilbhliantúil (2021-2027)[9] ina nglactar isteach le treo polaitiúil agus straitéiseach an Choimisiúin atá bunaithe ar dhá cholún straitéiseacha:

- Líonra Gníomhaireachtaí an Aontais Eorpaigh mar eiseamláir don bharr feabhais riaracháin;
- Líonra Gníomhaireachtaí an Aontais Eorpaigh mar comhpháirtí institiúideach seanbhunaithe.

**1.23.** Bíonn gníomhaireacht éagsúil mar chathaoirleach ar Líonra Gníomhaireachtaí an Aontais Eorpaigh gach bliain, agus é sin ar bhonn uainíochta. Tionóltar cruinnithe iomlánacha faoi dhó sa bhliain agus is í an Oifig Tacaíochta Comhroinnte a chomhordaíonn na cruinnithe sin. Tá deich bhfo-líonra théamacha (féach ***Fíor 1.9***) laistigh de Líonra Gníomhaireachtaí an Aontais Eorpaigh. Is féidir leo idirghníomhú le hinstitiúidí eile de chuid an Aontais, a bhféadfadh sé go bhfuil siadsan iad féin ina gcomhaltaí de na fo-líonraí. Bíonn an Chúirt Iniúchóirí rannpháirteach go gníomhach i gcuid de na cruinnithe iomlánacha agus de chruinnithe na bhfo-líonraí trí *dhea-chleachtais* a chomhroinnt agus faisnéis a thabhairt maidir le próisis agus torthaí iniúchóireachta.

## Fíor 1.9 – Oifig Tacaíochta Comhroinnte agus Fo-líonraí Líonra Gníomhaireachtaí an Aontais Eorpaigh




*Foinse:* Líonra Gníomhaireachtaí an Aontais Eorpaigh

[9] Straitéis 2021-2027 do Líonra Ghníomhaireachta AE, an Bhruiséil, 9 Samhain 2020.

# Ár n-iniúchadh

## Eisímid ráiteas dearbhaithe do gach gníomhaireacht

**1.24.** De réir mar a cheanglaítear le hAirteagal 287 den Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh (CFAE), tá iniúchóireacht déanta againn ar na nithe seo a leanas:

- cuntais gach ceann de na 43 ghníomhaireacht, atá comhdhéanta de na ráitis airgeadais (i.e. an clár comhardaithe, an ráiteas um fheidhmíocht airgeadais, an ráiteas faoi shreabhadh airgid, an ráiteas maidir leis na hathruithe ar ghlansócmhainní agus achoimre ar bheartais chuntasaíochta shuntasacha agus nótaí míniúcháin eile) agus na tuarascálacha maidir le cur chun feidhme an bhuiséid (ina gcomhiomlánaítear na hoibríochtaí buiséadacha go léir agus na nótaí míniúcháin) don bhliain airgeadas dar chríoch an 31 Nollaig 2022, agus
- dlíthiúlacht agus rialtacht na n-idirbheart is bun leis na cuntais sin.

**1.25.** Ar bhonn thorthaí ár n-iniúchta, cuirimid ar fáil do Pharlaimint na hEorpa agus don Chomhairle, nó d'údaráis um urscaoileadh eile (féach mír ***1.21***), ráiteas dearbhaithe amháin maidir le beachtas chuntais gach gníomhaireacht agus dlíthiúlacht agus rialtacht na n-idirbheart is bun leo. Mar chomhlánú ar na ráitis dearbhaithe sin, i gcás inarb iomchuí, tugaimid barúlacha iniúchóireachta suntasacha.

**1.26.** Chomh maith leis sin, déanann an Chúirt Iniúchóirí iniúchtaí, foilsíonn sí tuarascálacha speisialta agus eisíonn sí tuairimí ar thopaicí sonracha. Baineann cuid díobh sin le gníomhaireachtaí an Aontais. Féach ***Fíor 2.6*** le haghaidh liosta de thuarascálacha speisialta ón gCúirt a bhaineann le gníomhaireachtaí agus a eisíodh idir 1 Eanáir 2022 agus 30 Meitheamh 2023.

## Tá ár gcur chuige iniúchóireachta bunaithe ar mheasúnú ar phríomhrioscaí

**1.27.** Tá ár n-iniúchadh deartha chun aghaidh a thabhairt ar na príomhrioscaí atá sainaitheanta bunaithe ar ár dtorthaí iniúchóireachta ó bhlianta roimhe sin. Do bhliain airgeadais 2022, rinneadh an t-iniúchadh le haird chuí ar ár measúnú riosca, a bhfuil achoimre air i ***bhFíor 1.10*** anseo thíos.

## Fíor 1.10 – Measúnú ar phríomhrioscaí

Riosca ARD
Riosca MEÁNACH
Riosca ÍSEAL

**Beachtas chuntas na ngníomhaireachtaí**

Déantar cuntais na ngníomhaireachtaí a tharraingt suas trí na rialacha cuntasaíochta atá glactha ag oifigeach cuntasaíochta an Choimisiúin a chur i bhfeidhm. Tá siad sin bunaithe ar chaighdeáin chuntasaíochta don earnáil phoiblí a bhfuil glacadh go hidirnáisiúnta leo. San am a caitheadh, is beag earráid ábhartach a shainaithníomar i gcuntais na ngníomhaireachtaí.

**Dlíthiúlacht agus rialtacht an ioncaim**

Tá an riosca foriomlán do dhlíthiúlacht agus rialtacht an ioncaim íseal. Tá cuid de na gníomhaireachtaí féinmhaoinithe go páirteach nó go hiomlán. Sna cásanna sin, tá rialacháin shonracha ann a rialaíonn forchur agus bailiú táillí seirbhíse agus ranníocaíochtaí ioncaim eile. Is leibhéal meánach atá sa riosca a dhéanann difear do rialtacht ioncam na ngníomhaireachtaí sin.

**Dlíthiúlacht agus rialtacht na n-íocaíochtaí (caiteachas)**

***Ar an iomlán, is leibhéal meánach atá sa riosca – ach athraíonn sé***

**Teideal I – Caiteachas foirne**

Is í seirbhís PMO an Choimisiúin, den chuid is mó, a dhéanann tuarastail a riar, agus déanann CIE iniúchóireacht go rialta ar an tseirbhís sin.

**Teideal II – Caiteachas riaracháin**

Ní éiríonn leis na gníomhaireachtaí i gcónaí leibhéil shásúla trédhearcachta agus luacha ar airgead a bhaint amach i dtairiscintí a bhfuil rialacha agus nósanna imeachta casta soláthair ag roinnt leo.

**Teideal III – Caiteachas oibríochtúil**

Tá éagsúlacht sa leibhéal riosca a dhéanann difear do chaiteachas oibríochtúil ag brath ar an ngníomhaireacht; tá raon iomlán de leibhéil riosca i gceist, ag dul ó íseal go dtí ard. Bíonn sé ag brath ar an gcineál sonrach caiteachais oibríochtúil a thabhaíonn gach aon institiúid. Tríd is tríd, tá na rioscaí cosúil leo sin a dhéanann difear do Theideal II, ach go bhfuil méideanna níos mó i gceist.

**Riosca do bhainistiú fónta airgeadais**

Bhí formhór na bhfadhbanna a shainaithníomar ag baint le nósanna imeachta soláthair phoiblí nár áirithigh go raibh an luach is fearr ar airgead á bhaint amach.

**Bainistiú buiséid**

Léirigh iniúchtaí a rinneadh roimhe seo go raibh leibhéil arda de leithreasuithe a bhí geallta á dtabhairt anonn go dtí an chéad bhliain eile. Is iondúil, áfach, go bhfuil údar maith leo sin e.g. nádúr ilbhliantúil na n-oibríochtaí nó tosca nach raibh smacht ar bith ag na gníomhaireachtaí orthu.

*Foinse:* CIE.

## Bainimid úsáid as obair iniúchóirí eile

**1.28.** I gcás inarb iomchuí, bainimid úsáid as obair iniúchóirí eile chun tacú lenár gcuid oibre ar na gníomhaireachtaí. Déanaimid an méid sin go háirithe inár gcuid oibre maidir le beachtas chuntais an Aontais. Déanann gnólachtaí iniúchóireachta seachtracha iniúchóireacht ar na ráitis airgeadais atá ag gach ceann de na gníomhaireachtaí díláraithe agus de na comhlachtaí eile – seachas CPVO, EUIPO agus GSE. I gcomhréir leis na caighdeáin iniúchóireachta, bainimid úsáid as torthaí na n-iniúchtaí sin tar éis neamhspleáchas agus oibiachtúlacht na n-iniúchóirí agus a gcumas proifisiúnta a bhreithniú agus tar éis seiceáil a dhéanamh ar scóip agus cáilíocht a gcuid oibre. Is linne na tuairimí iniúchóireachta go léir atá sa tuarascáil seo, áfach, agus glacaimid freagracht iomlán astu.

## Bainimid úsáid as nósanna imeachta iniúchóireachta digiteacha

**1.29.** Inár gcuid oibre bainimid úsáid as nósanna imeachta iniúchóireachta digiteacha chun tástálacha a dhéanamh ar thuarastail (do na gníomhaireachtaí ar fad) agus ar íocaíochtaí, gealltanais agus cuntais (do na gníomhaireachtaí feidhmiúcháin amháin). Féach míreanna 1.36-1.41 de Thuarascáil 2021 uainn le haghaidh tuilleadh mionsonraí faoinár gcur chuige i leith dhigiteáil na nósanna imeachta iniúchóireachta. I láthair na huaire, tá tionscadal ar siúl againn lena fhiosrú cé chomh mór is féidir linn úsáid nósanna imeachta iniúchóireachta digiteacha a leathnú amach go dtí réimse an tsoláthair phoiblí.

## Déanaimid cásanna amhrasta de chalaois a thuairisciú chuig comhlachtaí ábhartha an Aontais – OLAF agus OIPE

**1.30.** Oibrímid i gcomhar leis an Oifig Eorpach Frith-Chalaoise (OLAF) maidir le hábhair a bhaineann le cásanna amhrasta de chalaois nó gníomhaíocht neamhdhleathach eile a dhéanann difear do leasanna airgeadais an Aontais, agus oibrímid i gcomhar le OIPE maidir le hábhair a bhaineann le cásanna amhrasta de choireanna in aghaidh leasanna airgeadais an Aontais. Tugaimid fógra do OLAF nó OIPE maidir le haon amhras a thagann chun cinn i rith ár gcuid oibre iniúchóireachta, cé nach bhfuil ár n-iniúchtaí deartha go sonrach chun calaois a shainaithint.

CÚIRT INIÚCHÓIRÍ NA hEORPA

# Caibidil 2

## Forléargas ar na torthaí iniúchóireachta


# Réamhrá

**2.1.** Sa chaibidil seo tugtar forléargas ar na torthaí ó iniúchtaí bliantúla na Cúirte Iniúchóirí ar na gníomhaireachtaí do bhliain airgeadais 2022, lena n-áirítear obair ar thopaic chothrománach a bhaineann le freagairt na ngníomhaireachtaí ar na géarchéimeanna aeráide agus fuinnimh agus an tuairisciú a rinne siad ar a bhfeidhmíocht aeráide agus fuinnimh, mar aon le hobair iniúchóireachta eile a bhaineann leis na gníomhaireachtaí a rinne an Chúirt i rith na bliana céanna. Bunaithe ar ár gcuid oibre iniúchóireachta, molaimid go ndéanfaidh na gníomhaireachtaí roinnt gníomhaíochtaí.

# Ar an iomlán, is lú torthaí dearfacha a tháinig ó na hiniúchtaí bliantúla ar na gníomhaireachtaí do bhliain airgeadais 2022

**2.2.** Ar an iomlán, is lú torthaí dearfacha a tháinig as ár n-iniúchadh ar chuntais bhliantúla na ngníomhaireachtaí don bhliain airgeadais dar chríoch an 31 Nollaig 2022 ná mar a bhí i mblianta roimhe seo (féach *Fíor 2.1*).

**Fíor 2.1 – Tuairimí iniúchóireachta bliantúla 2020-2022 maidir le cuntais, ioncam agus íocaíochtaí na ngníomhaireachtaí**




*Foinse:* CIE.

## Tuairimí iniúchóireachta 'glana' maidir le beachtas na gcuntas do na gníomhaireachtaí go léir

**2.3.** Do bhliain airgeadais 2022, eisíonn an Chúirt Iniúchóirí tuairimí iniúchóireachta fabhracha ('glan') maidir le cuntais gach ceann de na 43 ghníomhaireacht (féach *Fíor 2.1*).

## Tá na míreanna faoin teideal 'béim ar ábhar' tábhachtach chun tuiscint a fháil ar chuntais CINEA, EMA, OIPE, ERA, ESMA, EUAA, Eurojust, EUSPA, eu-LISA, Frontex agus BRA

**2.4.** Tarraingíonn na míreanna faoin teideal 'béim ar ábhar' aird an léitheora ar ábhar a chuirtear i láthair nó a nochtar sna cuntais a bhfuil an oiread sin tábhachta ag baint leis go bhfuil sé bunúsach dá dtuiscint ar na cuntais nó ar an ioncam nó na híocaíochtaí is bun leo. I mbliain airgeadais 2022, d'úsáideamar míreanna faoin teideal 'béim ar ábhar' inár

dtuarascálacha maidir le 11 ghníomhaireacht: CINEA, EMA, OIPE, ERA, ESMA, EUAA, Eurojust, EUSPA, eu-LISA, Frontex agus BRA.

**2.5.** I gcás CINEA, ERA agus Eurojust, áiríonn a gcuid cuntas nochtadh faisnéise i ndáil le córas nua buiséadach, cuntasaíochta agus airgeadais, ar a dtugtar SUMMA, a chur chun feidhme mar threoirthionscadal don Choimisiún Eorpach.

**2.6.** Déanann EMA faisnéis shuntasach a nochtadh i dtaca le hoibleagáidí a bhaineann le maoin agus i dtaca le neamhchinnteachtaí a bhaineann le feidhmíocht airgeadais mháthairchuideachta an fhothionónta mar gheall ar mheathlú a rátála creidmheasa agus mar gheall ar an athstruchtúrú a rinneadh le déanaí ar an bhfiachas. D'fhéadfaí EMA a choimeád faoi dhliteanas i leith na suime iomláine atá fós le híoc faoi oibleagáidí conarthacha an cheannléasa má mhainníonn an fothionónta a chuidsean oibleagáidí a chomhlíonadh. An 31 Nollaig 2022, is é €366 mhilliún a bhí sa chíos iomlán gan íoc, na muirir sheirbhíse ghaolmhara agus an t-árachas tiarna talún a bheidh le híoc ag EMA suas go dtí deireadh théarma an léasa.

**2.7.** Tá dhá mhír faisnéise nochta i gcuntais OIPE: ceann a bhaineann leis na sonraí comparáideacha le haghaidh 2021 mar gheall ar neamhspleáchas OIPE ó Mheitheamh 2021; agus ceann eile a bhaineann le sócmhainní doláimhsithe a aistríodh saor in aisce ón gCoimisiún go dtí OIPE (féach míreanna ***3.20.5*** agus ***3.20.6***).

**2.8.** I gcuntais ESMA, tá faisnéis nochta i dtaobh na neamhchinnteachta a bhaineann le toradh agra dlí – UniSystems Luxembourg agus Unisystems systimata pliroforikis v ESMA – Cás T-750/22 (féach mír ***3.12.5***).

**2.9.** Sna cuntais do dhá ghníomhaireacht (EUAA agus EUSPA), tá faisnéis nochta i dtaobh an tionchair atá ag cogadh foghach na Rúise in aghaidh na hÚcráine ar a gcuid gníomhaireachtaí (féach míreanna ***3.13.5*** agus ***3.28.5***).

**2.10.** I gcás eu-LISA, tá faisnéis nochta sna cuntais ina dtugtar tuairisc ar na moilleanna i gcur chun feidhme an Chórais Dul Isteach/Imeachta agus an tionchar gaolmhar atá aige sin ar ghníomhaíocht eu-LISA.

**2.11.** Tá faisnéis nochta i gcuntais Frontex a bhaineann leis an bhfíoras nach féidir leis a chóras cuntasaíochta a bhailíochtú don dara bliain as a chéile agus tá mír faisnéise eile nochta iontu a bhaineann le ranníocaíochtaí ó thíortha comhlachaithe Schengen a bheith á ríomh mícheart (féach míreanna ***3.30.5*** agus ***3.30.6***).

**2.12.** Maidir leis an bhfaisnéis atá nochta ag BRA i dtaobh achomhairc agus cásanna dlí, tugtar tuairisc ar achomhairc riaracháin agus imeachtaí breithiúnacha a bhaineann le ranníocaíochtaí *ex ante* idir roinnt institiúidí creidmheasa agus údarás réitigh náisiúnta agus

BRA, chomh maith le himeachtaí dlíthiúla eile atá tugtha i gcoinne BRA os comhair na Cúirte Ginearálta agus na Cúirte Breithiúnais (féach mír ***3.38.6***)

## Tuairimí iniúchóireachta 'glana' maidir le dlíthiúlacht agus rialtacht an ioncaim is bun leis na cuntais do na gníomhaireachtaí go léir

**2.13.** Do bhliain airgeadais 2022, tá an Chúirt Iniúchóirí ag eisiúint tuairimí iniúchóireachta fabhracha ('glana') maidir le dlíthiúlacht agus rialtacht an ioncaim is bun leis na cuntais do na gníomhaireachtaí go léir (féach ***Fíor 2.1***).

### Cabhraíonn an mhír faoin teideal 'béim ar ábhar' le tuiscint níos fearr a fháil ar ioncam BRA

**2.14.** D'úsáid muid mír dar teideal 'béim ar ábhar' inár dtuarascáil i dtaca le BRA freisin, i ndáil leis na saincheisteanna a bhfuil cur síos déanta orthu i mír ***2.12*** thuas, eadhon an fíoras go bhfuil cuid d'ioncam BRA i ndáil leis na ranníocaíochtaí *ex ante* do CRA faoi dhíospóid dhlíthiúil (féach mír ***3.38.8***).

### Tugann an mhír faoin teideal 'ábhar breise' aghaidh ar shaincheist a bhfuil tábhacht ar leith ag baint léi maidir le hioncam BRA

**2.15.** Ní leagtar síos creat rialaithe cuimsitheach agus comhsheasmhach sa Rialachán maidir leis an Sásra Réitigh Aonair chun beachtas na faisnéise a sholáthraíonn na bainc do BRA le haghaidh ríomh na ranníocaíochtaí *ex ante* don Chiste Réitigh Aonair a áirithiú. Déanann BRA seiceálacha comhsheasmhachta agus anailíseacha ar an bhfaisnéis, áfach, chomh maith le roinnt seiceálacha *ex post* ar leibhéal na mbanc. Sa bhreis air sin, ní féidir le BRA mionsonraí a eisiúint i dtaobh ríomhanna na ranníocaíochtaí a bhfuil riosca-choigeartú déanta orthu i gcás gach institiúide creidmheasa, mar go bhfuil siad idirnasctha agus go bhfuil faisnéis i modh rúin i dtaca le bainc eile ar áireamh iontu. D'fhéadfadh sé go mbeadh tionchar aige sin ar thrédhearcacht na ríomhanna sin.

**2.16.** Thugamar ar aire, i gcás ríomh ranníocaíochtaí 2022, gur eagraigh BRA céim chomhairliúcháin do na hinstitiúidí i dtrácht. Sa chomhairliúchán sin, chuir BRA sonraí ar fáil a lig do na bainc ríomh ranníocaíochtaí *ex ante* 2022 a ionsamhlú agus a chlúdaigh tionchar na gcoigeartuithe sna sonraí a chuir na hinstitiúidí creidmheasa isteach ar dtús (féach mír ***3.38.9***).

## Tuairimí iniúchóireachta ‘glana’ maidir le dlíthiúlacht agus rialtacht na n-íocaíochtaí is bun leis na cuntais do 39 ngníomhaireacht

**2.17.** Do bhliain airgeadais 2022, d’eisíomar tuairimí iniúchóireachta fabhracha (‘glan’) maidir le dlíthiúlacht agus rialtacht na n-íocaíochtaí is bun leis na cuntais bhliantúla do 39 ngníomhaireacht (féach ***Fíor 2.1***).

**2.18.** I gcás ceithre ghníomhaireacht (CdT, CEPOL, ECDC agus eu-LISA), d’eisíomar tuairimí cáilithe. I gcás gach aon cheann de na gníomhaireachtaí sin, bhí an méid den chaiteachas a ndearnadh difear dó níos airde ná an tairseach ábharthachta atá socraithe don iniúchóireacht seo (féach míreanna ***3.15.6***-***3.15.7***, ***3.29.7***-***3.29.15***, ***3.31.6***-***3.31.9***, agus ***3.35.7***-***3.35.11***).

### Cabhraíonn an mhír faoin teideal ‘béim ar ábhar’ le tuiscint níos fearr a fháil ar íocaíochtaí ESMA


**2.19.** Maidir leis an mbéim ar ábhar i dtaobh beachtas chuntais ESMA a bhfuil tuairisc air i mír ***2.8*** agus a bhaineann le hagra dlí, tá feidhm aige sin go hiomlán maidir le dlíthiúlacht agus rialtacht íocaíochtaí ESMA (féach mír 3.12.8).

## Thug ár mbarúlacha aghaidh ar réimsí a bhféadfaí feabhsúcháin a dhéanamh iontu i 36 ghníomhaireacht

**2.20.** Go hiomlán, rinneamar 98 mbarúil a bhaineann le 36 ghníomhaireacht chun aghaidh a thabhairt ar réimsí a raibh tuilleadh feabhsúcháin de dhíth iontu. Sa líon sin, áirítear na barúlacha a bhí mar bhonn do thuairimí cáilithe, chomh maith leis na barúlacha atá clúdaithe ag na míreanna faoin teideal ‘ábhar eile’. Baineann formhór na mbarúlacha le heasnaimh sna nósanna imeachta soláthair phoiblí, le córais bhainistíochta agus rialaithe, le bainistiú buiséadach, le beachtas na gcuntas agus le saincheisteanna acmhainní daonna (HR). Is iad na laigí i nósanna imeachta soláthair poiblí an phríomhfhoinse atá ann do na híocaíochtaí neamhrialta i gcónaí.


**2.21.** I ***bhFíor 2.2*** agus i ***bhFíor 2.3***, taispeántar an líon cineálacha barúlacha éagsúla a bhí i gceist leis na 36 ghníomhaireacht agus atá luaite sa tuarascáil.

## Fíor 2.2 – Líon na mbarúlacha a bhaineann le gach gníomhaireacht




*Foinse:* CIE.

### Fíor 2.3 – Líon na mbarúlacha de réir chineál na laigí coitianta




*Foinse:* CIE.

## Tá méadú ag teacht ar líon na laigí i nósanna imeachta soláthair poiblí agus iad fós ina bpríomhfhoinse do na híocaíochtaí neamhrialta

**2.22.** Is é an cuspóir atá le rialacha soláthair phoiblí ná deis a thabhairt d'eintitis atá ag fáil earraí agus seirbhísí ar chonradh na hearraí agus seirbhísí sin a theastaíonn uathu a fháil ar an bpraghas is fearr, agus fós a chinntiú go bhfuil iomaíocht chóir ann idir na tairgeoirí agus go bhfuiltear ag cloí le prionsabail na trédhearcachta, na comhréireachta, na córa comhionainne agus an neamh-idirdhealaithe. Rinneamar iniúchóireacht ar na próisis soláthair phoiblí i ngach ceann de na 43 ghníomhaireacht. I gcás 24 ghníomhaireacht (CdT, CEPOL, CPVO, EASA, ÚBE, EEA, EFCA, EIGE, EIOPA, EISMEA, EIT, ELA, ENISA, GSE, ETF, EUAA, EUIPO, eu-LISA, Eurofound, Eurojust, EUSPA, Frontex, HaDEA agus BRA), thuairiscíomar ar chonarthaí a raibh easnaimh éagsúla ag roinnt leo ó thaobh an phróisis soláthair phoiblí de (féach *Fíor 2.3*). I *mBosca 2.1*,

tugtar samplaí de na gnáth-neamhrialtachtaí a thagann chun cinn i gcur chun feidhme conarthaí soláthair phoiblí.

### Bosca 2.1

### Samplaí de dhámhachtain agus cur chun feidhme neamhrialta i gcás conarthaí

Dhámh **EUIPO** conradh €5 mhilliún le haghaidh seirbhísí gníomhaireachta taistil i ndiaidh nós imeachta idirbheartaithe gan fógra conartha a fhoilsiú roimh ré mar gheall ar fhíorphráinn a bheith ann ag éirí as teagmhais nach bhféadfaí a thuar. Bhí gá leis an gconradh tar éis do na conraitheoirí roimhe sin EUIPO a chur ar an eolas faoina gcinneadh gan an conradh a bhí ann cheana féin a athnuachan. Measaimid nach raibh údar maith de réir phointe 11.1(c) d'Iarscríbhinn I a ghabhann leis an Rialachán Airgeadais le nós imeachta den sórt sin a úsáid óir ní féidir cinneadh an chonraitheora gan conradh a athnuachan i gcomhréir leis na forálacha conartha arna sainiú ag EUIPO a mheas mar theagmhas neamh-intuartha nach bhfuil inchurtha i leith an údaráis chonarthaigh. Measaimid freisin go raibh an méid ama a bhí ann idir an dáta a fuair EUIPO an fhaisnéis maidir leis an rún gan an conradh a athnuachan agus dámhachtain an chonartha nua leordhóthanach chun nós imeachta oscailte luathaithe a reáchtáil; ní dhearna EUIPO aon íocaíocht faoin gconradh sin in 2022 (féach mír ***3.37.8***).

Shínigh **Frontex** conradh seirbhíse le haghaidh scagthástáil shíceolaíoch d'oifigigh nua de chuid an Gharda Teorann agus Cósta Eorpaigh, a raibh luach tosaigh de €79 000 ag gabháil leis. Bhí an conradh sin ceaptha a bheith ina 'réiteach nasctha' idir an creatchonradh le haghaidh seirbhísí síceolaíocha a chríochnaigh in 2021 agus conradh nua, a raibh nós imeachta tairisceana oscailte á ullmhú lena aghaidh. Mar gheall ar mhoilleanna sa nós imeachta nua, leasaigh Frontex an conradh ceithre huaire, rud a mhéadaigh a luach go €502 900, nó méadú de 536 % sa bhreis ar an luach tosaigh. Bhí sé sin níos mó ná an corrlach de 50 % atá ann chun luach conartha a mhéadú, atá ceadaithe i gcás den sórt sin faoi Airteagal 172(3)(a)(iii) den Rialachán Airgeadais (féach mír ***3.30.11***).

**2.23.** Tugaimid ar aire go bhfuil méadú ar líon na mbarúlacha i dtaobh an phróisis soláthair phoiblí a rinneamar i gcaitheamh na trí bliana airgeadais deiridh (ó 18 in 2020 agus 34 in 2021, go 48 in 2022), chomh maith le méadú ar líon na ngníomhaireachtaí a mbaineann siad sin leo (ó 14 in 2020 agus 22 in 2021 go 24 in 2022). Mar a léirítear i ***bhFíor 2.4***, ó bhliain airgeadais 2020 i leith, tá barúlacha nua a bhaineann leis an bpróiseas soláthair phoiblí eisithe againn gach bliain do cheithre ghníomhaireacht (CEPOL, ÚBE, EIOPA agus eu-LISA).

## Fíor 2.4 – Tá ár mbarúlacha ar laigí agus nithe neamhrialta sa phróiseas soláthair phoiblí ag éirí níos coitianta le trí bliana anuas

| | 2020 | 2021 | 2022 | Líon iomlán na mbarúlacha atá bainteach le soláthar |
|---|---|---|---|---|
| **CdT** | | ▲€ € | ▲€ € →€ | 5 |
| **CEPOL** | € | ▲€ € | ▲€ | 5 |
| **eu-LISA** | ▲€ | ▲€ | ▲€ € →€ | 5 |
| **ÚBE** | ▲€ € | € | € | 4 |
| **EIGE** | →€ | € | ▲€ € | 4 |
| **EUAA** | →€ | →€ | ▲€ →€ | 4 |
| **CPVO** | | ▲€ | € →€ | 3 |
| **EIOPA** | ▲€ | ▲€ | ▲€ | 3 |
| **EMA** | ▲€ € | € | | 3 |
| **ENISA** | | € | ▲€ € | 3 |
| **EUIPO** | →€ | →€ | € →€ | 3 |
| **Eurofound** | →€ | →€ | € | 3 |
| **Eurojust** | ▲€ | →€ | →€ | 3 |
| **Frontex** | | € | ▲€ € | 3 |
| **ESMA** | € | € | | 2 |
| **ACER** | →€ | →€ | | 2 |
| **EEA** | | € | →€ | 2 |
| **EISMEA** | | € | € | 2 |
| **ELA** | | € | ▲€ | 2 |
| **EASA** | | | ▲€ € | 2 |
| **ETF** | | | ▲€ | 1 |
| **Oifig BEREC** | | € | | 1 |
| **Cedefop** | € | | | 1 |
| **EFCA** | | | € | 1 |
| **EIT** | | | € | 1 |
| **EMSA** | | € | | 1 |
| **ERCEA** | ▲€ | | | 1 |
| **GES** | | | € | 1 |
| **EU-OSHA** | | € | | 1 |
| **EUSPA** | | | € | 1 |
| **HaDEA** | | | € | 1 |
| **BRA** | | | ▲€ | 1 |
| **IOMLÁN líon na ngníomhaireachtaí ar eisíodh barúil a bhain le soláthar ina leith i mbliain áirithe** | 14 | 22 | 24 | |

▲€ **Barúlacha don bhliain a bhfuil tionchar acu ar íocaíochtaí**

€ **Barúlacha don bhliain nach bhfuil tionchar acu ar íocaíochtaí**

→€ **Barúlacha ó bhlianta roimhe a bhfuil tionchar acu ar íocaíochtaí**

*Foinse:* CIE.

### Gníomhaíocht atá le déanamh 1

Ba cheart do na gníomhaireachtaí a bhfuil earráidí sa phróiseas soláthair phoiblí luaite leo tuilleadh feabhais a chur ar a nósanna imeachta soláthair phoiblí chun comhlíontacht iomlán leis na rialacha is infheidhme a chinntiú ionas go mbaineann siad an luach is fearr is féidir ar airgead amach.

Go háirithe, agus creatchonarthaí á gcur chun feidhme, níor cheart do ghníomhaireachtaí conarthaí sonracha a úsáid ach amháin chun táirgí nó seirbhísí atá clúdaithe ag an gcreatchonradh a ghabhann leo a fháil. Ba cheart do ghníomhaireachtaí freisin a chinntiú go gcomhlíonann siad leis na coinníollacha faoi chonarthaí atá ann cheana féin agus leagtha amach sa Rialachán Airgeadais a mhodhnú.

## Tá laigí ann atá ag déanamh difir do chuid de na córais bhainistíochta agus rialaithe

**2.24.** Tá a bpearsantacht dhlítheanach féin ag gníomhaireachtaí agus rialaítear iad faoin dlí Eorpach (féach mír ***1.6***). Is cuid ríthábhachtach iad córais bhainistíochta agus rialaithe chun feidhmiú cuí ghníomhaireachtaí an Aontais a chinntiú, agus de réir an Rialacháin Airgeadais caithfidh na córais sin a bheith ann chun tacú le prionsabal na bainistíochta fónta airgeadais.

**2.25.** I gcás 16 ghníomhaireacht (ACER, CINEA, CPVO, EASA, ECDC, EFCA, EIGE, EIT, ELA, EMA, EMCDDA, ERA, EUAA, Eurojust, Europol agus Frontex), táimid ag tuairisciú laigí sna córais bhainistíochta agus rialaithe taobh amuigh de na laigí sin a bhaineann le próisis soláthair phoiblí agus saincheisteanna acmhainní daonna. I gcás na 16 ghníomhaireacht sin, baineann ár gcuid barúlacha leis na nithe seo a leanas: easpaí i gcáilíocht agus iomláine na sonraí; caiteachas a bheith á chur chun feidhme gan cumhacht oifigigh údarúcháin a bheith tarmligthe go cuí; gan seiceálacha leormhaithe *ex post*/*ex ante* a bheith déanta; agus laigí i mbainistiú deontas agus gealltanas. Léiríonn ***Fíor 2.3*** na cineálacha laigí is coitianta sa rialáil inmheánach atá sainaitheanta againn. I ***mBosca 2.2***, tugtar samplaí de na laigí sin i ndáil le deontais.

### Bosca 2.2

### Samplaí de laigí sna córais bhainistíochta agus rialaithe i ndáil le deontais as a leanann íocaíochtaí neamhrialta

Thug **ECDC** deontais do na húdaráis sláinte sna Ballstáit chun feabhas a chur ar acmhainneachtaí náisiúnta agus ar an mbonneagar saotharlann a bhí ag teastáil chun athrathaigh nua den víreas SARS-CoV-2 a shainaithint agus faireachán a dhéanamh orthu (féach mír ***3.15.7***).

Thug **Europol** deontais d’fhórsa póilíneachta náisiúnta i mBallstát le haghaidh gníomhaíochtaí oiliúna póilíneachta, lena n-áirítear chun cúig bhád a cheannach le haghaidh oiliúint póilíní agus oibríochtaí patróil (féach mír ***3.33.9***).

Sa dá chás, bhí athchistiú CBL a bhain leis na costais a éilíodh curtha san áireamh ag na gníomhaireachtaí ina gcuid íocaíochtaí le tairbhithe an deontais. Téann sé sin in aghaidh Airteagal 186(4) den Rialachán Airgeadais, mar gur údaráis phoiblí a bhí i mbun gníomhaíochtaí mar údarás poiblí a bhí sna tairbhithe agus, dá bhrí sin, nach raibh siad i dteideal athchistiú ar CBL. Is é €5.3 milliún a bhí sa mhéid iomlán neamhrialta a d’íoc an dá ghníomhaireacht.

### Gníomhaíocht atá le déanamh 2

Nuair a bhíonn deontais á mbainistiú ag gníomhaireachtaí, ba cheart dóibh a chinntiú go bhfuiltear ag cloí leis na rialacha is infheidhme, go háirithe a mhéid a bhaineann le CBL a íoc ar ais le tairbhithe ar údaráis phoiblí iad.

## In 2022, bhí laigí maidir le saincheisteanna acmhainní daonna ag déanamh difir den chuid is mó do liúntais le saineolaithe náisiúnta ar iasacht

**2.26.** I gcás cúig ghníomhaireacht (Cedefop, ELA, Eurofound, Europol agus Frontex), táimid ag tuairisciú laigí a bhain le liúntais do shaineolaithe náisiúnta ar iasacht, le deontais oiliúnachta agus le nósanna imeachta earcaíochta. I ***bhFíor 2.3***, taispeántar an líon barúlacha do na cineálacha sin laigí.

## Bhí leibhéal ard de thabhairt anonn nó íocaíochtaí déanacha ann mar gheall ar laigí i mbainistiú buiséadach

**2.27.** I gcás 16 gníomhaireacht (ACER, Cedefop, EFCA, EIT, ELA, EMA, EMCDDA, ERA, ESMA, EU-OSHA, Eurojust, EUAA, eu-LISA, FRA, Frontex agus EACEA), táimid ag tuairisciú laigí a

bhain le gnéithe éagsúla den bhainistiú buiséadach, mar shampla an iomarca leithreasuithe a bheith á dtabhairt anonn, íocaíochtaí déanacha nó saincheisteanna a bhí ag baint le táillí/ioncam. I ***bhFíor 2.3***, taispeántar na cineálacha laigí is coitianta a bhaineann le gnéithe éagsúla de bhainistiú buiséadach. I ***mBosca 2.3***, tugtar samplaí de na laigí sin i ndáil leis an ioncam.

**Bosca 2.3**

**Samplaí de bharúlacha i dtaobh bainistiú buiséadach a bhaineann le ranníocaíochtaí le tíortha lasmuigh den Aontas Eorpach**

Bailíonn EUAA agus Frontex cuid dá n-ioncam ó thíortha comhlachaithe Schengen (an Íoslainn, Lichtinstéin, an Iorua agus an tSualainn). Ba cheart go léireodh na ranníocaíochtaí sin méid choibhneasta gheilleagair na dtíortha sin i gcomparáid le geilleagair an Aontais Eorpaigh. Mar gheall ar bhunús dlí nach bhfuil soiléir agus mar gheall ar an gcleachtas seanbhunaithe, fágann an chaoi a ndéantar na ranníocaíochtaí sin a ríomh go bhfuil siad 7 % níos ísle ná mar ba cheart dóibh a bheith (féach míreanna ***3.28.12***, ***3.30.6*** agus ***3.30.12***).

**Gníomhaíocht atá le déanamh 3**

Ba cheart do EUAA agus Frontex oibriú leis an gCoimisiún chun an bunús dlí a shoiléiriú, más gá trí chomhaontuithe a athchaibidliú le tíortha comhlachaithe Schengen, ionas go mbeidh a gcuid ranníocaíochtaí le buiséid EUAA agus Frontex ina léiriú ceart ar mhéid gheilleagar na dtíortha sin i gcomparáid le méid gheilleagar an Aontais Eorpaigh.

**2.28.** Faoi Airteagail 12 agus 13 den Rialachán Airgeadais, is féidir leithreasuithe buiséadacha atá deonaithe do bhliain airgeadais ar leith a thabhairt anonn go dtí an chéad bhliain airgeadais eile faoi choinníollacha áirithe. I ***bhFíor 2.5***, taispeántar an leibhéal de thabhairt anonn, de réir an teidil den bhuiséad, le haghaidh gach gníomhaireachta. Níl aon uasteorainneacha sa Rialachán Airgeadais don tabhairt anonn sin agus d’fhéadfadh nádúr ilbhliantúil oibríochtaí a bheith ina gcúis le cuid acu. Is féidir le leibhéal iomarcach de thabhairt anonn, áfach, a bheith ina chomhartha de mhoilleanna i gcur chun feidhme na gclár oibre nó na bpleananna soláthair phoiblí. Mar mhalairt air sin, d’fhéadfadh sé gur comhartha iad go bhfuil saincheist struchtúrach ann, pleanáil lag bhuiséadach, nó b’fhéidir sárú ar phrionsabal buiséadach na bliantúlachta. Measaimid go bhféadfadh na leibhéil de thabhairt anonn a bheith iomarcach más mó iad ná 10 % i gcás costais foirne (Teideal I), 20 % i gcás caiteachas riaracháin (Teideal II) agus 30 % i gcás costais oibríochta (Teideal III agus eile), go háirithe má bhíonn an tabhairt anonn sin ag tarlú arís is arís eile agus go bhfuil cuma struchtúrach orthu. Táimid ag tuairisciú laigí den sórt sin i dtaca le sé ghníomhaireacht (ACER, EACEA, EFCA, ELA, eu-LISA agus FRA).

### Fíor 2.5 – Leibhéal de thabhairt anonn a dhéanann difear do gach aon teideal den bhuiséad




*Foinse:* Cuntais bhliantúla chríochnaitheacha na nGníomhaireachtaí 2022, arna thiomsú ag CIE.

### Gníomhaíocht atá le déanamh 4

Ba cheart do na gníomhaireachtaí lena mbaineann tuilleadh feabhais a chur ar a bpleanáil buiséid agus ar na timthriallta don chur chun feidhme.

## Tá gníomhaireachtaí ag déanamh obair leantach ar bharúlacha ó bhlianta roimhe seo

**2.29.** Táimid ag cur faisnéis ar fáil faoi stádas na hoibre leantaí atá déanta ag na gníomhaireachtaí mar fhreagairt ar bharúlacha ó bhlianta roimhe seo. I gcás na 121 bharúil nach raibh aghaidh tugtha orthu ag deireadh 2021, bhí gníomhaíocht cheartaitheach déanta i

67 chás. I gcás 23 ghníomhaireacht (ACER, CdT, Cedefop, CEPOL, CPVO, EACEA, EASA, EIOPA, EISMEA, EIT, ELA, ENISA, OIPE, ERA, ESMA, ETF, EUAA, EUIPO, eu-LISA, Eurojust, FRA, Frontex agus BRA), táimid ag tuairisciú 54 bharúil ar an iomlán ó bhlianta roimhe seo a bhí fós oscailte ag deireadh 2022.

**2.30.** I ***mBosca 2.4***, mínítear na stádais éagsúla den obair leantach a úsáidtear sa tuarascáil seo agus tugtar samplaí ann de chásanna tipiciúla lena mbaineann siad.

**Bosca 2.4**

**Samplaí de stádas na hoibre leantaí a úsáidtear sa tuarascáil seo**

**Dúnta:** Tá fianaise ann go ndearna an ghníomhaireacht nó eintiteas eile lena mbaineann gníomhaíocht cheartaitheach a chur chun feidhme chun déileáil leis an mbarúil, nó níl an bharúil infheidhme a thuilleadh, mar shampla mar gheall go bhfuil an conradh ba chúis leis an mbarúil imithe in éag nó mar gheall go bhfuil athrú tagtha ar chúinsí agus gur mó an costas a bhainfeadh leis an gceist a réiteach ná mar a bheadh de thairbhe ag éirí as.

**Oscailte:** Ní dhearnadh aon ghníomhaíocht cheartaitheach chun déileáil leis an mbarúil nó tá fianaise éigin ann go ndearnadh gníomhaíocht cheartaitheach, ach níl an próiseas curtha chun feidhme go hiomlán fós nó níl sé críochnaithe fós.

# Freagairt na ngníomhaireachtaí ar na géarchéimeanna aeráide agus fuinnimh agus an chaoi a ndearna siad a bhfeidhmíocht aeráide agus fuinnimh a thuairisciú

**2.31.** Mar chomhlánú ar an obair iniúchóireachta a dhéanaimid go rialta ar bheachtas chuntais na ngníomhaireachtaí agus ar dhlíthiúlacht agus rialtacht an ioncaim agus na n-íocaíochtaí is bun leis na cuntais, rinneamar anailís ar an gcaoi a d'fhreagair na gníomhaireachtaí do na géarchéimeanna aeráide agus fuinnimh agus ar an gcaoi a ndearna siad a bhfeidhmíocht aeráide agus fuinnimh a thuairisciú. Is dhá thopaic a bhfuil dlúthghaol le chéile acu iad fuinneamh agus an aeráid, mar go bhfuil an t-athrú aeráide ag tarlú mar gheall ar astaíochtaí gás ceaptha teasa agus go bhfuil na hastaíochtaí sin ann cuid mhór mar gheall ar bhreoslaí iontaise a bheith á n-úsáid ag an duine. Ní féidir an t-athrú aeráide a íoslaghdú gan méadú radacach a dhéanamh ar éifeachtúlacht fuinnimh agus foinsí in-athnuaite fuinnimh a chur in ionad breoslaí iontaise.

**2.32.** Inár n-athbhreithniú ar ghníomhaireachtaí an Aontais, sheiceálamar an raibh bearta déanta nó beartaithe acu chun feabhas a chur ar a n-éifeachtúlacht fuinnimh agus chun a lorg carbóin a laghdú (féach míreanna ***2.34***-***2.40***). Sheiceálamar freisin an raibh tuairisciú ar an inbhuanaitheacht curtha chun feidhme acu nó an raibh ráitis chomhshaoil eisithe acu, agus cibé acu a thug siad isteach Scéim an Aontais um Bainistíocht agus um Iniúchadh Comhshaoil nó nár thug (féach míreanna ***2.41***-***2.46***).

**2.33.** I ***mBosca 2.5***, tugtar faisnéis faoin gcreat don fhreagairt ar na géarchéimeanna aeráide agus fuinnimh faoi mar atá socraithe ar leibhéal an Aontais.

### Bosca 2.5

### Freagairt an Aontais ar na géarchéimeanna aeráide agus fuinnimh

I bhfreagairt ar an **ngéarchéim fuinnimh** mhór a tharla díreach i ndiaidh don Rúis cogadh a fhearadh in aghaidh na hÚcráine, i mBealtaine 2022, sheol an tAontas Eorpach plean dar teideal REPowerEU chun fuinneamh a choigilt, chun táirgeadh ó fhoinsí in-athnuaite a mhéadú agus chun an soláthar fuinnimh a éagsúlú. Mhol an Coimisiún bearta chun tomhaltas fuinnimh a laghdú sna teachtaireachtaí a d'eisigh sé dar teideal 'Fuinneamh a Choigilt' (Bealtaine 2022) agus 'Coigil gás le haghaidh geimhreadh sábháilte' (Iúil 2022). Ceann de na príomhspriocanna de chuid an Aontais a bhí ann le haghaidh geimhreadh 2022-2023 ná tomhaltas gáis a laghdú 15 %. Idir Lúnasa 2022 agus Márta 2023, chuaigh an tAontas Eorpach níos faide ná an sprioc sin agus bhain sé laghdú de 18 % amach.

Tá **Gníomhú ar son na haeráide** go hard ar chlár gnó polaitiúil an Aontais Eorpaigh. Seoladh an Comhaontú Glas don Eoraip i mí na Nollag 2019 agus bhí gealltanas ann go mbainfeadh an tAontas Eorpach neodracht aeráide amach faoi 2050; gealltanas é sin atá cumhdaithe anois sa Dlí Aeráide Eorpach. Sa bhreis air sin, tá an tAontas ag obair ar reachtaíocht le haghaidh cur chun feidhme an phacáiste ar a dtugtar Oiriúnach do 55 a bhfuil sé i gceist leis astaíochtaí gás ceaptha teasa a laghdú 55 % faoi 2030 (i gcomparáid le bunlíne atá bunaithe ar astaíochtaí in 1990).

## Tá pleananna chun feabhas a chur ar éifeachtúlacht fuinnimh agus ar aeráidneodracht a gcuid oibríochtaí déanta ag beagnach péire as trí cinn de ghníomhaireachtaí an Aontais

**2.34.** Mar a thaispeántar i ***dTábla 2.1***, tá pleananna corparáideacha chun freagairt do na géarchéimeanna aeráide nó fuinnimh bunaithe ag 27 as 43 ghníomhaireacht an Aontais (63 %) trína ndéanfar éifeachtúlacht fuinnimh agus aeráidneodracht a gcuid oibríochtaí a fheabhsú. Tá sé seo tábhachtach mar go bhfuil róil shuntasacha ag gníomhaireachtaí an Aontais i réimsí beartais éagsúla agus, ar bhealach, déanann siad ionadaíocht ar an Aontas Eorpach ina mBallstáit óstacha. Dá réir sin, is féidir leo dea-shampla a thabhairt agus a bheith ina n-eiseamláirí do na riaracháin náisiúnta agus do ghnólachtaí ina n-earnáil féin. Sa bhreis air sin, á dtógáil le chéile, fostaíonn siad 15 775 dhuine agus bainistíonn siad buiséad bliantúil de €35.1 billiún (atá comhdhéanta de €19.3 billiún de bhuiséad oibríochtúil na ngníomhaireachtaí feidhmiúcháin agus €15.8 billiún a chlúdaíonn an chuid eile de bhuiséad na ngníomhaireachtaí feidhmiúcháin agus buiséad iomlán ghníomhaireachtaí díláraithe agus comhlachtaí eile an Aontais).

## Tábla 2.1 – Tá pleananna chun feabhas a chur ar éifeachtúlacht fuinnimh agus ar aeráidneodracht a gcuid oibríochtaí ag beagnach péire as trí cinn de ghníomhaireachtaí an Aontais

| Gníomhaireachtaí le plean don ghéarchéim aeráide nó fuinnimh | | | | |
|---|---|---|---|---|
| Gníomhaireachtaí díláraithe agus comhlachtaí eile (de réir méide) | | | | Gníomh. feidhm. |
| Beag (< 200 fostaí) | | Meánach (201 – 400 fostaí) | Mór (> 400 fostaí) | |
| ACER ✓ | ELA | CdT ✓ | EASA | CINEA ✓ |
| Oifig BEREC | EMCDDA ✓ | ÚBE ✓ | ECHA ✓ | EACEA ✓ |
| Cedefop ✓ | ENISA | ECDC | EFSA ✓ | EISMEA ✓ |
| CEPOL | ERA ✓ | EEA ✓ | EMA ✓ | ERCEA ✓ |
| CPVO ✓ | GES | EMSA ✓ | EUAA | HaDEA ✓ |
| EFCA | ETF ✓ | OIPE | EUIPO ✓ | REA ✓ |
| EIGE | EU-OSHA ✓ | ESMA ✓ | Europol ✓ | |
| EIOPA ✓ | Eurofound ✓ | eu-LISA ✓ | Frontex | |
| EIT ✓ | FRA | Eurojust | BRA | |
| | | EUSPA | | |
| 10 as 18 | | 6 as 10 | 5 as 9 | 6 as 6 |

*Foinse:* CIE, bunaithe ar fhaisnéis agus fianaise a fuarthas ó na gníomhaireachtaí.

**2.35.** Tugaimid ar aire go bhfuil pleananna den sórt sin tugtha isteach ag gach ceann de na sé ghníomhaireacht feidhmiúcháin, cé nach bhfuil sé sin déanta ag 16 de na 37 ngníomhaireacht díláraithe agus comhlacht eile (43 %). Cúis a d'fhéadfadh a bheith leis sin ná go bhfuil nasc díreach ag na gníomhaireachtaí feidhmiúcháin leis an gCoimisiún, nasc atá níos gaire ná an nasc atá ag na gníomhaireachtaí díláraithe leis. Ciallaíonn sé sin go bhfuil siad ailínithe níos dlúithe le treoirlínte an Choimisiúin agus leis an ngníomhaíocht a dhéanann an Coimisiún (amhail an plean dar teideal 'An Coimisiún a Ghlasú'). Tugaimid ar aire freisin go bhfuil an cion de ghníomhaireachtaí díláraithe agus comhlachtaí eile a bhfuil pleananna den sórt sin bunaithe acu mórán mar a chéile i gcás gníomhaireachtaí beaga, gníomhaireachtaí meánmhéide agus gníomhaireachtaí móra, in ainneoin go mbíonn, de ghnáth, acmhainneacht riaracháin níos mó ag gníomhaireachtaí móra chun pleananna den sórt sin a fhorbairt agus a chur chun feidhme.

**2.36.** I gcás 22 de na 27 ngníomhaireacht a bhfuil pleananna den sórt sin acu (81 %), (féach ***Tábla 2.2***), bhí spriocanna cainníochtaithe iontu chun lorg carbóin na ngníomhaireachtaí a laghdú, lena n-áirítear spriocanna le haghaidh astaíochtaí gás ceaptha teasa corparáideacha agus freisin le haghaidh tomhaltas leictreachais, gáis agus/nó téimh.

## Tábla 2.2 – Tá spriocanna corparáideacha cainníochtaithe ag formhór na ngníomhaireachtaí a bhfuil pleananna acu chun freagairt do na géarchéimeanna aeráide agus fuinnimh

| **Gníomhaireachtaí le spriocanna do: gás ceaptha teasa, leictreachas, gás, téamh** | | | | |
|---|---|---|---|---|
| Gníomhaireachtaí díláraithe agus comhlachtaí eile (de réir méide) | | | | Gníomh. feidhm. |
| Beag (< 200 fostaí) | | Meánach (201 – 400 fostaí) | Mór (> 400 fostaí) | |
| ACER | ELA | CdT | EASA | CINEA ✔ |
| Oifig BEREC | EMCDDA ✔ | ÚBE ✔ | ECHA ✔ | EACEA ✔ |
| Cedefop ✔ | ENISA | ECDC | EFSA | EISMEA ✔ |
| CEPOL | ERA | EEA ✔ | EMA ✔ | ERCEA ✔ |
| CPVO ✔ | GES | EMSA ✔ | EUAA | HaDEA ✔ |
| EFCA | ETF ✔ | OIPE | EUIPO ✔ | REA ✔ |
| EIGE | EU-OSHA | ESMA ✔ | Europol ✔ | |
| EIOPA ✔ | Eurofound ✔ | eu-LISA ✔ | Frontex | |
| EIT ✔ | FRA | Eurojust | BRA | |
| | | EUSPA | | |
| 7 as 18 | | 5 as 10 | 4 as 9 | 6 as 6 |

*Foinse:* CIE, bunaithe ar fhaisnéis agus fianaise a fuarthas ó na gníomhaireachtaí.

### Gníomhaíocht atá le déanamh 5

Ba cheart do gach ceann de ghníomhaireachtaí an Aontais pleananna corparáideacha cothrom le dáta a ullmhú chun feabhas a chur ar a n-aeráidneodracht agus ar a n-éifeachtúlacht fuinnimh. Chun trédhearcacht agus cuntasacht a mhéadú, ba cheart go mbeadh bunlínte agus spriocanna atá sainithe go soiléir agus cainníochtaithe sna pleananna sin, mar shampla chun an lorg carbóin agus tomhaltas fuinnimh a laghdú.

**2.37.** I rith 2022, bhí ardú tapa ar chostas fuinnimh ann do na gníomhaireachtaí agus bhí orthu an tomhaltas gáis agus leictreachais a laghdú chun an caiteachas a bhí ag gabháil leis sin a choinneáil laistigh de na teorainneacha buiséadacha, ach freisin chun rannchuidiú le comhiarracht an Aontais an riosca go mbeadh ganntanas fuinnimh ann i rith an gheimhridh a laghdú. I *mBosca 2.6*, tugtar samplaí de chéimeanna nithiúla i gcoigilt fuinnimh a rinne cuid de na gníomhaireachtaí in 2022 mar fhreagairt ar an ngéarchéim fuinnimh mhór a bhí ag teacht chun cinn díreach i ndiaidh don Rúis cogadh foghach a fhearadh in aghaidh na hÚcráine.

### Bosca 2.6

### Samplaí de bhearta a rinne gníomhaireachtaí an Aontais chun tomhaltas fuinnimh a laghdú i rith gheimhreadh 2022-2023

Tá a n-áitreabh ag na **sé ghníomhaireacht feidhmiúcháin** (EACEA, EISMEA, ERCEA, HaDEA, REA agus, go pointe áirithe, CINEA) sa dá fhoirgneamh sa Bhruiséil ar a dtugtar 'Covent Garden', atá á mbainistiú ag an Oifig um Bonneagar agus Lóistíocht sa Bhruiséil atá ag an gCoimisiún. Don tréimhse idir Lúnasa 2022 agus Márta 2023, chuir an Coimisiún roimhe an tomhaltas fuinnimh (lena n-áirítear leictreachas agus gás) a laghdú ina chuid oifigí sa Bhruiséil (lena n-áirítear dhá fhoirgneamh 'Covent Garden') agus go mbeadh an laghdú sin 15 % ar a laghad i gcomparáid leis an meántomhaltas i gcaitheamh na tréimhse céanna sna cúig bliana roimhe sin. Bhainfí an coigilteas sin amach trí bhearta éagsúla a úsáid in éineacht, ar nós an teocht a ísliú sna hoifigí agus soilse LED a chur isteach. Ar an iomlán, chuaigh an Coimisiún níos faide ná an sprioc a bhí leagtha síos aige sa mhéid is gur éirigh leis laghdú 17 % a bhaint amach i dtomhaltas fuinnimh. Óna dtaobh siúd de, bhain na gníomhaireachtaí feidhmiúcháin laghdú de 26.6 % amach ina n-oifigí in 'Covent Garden'.

Thug ÚBE faoi thomhaltas fuinnimh a laghdú 10 % in 2022 (i gcomparáid le 2019). Chun an sprioc sin a bhaint amach, thug ÚBE isteach bearta éagsúla amhail: na sceidil téimh a athrú agus an teocht a bhí socraithe ar na teirmeastait a ísliú; aistriú go dtí soláthar fuinnimh a bhí ag teacht go hiomlán as foinsí fuinnimh in-athnuaite; faireachán a dhéanamh ar na méadair ar bhonn laethúil chun an gníomh a bheadh le déanamh a mheas; agus feachtas feasachta i gcoigilt fuinnimh a eagrú don fhoireann. Is é 16.4 % an laghdú fuinnimh a bhí bainte amach ag deireadh 2022 (i gcomparáid le 2019).

**2.38.** Maidir leis na céimeanna i gcoigilt fuinnimh a bhfuil tuairisc anseo thuas orthu, ba mhinic iad ina gcomhlánú ar phleananna a bhí ullmhaithe roimhe sin maidir le rannchuidiú na ngníomhaireachtaí le gníomhú ar son na haeráide. I ***mBosca 2.7***, tugtar samplaí de bhearta a rinne na gníomhaireachtaí mar chuid de na pleananna sin. Mar gheall ar an nasc dlúth atá idir fuinneamh agus aeráid, is minic go raibh bearta sna pleananna sin atá cosúil leo sin atá curtha i láthair i ***mBosca 2.6***, agus is minic gur bhain siad le héifeachtúlacht fuinnimh a fheabhsú agus tomhaltas fuinnimh a laghdú, ach go raibh a gcuspóir go minic níos leithne (e.g. an lorg carbóin corparáideach a laghdú) agus go raibh a scála ama níos faide ná díreach le haghaidh geimhreadh 2022-2023.

### Bosca 2.7

### Samplaí de bhearta a rinne na gníomhaireachtaí chun rannchuidiú le gníomhú ar son na haeráide trína lorg carbóin a laghdú

D'eisigh **ACER** Plean Gníomhaíochta maidir le Glasú 2021-2022, a bhí dírithe ar a lorg carbóin a laghdú trí ghníomhaíocht a dhéanamh faoi shé cheannteideal théamacha, faoi anáil an staidéir féidearthachta ón gCoimisiún maidir le neodracht aeráide a bhaint amach dó féin faoi 2030. De réir struchtúr phlean ACER bhíothas ag díriú isteach ar chúpla príomhréimse, amhail: foirgnimh agus spás oibre inbhuanaithe a dhearadh; an leas is fearr is féidir a bhaint as tomhaltas fuinnimh agus as córais fuinnimh; agus astaíochtaí gás ceaptha teasa ó bheith ag taisteal go dtí an obair agus ó cheannacháin a laghdú. Bhí bearta ann ar nós braiteoirí a shuiteáil chun lasadh agus múchadh na soilse a stiúradh mar aon le réitigh uathoibrithe comhchosúla a bhí dírithe ar choigilt fuinnimh. Cé go raibh Plean Gníomhaíochta maidir le Glasú ACER cuimsitheach, tugaimid ar aire nach raibh spriocanna cainníochtaithe ann.

Rinne **EMA** a chuid cuspóirí fadtéarmacha aeráide a ailíniú leis an sprioc atá sa Dlí Aeráide Eorpach go ndéanfar laghdú glan de 55 % ar astaíochtaí gás ceaptha teasa faoi 2030 (i gcomparáid le leibhéil 1990) agus go mbainfear neodracht aeráide amach faoi 2050. Le haghaidh tomhaltas fuinnimh agus uisce, d'aistrigh EMA na cuspóirí sin isteach i laghdú 15 % in aghaidh an mhéadair chearnaigh de spás oifige a bhaint amach idir 2012 agus 2021. Chuir sé sin san áireamh an fás a tháinig ar EMA sa tréimhse sin agus go raibh sé bogtha isteach i bhfoirgneamh níos mó, agus foirgneamh a bhí níos éifeachtúla ó thaobh fuinnimh de, ón uair a d'athraigh sé ó Londain go hAmstardam. Chuathas thar an sprioc sin don fhuinneamh agus don uisce araon; bhain EMA laghdú 45 % amach i dtomhaltas fuinnimh agus laghdú 63 % in úsáid uisce in aghaidh an mhéadair chearnaigh. Bhíothas in ann é sin a dhéanamh mar go bhfuil rátáil fuinnimh de A++ ag foirgneamh nua EMA. Bhí an laghdú iomlán i dtomhaltas idir 2012 agus 2021, arna ríomh don fhoirgneamh ar fad seachas in aghaidh an mhéadair chearnaigh, níos lú: 9 % don fhuinneamh agus 39 % don uisce.

Mar chuid dá straitéis bainistithe comhshaoil, shocraigh **CPVO** roinnt spriocanna cainníochtaithe, lena n-áirítear laghdú bliantúil 10 % ar thomhaltas leictreachais agus téimh idir 2019 agus 2021, a bhí le baint amach trí bhearta ar nós braiteoirí solais a chur isteach agus an úsáid is fearr is féidir a bhaint as na córais soilsithe LED atá cheana ann agus as trealamh leictreach. Sa bhreis air sin, bhí spriocanna laghdaithe bliantúla cosúla leagtha síos le haghaidh tomhaltas páipéir (10 %) agus giniúint dramhaíola (5 %).

**2.39.** Tá fothacar sonrach de thionscnaimh ann a rinne go leor gníomhaireachtaí chun a lorg carbóin a laghdú, agus baineann sé sin le taisteal gnó na foirne. Ar chuid de na bearta tipiciúla, tá:

- Rannpháirtíocht ar líne in imeachtaí éagsúla (cruinnithe, comhdhálacha, ceardlanna, cúrsaí oiliúna) a bheith á mheas mar an ghnáthrogha. Ní cheadaítear rannpháirtíocht ar an láthair ach amháin nuair atá sé bunriachtanach go mbeadh duine i láthair i bpearsa.

- Nuair nach bhfuil aon dul as ach taisteal a dhéanamh, an líon daoine a bheidh ag taisteal a choinneáil síos go dtí an líon is lú, mar shampla gurb iad na cainteoirí amháin a bheadh ag freastal ar chomhdháil i bpearsa agus go bhféadfadh daoine eile den fhoireann páirt a ghlacadh san imeacht trí chóras ar líne.

- Astaíochtaí gás ceaptha teasa a chur san áireamh nuair a bhíonn na bealaí taistil éagsúla á roghnú, agus tús áite a thabhairt do na roghanna taistil a bhfuil an lorg carbóin is ísle acu, mar shampla trína bheith i bhfabhar le haistir a dhéanamh ar an traein seachas in eitleán agus ceangal díreach a roghnú seachas ceangal indíreach.

**2.40.** Mar a mhínítear i míreanna ***1.8-1.10***, tá ról tábhachtach ag gníomhaireachtaí an Aontais i gcur chun feidhme bheartais an Aontais. Dá bhrí sin, sa bhreis ar na bearta éagsúla a bhí dírithe ar fheabhas a chur ar a bhfeidhmíocht aeráide agus fuinnimh féin ina bhfearainn inniúlachta féin is féidir leo rannchuidiú freisin le freagairt an Aontais ina iomláine i leith na géarchéime aeráide agus fuinnimh, faoi mar atá léirithe leis na samplaí i ***mBosca 2.8***.

### Bosca 2.8

### Samplaí de rannchuidiú ghníomhaireachtaí an Aontais leis an bhfreagairt i leith na ngéarchéimeanna aeráide agus fuinnimh ar leibhéal an Aontais

Tá **EMSA** páirteach go gníomhach i roinnt tionscnamh a bhaineann leis an gComhaontú Glas don Eoraip, go príomha trí thacaíocht agus sonraí a sholáthar don Choimisiún agus do na Ballstáit. Rannchuidigh EMSA leis na comhchodanna éagsúla den phacáiste Oiriúnach do 55 a ullmhú, go háirithe an tionscnamh ar a dtugtar FuelEU Maritime agus an togra reachtach a bhfuil sé mar aidhm leis Scéim Trádála Astaíochta an Aontais Eorpaigh a leathnú amach go dtí an earnáil iompair ar muir.

Bhí **ERA** taobh thiar de roinnt tionscnamh, a rinneadh ar leibhéal an Aontais, agus a raibh sé mar aidhm leo borradh a chur faoi thrácht iarnróid (idir thraenacha paisinéirí agus thraenacha lastais), lena n-áirítear bearta chun bainistiú agus comhordú níos fearr a dhéanamh ar an trácht iarnróid ar bhonn idirnáisiúnta nó teicneolaíochtaí nua, ar nós uathoibriú traenacha, a fhorbairt. Rannchuidigh na tionscnaimh sin leis an gComhaontú Glas don Eoraip, a éilíonn laghdú 90 % in astaíochtaí gás ceaptha teasa ón earnáil iompair faoi 2050, rud atá le baint amach, go pointe áirithe, tríd an trácht iarnróid ardluais a dhúbailt faoi 2030 (agus a mhéadú faoi thrí faoi 2050) agus trí thrácht lastais a mhéadú 50 % ar a laghad faoi 2030 (agus é a dhúbailt faoi 2050).

Cuidíonn **ESMA** leis an gCoimisiún ó thaobh faireachán a dhéanamh ar chur chun feidhme an tsásra ceartúcháin margaidh, a tugadh isteach díreach tar éis don Rúis cogadh a fhearadh in aghaidh na hÚcráine agus atá ann chun saoránaigh agus geilleagar an Aontais a chosaint in aghaidh praghsanna arda gáis. Tá tuarascáil foilsithe ag ESMA ina ndéantar measúnú ar na héifeachtaí atá ag sásra ceartúcháin margaidh ar mhargaí na ndíorthach gáis agus tá próiseas curtha ar bun aige chun faireachán leanúnach a dhéanamh ar na táscairí ábhartha.

## Déanann formhór na ngníomhaireachtaí tuairisciú de chineál éigin ar a bhfeidhmíocht aeráide agus fuinnimh

**2.41.** Is dhá thopaic iad aeráid agus fuinneamh atá bainteach go dlúth le coincheap leathan na hinbhuanaitheachta, a chlúdaíonn gnéithe comhshaoil, sóisialta agus eacnamaíocha de ghníomhaíochtaí an duine. Faoin Treoir maidir le Faisnéis Neamhairgeadais, cuireann an tAontas Eorpach de cheangal ar chuideachtaí móra faisnéis maidir le saincheisteanna comhshaoil, sóisialta agus rialachais a fhoilsiú. Ó bhliain airgeadais 2024 ar aghaidh, déanfar na ceanglais tuairiscithe sin a neartú faoin dlí nua ar a dtugtar an Treoir maidir le Tuairisciú Inbhuanaitheachta Corparáideach, as a leanfaidh foirm níos rialáilte den tuairisciú ar an inbhuanaitheacht (féach ***Bosca 2.9***). Is féidir é sin a chur i gcodarsnacht leis an bhfíoras nach bhfuil aon cheangal faoi láthair ar riaracháin phoiblí, lena n-áirítear institiúidí agus comhlachtaí an Aontais, tuarascálacha ar an inbhuanaitheacht a eisiúint.

## Bosca 2.9

### Tuairisciú ar an inbhuanaitheacht agus na príomhchreataí tuairiscithe

Is éard is **tuairisciú ar an inbhuanaitheacht** ann ná an fheidhmíocht eagraíochtúil a thomhas, é sin a nochtadh do gheallsealbhóirí inmheánacha agus seachtracha agus a bheith cuntasach dóibh ar an ábhar, fad a bhítear ag obair chun forbairt inbhuanaithe a bhaint amach mar sprioc. Is éard atá i gceist leis ná tuairisciú ar an gcaoi a ndéanann eagraíocht saincheisteanna inbhuanaitheachta ina chuid oibríochtaí a mheas agus tuairisciú ar an tionchar comhshaoil, sóisialta agus eacnamaíoch atá ag a chuid oibríochtaí. Is uirlis bhainistíochta, chomh maith le bheith ina huirlis chuntasachta, atá sa tuairisciú ar an inbhuanaitheacht.

Is iad an dá chreat thábhachtacha a bhaineann leis an tuairisciú ar an inbhuanaitheacht ná:

- Caighdeáin an Tionscnaimh Dhomhanda um Thuairisciú (GRI), arb éard atá iontu ná treoirlínte don tuairisciú ar an inbhuanaitheacht agus a fhónann mar chreat d'eagraíochtaí chun a bhfeidhmíocht eacnamaíoch, chomhshaoil, shóisialta agus rialachais a nochtadh. Cuidíonn caighdeáin GRI le heagraíochtaí tuiscint a fháil ar an tionchar atá acu ar an inbhuanaitheacht agus é sin a chur in iúl do raon leathan geallsealbhóirí.

- Na Caighdeáin Eorpacha um Thuairisciú ar an Inbhuanaitheacht, ina dtabharfar cuntas ar na ceanglais a bheidh ann do chuideachtaí a thagann faoi raon feidhme na Treorach maidir le Tuairisciú Inbhuanaitheachta Corparáideach ó thaobh tuairisciú corparáideach a dhéanamh ar bhealach mion ar raon leathan saincheisteanna comhshaoil, sóisialta agus rialachais.

**2.42.** Cé nach bhfuil oibleagáid ar bith ar institiúidí agus comhlachtaí an Aontais tuarascálacha ar an inbhuanaitheacht a eisiúint, is féidir leo é sin a dhéanamh ar bhonn deonach. Nuair a scrúdaíomar an tuairisciú ar an inbhuanaitheacht a rinne gníomhaireachtaí an Aontais in athbhreithniú a rinneamar in 2019, fuaireamar gurbh é EUIPO an t-aon ghníomhaireacht a d'eisigh tuarascáil ar an inbhuanaitheacht agus gur leagadh amach an tuarascáil sin de réir chaighdeáin GRI. In 2022, fuaireamar nach raibh an scéal sin athraithe: ba é EUIPO amháin as gníomhaireachtaí an Aontais a bhí ag foilsiú tuarascáil ar an inbhuanaitheacht. Is doiciméad ar leithligh a bhíodh sa tuarascáil sin, ach anois is cuid dá thuarascáil bhliantúil chomhdhlúite maidir le gníomhaíochtaí atá ann (féach leathanach 50). Fuaireamar freisin go raibh trí ghníomhaíocht eile ann (Cedefop, EIT agus Eurofound) a bhfuil sé ar intinn acu tosú le tuarascáil ar an inbhuanaitheacht a eisiúint faoi 2024. Sa bhreis air sin, rinne Líonra Gníomhaireachtaí an Aontais Eorpaigh grúpa oibre a chur ar bun chun tabhairt isteach an tuairiscithe ar an inbhuanaitheacht a chur chun cinn agus chun dea-chleachtais sa réimse sin a roinnt le chéile.

**2.43.** Cé go bhfuil an cur chun feidhme i gcás lántuairisciú ar an inbhuanaitheacht fós an-teoranta i measc ghníomhaireachtaí an Aontais, tá foirm éigin de thuairisciú comhshaoil ag go leor acu, ar nós tuairisciú ar an lorg carbóin nó tuairisciú comhshaoil a bheith mar chuid de thuarascálacha bliantúla maidir le gníomhaíochtaí na ngníomhaireachtaí. Go sonrach, eisíonn 19 de 43 ghníomhaireacht an Aontais (44 %) ráiteas comhshaoil bliantúil (féach ***Tábla 2.3***), ar doiciméad é sin a thugann mionsonraí i dtaobh sonraí comhshaoil tábhachtacha amhail beartas comhshaoil agus socruithe rialachais na gníomhaireachta, chomh maith le tionchair agus cuspóirí comhshaoil.

## Tábla 2.3 – Déanann beagnach leath de ghníomhaireachtaí an Aontais ráiteas comhshaoil a eisiúint

| **Gníomhaireachtaí le ráiteas comhshaoil** | | | | |
|---|---|---|---|---|
| Gníomhaireachtaí díláraithe agus comhlachtaí eile (de réir méide) | | | | Gníomh. feidhm. |
| Beag (< 200 fostaí) | | Meánach (201 – 400 fostaí) | Mór (> 400 fostaí) | |
| ACER | ELA | CdT | EASA | CINEA ✓ |
| Oifig BEREC | EMCDDA ✓ | ÚBE ✓ | ECHA ✓ | EACEA ✓ |
| Cedefop | ENISA | ECDC | EFSA ✓ | EISMEA ✓ |
| CEPOL | ERA | EEA ✓ | EMA | ERCEA ✓ |
| CPVO | GES | EMSA ✓ | EUAA | HaDEA ✓ |
| EFCA | ETF ✓ | OIPE | EUIPO ✓ | REA ✓ |
| EIGE | EU-OSHA | ESMA ✓ | Europol ✓ | |
| EIOPA ✓ | Eurofound ✓ | eu-LISA ✓ | Frontex | |
| EIT | FRA | Eurojust | BRA | |
| | | EUSPA | | |
| 4 as 18 | | 5 as 10 | 4 as 9 | 6 as 6 |

*Foinse:* CIE, bunaithe ar fhaisnéis agus fianaise a fuarthas ó na gníomhaireachtaí.

**2.44.** Tá na gníomhaireachtaí feidhmiúcháin go léir clúdaithe i ráiteas comhshaoil an Choimisiúin. Sa bhreis air sin, déanann naoi gcinn de na 19 ngníomhaireacht díláraithe agus comhlacht eile, atá ar mheánmhéid nó atá mór, (47 %) ráiteas comhshaoil a eisiúint. I gcás 14 de 18 ngníomhaireacht bheaga an Aontais (78 %), áfach, ní tháirgeann siad ráiteas den sórt sin agus d'fhéadfadh sé gurb in mar gheall ar an acmhainneacht riaracháin bheag atá acu chun gníomhaíochtaí tuairiscithe den sórt sin a dhéanamh.

**2.45.** Tá dlúthghaol ag ráitis chomhshaoil a tháirgeadh le Scéim um Bainistíocht agus Iniúchadh Comhshaoil (EMAS) an Aontais a ghlacadh; is éard é EMAS ná ionstraim bhainistíochta atá forbartha ag an gCoimisiún Eorpach ar féidir le heagraíochtaí é a úsáid chun a bhfeidhmíocht chomhshaoil a mheas, a thuairisciú agus a fheabhsú. Sin mar gheall go bhfuil sé ar cheann de cheanglais bhunúsacha EMAS go ndéanfar sonraí comhshaoil tábhachtacha, mar shampla i bhfoirm ráiteas comhshaoil, a fhoilsiú (féach ***Bosca 2.10***).

**Bosca 2.10**

**Ceanglais bhunúsacha EMAS**

- An reachtaíocht chomhshaoil go léir a chomhlíonadh, agus é sin a bheith seiceáilte ag fíoraitheoir agus ag údarás poiblí.
- Feabhsúchán leanúnach ar fheidhmíocht chomhshaoil.
- Fíorú ar fheidhmíocht a bheith déanta ag fíoraitheoir atá oilte go sonrach chuige sin.
- Príomhshonraí comhshaoil a fhoilsiú i dtuarascáil bhliantúil.

**2.46.** Ar an iomlán, tá 17 de 43 ghníomhaireacht an Aontais (40 %) tar éis EMAS a chur chun feidhme cheana féin (féach *Tábla 2.4*). Faoi mar atá an scéal leis na ráitis chomhshaoil (féach *Tábla 2.3* agus mír *2.44*), tá na gníomhaireachtaí feidhmiúcháin go léir curtha san áireamh i gclárú EMAS an Choimisiúin, tá an cion de na gníomhaireachtaí díláraithe meánmhéide agus móra a bhfuil EMAS curtha chun feidhme acu (ocht gcinn as 19, nó 42 %) go suntasach níos airde ná an cion de na gníomhaireachtaí beaga a bhfuil sé sin déanta acu (trí cinn as 18, nó 17 %). D'fhéadfadh sé gurb í an chúis atá leis an difríocht sin ná go bhfuil acmhainneacht níos ísle ag eintitis bheaga déileáil le ceanglais EMAS.

## Tábla 2.4 – Tá EMAS curtha chun feidhme ag péire as gach cúig cinn de ghníomhaireachtaí an Aontais

| **Gníomhaireachtaí le EMAS** | | | | |
|---|---|---|---|---|
| Gníomhaireachtaí díláraithe agus comhlachtaí eile (de réir méide) | | | | Gníomh. feidhm. |
| Beag (< 200 fostaí) | | Meánach (201 – 400 fostaí) | Mór (> 400 fostaí) | |
| ACER | ELA | CdT | EASA | CINEA ✔ |
| Oifig BEREC | EMCDDA | ÚBE ✔ | ECHA ✔ | EACEA ✔ |
| Cedefop | ENISA | ECDC | EFSA ✔ | EISMEA ✔ |
| CEPOL | ERA | EEA ✔ | EMA | ERCEA ✔ |
| CPVO | GES | EMSA ✔ | EUAA | HaDEA ✔ |
| EFCA | ETF ✔ | OIPE | EUIPO ✔ | REA ✔ |
| EIGE | EU-OSHA | ESMA ✔ | Europol ✔ | |
| EIOPA ✔ | Eurofound ✔ | eu-LISA | Frontex | |
| EIT | FRA | Eurojust | BRA | |
| | | EUSPA | | |
| 3 as 18 | | 4 as 10 | 4 as 9 | 6 as 6 |

*Foinse:* CIE, bunaithe ar fhaisnéis agus fianaise a fuarthas ó na gníomhaireachtaí.

## Gníomhaíocht atá le déanamh 6

Ba cheart do ghníomhaireachtaí uile an Aontais tuairisciú ar a bhfeidhmíocht aeráide, fuinnimh agus chomhshaoil, mar shampla trí thuarascálacha ar an inbhuanaitheacht nó ráitis chomhshaoil a eisiúint.

Sa bhreis air sin, ba cheart dóibh EMAS a chur chun feidhme.

Ba cheart go mbeadh ról tábhachtach ag Líonra Gníomhaireachtaí an Aontais Eorpaigh ó thaobh cur chun feidhme EMAS agus tuairisciú ar an inbhuanaitheacht nó tuairisciú comhshaoil a chur chun cinn trí threoraíocht a eisiúint agus trí chomhroinnt taithí agus dea-chleachtas a éascú.

# Tuarascálacha eile a bhaineann leis na gníomhaireachtaí atá eisithe ag an gCúirt Iniúchóirí

**2.47.** Seachas tuarascálacha iniúchóireachta a chlúdaíonn na gníomhaireachtaí go sonrach, rinne an Chúirt Iniúchóirí – i gcaitheamh 2022 agus sa chéad leath de 2023 – roinnt tuarascálacha speisialta a eisiúint maidir le cur chun feidhme bheartas an Aontais ina ndearnadh tagairt do roinnt gníomhaireachtaí. I ***bhFíor 2.6***, tá liosta de na tuarascálacha speisialta sin.

## Fíor 2.6 – Tuarascálacha speisialta ón gCúirt Iniúchóirí ina dtagraítear do ghníomhaireachtaí agus a eisíodh in 2022 agus sa chéad leath de 2023

CAI 1 | CAI 2 | CAI 3 | CAI 4 | CAI 5 | Féinmhaoinithe

### Seomra I

**Úsáid inbhuanaithe acmhainní nádúrtha**



**EEA**

Tuarascáil speisialta 9/2022:

**An caiteachas aeráide i mbuiséad AE 2014-2020 – Níl sé chomh hard agus a thuairiscítear**

**OIPE**

Tuarascáil speisialta 06/2023:

**Coinbhleacht leasa i gcaiteachas comhtháthaithe agus talmhaíochta AE – Tá creat i bhfeidhm, ach tá bearnaí sna bearta trédhearcachta agus braite**

**EMA, ECDC**

Tuarascáil speisialta 19/2022:

**Vacsaíní COVID-19 a sholáthar san Aontas – Méid leordhóthanach dáileoga faighte tar éis dúshláin tosaigh ach níl meastóireacht leormhaith déanta ar fheidhmíocht an phróisis**

**EEA**

Tuarascáil speisialta 18/2023:

**Spriocanna aeráide agus fuinnimh an Aontais – Baineadh amach na spriocanna do 2020, ach is beag léiriú atá ann gur leor gníomhaíochtaí chun na spriocanna do 2030 a bhaint amach**

**EFCA**

Tuarascáil speisialta 20/2022:

**Gníomhaíocht an Aontais chun dul i ngleic le hiascaireacht neamhdhleathach – Córais um rialú i bhfeidhm ach tá siad lagaithe ag seiceálacha agus smachtbhannaí neamhchothroma ag na Ballstáit**

### Seomra II

**Infheistíocht sa chomhtháthú, san fhás agus sa chuimsiú**



**Oifig BEREC, ENISA**

Tuarascáil speisialta 03/2022:

**Cur i bhfeidhm 5G san Aontas Eorpach – Moilleanna ar chur chun feidhme líonraí le saincheisteanna slándála atá fós gan réiteach**

**CINEA**

Tuarascáil speisialta 08/2023:

**Iompar lastais idirmhódúil – Tá an tAontas fós i bhfad ó lastas a bhaint den bhóthar**

**EUROFOUND**

Tuarascáil speisialta 28/2022:

**Tacaíocht chun Rioscaí Dífhostaíochta a mhaolú i gcás Éigeandála (SURE) – Rannchuidigh maoiniú SURE le poist a chaomhnú i rith ghéarchéim COVID-19, ach níl a fhios fós cén tionchar iomlán atá aige**

CAI 1 | CAI 2 | CAI 3 | CAI 4 | CAI 5 | Féinmhaoinithe

## Seomra III

### Gníomhaíocht sheachtrach, slándáil agus ceartas

**ENISA**

Tuarascáil speisialta 05/2022:

**Cibearshlándáil institiúidí, chomhlachtaí agus ghníomhaireachtaí an Aontais Eorpaigh – Níl an leibhéal ullmhachta go ginearálta i gcomhréir leis na bagairtí**

**ECDC EUSPA**

Tuarascáil speisialta 13/2022:

**Saorghluaiseacht san Aontas Eorpach le linn phaindéim COVID-19 – Grinnscrúdú teoranta ar rialuithe teorann inmheánaí, agus gníomhaíochtaí neamh-chomhordaithe ó Bhallstáit**

**ECDC, EMA EASA**

Tuarascáil speisialta 01/2023:

**Uirlisí lena n-éascaítear taisteal laistigh den Aontas le linn phaindéim COVID-19 – Tionscnaimh ábhartha, agus tá an tionchar ag dul ó iad a bheith rathúil go dtí úsáid theoranta**

## Seomra IV

### Rialáil margaí agus an geilleagar iomaíoch

**ESMA, EIOPA, EBA**

Tuarascáil speisialta 04/2022:

**Cistí Infheistíochta – Níl gníomhaíochtaí an Aontais tar éis fíormhargadh aonair a théann chun tairbhe infheisteoirí a chruthú go fóill**

**EUIPO**

Tuarascáil speisialta 06/2022:

**Cearta maoine intleachtúla AE – Cosaint nach bhfuil go hiomlán fónta**

**EISMEA**

Tuarascáil speisialta 07/2022:

**Ionstraimí idirnáisiúnaithe do FBManna – Líon mór gníomhaíochtaí tacaíochta ach gan iad lán-chomhleanúnach ná comhordaithe**

**REA**

Tuarascáil speisialta 15/2022:

**Bhí bearta chun rannpháirtíocht i bhFís 2020 a fhairsingiú go maith ach beidh athrú inbhuanaithe ag brath, den chuid is mó, ar iarrachtaí na n-údarás náisiúnta**

**ECDC**

Tuarascáil speisialta 26/2022:

**Staidreamh Eorpach – Tá an fhéidearthacht ann chun an cháilíocht a fheabhsú tuilleadh**

**ACER**

Tuarascáil speisialta 03/2023:

**An margadh inmheánach leictreachais a chomhtháthú – Struchtúir chasta dlí, moilleanna, laigí sa rialachas agus faireachas neamhiomlán margaidh, tá siad ag cur bac ar chuspóir uaillmhianach a bhaint amach go hiomlán**

**ÚBE**

Tuarascáil speisialta 12/2023:

**Maoirseacht an Aontais ar riosca creidmheasa na mbanc – Chuir BCE dlús lena iarrachtaí ach caithfear níos mó a dhéanamh ionas go méadófar an dearbhú go bhfuil an riosca creidmheasa á bhainistiú agus á chlúdach go cuí**

CAI 1 | CAI 2 | CAI 3 | CAI 4 | CAI 5 | Féinmhaoinithe

## Seomra V

### Maoiniú agus riar an Aontais

**REA**

Tuarascáil speisialta 11/2022:

**Buiséad an Aontais a chosaint – Is gá úsáid níos fearr a bhaint as dúliostú**

**EISMEA**

Tuarascáil speisialta 17/2022:

**Sainchomhairleoirí seachtracha ag an gCoimisiún Eorpach – Raon feidhme d'athchóiriú**

*Foinse:* CIE.

# Freagra ó líonra ghníomhaireachtaí an Aontais

**1.21.** EUIPO: Ba mhian le EUIPO aird a tharraingt ar chinneadh an reachtóra, rud a deimhníodh le linn an athchóirithe reachtaigh ba dhéanaí. De réir Airteagal 176(2) de Rialachán (AE) 2017/1001 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 14 Meitheamh 2017 maidir le trádmharc an Aontais Eorpaigh (EUTMR), '*tabharfaidh an Coiste um an mBuiséad urscaoileadh don Stiúrthóir Feidhmiúcháin i leith chur chun feidhme an bhuiséid*'. Tá an t-urscaoileadh sin bunaithe go mór ar na tuarascálacha arna n-eisiúint ag Cúirt Iniúchóirí na hEorpa.

BRA: Ba mhian leis an mBord Réitigh Aonair (BRA) a chur in iúl gur gníomhaireacht í freisin atá go hiomlán féinmhaoinithe. Formheastar buiséad agus plean bunaíochta BRA ag Seisiún Iomlánach dá chuid ar thogra óna Chathaoirleach i gcomhréir le hAirteagal 61 de Rialachán (AE) Uimh. 806/2014.

**2.18.** CdT: Tagraíonn an tIonad dá fhreagraí ar mhíreanna 3.35.7–3.35.9.

**2.20, 2.23, 2.25, 2.26, 2.29** EUAN: Aithníonn EUAN barúlacha na Cúirte, go háirithe sna réimsí a bhaineann le bainistiú an tsoláthair phoiblí, nósanna imeachta earcaíochta, agus bainistiú buiséad. Tá baill EUAN tiomanta lena mbeartais agus lena nósanna imeachta a fheabhsú ar bhonn leanúnach. Is mian leis an Líonra a chur in iúl go bhfuil réamhbharúlacha na gcásanna aonair éagsúil ó Ghníomhaireacht go Gníomhaireacht agus, dá bhrí sin, ba mhian leis an Líonra tagairt a dhéanamh d'fhreagairt aonair na nGníomhaireachtaí ar a ráitis dearbhaithe.

**2.22.** CdT: Tagraíonn an tIonad dá fhreagraí ar mhíreanna 3.35.12 agus 3.35.13.

**Bosca 2.2.** Europol: Tagraíonn Europol dá fhreagra ar mhír 3.33.9.

ECDC: Bunaithe ar anailís ECDC, is costas incháilithe é CBL toisc nach raibh na tairbhithe ag gníomhú mar údaráis phoiblí nuair a thug siad faoi na gníomhaíochtaí incháilithe faoin deontas. Tagraíonn ECDC dá fhreagra mionsonraithe faoi mhír 3.15.7.

**2.26.** Europol: Tagraíonn Europol dá fhreagra ar mhír 3.33.8.

Cedefop: Tagraíonn Cedefop dá fhreagra ar mhír 3.14.8.

**2.27.** ERA: Tagraíonn ré don fhreagra a thug sé ar mhír 3.11.12 agus ar mhír 3.11.13.

**2.28.** EUAN: Sainmhínítear an úsáid a bhaintear as tabhairt anonn sa Rialachán Airgeadais. I gcásanna áirithe, tá údar leo i bpáirt nó go hiomlán mar gheall ar chineál ilbhliantúil chláir oibríochtúla na nGníomhaireachtaí. Mar a luaigh CIE, níl aon uasteorainneacha réamhshainithe sa Rialachán Airgeadais lena gcinnfí cad a mheasfaí a bheith ina "leibhéal iomarcach" maidir le tabhairt anonn. Maidir leis na cásanna teoranta sin de Ghníomhaireachtaí a bhfuil tabhairt anonn ard athfhillteach acu, cuireann an Líonra chun suntais go bhfuil an ráta cur chun feidhme ard, tríd is tríd.

**Tábla 2.1.** ECDC: Tá sé mar aidhm ag ECDC a bheith cláraithe faoi EMAS in 2023 agus tá tionscadal ar na bacáin aige le haghaidh fhritháireamh $CO_2$ (le tosú i Ráithe 1 2024) lena n-áireofar bearta maidir le tionchar $CO_2$ a ríomh agus conas é a íoslaghdú. Beidh spriocanna sonracha mar chuid de chur chun feidhme EMAS, rud a thosóidh in 2024.

**Tábla 2.2.** ECDC: Tá ECDC ag céimeanna deiridh an deimhnithe faoi EMAS agus forbróidh sé sprioc chorparáideach mar chuid dá chur chun feidhme EMAS, rud a thosóidh in 2024.

**2.46.** EUAN: I gClár Oibre 2023 EUAN, leag an Líonra síos an cuspóir a shaineolas i réimse na hinbhuanaitheachta agus an ghlasaithe a dhoimhniú.

Áirítear leis na gníomhaíochtaí a shainaithnítear sa ghearrthéarma agus sa mheántéarma iarrachtaí chun líne choiteann a bhunú maidir le tuairisciú inbhuanaitheachta agus tacú le tionscnaimh i dtreo beartais inbhuanaitheachta agus ghlasaithe a thabhairt isteach sna Gníomhaireachtaí agus sna Comhghnóthais.

I gcomhréir leis na gníomhaíochtaí atá molta ag CIE, tá an Líonra ag obair go gníomhach chun tacú lena chomhaltaí agus iad ag tarraingt ar dheimhniú EMAS a bhaint amach, trí threoirlínte agus trí dhoiciméid shonracha na Gníomhaireachta a fhorbairt agus trí dhea-chleachtais a roinnt.

CÚIRT INIÚCHÓIRÍ NA hEORPA

# Caibidil 3

## Ráitis dearbhaithe

## agus torthaí iniúchóireachta eile

## atá sonrach don ghníomhaireacht

# 3.1. Faisnéis a thacaíonn leis na ráitis dearbhaithe

## Bunús do na tuairimí

**3.1.1.** Tá ár n-iniúchóireacht déanta againn i gcomhréir le Caighdeáin Idirnáisiúnta Iniúchóireachta (ISAnna) agus Cód Eitice Chónaidhm Idirnáisiúnta na gCuntasóirí (IFAC) agus Caighdeáin Idirnáisiúnta na nUasfhoras Iniúchóireachta (ISSAInna) de chuid INTOSAI. Déantar cur síos breise ar ár bhfreagrachtaí faoi na caighdeáin sin sa roinn den tuarascáil seo dar teideal 'Freagrachtaí an Iniúchóra'. Tá ceanglais neamhspleáchais comhlíonta againn, faoi mar atá ár n-oibleagáidí eiticiúla faoin gCód Eitice le haghaidh Cuntasóirí Gairmiúla atá eisithe ag Bord na gCaighdeán Idirnáisiúnta Eitice do Chuntasóirí. Creidimid go bhfuil an fhianaise iniúchóireachta atá faighte againn leordhóthanach agus iomchuí le bheith mar bhunús dár dtuairim.

## Cur chuige na hiniúchóireachta

**3.1.2.** Is éard atá i gcur chuige iniúchóireachta na Cúirte Iniúchóirí ná nósanna imeachta iniúchóireachta anailíseacha, tástálacha díreacha ar idirbhearta, agus measúnú ar na príomh-chomhchodanna de na córais mhaoirseachta agus rialaithe atá ag gníomhaireacht. Déantar é sin a fhorlíonadh le fianaise a thagann as obair iniúchóirí eile, agus le hanailís ar fhaisnéis a sholáthraíonn bainistíocht na n-institiúidí faoi iniúchóireacht.

## Freagrachtaí na bainistíochta agus iadsan a bhfuil rialachas de chúram orthu

**3.1.3.** I gcomhréir le hAirteagail 310 go 325 CFAE agus le Rialacháin Airgeadais na ngníomhaireachtaí, tá bainistíocht gach gníomhaireachta freagrach as cuntais na ngníomhaireachtaí a ullmhú agus a thíolacadh bunaithe ar chaighdeáin chuntasaíochta don earnáil phoiblí a bhfuil glacadh go hidirnáisiúnta leo, agus as dlíthiúlacht agus rialtacht na n-idirbheart is bun leis na cuntais sin. San áireamh ansin, tá dearadh, cur chun feidhme agus cothabháil na rialuithe inmheánacha a bhaineann le hullmhú agus tíolacadh ráiteas airgeadais atá saor ó mhíráiteas ábhartha, bídís sin ag éirí as calaois nó as earráid. Tá an bhainistíocht freagrach freisin as a áirithiú go bhfuil na gníomhaíochtaí, na hidirbhearta airgeadais agus an fhaisnéis atá léirithe sna ráitis airgeadais ag comhlíonadh na gceanglas oifigiúil lena rialaítear na ráitis sin. Is ar bhainistíocht gach gníomhaireachta atá an fhreagracht deiridh as dlíthiúlacht agus rialtacht na n-idirbheart is bun le cuntais gach gníomhaireachta.

**3.1.4.** Agus na cuntais á n-ullmhú, tá an bhainistíocht freagrach as measúnú a dhéanamh ar chumas na gníomhaireachta leanúint ar aghaidh mar ghnóthas reatha. Ní foláir di aon ábhar a dhéanann difear do stádas na gníomhaireachta mar ghnóthas reatha a nochtadh, de réir mar is infheidhme, agus úsáid a bhaint as an mbunús cuntasaíochta do ghnóthais reatha, mura rud é go bhfuil sé beartaithe ag an mbainistíocht an t-eintiteas a leachtú nó scor d'oibríochtaí, nó mura bhfuil aon rogha mhalartach réalaíoch ann ach é sin a dhéanamh.

**3.1.5.** Iad siúd a bhfuil an rialachas de chúram orthu, tá siad freagrach as formhaoirseacht a dhéanamh ar phróiseas tuairiscithe airgeadais na ngníomhaireachtaí.

## Freagrachtaí an iniúchóra as iniúchóireacht ar na cuntais agus ar na hidirbhearta is bun leo

**3.1.6.** Tá dhá chuspóir againn. Ceann amháin díobh sin is ea dearbhú réasúnach a fháil i dtaobh an bhfuil cuntais na ngníomhaireachtaí saor ó mhíráiteas ábharthach, agus an bhfuil na hidirbhearta is bun leo dlíthiúil agus rialta. Is é an dara ceann díobh ná ráitis dearbhaithe a chur ar fáil do Pharlaimint na hEorpa agus don Chomhairle nó do na húdaráis um urscaoileadh eile faoi seach, ar bhonn ár gcuid oibre iniúchóireachta, maidir le beachtas chuntais na ngníomhaireachtaí agus maidir le dlíthiúlacht agus rialtacht na n-idirbheart is bun leo. Is leibhéal ard dearbhaithe é dearbhú réasúnach, ach ní ráthaíocht é go mbraithfidh iniúchadh i gcónaí gach cás de mhíráiteas ábharthach nó de neamhchomhlíonadh a d'fhéadfadh a bheith ann. Is féidir leo sin eascairt as calaois nó earráid, agus meastar go bhfuil siad ábharthach más rud é, á dtógáil ina n-aonar nó i dteannta a chéile, go bhféadfaí a bheith ag dréim leis le réasún go mbeadh tionchar acu ar chinntí eacnamaíocha na n-úsáideoirí a dhéantar ar bhonn na gcuntas sin.

**3.1.7.** I gcás an ioncaim, déanaimid fíorú ar fhóirdheontais a fuarthas ón gCoimisiún nó ó thíortha comhoibritheacha agus déanaimid measúnú ar nósanna imeachta na ngníomhaireachtaí maidir le táillí agus ioncam eile a bhailiú, más ann dóibh.

**3.1.8.** I gcás an chaiteachais, scrúdaímid idirbhearta íocaíochta a luaithe a bhíonn an caiteachas tabhaithe, taifeadta agus glactha. Clúdaíonn an scrúdú seo gach catagóir íocaíochtaí ag an bpointe a ndéantar iad, seachas airleacain. Scrúdaímid réamhíocaíochtaí nuair a thugann faighteoir na gcistí údar maith don úsáid chuí atá le baint astu, agus nuair a ghlacann gníomhaireacht leis an údar maith tríd an réamhíocaíocht a imréiteach, sa bhliain chéanna nó níos déanaí.

**3.1.9.** I gcomhréir leis na ISAnna agus ISSAInna, feidhmímid ár mbreithiúnas gairmiúil agus bíonn aird chuí againn ar an sceipteachas gairmiúil le linn an iniúchta. Déanaimid na céimeanna seo a leanas freisin:

- Na rioscaí a bhaineann le míráiteas ábharthach ar na cuntais agus a bhaineann le neamh-chomhlíonadh ábharthach ó thaobh cheanglais chreat dlíthiúil an Aontais Eorpaigh i gcás idirbhearta is bun leis na cuntais, déanaimid iad sin a shainaithint agus a mheasúnú, cibé acu más calaois nó earráid is cúis leo. Déanaimid nósanna imeachta iniúchóireachta a dhearadh agus a fheidhmiú atá sofhreagartha do na rioscaí sin agus faighimid fianaise iniúchóireachta atá leordhóthanach agus iomchuí le bheith mar bhunús dár dtuairimí. Tá an riosca nach mbraitear míráiteas ábharthach nó neamhchomhlíonadh de dheasca calaoise níos airde ná an riosca nach mbraitear ceann de dheasca earráide, mar go bhféadfadh camastaíl, brionnú, neamhghníomh intinneach, mífhaisnéis nó cealú rialuithe inmheánacha a bheith i gceist le calaois.
- Faighimid tuiscint ar rialuithe inmheánacha a bhaineann leis an iniúchadh chun nósanna imeachta iniúchóireachta atá iomchuí sna cúinsí ar leith a dhearadh, ach ní chun tuairim a thabhairt ar éifeachtacht na rialuithe inmheánacha sin.
- Déanaimid meastóireacht ar a iomchuí atá na beartais chuntasaíochta a úsáideadh agus ar réasúntacht na meastachán cuntasaíochta agus na nithe gaolmhara a thugann an bhainistíocht le fios.
- Tagaimid ar choncluáidí faoina oiriúnaí atá an úsáid a bhaineann an bhainistíocht as bonn an ghnóthais reatha don chuntasaíocht agus, bunaithe ar an bhfianaise iniúchóireachta a fhaightear, faoi an bhfuil éiginnteacht ábharthach ann maidir le teagmhais nó coinníollacha a d’fhéadfadh amhras suntasach a chaitheamh ar an gcumas atá i ngníomhaireacht leanúint ar aghaidh mar ghnóthas reatha. Más é ár gconclúid go bhfuil éiginnteacht ábharthach ann, ní foláir dúinn aird a tharraingt inár dtuarascáil iniúchóra ar na nithe gaolmhara sna cuntais a tháinig chun solais nó, mura bhfuil na nithe sin atá tagtha chun solais leormhaith, ní foláir dúinn ár dtuairim a cháiliú. Bíonn ár gconclúidí bunaithe ar an bhfianaise iniúchóireachta a fhaightear suas go dtí dáta ár dtuarascála iniúchóirí. D’fhéadfadh imeachtaí amach anseo, áfach, iallach a chur ar eintiteas scor de bheith ina ghnóthas reatha.
- Déanaimid meastóireacht ar chur i láthair foriomlán, struchtúr agus inneachar na gcuntas, lena n-áirítear na nithe atá tagtha chun solais, agus déanaimid measúnú féachaint an dtugann na cuntais léiriú fíorcheart ar na hidirbhearta agus ar na teagmhais is bun leo.
- Faighimid fianaise iniúchóireachta, atá leordhóthanach agus iomchuí, ar fhaisnéis airgeadais na ngníomhaireachtaí chun tuairim a thabhairt maidir leis na cuntais agus maidir leis na hidirbhearta is bun leo. Táimid freagrach as an iniúchadh a stiúradh, a mhaoirsiú agus a dhéanamh. Is sinne amháin atá freagrach as ár dtuairim iniúchóireachta.

- Breithnímid an obair iniúchóireachta atá déanta ag iniúchóirí seachtracha neamhspleácha ar chuntais na ngníomhaireachtaí, mar atá leagtha síos in Airteagal 70(6) den Rialachán Airgeadais, i gcás inarb infheidhme.

**3.1.10.** Déanaimid ábhair ar nós scóip agus tráthchlár beartaithe na hiniúchóireachta a chur in iúl don bhainistíocht, mar aon le fionnachtana suntasacha a éiríonn as an iniúchóireacht, lena n-áirítear aon laigí suntasacha i rialuithe inmheánacha a shainaithnímid le linn ár n-iniúchta. Ónár gcumarsáidí leis na gníomhaireachtaí, déanaimid cinneadh ar na hábhair is suntasaí a bhaineann leis an iniúchadh ar na cuntais don tréimhse reatha. Déanaimid na hábhair sin a ainmniú mar ábhair iniúchóireachta atá lárnach don phróiseas. Tugaimid tuairisc ar na hábhair sin inár dtuarascáil iniúchóra, mura rud é go bhforáiltear leis an reachtaíocht go bhfuil toirmeasc orainn é sin a dhéanamh, nó – i gcásanna fíorannamha – nuair a chinnimid nár cheart ábhar ar leith a chur in iúl inár dtuarascáil toisc go bhféadfaí a bheith ag dréim leis ar bhonn réasúin gur mó na hiarmhairtí díobhálacha a bheadh i gceist leis an méid sin a chur in iúl ná an tairbhe a bheadh ann do leas an phobail.


# Gníomhaireachtaí a mhaoinítear faoi Cheannteideal 1 de CAI – An Margadh Aonair, Nuálaíocht agus Inneachar Digiteach

# 3.2. Gníomhaireacht an Aontais Eorpaigh um Chomhar idir Rialálaithe Fuinnimh (ACER)

## Réamhrá

**3.2.1.** Is le Rialachán (CE) Uimh. 713/2009, arna aisghairm agus arna ionadú le Rialachán (AE) 2019/942, a bunaíodh Gníomhaireacht an Aontais Eorpaigh um Chomhar idir Rialálaithe Fuinnimh ('ACER'), atá lonnaithe i Liúibleána. Cothaíonn ACER lánpháirtiú agus críochnú an mhargaidh fuinnimh inmheánaigh do leictreachas agus gás nádúrtha. Déanann sé margadh fuinnimh, faoi fhaireachán agus atá trédhearcach, a chur chun cinn agus é mar aidhm aige praghsanna cothroma a bhaint amach do thomhaltóirí. I ***bhFíor 3.2.1***, tugtar na príomhfhigiúirí do ACER[10].

### Fíor 3.2.1 – Príomhfhigiúirí do ACER




* Tá figiúirí an bhuiséid bunaithe ar iomlán na leithreasuithe faoi chomhair íocaíochtaí atá ar fáil le linn na bliana airgeadais.

** Áirítear le 'foireann' oifigigh AE, gníomhairí sealadacha AE, daoine atá fostaithe ar conradh ag an Aontas agus saineolaithe náisiúnta ar iasacht, ach níl oibrithe eatramhacha ná sainchomhairleoirí san áireamh.

*Foinse:* Cuntais bhliantúla ACER do bhlianta airgeadais 2021 agus 2022; figiúirí foirne arna soláthar ag ACER.

## Faisnéis a thacaíonn leis an ráiteas dearbhaithe

**3.2.2.** I Roinn 3.1, tá tuairisc ar ár gcur chuige iniúchóireachta, an bonn atá lenár dtuairim, na freagrachtaí atá ar bhainistíocht ACER agus orthu siúd a bhfuil an rialachas de chúram orthu, agus freagrachtaí an iniúchóra as iniúchóireacht a dhéanamh ar na cuntais agus ar na hidirbhearta is bun leis na cuntais. Is cuid dhílis den tuairim é an síniú atá ar leathanach 367.

[10] Tá tuilleadh eolais faoi ról agus gníomhaíochtaí ACER ar fáil ar a shuíomh gréasáin: www.acer.europa.eu.

## Ráiteas dearbhaithe na Cúirte Iniúchóirí arna chur ar fáil do Pharlaimint na hEorpa agus don Chomhairle – Tuarascáil an iniúchóra neamhspleách

# Tuairim

**3.2.3.** Tá iniúchóireacht déanta againn ar an méid seo a leanas:

(a) cuntais Ghníomhaireacht an Aontais Eorpaigh um Chomhar idir Rialálaithe Fuinnimh ('ACER'), atá comhdhéanta de na ráitis airgeadais[11] agus de na tuarascálacha ar chur chun feidhme bhuiséad ACER[12] don bhliain airgeadais dar críoch an 31 Nollaig 2022, agus

(b) dlíthiúlacht agus rialtacht na n-idirbheart is bun leis na cuntais sin,

de réir mar a cheanglaítear le hAirteagal 287 den Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh (CFAE).

## Beachtas na gcuntas

### Tuairim maidir le beachtas na gcuntas

**3.2.4.** Is é ár dtuairim go dtugann cuntais ACER don bhliain dar críoch an 31 Nollaig 2022 léargas fíorcheart, ar gach slí ábhartha, ar staid airgeadais ACER amhail an 31 Nollaig 2022, ar thorthaí a chuid oibríochtaí, ar a shreabha airgid, agus ar na hathruithe ar ghlansócmhainní don bhliain dar críoch an dáta céanna, i gcomhréir lena Rialachán Airgeadais agus le rialacha cuntasaíochta arna nglacadh ag oifigeach cuntasaíochta an Choimisiúin. Tá siad sin bunaithe ar chaighdeáin chuntasaíochta don earnáil phoiblí a bhfuil glacadh go hidirnáisiúnta leo.

[11] Tá na ráitis airgeadais comhdhéanta den chlár comhardaithe, den ráiteas um fheidhmíocht airgeadais, den ráiteas faoi shreabhadh airgid, den ráiteas maidir leis na hathruithe ar ghlansócmhainní agus d'achoimre ar bheartais chuntasaíochta shuntasacha agus de nótaí míniúcháin eile.

[12] Tá na tuarascálacha ar chur chun feidhme an bhuiséid comhdhéanta de na tuarascálacha, ina gcomhiomlánaítear na hoibríochtaí buiséadacha go léir, agus de na nótaí míniúcháin.

## Dlíthiúlacht agus rialtacht na n-idirbheart is bun leis na cuntais

### Ioncam

**Tuairim maidir le dlíthiúlacht agus rialtacht an ioncaim is bun leis na cuntais**

**3.2.5.** Is é ár dtuairim go bhfuil an t-ioncam is bun le cuntais ACER don bhliain dar chríoch an 31 Nollaig 2022 dlíthiúil agus rialta ar gach slí ábhartharch.

### Íocaíochtaí

**Tuairim maidir le dlíthiúlacht agus rialtacht na n-íocaíochtaí is bun leis na cuntais**

**3.2.6.** Is é ár dtuairim go bhfuil na híocaíochtaí is bun le cuntais ACER don bhliain dar chríoch an 31 Nollaig 2022 dlíthiúil agus rialta ar gach slí ábhartharch.

**3.2.7.** Maidir leis na barúlacha anseo ina dhiaidh seo, ní tharraingíonn siad amhras ar bith ar thuairim na Cúirte Iniúchóirí.

## Barúlacha maidir le córais bhainistíochta agus rialaithe

**3.2.8.** I mí na Nollag 2022, rinne oifigeach údarúcháin trí tharmligean, ag a raibh cumhachtaí údarúcháin a bhí teoranta go dtí €500 000, ordú íocaíochta de €714 720.28 a údarú. Tugann sé sin le tuiscint go bhfuil laigí i rialuithe inmheánacha ACER a mhéid a bhaineann le tarmligean na gcumhachtaí chun íocaíochtaí a údarú.

## Barúlacha maidir leis an mbainistíocht bhuiséadach

**3.2.9.** Fuaireamar go ndearna ACER os cionn €7.2 milliún (29.4 %) de leithreasuithe faoi chomhair gealltanas 2022 a thabhairt anonn go dtí 2023. Ar áireamh ansin bhí €5.5 milliún (nó 66.2 %) de leithreasuithe faoi Theideal III a bhain le caiteachas oibríochtúil, go príomha croíghníomhaíochtaí ACER faoin Rialachán maidir le Sláine agus Trédhearcacht an Mhargaidh Fuinnimh (66.4 % in 2021). Thuairiscíomar ar an tsaincheist seo freisin i mír 139 de Thuarascáil

speisialta 03/2023 uainn ar an margadh inmheánach leictreachais a chomhtháthú. Tá rátaí arda de thabhairt anonn, a tharlaíonn arís is arís eile, contrártha do phrionsabal buiséadach na bliantúlachta agus tugann sé le tuiscint go bhfuil fadhbanna struchtúracha ann ó thaobh an timthrialla do phróiseas agus cur chun feidhme an bhuiséid.

## Obair leantach ar bharúlacha ó bhlianta roimhe seo

**3.2.10.** Tugtar forléargas san ***Iarscríbhinn*** ar an ngníomhaíocht a rinneadh mar fhreagairt ar bharúlacha na Cúirte Iniúchóirí ó bhlianta roimhe seo.

# Iarscríbhinn – Obair leantach ar bharúlacha ó bhlianta roimhe seo

| Sraithuimhir | Bliain bharúil CIE | Barúil CIE (achoimre) | Gníomh ceartaitheach a rinneadh agus / nó forbairtí ábhartha eile (achoimre) | Stádas bharúil CIE (Oscailte / Dúnta) |
|---|---|---|---|---|
| 1 | 2019 | Shínigh ACER creatchonradh in ord tosaíochta, in dhá luchtóg, le haghaidh uasmhéid €25 mhilliún i réimse chórais agus chomhairliúcháin TF. Rinneadh 61.3 % de na híocaíochtaí in 2019 faoi luchtóg 1 den chonradh, ach ní raibh na híocaíochtaí sin clúdaithe ag liosta praghsanna an chonartha. Thug ACER conarthaí díreacha i gcrích le haghaidh na nithe lena mbaineann, gan nós imeachta iomaíoch a reáchtáil. Dá bhrí sin, tá na conarthaí sonracha a ghabhann leis sin neamhrialta. | Ní dhearnadh aon íocaíochtaí neamhrialta le haghaidh nithe nach raibh ar an bpraghasliosta in 2022, ach tá an creatchonradh atá i gceist fós i bhfeidhm. | Oscailte |

Gníomhaireacht an Aontais Eorpaigh um Chomhar idir Rialálaithe Fuinnimh (ACER)

| Sraithuimhir | Bliain bharúil CIE | Barúil CIE (achoimre) | Gníomh ceartaitheach a rinneadh agus / nó forbairtí ábhartha eile (achoimre) | Stádas bharúil CIE (Oscailte / Dúnta) |
|---|---|---|---|---|
| 2 | 2019 | D'aimsíomar fianaise a thabharfadh le tuiscint go raibh oibrithe eatramhacha á n-úsáid ag ACER chun cúiteamh a dhéanamh ar ghanntanas daoine a bheith fostaithe go díreach ar an bhfoireann. Bhí gach duine de na hoibrithe eatramhacha, seachas duine amháin, a bhí ag obair in ACER ag gabháil do thascanna fadtéarmacha. Ba cheart do ACER tascanna buana agus leanúnacha a shannadh do dhaoine atá fostaithe go díreach ar an bhfoireann, seachas iad a shannadh d'oibrithe eatramhacha. | Níl aon athrú tagtha ar an staid seo go dtí seo. Tá sé i gceist ag ACER aghaidh a thabhairt ar an gceist seo sna blianta amach romhainn, a thúisce a bheidh an líon foirne ina phlean bunaíochta méadaithe. | Oscailte |
| 3 | 2021 | Idir 2019 agus 2021, rinne ACER measúnú ar thrí chás de choinbhleacht leasa féideartha i ndáil le duine sinsearach ar an bhfoireann a bheith ag gabháil do ghníomhaíocht sheachtrach íoctha nó do phost nua in áit eile. I gcás amháin a d'athbhreithníomar, ní dheachaigh ACER i gcomhairle leis an gComhchoiste agus bhí an spriocdháta caite faoin am a d'eisigh sé a chinneadh. Nuair a eisíodh an cinneadh, bhí srianta ann a bhí ceaptha maolú a dhéanamh ar an mbaol go dtarlódh coinbhleacht leasa. D'iarr ACER ar an duine i dtrácht déanamh de réir na srianta a bhí leagtha síos sa chéad chinneadh, ach ní raibh aon bhunús dlí ann don iarraidh sin. | Bhí cinneadh ina ndéantar oiriúnú ar na rialacha ábhartha glactha ag an tráth ar chríochnaíomar ár n-iniúchadh. | Dúnta |

Gníomhaireacht an Aontais Eorpaigh um Chomhar idir Rialálaithe Fuinnimh (ACER)

| Sraithuimhir | Bliain bharúil CIE | Barúil CIE (achoimre) | Gníomh ceartaitheach a rinneadh agus / nó forbairtí ábhartha eile (achoimre) | Stádas bharúil CIE (Oscailte / Dúnta) |
|---|---|---|---|---|
| 4 | 2019, 2021 | Fuaireamar amach go ndearna ACER os cionn €6.6 milliún (29.9 %) de leithreasuithe faoi chomhair gealltanas 2021 a thabhairt anonn go dtí 2022. Den mhéid sin, bhain €4 mhilliún, nó 54 % den chaiteachas oibríochtúil, le croíghníomhaíochtaí oibríochtúla faoin Rialachán maidir le Sláine agus Trédhearcacht an Mhargaidh Fuinnimh. Tá rátaí arda de thabhairt anonn contrártha do phrionsabal buiséadach na bliantúlachta agus tugann sé le tuiscint go bhfuil fadhbanna struchtúracha ann ó thaobh chur chun feidhme an bhuiséid. | Bhí an staid sin fós ann in 2022 (féach mír 3.3.11). | Oscailte |

# Freagra ACER

**3.2.8.** Tugann ACER breathnú CIE dá aire. Ba theaglaim de mhuirir in aghaidh trí líne bhuiséid í an íocaíocht shampláilte, agus bhí gach méid aonair faoi bhun na teorann tarmligthe. Ós rud é go raibh na muirir aonair faoi bhun na teorann údaraithe, ceadaíodh an íocaíocht. Déanfaidh an Ghníomhaireacht bearta chun a áirithiú go bhforfheidhmeofar teorainneacha in aghaidh an ordaithe íocaíochta.


**3.2.9.** Tugann an Ghníomhaireacht breathnú CIE dá aire. Áirítear ar na méideanna a tugadh anonn ó Theideal 2 EUR 0.52 milliún a bhaineann le caiteachas ó chonarthaí oscailte do chomhairle dhlí don Ghníomhaireacht chun a seasamh a chosaint i gcoinne na n-achomharc a taisceadh mar fhreagairt ar chinntí na Gníomhaireachta, i réimse an Leictreachais go príomha. Tá sé deacair fad na n-achomharc a réamh-mheas agus, i bhformhór na gcásanna, ní fhreagraíonn sé do bhliantúlacht an bhuiséid. Áirítear le méideanna a tugadh anonn ó Theideal 3 EUR 4.6 milliún a chomhfhreagraíonn d’oibleagáidí conarthacha atá ag an nGníomhaireacht dá príomhthionscadal oibríochtúil, REMIT. Maidir leis na hinfheistíochtaí a dhéantar sa tionscadal ilbhliantúil seo, atá á maoiniú ó 2021 i leith le táillí a bhailítear ó na Sásraí Tuairiscithe Cláraithe, níl siad i gcomhthráth le bliantúlacht an bhuiséid agus ní mór dóibh an plean forbartha atá i bhfeidhm a leanúint. Déanann an Ghníomhaireacht faireachán ar chur chun feidhme an bhuiséid ar bhonn míosúil, chun bliantúlacht na n-íocaíochtaí a threisiú nuair is iomchuí agus nuair is féidir.

# 3.3. An Ghníomhaireacht Tacaíochta do Chomhlacht na Rialálaithe Eorpacha um Chumarsáid Leictreonach (Oifig BEREC)

## Réamhrá

**3.3.1.** Is le Rialachán (CE) Uimh. 1211/2009, arna aisghairm agus arna ionadú le Rialachán (AE) 2018/1971, a bunaíodh an Ghníomhaireacht Tacaíochta do Chomhlacht na Rialálaithe Eorpacha um Chumarsáid Leictreonach (‘Oifig BEREC’), atá lonnaithe i Ríge. Tugann Oifig BEREC seirbhísí tacaíochta gairmiúla agus riaracháin do Chomhlacht na Rialálaithe Eorpacha um Chumarsáid Leictreonach (BEREC). Faoi threorú an Bhoird Rialálaithe, bailíonn sí agus déanann sí anailís ar fhaisnéis i dtaobh cumarsáid leictreonach agus déanann sí dea-chleachtais amhail cineálacha coiteanna cur chuige, modheolaíochtaí agus treoirlínte maidir le cur chun feidhme chreat rialála an Aontais a chraobhscaoileadh i measc na n-údarás rialála náisiúnta. I ***bhFíor 3.3.1***, tugtar na príomhfhigiúirí d’Oifig BEREC[13].

### Fíor 3.3.1 – Príomhfhigiúirí d’Oifig BEREC




* Tá figiúirí an bhuiséid bunaithe ar iomlán na leithreasuithe faoi chomhair íocaíochtaí atá ar fáil le linn na bliana airgeadais.

** Áirítear le ‘foireann’ oifigigh AE, gníomhairí sealadacha AE, daoine atá fostaithe ar conradh ag an Aontas agus saineolaithe náisiúnta ar iasacht, ach níl oibrithe eatramhacha ná sainchomhairleoirí san áireamh.

*Foinse:* Cuntais bhliantúla Oifig BEREC do bhlianta airgeadais 2021 agus 2022; figiúirí foirne arna soláthar ag Oifig BEREC.

[13] Tá tuilleadh eolais faoi ról agus gníomhaíochtaí Oifig BEREC ar fáil ar a suíomh gréasáin: www.berec.europa.eu.

## Faisnéis a thacaíonn leis an ráiteas dearbhaithe

**3.3.2.** I Roinn 3.1, tá tuairisc ar ár gcur chuige iniúchóireachta, an bonn atá lenár dtuairim, na freagrachtaí atá ar bhainistíocht Oifig BEREC agus orthu siúd a bhfuil an rialachas de chúram orthu, agus freagrachtaí an iniúchóra as iniúchóireacht a dhéanamh ar na cuntais agus ar na hidirbhearta is bun leis na cuntais. Is cuid dhílis den tuairim é an síniú atá ar leathanach 367.

## Ráiteas dearbhaithe na Cúirte Iniúchóirí arna chur ar fáil do Pharlaimint na hEorpa agus don Chomhairle – Tuarascáil an iniúchóra neamhspleách

# Tuairim

**3.3.3.** Tá iniúchóireacht déanta againn ar an méid seo a leanas:

(a) cuntais na Gníomhaireachta Tacaíochta do Chomhlacht na Rialálaithe Eorpacha um Chumarsáid Leictreonach (‘Oifig BEREC’), atá comhdhéanta de na ráitis airgeadais[14] agus de na tuarascálacha ar chur chun feidhme bhuiséad Oifig BEREC[15] don bhliain airgeadais dar chríoch an 31 Nollaig 2022, agus

(b) dlíthiúlacht agus rialtacht na n-idirbheart is bun leis na cuntais sin,

de réir mar a cheanglaítear le hAirteagal 287 den Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh (CFAE).

---

[14] Tá na ráitis airgeadais comhdhéanta den chlár comhardaithe, den ráiteas um fheidhmíocht airgeadais, den ráiteas faoi shreabhadh airgid, den ráiteas maidir leis na hathruithe ar ghlansócmhainní agus d’achoimre ar bheartais chuntasaíochta shuntasacha agus de nótaí míniúcháin eile.

[15] Tá na tuarascálacha ar chur chun feidhme an bhuiséid comhdhéanta de na tuarascálacha, ina gcomhiomlánaítear na hoibríochtaí buiséadacha go léir, agus de na nótaí míniúcháin.

## Beachtas na gcuntas

### Tuairim maidir le beachtas na gcuntas

**3.3.4.** Is é ár dtuairim go dtugann cuntais Oifig BEREC don bhliain dar chríoch an 31 Nollaig 2022 léargas fíorcheart, ar gach slí ábharthach, ar staid airgeadais Oifig BEREC amhail an 31 Nollaig 2022, ar thorthaí a cuid oibríochtaí, ar a sreabha airgid, agus ar na hathruithe ar ghlansócmhainní don bhliain dar chríoch an dáta céanna, i gcomhréir lena Rialachán Airgeadais agus le rialacha cuntasaíochta arna nglacadh ag oifigeach cuntasaíochta an Choimisiúin. Tá siad sin bunaithe ar chaighdeáin chuntasaíochta don earnáil phoiblí a bhfuil glacadh go hidirnáisiúnta leo.

## Dlíthiúlacht agus rialtacht na n-idirbheart is bun leis na cuntais

### Ioncam

**Tuairim maidir le dlíthiúlacht agus rialtacht an ioncaim is bun leis na cuntais**

**3.3.5.** Is é ár dtuairim go bhfuil an t-ioncam is bun le cuntais Oifig BEREC don bhliain dar chríoch an 31 Nollaig 2022 dlíthiúil agus rialta ar gach slí ábharthach.

### Íocaíochtaí

**Tuairim maidir le dlíthiúlacht agus rialtacht na n-íocaíochtaí is bun leis na cuntais**

**3.3.6.** Is é ár dtuairim go bhfuil na híocaíochtaí is bun le cuntais Oifig BEREC don bhliain dar chríoch an 31 Nollaig 2022 dlíthiúil agus rialta ar gach slí ábharthach.

## Obair leantach ar bharúlacha ó bhlianta roimhe seo

**3.3.7.** Tugtar forléargas san ***Iarscríbhinn*** ar an ngníomhaíocht a rinneadh mar fhreagairt ar bharúlacha na Cúirte Iniúchóirí ó bhlianta roimhe seo.

# Iarscríbhinn – Obair leantach ar bharúlacha ó bhlianta roimhe seo

| Sraithuimhir | Bliain bharúil CIE | Barúil CIE (achoimre) | Gníomh ceartaitheach a rinneadh agus / nó forbairtí ábhartha eile (achoimre) | Stádas bharúil CIE (Oscailte / Dúnta) |
|---|---|---|---|---|
| 1 | 2019 | Thug Oifig BEREC nós imeachta soláthair chun críche agus shínigh sí conradh sula ndearna sí meastóireacht ar na tairiscintí uile a bhí faighte aici. Chuaigh tairiscint amháin amú uirthi, agus ní dhearna sí meastóireacht ar an tairiscint sin. Níor míníodh sa tuarascáil mheastóireachta don nós imeachta sin conas a tháinig Oifig BEREC ar an gconclúid i dtaobh an raibh na tairiscintí ag comhlíonadh na gcritéar incháilitheachta. Ní raibh ach aon duine amháin ag gabháil don nós imeachta soláthair. Bhí sé fógartha ag an duine sin go bhféadfadh coinbhleacht leasa a bheith ann, ach fós rinne an duine sin an nós imeachta ar fad gan cuidiú a fháil ó aon duine eile. Ar na cúiseanna sin, measaimid go bhfuil an conradh neamhrialta. | Ag éirí as ár mbarúil, rinne Oifig BEREC, in 2022, an conradh a fhoirceannadh go haontaobhach agus conradh eile a chur ina ionad ar conradh é sin a rinneadh a dhámhachtain bunaithe ar nós imeachta soláthair nua. | Dúnta |

An Ghníomhaireacht Tacaíochta do Chomhlacht na Rialálaithe Eorpacha um Chumarsáid Leictreonach (Oifig BEREC)

| Sraithuimhir | Bliain bharúil CIE | Barúil CIE (achoimre) | Gníomh ceartaitheach a rinneadh agus / nó forbairtí ábhartha eile (achoimre) | Stádas bharúil CIE (Oscailte / Dúnta) |
|---|---|---|---|---|
| 2 | 2021 | I dTuarascáil 2019 uainn, thángamar ar an gconclúid go raibh nós imeachta soláthair do sheirbhísí dlí neamhrialta. Mar thoradh air sin, tá gach íocaíocht a rinneadh ina dhiaidh sin agus a bhí bunaithe ar an gcreatchonradh sin neamhrialta. In 2021, is é €4 444 a bhí sa mhéid íocaíochtaí a bhain leis sin. | Ag éirí as ár mbarúil, rinne Oifig BEREC, in 2022, an conradh a fhoirceannadh go haontaobhach agus conradh eile a chur ina ionad ar conradh é sin a rinneadh a dhámhachtain bunaithe ar nós imeachta soláthair nua. | Dúnta |
| 3 | 2021 | I nós imeachta earcaíochta, bhí laigí ann a bhain an bonn ó phrionsabail na trédhearcachta agus na córa comhionainne ag céim an scagtha/ghearrliostaithe. | D'athraigh Oifig BEREC a nósanna imeachta earcaíochta chun déileáil leis na laigí a bhí sainaitheanta. | Dúnta |
| 4 | 2021 | Tugadh chun suntais gur laige i gcóras rialaithe inmheánaigh Oifig BEREC é an easpa seiceálacha *ex ante* ar phraghsanna. I nós imeachta soláthair le haghaidh seirbhísí TF, d'iarr Oifig BEREC tairiscint ar chonraitheoir gan a shonrú roimh ré cad iad na seirbhísí a bhí ag teastáil. Sa bhreis air sin, ní dhearna Oifig BEREC seiceálacha feidhmíochta chun deimhin a dhéanamh de go raibh na praghsanna ab infheidhme maidir le conarthaí sonracha ag freagairt do na praghsanna agus na lascainí a bhí leagtha amach sa chreatchonradh a bhí mar bhun leis na conarthaí sonracha sin. | Tá feabhas curtha ag Oifig BEREC ar a cuid seiceálacha *ex ante* chun déileáil leis na laigí a sainaithníodh. | Dúnta |

An Ghníomhaireacht Tacaíochta do Chomhlacht na Rialálaithe Eorpacha um Chumarsáid Leictreonach (Oifig BEREC)

# Freagra Oifig BEREC


Tá tuarascáil na Cúirte tugtha ar a haire ag an nGníomhaireacht.

# 3.4. Gníomhaireacht Sábháilteachta Eitlíochta an Aontais Eorpaigh (EASA)

## Réamhrá

**3.4.1.** Is le Rialachán (AE) 2018/1139 a bunaíodh Gníomhaireacht Sábháilteachta Eitlíochta an Aontais Eorpaigh ('EASA'), atá lonnaithe in Köln. Tháinig EASA in ionad Ghníomhaireacht Sábháilteachta Eitlíochta na hEorpa ('EASA' freisin), a bunaíodh in 2002. Tá cúraimí sonracha rialála agus feidhmiúcháin i réimse na sábháilteachta eitlíochta ar EASA, go háirithe a mhéid a bhaineann le dearadh, táirgeadh, cothabháil agus oibriú táirgí aerloingseoireachta. I ***bhFíor 3.4.1***, tugtar na príomhfhigiúirí do EASA[16].

### Fíor 3.4.1 – Príomhfhigiúirí do EASA




* Tá figiúirí an bhuiséid bunaithe ar iomlán na leithreasuithe faoi chomhair íocaíochtaí atá ar fáil le linn na bliana airgeadais.

** Áirítear le 'foireann' oifigigh AE, gníomhairí sealadacha AE, daoine atá fostaithe ar conradh ag an Aontas agus saineolaithe náisiúnta ar iasacht, ach níl oibrithe eatramhacha ná sainchomhairleoirí san áireamh.

*Foinse:* Cuntais bhliantúla EASA do bhlianta airgeadais 2021 agus 2022; figiúirí foirne arna soláthar ag EASA.

## Faisnéis a thacaíonn leis an ráiteas dearbhaithe

**3.4.2.** I Roinn 3.1, tá tuairisc ar ár gcur chuige iniúchóireachta, an bonn atá lenár dtuairim, na freagrachtaí atá ar bhainistíocht EASA agus orthu siúd a bhfuil an rialachas de chúram orthu, agus freagrachtaí an iniúchóra as iniúchóireacht a dhéanamh ar na cuntais agus ar na hidirbhearta is bun leis na cuntais. Is cuid dhílis den tuairim é an síniú atá ar leathanach 367.

[16] Tá tuilleadh eolais faoi ról agus gníomhaíochtaí EASA ar fáil ar a shuíomh gréasáin: www.easa.europa.eu.

# Ráiteas dearbhaithe na Cúirte Iniúchóirí arna chur ar fáil do Pharlaimint na hEorpa agus don Chomhairle – Tuarascáil an iniúchóra neamhspleách

## Tuairim

**3.4.3.** Tá iniúchóireacht déanta againn ar an méid seo a leanas:

(a) cuntais Ghníomhaireacht Sábháilteachta Eitlíochta an Aontais Eorpaigh ('EASA'), atá comhdhéanta de na ráitis airgeadais[17] agus de na tuarascálacha ar chur chun feidhme bhuiséad EASA[18] don bhliain airgeadais dar chríoch an 31 Nollaig 2022, agus

(b) dlíthiúlacht agus rialtacht na n-idirbheart is bun leis na cuntais sin,

de réir mar a cheanglaítear le hAirteagal 287 den Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh (CFAE).

### Beachtas na gcuntas

#### Tuairim maidir le beachtas na gcuntas

**3.4.4.** Is é ár dtuairim go dtugann cuntais EASA don bhliain dar chríoch an 31 Nollaig 2022 léargas fíorcheart, ar gach slí ábhartha, ar staid airgeadais EASA amhail an 31 Nollaig 2022, ar thorthaí a chuid oibríochtaí, ar a shreabha airgid, agus ar na hathruithe ar ghlansócmhainní don bhliain dar chríoch an dáta céanna, i gcomhréir lena Rialachán Airgeadais agus le rialacha cuntasaíochta arna nglacadh ag oifigeach cuntasaíochta an Choimisiúin. Tá siad sin bunaithe ar chaighdeáin chuntasaíochta don earnáil phoiblí a bhfuil glacadh go hidirnáisiúnta leo.

---

[17] Tá na ráitis airgeadais comhdhéanta den chlár comhardaithe, den ráiteas um fheidhmíocht airgeadais, den ráiteas faoi shreabhadh airgid, den ráiteas maidir leis na hathruithe ar ghlansócmhainní agus d'achoimre ar bheartais chuntasaíochta shuntasacha agus de nótaí míniúcháin eile.

[18] Tá na tuarascálacha ar chur chun feidhme an bhuiséid comhdhéanta de na tuarascálacha, ina gcomhiomlánaítear na hoibríochtaí buiséadacha go léir, agus de na nótaí míniúcháin.

## Dlíthiúlacht agus rialtacht na n-idirbheart is bun leis na cuntais

### Ioncam

**Tuairim maidir le dlíthiúlacht agus rialtacht an ioncaim is bun leis na cuntais**

**3.4.5.** Is é ár dtuairim go bhfuil an t-ioncam is bun le cuntais EASA don bhliain dar chríoch an 31 Nollaig 2022 dlíthiúil agus rialta ar gach slí ábharthach.

### Íocaíochtaí

**Tuairim maidir le dlíthiúlacht agus rialtacht na n-íocaíochtaí is bun leis na cuntais**

**3.4.6.** Is é ár dtuairim go bhfuil na híocaíochtaí is bun le cuntais EASA don bhliain dar chríoch an 31 Nollaig 2022 dlíthiúil agus rialta ar gach slí ábharthach.

**3.4.7.** Maidir leis na barúlacha anseo ina dhiaidh seo, ní tharraingíonn siad amhras ar bith ar thuairim na Cúirte Iniúchóirí.

## Barúlacha maidir le dlíthiúlacht agus rialtacht na n-idirbheart

**3.4.8.** I mí Iúil 2019, shínigh EASA creatchonarthaí le trí sholáthróir le haghaidh forbairt, leathadh amach agus cothabháil a dhéanamh ar chóras tuairiscithe teagmhas. Is le haghaidh tréimhse ceithre bliana a síníodh na conarthaí.

I mBealtaine 2022, mar gheall go raibh na €5 mhilliún a bhí curtha i leataobh do na conarthaí sin beagnach ídithe, sheol EASA nós imeachta idirbheartaithe – gan fógra conartha a fhoilsiú roimh ré – le haghaidh leanúint d’fhorbairt an chórais. Is le soláthraí amháin – ceann de na trí sholáthraí ar síníodh conradh leo in 2019 – a rinneadh an nós imeachta idirbheartaithe sin, agus as sin rinneadh conradh de luach €1.9 milliún a shíniú i Meitheamh 2022. Is é an bonn cirt a thug EASA d’úsáid an nós imeachta sin ná go raibh fíorphráinn leis. Tá sé sin ceadaithe faoi phointe 11.1(c) d’Iarscríbhinn I den Rialachán Airgeadais, ar choinníoll gur ag éirí as cúinsí nach bhféadfaí a thuar atá an phráinn ann, nach féidir an phráinn sin a leagan ar an údarás conarthach, agus nach féidir déileáil leis an gceist tríd an ngnáthnós imeachta.

Níor léirigh EASA go raibh na trí choinníoll sin comhlíonta. Is é a mheasaimid ná nach mar thoradh ar chúinsí nach bhféadfaí a thuar a bhí an phráinn sin ann, mar go raibh an buiséad don chonradh nua formheasta cheana féin i mí na Nollag 2021. D'fhág sé sin dóthain ama (beagnach seacht mí sular síníodh an conradh) chun nós imeachta oscailte a úsáid.

Bunaithe ar a bhfuil luaite anseo thuas againn, táimid tagtha ar an gconclúid gurb é an bunús dlí mícheart a úsáideadh don nós imeachta idirbheartaithe a seoladh i mBealtaine 2022 agus dá bhrí sin go raibh an nós imeachta neamhrialta, faoi mar a bhí na híocaíochtaí gaolmhara go léir arbh ionann iad sin agus €261 385 in 2022.

## Barúlacha maidir le córais bhainistíochta agus rialaithe

**3.4.9.** Sheol EASA nós imeachta tairisceana le haghaidh seirbhísí bainistithe imeachtaí. Ba é €2.5 milliún luach na tairisceana. Thug EASA ar aire go raibh difríocht shuntasach sna praghsanna a bhí sna tairiscintí airgeadais a fuair sé ó na tairgeoirí, agus d'iarr sé ar cheann acu soiléiriú a thabhairt. Ag éirí as an soiléiriú sin, rinne EASA praghas na tairisceana a leasú. De réir Airteagal 151 den Rialachán Airgeadais, áfach, ní cheadaítear ceartúcháin den chineál sin a dhéanamh ach amháin chun earráidí follasacha cléireachais a cheartú. Ní féidir iad a úsáid chun téarmaí substainteacha na tairisceana a leasú. Chomh maith leis sin, caithfidh tairgeoirí toiliú i scríbhinn roimh ré a thabhairt i dtaobh aon athruithe i dtéarmaí na tairisceana. Sa chás seo, níor thug an tairgeoir toiliú i scríbhinn go sainráite.

Tar éis don tairgeoir casaoid a dhéanamh ag gearán gur cheartaigh EASA an praghas, rinne EASA an dara meastóireacht agus rinne sé an tairgeoir a eisiamh ar an bhforas 'nár chomhlíon sé na ceanglais a bhí leagtha síos i sonraíochtaí na tairisceana'. Níor shonraigh EASA, áfach, cad iad na ceanglais nach raibh comhlíonta, rud a chiallaíonn nár tugadh bonn cirt cuí d'eisiamh an tairgeora.

**3.4.10.** Bailíonn EASA táillí agus muirir as ucht seirbhísí deimhniúcháin a sholáthar, ach ní dhéanann sé doiciméadú ar na seiceálacha a dhéanann sé chun a chinntiú go bhfuil an t-ioncam sin bailithe i gceart. Téann sé sin i gcoinne Airteagail 74(5) agus 75 den Rialachán Airgeadais.

## Obair leantach ar bharúlacha ó bhlianta roimhe seo

**3.4.11.** Tugtar forléargas san ***Iarscríbhinn*** ar an ngníomhaíocht a rinneadh mar fhreagairt ar bharúlacha na Cúirte Iniúchóirí ó bhlianta roimhe seo.

# Iarscríbhinn – Obair leantach ar bharúlacha ó bhlianta roimhe seo

| Sraithuimhir | Bliain bharúil CIE | Barúil CIE (achoimre) | Gníomh ceartaitheach a rinneadh agus / nó forbairtí ábhartha eile (achoimre) | Stádas bharúil CIE (Oscailte / Dúnta) |
|---|---|---|---|---|
| 1 | 2016 | Tá barrachas de €52 mhilliún carntha ag EASA ó ghníomhaíochtaí atá á maoiniú ag an tionscal in imeacht na mblianta, nach bhfuil aon fhoráil ina leith sin i Rialachán Bunaidh EASA. | Níl aon smacht ag EASA air sin, mar go n-éilíonn sé sin athrú ar Rialachán Bunaidh EASA. | Oscailte |
| 2 | 2021 | Idir 2019 agus 2021, rinne EASA measúnú ar dhá chás de choinbhleacht leasa féideartha i ndáil le duine sinsearach ar an bhfoireann a bheith ag gabháil do phost nua in áit eile. De shárú ar Airteagal 16 de na Rialacháin Foirne, lena gceanglaítear liosta de na cásanna a ndéantar measúnú orthu – i gcomhthéacs an riosca a ghabhann le habhcóideacht agus brústocaireacht – a fhoilsiú, ní dhearna EASA é sin i gceann de na cásanna a ndearnamar athbhreithniú orthu. Sa chás céanna sin, de shárú ar fhoráil eile d'Airteagal 16 de na Rialacháin Foirne, ní dheachaigh EASA i gcomhairle leis an gComhchoiste. | Tá athbhreithniú déanta ag EASA chun aghaidh a thabhairt ar na laigí atá sainaitheanta, ach ag an tráth ar chríochnaíomar ár n-iniúchadh ní raibh Comhchoiste bunaithe go foirmiúil fós aige. | Oscailte |

Gníomhaireacht Sábháilteachta Eitlíochta an Aontais Eorpaigh (EASA)

# Freagra EASA

**3.4.8.** Gan barúil CIE a cheistiú, d'iarr Bord Bainistíochta EASA go leathnófaí raon feidhme fhorbairt an chórais tuairiscithe chun aghaidh a thabhairt ar riachtanas láidir thionscal eitlíochta an Aontais. Is gné ríthábhachtach shábháilteachta de thionscal eitlíochta an Aontais Eorpaigh í an córas tuairiscithe atá á fhorbairt, agus d'fhéadfadh riosca láithreach sábháilteachta a bheith ann dá gcuirfí isteach ar an gcóras sin agus d'fhéadfadh iarmhairtí tubaisteacha a bheith ann dá bharr. Ós rud é go raibh monaplacht imthoisceach ann, ní fhéadfadh aon oibreoir eacnamaíoch eile leanúint den fhorbairt gan suaitheadh agus riosca sábháilteachta láithreach a chruthú. Chun an riosca sin a sheachaint, níorbh fhéidir nós imeachta oscailte a chur i bhfeidhm, agus níor díríodh an glao ach ar an gconraitheoir a bhí ag forbairt an chórais an tráth sin. Tugann EASA réasúnaíocht na Cúirte dá aire maidir leis an údar atá le nós imeachta eisceachtúil idirbheartaíochta agus breithneoidh sé go cúramach é agus an bunús dlí á roghnú amach anseo.

**3.4.9.** Tugaimid dár n-aire na barúlacha ón gCúirt maidir le ceartú an phraghais sa chéad chinneadh dámhachtana agus maidir leis an tairgeoir a eisiamh sa dara cinneadh dámhachtana. Déanfaidh EASA na bearta is gá chun a ráthú, i nósanna imeachta soláthair amach anseo, go mbeidh údar níos fearr le haon cheartú ar phraghas nó eisiamh na dtairgeoirí. Gan cur in aghaidh bharúil CIE, ba mhaith le EASA a thabhairt faoi deara nár chuir an tairgeoir in aghaidh an chinnidh chríochnaithigh.


**3.4.10.** Mar atá leagtha amach ag CIE, rinneadh na seiceálacha *ex-ante* ach níor doiciméadaíodh iad. Tugann EASA barúil CIE dá aire agus déanfaidh sé na bearta is gá chun a ráthú go ndéanfar seiceálacha a dhoiciméadú i gceart as seo amach.

# 3.5. An tÚdarás Baincéireachta Eorpach (ÚBE)

## Réamhrá

**3.5.1.** Is le Rialachán (CE) Uimh. 1093/2010 a bunaíodh an tÚdarás Baincéireachta Eorpach ('ÚBE'), atá lonnaithe i bPáras. Rannchuidíonn ÚBE le cleachtais choiteanna rialála agus mhaoirseachta ar ardcháilíocht a bhunú in earnáil na baincéireachta, déanann sé faireachán ar chur i bhfeidhm dhlí baincéireachta an Aontais ag údaráis náisiúnta, agus déanann sé cinntí i gcásanna éigeandála. I ***bhFíor 3.5.1***, tugtar na príomhfhigiúirí do ÚBE[19].

### Fíor 3.5.1 – Príomhfhigiúirí do ÚBE




* Tá figiúirí an bhuiséid bunaithe ar iomlán na leithreasuithe faoi chomhair íocaíochtaí atá ar fáil le linn na bliana airgeadais.

** Áirítear le 'foireann' oifigigh AE, gníomhairí sealadacha AE, daoine atá fostaithe ar conradh ag an Aontas agus saineolaithe náisiúnta ar iasacht, ach níl oibrithe eatramhacha ná sainchomhairleoirí san áireamh.

*Foinse:* Cuntais bhliantúla ÚBE do bhlianta airgeadais 2021 agus 2022; figiúirí foirne arna soláthar ag ÚBE.

## Faisnéis a thacaíonn leis an ráiteas dearbhaithe

**3.5.2.** I Roinn 3.1, tá tuairisc ar ár gcur chuige iniúchóireachta, an bonn atá lenár dtuairim, na freagrachtaí atá ar bhainistíocht ÚBE agus orthu siúd a bhfuil an rialachas de chúram orthu, agus freagrachtaí an iniúchóra as iniúchóireacht a dhéanamh ar na cuntais agus ar na hidirbhearta is bun leis na cuntais. Is cuid dhílis den tuairim é an síniú atá ar leathanach 367.

[19] Tá tuilleadh eolais faoi ról agus gníomhaíochtaí ÚBE ar fáil ar a shuíomh gréasáin: www.eba.europa.eu.

## Ráiteas dearbhaithe na Cúirte Iniúchóirí arna chur ar fáil do Pharlaimint na hEorpa agus don Chomhairle – Tuarascáil an iniúchóra neamhspleách

# Tuairim

**3.5.3.** Tá iniúchóireacht déanta againn ar an méid seo a leanas:

(a) cuntais an Údaráis Baincéireachta Eorpaigh ('ÚBE'), atá comhdhéanta de na ráitis airgeadais[20] agus de na tuarascálacha ar chur chun feidhme bhuiséad ÚBE[21] don bhliain airgeadais dar críoch an 31 Nollaig 2022, agus

(b) dlíthiúlacht agus rialtacht na n-idirbheart is bun leis na cuntais sin,

de réir mar a cheanglaítear le hAirteagal 287 den Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh (CFAE).

## Beachtas na gcuntas

### Tuairim maidir le beachtas na gcuntas

**3.5.4.** Is é ár dtuairim go dtugann cuntais ÚBE don bhliain dar críoch an 31 Nollaig 2022 léargas fíorcheart, ar gach slí ábharthach, ar staid airgeadais ÚBE amhail an 31 Nollaig 2022, ar thorthaí a chuid oibríochtaí, ar a shreabha airgid, agus ar na hathruithe ar ghlansócmhainní don bhliain dar críoch an dáta céanna, i gcomhréir lena Rialachán Airgeadais agus le rialacha cuntasaíochta arna nglacadh ag oifigeach cuntasaíochta an Choimisiúin. Tá siad sin bunaithe ar chaighdeáin chuntasaíochta don earnáil phoiblí a bhfuil glacadh go hidirnáisiúnta leo.

---

[20] Tá na ráitis airgeadais comhdhéanta den chlár comhardaithe, den ráiteas um fheidhmíocht airgeadais, den ráiteas faoi shreabhadh airgid, den ráiteas maidir leis na hathruithe ar ghlansócmhainní agus d'achoimre ar bheartais chuntasaíochta shuntasacha agus de nótaí míniúcháin eile.

[21] Tá na tuarascálacha ar chur chun feidhme an bhuiséid comhdhéanta de na tuarascálacha, ina gcomhiomlánaítear na hoibríochtaí buiséadacha go léir, agus de na nótaí míniúcháin.

## Dlíthiúlacht agus rialtacht na n-idirbheart is bun leis na cuntais

### Ioncam

**Tuairim maidir le dlíthiúlacht agus rialtacht an ioncaim is bun leis na cuntais**

**3.5.5.** Is é ár dtuairim go bhfuil an t-ioncam is bun le cuntais ÚBE don bhliain dar chríoch an 31 Nollaig 2022 dlíthiúil agus rialta ar gach slí ábhartha.

### Íocaíochtaí

**Tuairim maidir le dlíthiúlacht agus rialtacht na n-íocaíochtaí is bun leis na cuntais**

**3.5.6.** Is é ár dtuairim go bhfuil na híocaíochtaí is bun le cuntais ÚBE don bhliain dar chríoch an 31 Nollaig 2022 dlíthiúil agus rialta ar gach slí ábhartha.

**3.5.7.** Maidir leis na barúlacha anseo ina dhiaidh seo, ní tharraingíonn siad amhras ar bith ar thuairim na Cúirte Iniúchóirí.

## Barúlacha maidir le córais bhainistíochta agus rialaithe

**3.5.8.** D'fhéach ÚBE le seirbhísí a fháil ar chonradh in dhá thairiscint oscailte, ceann le haghaidh taighde margadh sna seirbhísí airgeadais agus ceann eile le haghaidh comhairliúchán ar chosaint sonraí. I gceann de na tairiscintí bhí na critéir dhámhachtana agus na critéir roghnúcháin ag teacht trasna ar a chéile. Níl sé sin ag teacht le hAirteagal 167 den Rialachán Airgeadais, ina bhforáiltear go gcaithfidh deighilt iomlán a bheith idir na critéir roghnúcháin agus na critéir dhámhachtana. Úsáidtear critéir roghnúcháin chun meastóireacht a dhéanamh ar acmhainneacht na dtairgeoirí agus úsáidtear critéir dhámhachtana chun meastóireacht a dhéanamh ar an bpraghas agus ar cháilíocht na dtairiscintí.

Sa dá chás, rinne ÚBE rómheastachán ar luachanna uasta na gconarthaí mar gheall ar easnaimh sa taighde ar na praghsanna margaidh a bhí déanta aige sular sheol sé na tairiscintí.

## Obair leantach ar bharúlacha ó bhlianta roimhe seo

**3.5.9.** Tugtar forléargas san ***Iarscríbhinn*** ar an ngníomhaíocht a rinneadh mar fhreagairt ar bharúlacha na Cúirte Iniúchóirí ó bhlianta roimhe seo.

# Iarscríbhinn – Obair leantach ar bharúlacha ó bhlianta roimhe seo

| Sraithuimhi r | Bliain bharúil CIE | Barúil CIE (achoimre) | Gníomh ceartaitheach a rinneadh agus / nó forbairtí ábhartha eile (achoimre) | Stádas bharúil CIE (Oscailte / Dúnta) |
|---|---|---|---|---|
| 1 | 2021 | Chuaigh ÚBE i mbun dhá nós imeachta idirbheartaithe ar leithligh gan fógra don chonradh a bheith foilsithe aige roimh ré. Sa dá chás sin, níor lean ÚBE gach céim riachtanach den nós imeachta a bhí air a leanúint de réir Phointe 16 d'Iarscríbhinn I a ghabhann leis an Rialachán Airgeadais, amhail cuireadh chun tairisceana a sheoladh agus sonraíochtaí tairisceana a tharraingt suas. | Tá teimpléid AS BUDG in úsáid anois ag ÚBE, rud a fhágann go bhfuil a chuid nósanna imeachta anois de réir mar a bhí iarrtha sa bharúil uainn. | Dúnta |
| 2 | 2021 | I nós imeachta earcaíochta amháin, fuaireamar amach nach raibh aon fhianaise ann gur leag ÚBE síos, sular scrúdaigh sé na hiarratais, cad é an líon íosta pointí a bhí le baint amach ag na hiarrthóirí chun iad a chur ar an ngearrliosta. I nós imeachta eile, bunaíodh an bord roghnúcháin trí shraith de theachtaireachtaí ríomhphoist seachas trí aon chinneadh ainmniúcháin amháin. I ndiaidh an iniúchta, chuir ÚBE doiciméadacht ar fáil chun a thaispeáint go raibh a phróisis athraithe aige. | I ndiaidh ár n-iniúchta, mhodhnaigh ÚBE a chuid nósanna imeachta le go mbeidís ag teacht lena raibh iarrtha sa bharúil uainn. | Dúnta |

An tÚdarás Baincéireachta Eorpach (ÚBE)

| Sraithuimhir | Bliain bharúil CIE | Barúil CIE (achoimre) | Gníomh ceartaitheach a rinneadh agus / nó forbairtí ábhartha eile (achoimre) | Stádas bharúil CIE (Oscailte / Dúnta) |
|---|---|---|---|---|
| 3 | 2021 | Faoi Rialacha Nós Imeachta an Bhoird Maoirseoirí, foráiltear i dtaobh comhaltaí den Bhord a bhfuil coinbhleacht leasa acu nach féidir leo páirt a ghlacadh i bpléití an Bhoird ná nach féidir leo vótáil ar an ábhar i dtrácht. Mar sin féin, féadfaidh an comhalta fanacht ag an gcruinniú mura gcuirfidh aon duine ina choinne. Cruthaíonn sé sin baol do neamhspleáchas an Bhoird, nó ar a laghad cruthaíonn sé an dealramh go bhfuil neamhspleáchas an Bhoird i mbaol. | In 2022, ghlac an Bord Maoirseoirí leasú ar a Rialacha Nós Imeachta, chomh maith le leasú ar Rialacha Nós Imeachta an Bhoird Maoirseoirí agus leasú ar shainorduithe an Bhuanchoiste um Réiteach agus an Bhuanchoiste um Chomhrac an Sciúrtha Airgid agus Mhaoiniú na Sceimhlitheoireachta, a chuireann faoi deara do chomhaltaí a bhfuil coinbhleacht leasa dearbhaithe acu a bheith as láthair ón vótáil agus ón bplé féin, gan eisceacht. | Dúnta |

An tÚdarás Baincéireachta Eorpach (ÚBE)

# Freagra ÚBE

**3.5.8.** Tá ÚBE go hiomlán ar an eolas faoi cheanglais Airteagal 167. Sa tairiscint a luadh, rinne ÚBE meastóireacht ar dhoiciméid éagsúla ag céimeanna roghnúcháin agus dámhachtana an nós imeachta. Amach anseo, áiritheoidh ÚBE go ndréachtófar na critéir ar bhealach a chuirfidh deireadh le haon débhríocht a d'fhéadfadh a bheith eatarthu.


Déanann ÚBE taighde margaidh forleathan go córasach, agus úsáid á baint aige as an teimpléad a d'ullmhaigh meitheal Líonra na nGníomhaireachtaí AE um thaighde margaidh. Sna cásanna sin, rinne ÚBE agus saineolaithe seachtracha meastachán ar mhéideanna agus ar rátaí. Ó fuarthas barúlacha na Cúirte, tá tús curtha ag ÚBE leis an gcéim bhreise a ghlacadh, is é sin ceistneoirí a sheoladh chuig rannpháirtithe sa mhargadh.

# 3.6. An Ghníomhaireacht Eorpach Ceimiceán (ECHA)

## Réamhrá

**3.6.1.** Is le Rialachán (CE) Uimh. 1907/2006 a bunaíodh an Ghníomhaireacht Eorpach Ceimiceán ('ECHA'), atá lonnaithe i Heilsincí. Is é an príomhchúram atá ar ECHA ná reachtaíocht ceimiceán an Aontais Eorpaigh a chur chun feidhme ionas go dtabharfar cosaint do shláinte shaoránaigh na hEorpa agus don chomhshaol. Rannchuidíonn sé freisin le margadh inmheánach atá ag feidhmiú go maith agus le nuálaíocht agus iomaíochas i dtionscal ceimiceán na hEorpa. I ***bhFíor 3.6.1***, tugtar na príomhfhigiúirí do ECHA[22].

### Fíor 3.6.1 – Príomhfhigiúirí do ECHA




* Tá figiúirí an bhuiséid bunaithe ar iomlán na leithreasuithe faoi chomhair íocaíochtaí atá ar fáil le linn na bliana airgeadais.

** Áirítear le 'foireann' oifigigh AE, gníomhairí sealadacha AE, daoine atá fostaithe ar conradh ag an Aontas agus saineolaithe náisiúnta ar iasacht, ach níl oibrithe eatramhacha ná sainchomhairleoirí san áireamh.

*Foinse:* Cuntais bhliantúla ECHA do bhlianta airgeadais 2021 agus 2022; figiúirí foirne arna soláthar ag ECHA.

## Faisnéis a thacaíonn leis an ráiteas dearbhaithe

**3.6.2.** I Roinn 3.1, tá tuairisc ar ár gcur chuige iniúchóireachta, an bonn atá lenár dtuairim, na freagrachtaí atá ar bhainistíocht ECHA agus orthu siúd a bhfuil an rialachas de chúram orthu, agus freagrachtaí an iniúchóra as iniúchóireacht a dhéanamh ar na cuntais agus ar na hidirbhearta is bun leis na cuntais. Is cuid dhílis den tuairim é an síniú atá ar leathanach 367.

[22] Tá tuilleadh eolais faoi ról agus gníomhaíochtaí ECHA ar fáil ar a shuíomh gréasáin: www.echa.europa.eu.

## Ráiteas dearbhaithe na Cúirte Iniúchóirí arna chur ar fáil do Pharlaimint na hEorpa agus don Chomhairle – Tuarascáil an iniúchóra neamhspleách

# Tuairim

**3.6.3.** Tá iniúchóireacht déanta againn ar an méid seo a leanas:

(a) cuntais na Gníomhaireachta Eorpaí Ceimiceán ('ECHA'), atá comhdhéanta de na ráitis airgeadais[23] agus de na tuarascálacha ar chur chun feidhme bhuiséad ECHA[24] don bhliain airgeadais dar críoch an 31 Nollaig 2022, agus

(b) dlíthiúlacht agus rialtacht na n-idirbheart is bun leis na cuntais sin,

de réir mar a cheanglaítear le hAirteagal 287 den Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh (CFAE).

## Beachtas na gcuntas

### Tuairim maidir le beachtas na gcuntas

**3.6.4.** Is é ár dtuairim go dtugann cuntais ECHA don bhliain dar críoch an 31 Nollaig 2022 léargas fíorcheart, ar gach slí ábhartha, ar staid airgeadais ECHA amhail an 31 Nollaig 2022, ar thorthaí a chuid oibríochtaí, ar a shreabha airgid, agus ar na hathruithe ar ghlansócmhainní don bhliain dar críoch an dáta céanna, i gcomhréir lena Rialachán Airgeadais agus le rialacha cuntasaíochta arna nglacadh ag oifigeach cuntasaíochta an Choimisiúin. Tá siad sin bunaithe ar chaighdeáin chuntasaíochta don earnáil phoiblí a bhfuil glacadh go hidirnáisiúnta leo.

---

[23] Tá na ráitis airgeadais comhdhéanta den chlár comhardaithe, den ráiteas um fheidhmíocht airgeadais, den ráiteas faoi shreabhadh airgid, den ráiteas maidir leis na hathruithe ar ghlansócmhainní agus d'achoimre ar bheartais chuntasaíochta shuntasacha agus de nótaí míniúcháin eile.

[24] Tá na tuarascálacha ar chur chun feidhme an bhuiséid comhdhéanta de na tuarascálacha, ina gcomhiomlánaítear na hoibríochtaí buiséadacha go léir, agus de na nótaí míniúcháin.

## Dlíthiúlacht agus rialtacht na n-idirbheart is bun leis na cuntais

### Ioncam

**Tuairim maidir le dlíthiúlacht agus rialtacht an ioncaim is bun leis na cuntais**

**3.6.5.** Is é ár dtuairim go bhfuil an t-ioncam is bun le cuntais ECHA don bhliain dar chríoch an 31 Nollaig 2022 dlíthiúil agus rialta ar gach slí ábharthach.

### Íocaíochtaí

**Tuairim maidir le dlíthiúlacht agus rialtacht na n-íocaíochtaí is bun leis na cuntais**

**3.6.6.** Is é ár dtuairim go bhfuil na híocaíochtaí is bun le cuntais ECHA don bhliain dar chríoch an 31 Nollaig 2022 dlíthiúil agus rialta ar gach slí ábharthach.

An Ghníomhaireacht Eorpach Ceimiceán (ECHA)

# Freagra ECHA


Tá tuarascáil na Cúirte tugtha ar a haire ag an nGníomhaireacht.

# 3.7. An tÚdarás Eorpach um Árachas agus Pinsin Cheirde (EIOPA)

## Réamhrá

**3.7.1.** Is le Rialachán (AE) Uimh. 1094/2010 a bunaíodh an tÚdarás Eorpach um Árachas agus Pinsin Cheirde ('EIOPA'), atá lonnaithe in Frankfurt. Déanann EIOPA creat fónta rialála agus cleachtais chomhsheasmhacha mhaoirseachta a chur chun cinn ar mhaithe le cosaint a thabhairt do na cearta atá ag sealbhóirí polasaí, ag comhaltaí scéimeanna pinsin agus ag tairbhithe, agus chun rannchuidiú leis an muinín a bhíonn ag an bpobal as earnálacha árachais agus pinsean ceirde an Aontais Eorpaigh. I ***bhFíor 3.7.1***, tugtar na príomhfhigiúirí do EIOPA[25].

### Fíor 3.7.1 – Príomhfhigiúirí do EIOPA




* Tá figiúirí an bhuiséid bunaithe ar iomlán na leithreasuithe faoi chomhair íocaíochtaí atá ar fáil le linn na bliana airgeadais.

** Áirítear le 'foireann' oifigigh AE, gníomhairí sealadacha AE, daoine atá fostaithe ar conradh ag an Aontas agus saineolaithe náisiúnta ar iasacht, ach níl oibrithe eatramhacha ná sainchomhairleoirí san áireamh.

*Foinse:* Cuntais bhliantúla EIOPA do bhlianta airgeadais 2021 agus 2022; figiúirí foirne arna soláthar ag EIOPA.

## Faisnéis a thacaíonn leis an ráiteas dearbhaithe

**3.7.2.** I Roinn 3.1, tá tuairisc ar ár gcur chuige iniúchóireachta, an bonn atá lenár dtuairim, na freagrachtaí atá ar bhainistíocht EIOPA agus orthu siúd a bhfuil an rialachas de chúram orthu, agus freagrachtaí an iniúchóra as iniúchóireacht a dhéanamh ar na cuntais agus ar na hidirbhearta is bun leis na cuntais. Is cuid dhílis den tuairim é an síniú atá ar leathanach 367.

[25] Tá tuilleadh eolais faoi ról agus gníomhaíochtaí EIOPA ar fáil ar a shuíomh gréasáin: www.eiopa.europa.eu.

## Ráiteas dearbhaithe na Cúirte Iniúchóirí arna chur ar fáil do Pharlaimint na hEorpa agus don Chomhairle – Tuarascáil an iniúchóra neamhspleách

# Tuairim

**3.7.3.** Tá iniúchóireacht déanta againn ar an méid seo a leanas:

(a) cuntais an Údaráis Eorpaigh um Árachas agus Pinsin Cheirde ('EIOPA'), atá comhdhéanta de na ráitis airgeadais[26] agus de na tuarascálacha ar chur chun feidhme bhuiséad EIOPA[27] don bhliain airgeadais dar chríoch an 31 Nollaig 2022, agus

(b) dlíthiúlacht agus rialtacht na n-idirbheart is bun leis na cuntais sin,

de réir mar a cheanglaítear le hAirteagal 287 den Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh (CFAE).

## Beachtas na gcuntas

### Tuairim maidir le beachtas na gcuntas

**3.7.4.** Is é ár dtuairim go dtugann cuntais EIOPA don bhliain dar chríoch an 31 Nollaig 2022 léargas fíorcheart, ar gach slí ábharthach, ar staid airgeadais EIOPA amhail an 31 Nollaig 2022, ar thorthaí a chuid oibríochtaí, ar a shreabha airgid, agus ar na hathruithe ar ghlansócmhainní don bhliain dar chríoch an dáta céanna, i gcomhréir lena Rialachán Airgeadais agus le rialacha cuntasaíochta arna nglacadh ag oifigeach cuntasaíochta an Choimisiúin. Tá siad sin bunaithe ar chaighdeáin chuntasaíochta don earnáil phoiblí a bhfuil glacadh go hidirnáisiúnta leo.

---

[26] Tá na ráitis airgeadais comhdhéanta den chlár comhardaithe, den ráiteas um fheidhmíocht airgeadais, den ráiteas faoi shreabhadh airgid, den ráiteas maidir leis na hathruithe ar ghlansócmhainní agus d'achoimre ar bheartais chuntasaíochta shuntasacha agus de nótaí míniúcháin eile.

[27] Tá na tuarascálacha ar chur chun feidhme an bhuiséid comhdhéanta de na tuarascálacha, ina gcomhiomlánaítear na hoibríochtaí buiséadacha go léir, agus de na nótaí míniúcháin.

## Dlíthiúlacht agus rialtacht na n-idirbheart is bun leis na cuntais

### Ioncam

**Tuairim maidir le dlíthiúlacht agus rialtacht an ioncaim is bun leis na cuntais**

**3.7.5.** Is é ár dtuairim go bhfuil an t-ioncam is bun le cuntais EIOPA don bhliain dar chríoch an 31 Nollaig 2022 dlíthiúil agus rialta ar gach slí ábharthach.

### Íocaíochtaí

**Tuairim maidir le dlíthiúlacht agus rialtacht na n-íocaíochtaí is bun leis na cuntais**

**3.7.6.** Is é ár dtuairim go bhfuil na híocaíochtaí is bun le cuntais EIOPA don bhliain dar chríoch an 31 Nollaig 2022 dlíthiúil agus rialta ar gach slí ábharthach.

**3.7.7.** Maidir leis na barúlacha anseo ina dhiaidh seo, ní tharraingíonn siad amhras ar bith ar thuairim na Cúirte Iniúchóirí.

## Barúlacha maidir le dlíthiúlacht agus rialtacht na n-idirbheart

**3.7.8.** In 2017, fuair EIOPA seirbhísí teileachumarsáide le haghaidh cumarsáid fón póca ar chonradh i nós imeachta oscailte. Is tréimhse ceithre bliana a bhí ann don chonradh sin. In Iúil 2021, sheol EIOPA nós imeachta oscailte chun na seirbhísí sin a fháil ar conradh arís. Ní raibh ach tairgeoir amháin ann, agus ba é sin an chuideachta a raibh an conradh roimhe sin tugtha i gcrích ag EIOPA léi. Rinneadh an cinneadh dámhachtana i mí na Nollag 2021. Síníodh an conradh féin faoi dheireadh in Aibreán 2022, mar leasú ar an gconradh roimhe sin ag léiriú na gcoinníollacha nua a bhain leis an tseirbhís soláthair nua. Contrártha do Phointe 1.1 d'Iarscríbhinn I a ghabhann leis an Rialachán Airgeadais, is go ceann tréimhse neamhchinntithe a bhí an conradh agus an fhéidearthacht ann go ndéanfadh EIOPA é a fhoirceannadh i ndiaidh an cheathrú bliain.

Chun leanúnachas gnó a chinntiú, níor fhoirceann EIOPA an tseansuibscríbhinn i ndiaidh ceithre bliana, agus rinne sé taifead den diallas sin mar nóta eisceachta. Idir mí na Nollag 2021

agus Aibreán 2022, bhí an tseansuibscríbhinn in úsáid agus gan bunús dlí ann lena haghaidh. Na híocaíochtaí gaolmhara, a ndearnadh gach ceann díobh in 2022 agus a raibh luach de €25 607 ag gabháil leo, tá siad neamhrialta.

## Obair leantach ar bharúlacha ó bhlianta roimhe seo

**3.7.9.** Tugtar forléargas san ***Iarscríbhinn*** ar an ngníomhaíocht a rinneadh mar fhreagairt ar bharúlacha na Cúirte Iniúchóirí ó bhlianta roimhe seo.

# Iarscríbhinn – Obair leantach ar bharúlacha ó bhlianta roimhe seo

| Sraithuimhir | Bliain bharúil CIE | Barúil CIE (achoimre) | Gníomh ceartaitheach a rinneadh agus / nó forbairtí ábhartha eile (achoimre) | Stádas bharúil CIE (Oscailte / Dúnta) |
|---|---|---|---|---|
| 1 | 2021 | Foráiltear sa chonradh cíosa dá áitreabh atá ag EIOPA nach mór do thiarna talún EIOPA toiliú a thabhairt roimh ré sular féidir athruithe a dhéanamh ar an réadmhaoin agus sular féidir trealamh breise a shuiteáil. Foráiltear freisin ann gur conraitheoirí atá ainmnithe ag an tiarna talún amháin a fhéadfaidh na hoibreacha gaolmhara a dhéanamh. Mar thoradh ar na srianta conarthacha sin, rinne EIOPA an conradh do na hoibreacha athchóirithe a dhámhachtain go díreach ar chonraitheoirí a bhí ainmnithe ag an tiarna talún, gan tabhairt faoi nós imeachta soláthair iomchuí. Is sárú é sin ar Airteagail 164, 167 agus 170 den Rialachán Airgeadais. Ní dhearnadh aon íocaíochtaí faoin gconradh sin i mbliain airgeadais 2021. | Ó thugamar an bharúil seo, níl aon chonarthaí eile eisithe faoin gclásal ábhartha de chomhaontú cíosa EIOPA. Tá sé i gceist ag EIOPA an nós imeachta soláthair iomchuí a úsáid le haghaidh aon oibreacha tógála amach anseo, agus rachaidh sé i mbun caibidlíochta leis an tiarna talún d'fhonn cead a thabhairt don tairgeoir rathúil na hoibreacha ábhartha a dhéanamh. | Oscailte |
| 2 | 2021 | D'aimsíomar laigí i gcórais bhainistíochta agus rialaithe EIOPA a bhaineann le coinbhleachtaí leasa.<br><br>(a) Faoi Rialacha Nós Imeachta an Bhoird Maoirseoirí, foráiltear i dtaobh comhaltaí den Bhord a bhfuil coinbhleacht leasa acu nach féidir leo páirt a ghlacadh i | (a) agus (b) In Iúil 2022, rinne Bord Maoirseoirí EIOPA athbhreithniú ar a chuid Rialacha Nós Imeachta lena bheith ag teacht lena bhfuil iarrtha sa bharúil uainn maidir | Dúnta |

| Sraithuimhir | Bliain bharúil CIE | Barúil CIE (achoimre) | Gníomh ceartaitheach a rinneadh agus / nó forbairtí ábhartha eile (achoimre) | Stádas bharúil CIE (Oscailte / Dúnta) |
|---|---|---|---|---|
| | | bpléití an Bhoird ná nach féidir leo vótáil ar an ábhar i dtrácht. Ach, féadfaidh an comhalta fanacht ag an gcruinniú mura gcuirfidh aon duine ina choinne. Cruthaíonn sé sin baol do neamhspleáchas an Bhoird, nó ar a laghad cruthaíonn sé an dealramh go bhfuil neamhspleáchas an Bhoird i mbaol.<br><br>(b) I mí Iúil 2020, ghlac Bord Bainistíochta EIOPA beartas maidir le neamhspleáchas agus cinnteoireacht chun coinbhleachtaí leasa a sheachaint i gcás chomhaltaí an Bhoird Maoirseoirí, i gcás breathnóirí, i gcás comhaltaí ar phainéil agus i gcás daoine eile a bhfuil ról acu in EIOPA ach nach bhfuil fostaithe go díreach aige. Is ar an mBord Maoirseoirí, áfach, atá an fhreagracht as comhshocruithe praiticiúla a ghlacadh chun coinbhleachtaí leasa a bhainistiú, agus ní ar an mBord Bainistíochta.<br><br>(c) Déanann an Bord Bainistíochta beirt mheasúnóirí a cheapadh chun tuarascálacha bliantúla maidir le feidhmíocht an chathaoirligh agus an stiúrthóra feidhmiúcháin a tharraingt suas. Coimeádann na measúnóirí an ról sin fiú sa chás go mbeadh coinbhleachtaí leasa ann. D'fhéadfadh sé sin díobháil a dhéanamh do neamhspleáchas an bhreithmheastóra agus an ath-bhreithmheastóra, rud atá contrártha do cheanglas Airteagal 42(1) de Rialachán EIOPA. | le comhaltaí den Bhord a dhearbhaíonn coinbhleachtaí leasa a bheith i láthair ag pléití agus a bheith ag vótáil.<br><br>(c) I mí na Nollag 2022, d'fhormheas Bord Bainistíochta EIOPA cinneadh athbhreithnithe i ndáil le breithmheas an chathaoirligh agus an stiúrthóra feidhmiúcháin. Faoin gcinneadh nua sin, más ann do choinbhleacht leasa iarbhír nó féideartha, caithfidh an t-oifigeach tuairiscithe é sin a chur in iúl láithreach don Leas-Chathaoirleach. | |

An tÚdarás Eorpach um Árachas agus Pinsin Cheirde (EIOPA)

| Sraithuimhir | Bliain bharúil CIE | Barúil CIE (achoimre) | Gníomh ceartaitheach a rinneadh agus / nó forbairtí ábhartha eile (achoimre) | Stádas bharúil CIE (Oscailte / Dúnta) |
|---|---|---|---|---|
| 3 | | Idir 2019 agus 2021, rinne EIOPA measúnú ar dhá chás de choinbhleacht leasa féideartha i ndáil le duine sinsearach ar an bhfoireann a bheith ag gabháil do phost nua in áit eile. De shárú ar Airteagal 16 de na Rialacháin Foirne, ní dheachaigh EIOPA i gcomhchomhairle leis an gComhchoiste de réir mar a fhoráiltear dó sin in Airteagal 2 d'Iarscríbhinn II a ghabhann leis na Rialacháin Foirne. | I mí na Nollag 2022, ghlac Bord Bainistíochta EIOPA athbhreithniú ar rialacha eitice EIOPA do dhaoine den fhoireann. Sa leagan athbhreithnithe sin, tá an fhéidearthacht ann Comhchoistí éagsúla a bhunú de réir Airteagal 9 de na Rialacháin Foirne. | Dúnta |

# Freagra EIOPA


**3.7.8.** Cé gur sheol EIOPA nós imeachta oscailte nua in am le haghaidh seirbhísí teileachumarsáide móibíleacha, tharla moilleanna mar gheall ar ghnéithe teicniúla (cosaint sonraí) a shoiléiriú. Mar thoradh air sin, ní raibh an tÚdarás in ann an nós imeachta nua um sholáthar poiblí a thabhairt chun críche sula ndeachaigh an tréimhse chonarthach roimhe sin in éag. Ar chúiseanna a bhaineann le leanúnachas gnó oibríochtúil, cuireadh síneadh leis na téarmaí conarthacha roimhe sin thar an tréimhse 48 mí (go ceann 4 mhí san iomlán) agus rinne EIOPA iad a thuairisciú go trédhearcach ina chlár eisceachtaí. Tharla an t-imeacht tráth a raibh ráig COVID-19 ag bualadh go mór leis an Eoraip, rud a chruthaigh dúshláin nua do na páirtithe uile maidir lena sreafaí oibre a chur in oiriúint do réaltacht nua. Ba é sin an phríomhchúis nach raibh an conraitheoir in ann freagairt níos tapúla agus an conradh a bheith i bhfeidhm aige mar a bhíothas ag súil leis, in ainneoin na n-iarrachtaí a rinne EIOPA.

# 3.8. An Institiúid Eorpach um Nuálaíocht agus Teicneolaíocht (EIT)

## Réamhrá

**3.8.1.** Is le Rialachán (CE) Uimh. 294/2008, arna aisghairm agus arna ionadú le Rialachán (AE) 2021/819, a bunaíodh an Institiúid Eorpach um Nuálaíocht agus Teicneolaíocht (EIT), atá lonnaithe i mBúdaipeist. Rannchuidíonn EIT le fás eacnamaíoch inbhuanaithe agus le cruthú post trí acmhainneacht nuálaíochta na hEorpa a threisiú. Chuige sin, déanann sé deontais a dhámhachtain do 'Phobail Eolais agus Nuálaíochta', a nascann na hearnálacha ardoideachais, taighde agus gnó le chéile chun táirgí agus seirbhísí nuálacha a fhorbairt, chun cuideachtaí nua a thionscnamh agus chun glún nua d'fhiontraithe a oiliúint. In 2022, is é a bhí sna deontais do Phobail Eolais agus Nuálaíochta ná €372 mhilliún (2021: €319 milliún), arb ionann é agus 98 % de chaiteachas iomlán EIT (2021: 98 %). I ***bhFíor 3.8.1***, tugtar na príomhfhigiúirí do EIT[28].

### Fíor 3.8.1 – Príomhfhigiúirí do EIT




* Tá figiúirí an bhuiséid bunaithe ar iomlán na leithreasuithe faoi chomhair íocaíochtaí atá ar fáil le linn na bliana airgeadais.

** Áirítear le 'foireann' oifigigh AE, gníomhairí sealadacha AE, daoine atá fostaithe ar conradh ag an Aontas agus saineolaithe náisiúnta ar iasacht, ach níl oibrithe eatramhacha ná sainchomhairleoirí san áireamh.

*Foinse:* Cuntais bhliantúla EIT do bhlianta airgeadais 2021 agus 2022; figiúirí foirne arna soláthar ag EIT.

## Faisnéis a thacaíonn leis an ráiteas dearbhaithe

**3.8.2.** I Roinn 3.1, tá tuairisc ar ár gcur chuige iniúchóireachta, an bonn atá lenár dtuairim, na freagrachtaí atá ar bhainistíocht EIT agus orthu siúd a bhfuil an rialachas de chúram orthu, agus freagrachtaí an iniúchóra as iniúchóireacht a dhéanamh ar na cuntais agus ar na hidirbhearta is bun leis na cuntais. Is cuid dhílis den tuairim é an síniú atá ar leathanach 367.

[28] Tá tuilleadh eolais faoi ról agus gníomhaíochtaí EIT ar fáil ar a shuíomh gréasáin: www.eit.europa.eu.

# Ráiteas dearbhaithe na Cúirte Iniúchóirí arna chur ar fáil do Pharlaimint na hEorpa agus don Chomhairle – Tuarascáil an iniúchóra neamhspleách

## Tuairim

**3.8.3.** Tá iniúchóireacht déanta againn ar an méid seo a leanas:

(a) cuntais na hInstitiúide Eorpaí um Nuálaíocht agus Teicneolaíocht (‘EIT’), atá comhdhéanta de na ráitis airgeadais[29] agus de na tuarascálacha ar chur chun feidhme bhuiséad EIT[30] don bhliain airgeadais dar críoch an 31 Nollaig 2022, agus

(b) dlíthiúlacht agus rialtacht na n-idirbheart is bun leis na cuntais sin,

de réir mar a cheanglaítear le hAirteagal 287 den Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh (CFAE).

### Beachtas na gcuntas

#### Tuairim maidir le beachtas na gcuntas

**3.8.4.** Is é ár dtuairim go dtugann cuntais EIT don bhliain dar críoch an 31 Nollaig 2022 léargas fíorcheart, ar gach slí ábharthach, ar staid airgeadais EIT amhail an 31 Nollaig 2022, ar thorthaí a chuid oibríochtaí, ar a shreabha airgid, agus ar na hathruithe ar ghlansócmhainní don bhliain dar críoch an dáta céanna, i gcomhréir lena Rialachán Airgeadais agus le rialacha cuntasaíochta arna nglacadh ag oifigeach cuntasaíochta an Choimisiúin. Tá siad sin bunaithe ar chaighdeáin chuntasaíochta don earnáil phoiblí a bhfuil glacadh go hidirnáisiúnta leo.

[29] Tá na ráitis airgeadais comhdhéanta den chlár comhardaithe, den ráiteas um fheidhmíocht airgeadais, den ráiteas faoi shreabhadh airgid, den ráiteas maidir leis na hathruithe ar ghlansócmhainní agus d’achoimre ar bheartais chuntasaíochta shuntasacha agus de nótaí míniúcháin eile.

[30] Tá na tuarascálacha ar chur chun feidhme an bhuiséid comhdhéanta de na tuarascálacha, ina gcomhiomlánaítear na hoibríochtaí buiséadacha go léir, agus de na nótaí míniúcháin.

## Dlíthiúlacht agus rialtacht na n-idirbheart is bun leis na cuntais

### Ioncam

**Tuairim maidir le dlíthiúlacht agus rialtacht an ioncaim is bun leis na cuntais**

**3.8.5.** Is é ár dtuairim go bhfuil an t-ioncam is bun le cuntais EIT don bhliain dar chríoch an 31 Nollaig 2022 dlíthiúil agus rialta ar gach slí ábharthach.

### Íocaíochtaí

**Tuairim maidir le dlíthiúlacht agus rialtacht na n-íocaíochtaí is bun leis na cuntais**

**3.8.6.** Is é ár dtuairim go bhfuil na híocaíochtaí is bun le cuntais EIT don bhliain dar chríoch an 31 Nollaig 2022 dlíthiúil agus rialta ar gach slí ábharthach.

**3.8.7.** Maidir leis na barúlacha anseo ina dhiaidh seo, ní tharraingíonn siad amhras ar bith ar thuairim na Cúirte Iniúchóirí.

## Barúlacha maidir le dlíthiúlacht agus rialtacht na n-idirbheart

**3.8.8.** Rinne iniúchóir seachtrach neamhspleách dlíthiúlacht agus rialtacht dheontais EIT, arb ionann iad agus 98% de bhuiséad EIT, a fhíorú ar bhonn *ex post*. Le haghaidh deontais 2021, rinne EIT ráta earráide de 1.73% a shuíomh. Murab ionann agus i mblianta roimhe sin, áfach, níor foilsíodh an ráta earráide sin i dtuarascáil bhliantúil maidir le gníomhaíochtaí EIT le haghaidh 2022 mar go rabhthas déanach ina ríomh mar gheall ar an moill a bhain leis an bpróiseas bliantúil a thabhairt chun críche.

## Barúlacha maidir le córais bhainistíochta agus rialaithe

**3.8.9.** I gcás ordú le haghaidh athnuachan bogearraí, ní dhearna EIT fíorú *ex ante* lena dheimhniú an raibh an praghas ceart agus táille ardaithe luacha gearrtha ag an gconraitheoir, faoi mar atá leagtha amach sa chreatchonradh is infheidhme. Tá sé sin

contrártha d'fhorálacha Airteagal 30 de Rialachán Airgeadais EIT maidir le rialuithe *ex ante*, agus cruthaíonn sé riosca go mbeidh méideanna míchearta á n-íoc ag EIT ar na seirbhísí a bheidh á bhfáil aige.

## Barúlacha maidir leis an mbainistíocht bhuiséadach

**3.8.10.** Faoi dhó in 2022, d'íoc EIT ús ar íocaíochtaí déanacha i ndáil le deontais. I gcás amháin, le haghaidh íocaíocht de €39.5 milliún a raibh moill trí lá curtha uirthi, is é €11 368 a bhí san ús; agus sa chás eile, le haghaidh íocaíocht de €3.2 milliún a raibh moill 67 lá curtha uirthi, is é €20 702 a bhí san ús. Sa dá chás sin, ní raibh faireachán leormhaith déanta ag EIT ar na sprioc-amanna rialála, rud a léiríonn go bhfuil laige i sreabh oibre íocaíochta EIT.

**3.8.11.** I gcás trí íocaíocht riaracháin a ndearnamar iniúchóireacht orthu (de luach €337 116), ní dhearna EIT na gealltanais bhuiséadacha a údarú go dtí tar éis do na gealltanais dhlíthiúla ghaolmhara a bheith sínithe. Téann sé sin i gcoinne Airteagal 73(2) den Chreat-Rialachán Airgeadais. Bhí barúil den chineál céanna againn i dTuarascáil 2021 uainn (féach mír 3.8.9).

## Obair leantach ar bharúlacha ó bhlianta roimhe seo

**3.8.12.** Tugtar forléargas san ***Iarscríbhinn*** ar an ngníomhaíocht a rinneadh mar fhreagairt ar bharúlacha na Cúirte Iniúchóirí ó bhlianta roimhe seo.

# Iarscríbhinn – Obair leantach ar bharúlacha ó bhlianta roimhe seo

| Sraithuimhir | Bliain bharúil CIE | Barúil CIE (achoimre) | Gníomh ceartaitheach a rinneadh agus / nó forbairtí ábhartha eile (achoimre) | Stádas bharúil CIE (Oscailte / Dúnta) |
|---|---|---|---|---|
| 1 | 2016 / 2019 | Cé gur tháinig méadú ar bhuiséad EIT agus go bhfuil méadú ag teacht ar an líon Pobal Eolais agus Nuálaíochta a ndéanann sé formhaoirseacht orthu, níor tháinig méadú dá réir ar líon na bpost in EIT. | Níl aon smacht ag EIT air sin. Tá tuilleadh fáis tagtha ar shainordú, buiséad (€3 bhilliún) agus cúraimí EIT faoi Fís Eorpach, ach fós dhiúltaigh údaráis bhuiséadacha an Aontais d'iarrataí ó EIT ar thuilleadh acmhainní foirne a fháil. D'iarr EIT 10 bpost le haghaidh 2024 chun go méadódh sé an leibhéal foirne atá faoi láthair ann, atá socraithe ag 72 phost sa phlean bunaíochta. | Oscailte |
| 2 | 2021 | I gcás dhá íocaíocht faoi iniúchóireacht, ní dhearna EIT na gealltanais bhuiséadacha a údarú go dtí tráth i ndiaidh shíniú na gconarthaí. Téann sé sin i gcoinne Airteagal 73(2) den Chreat-Rialachán Airgeadais. | In 2022, d'aimsíomar trí chás den tsaincheist chéanna sa chaiteachas riaracháin. | Oscailte |

# Freagra EIT

**3.8.9.** Tugann EIT dá aire, ó thaobh na bainistíochta riosca de, go bhféadfadh sé bearta breise a chur i bhfeidhm, de réir mar a d'fhorordódh CIE iad, agus chun go mbeidh EIT in ann measúnú a dhéanamh ar aon riosca a bhaineann le praghsanna, beidh gá le miondealú ón gconraitheoir agus tairiscint á hiarraidh aige, lena léireofaí go soiléir an praghas agus an corrlach brabúis.

**3.8.10.** Cé go nglacann EIT leis an mbarúil, tá sé tábhachtach a thabhairt faoi deara go raibh meascán d'imthosca a bhain go sonrach le híocaíocht a bhí na ba mheasa fós mar gheall ar an easpa bainistíochta comhtháite deontas, agus gur mar thoradh ar na cúinsí sin a bhí moill 67 lá ar an tsuim EUR 3.2 milliún a scaoileadh ón gCiste Ráthaíochta Fís 2020. Amhail ó 2023, tá athbhreithniú déanta ag EIT ar a phróisis um bainistiú deontas, tá oiliúint curtha ar a fhoireann ábhartha agus tá úsáid á baint aige as córas TF um bainistiú deontas an Choimisiúin (eGrants), agus ar an dóigh sin laghdaíodh go suntasach an dóchúlacht go dtarlódh earráid chomhchosúil amach anseo.

**3.8.11.** Tá moladh CIE tugtha dá aire ag EIT agus glacfaidh sé bearta breise chun a áirithiú go gcomhlíonfar go hiomlán Airteagal 73(2) de na Creatrialacháin Airgeadais, i.e. seisiúin thiomnaithe faisnéise foirne, na nósanna imeachta atá i bhfeidhm a nuashonrú agus rialuithe inmheánacha gaolmhara a neartú.


.

# 3.9. An Ghníomhaireacht Eorpach um Shábháilteacht Mhuirí (EMSA)

## Réamhrá

**3.9.1.** Is le Rialachán (CE) Uimh. 1406/2002 a bunaíodh an Ghníomhaireacht Eorpach um Shábháilteacht Mhuirí ('EMSA'), atá lonnaithe i Liospóin. Oibríonn EMSA chun ardleibhéal sábháilteachta muirí a áirithiú agus chun truailliú ó longa a chosc. Chomh maith leis sin, cuireann sé cúnamh teicniúil ar fáil don Choimisiún agus do na Ballstáit, agus déanann sé faireachán agus meastóireacht ar chur chun feidhme reachtaíocht an Aontais. I ***bhFíor 3.9.1***, tugtar na príomhfhigiúirí do EMSA[31].

### Fíor 3.9.1 – Príomhfhigiúirí do EMSA




* Tá figiúirí an bhuiséid bunaithe ar iomlán na leithreasuithe faoi chomhair íocaíochtaí atá ar fáil le linn na bliana airgeadais.

** Áirítear le 'foireann' oifigigh AE, gníomhairí sealadacha AE, daoine atá fostaithe ar conradh ag an Aontas agus saineolaithe náisiúnta ar iasacht, ach níl oibrithe eatramhacha ná sainchomhairleoirí san áireamh.

*Foinse:* Cuntais bhliantúla EMSA do bhlianta airgeadais 2021 agus 2022; figiúirí foirne arna soláthar ag EMSA.

## Faisnéis a thacaíonn leis an ráiteas dearbhaithe

**3.9.2.** I Roinn 3.1, tá tuairisc ar ár gcur chuige iniúchóireachta, an bonn atá lenár dtuairim, na freagrachtaí atá ar bhainistíocht EMSA agus orthu siúd a bhfuil an rialachas de chúram orthu, agus freagrachtaí an iniúchóra as iniúchóireacht a dhéanamh ar na cuntais agus ar na hidirbhearta is bun leis na cuntais. Is cuid dhílis den tuairim é an síniú atá ar leathanach 367.

[31] Tá tuilleadh eolais faoi ról agus gníomhaíochtaí EMSA ar fáil ar a shuíomh gréasáin: www.emsa.europa.eu.

## Ráiteas dearbhaithe na Cúirte Iniúchóirí arna chur ar fáil do Pharlaimint na hEorpa agus don Chomhairle – Tuarascáil an iniúchóra neamhspleách

# Tuairim

**3.9.3.** Tá iniúchóireacht déanta againn ar an méid seo a leanas:

(a) cuntais na Gníomhaireachta Eorpaí um Shábháilteacht Mhuirí ('EMSA'), atá comhdhéanta de na ráitis airgeadais[32] agus de na tuarascálacha ar chur chun feidhme bhuiséad EMSA[33] don bhliain airgeadais dar chríoch an 31 Nollaig 2022, agus

(b) dlíthiúlacht agus rialtacht na n-idirbheart is bun leis na cuntais sin,

de réir mar a cheanglaítear le hAirteagal 287 den Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh (CFAE).

## Beachtas na gcuntas

### Tuairim maidir le beachtas na gcuntas

**3.9.4.** Is é ár dtuairim go dtugann cuntais EMSA don bhliain dar chríoch an 31 Nollaig 2022 léargas fíorcheart, ar gach slí ábharthach, ar staid airgeadais EMSA amhail an 31 Nollaig 2022, ar thorthaí a chuid oibríochtaí, ar a shreabha airgid, agus ar na hathruithe ar ghlansócmhainní don bhliain dar chríoch an dáta céanna, i gcomhréir lena Rialachán Airgeadais agus le rialacha cuntasaíochta arna nglacadh ag oifigeach cuntasaíochta an Choimisiúin. Tá siad sin bunaithe ar chaighdeáin chuntasaíochta don earnáil phoiblí a bhfuil glacadh go hidirnáisiúnta leo.

---

[32] Tá na ráitis airgeadais comhdhéanta den chlár comhardaithe, den ráiteas um fheidhmíocht airgeadais, den ráiteas faoi shreabhadh airgid, den ráiteas maidir leis na hathruithe ar ghlansócmhainní agus d'achoimre ar bheartais chuntasaíochta shuntasacha agus de nótaí míniúcháin eile.

[33] Tá na tuarascálacha ar chur chun feidhme an bhuiséid comhdhéanta de na tuarascálacha, ina gcomhiomlánaítear na hoibríochtaí buiséadacha go léir, agus de na nótaí míniúcháin.

## Dlíthiúlacht agus rialtacht na n-idirbheart is bun leis na cuntais

### Ioncam

**Tuairim maidir le dlíthiúlacht agus rialtacht an ioncaim is bun leis na cuntais**

**3.9.5.** Is é ár dtuairim go bhfuil an t-ioncam is bun le cuntais EMSA don bhliain dar chríoch an 31 Nollaig 2022 dlíthiúil agus rialta ar gach slí ábhartha.

### Íocaíochtaí

**Tuairim maidir le dlíthiúlacht agus rialtacht na n-íocaíochtaí is bun leis na cuntais**

**3.9.6.** Is é ár dtuairim go bhfuil na híocaíochtaí is bun le cuntais EMSA don bhliain dar chríoch an 31 Nollaig 2022 dlíthiúil agus rialta ar gach slí ábhartha.

## Obair leantach ar bharúlacha ó bhlianta roimhe seo

**3.9.7.** Tugtar forléargas san ***Iarscríbhinn*** ar an ngníomhaíocht a rinneadh mar fhreagairt ar bharúlacha na Cúirte Iniúchóirí ó bhlianta roimhe seo.

# Iarscríbhinn – Obair leantach ar bharúlacha ó bhlianta roimhe seo

| Sraithuimhir | Bliain bharúil CIE | Barúil CIE (achoimre) | Gníomh ceartaitheach a rinneadh agus / nó forbairtí ábhartha eile (achoimre) | Stádas bharúil CIE<br><br>(Oscailte / Dúnta) |
|---|---|---|---|---|
| 1 | 2021 | In 2021, rinne EMSA leasú ar 14 chonradh shonracha (faoi roinn creatchonarthaí éagsúla) le haghaidh soláthar seirbhísí ar bhonn Airteagal 172 (3)(d) den Rialachán Airgeadais.<br><br>D'fhág na 14 leasú i dtrácht go raibh méadú os cionn 10 % ar luach tosaigh na gconarthaí agus, dá bhrí sin, nach raibh siad i gcomhréir le hAirteagal 172 (3)(d) den Rialachán Airgeadais.<br><br>Ní dhearnadh difear do na híocaíochtaí a bhí mar thoradh air, áfach. | Tá gníomh ceartaitheach curtha chun feidhme ag EMSA sa mhéid gur leasaigh sé na sonraíochtaí tairisceana agus na teimpléid do chonarthaí le haghaidh próisis soláthair feasta, amhail ó Mheán Fómhair 2022. | Dúnta |

# Freagra EMSA


**3.9.4.** Tá tuarascáil na Cúirte tugtha ar a haire ag an nGníomhaireacht.

# 3.10. Gníomhaireacht an Aontais Eorpaigh um Chibearshlándáil (ENISA)

## Réamhrá

**3.10.1.** Is le Rialachán (AE) 2019/881 a bunaíodh Gníomhaireacht an Aontais Eorpaigh um Chibearshlándáil ('ENISA'), atá lonnaithe san Aithin. Tháinig ENISA in ionad Ghníomhaireacht an Aontais Eorpaigh um Shlándáil Gréasáin agus Faisnéise ('ENISA' freisin), a bunaíodh in 2013, agus is é atá ina chomharba ar an nGníomhaireacht Eorpach um Shlándáil Gréasáin agus Faisnéise, a bunaíodh in 2004. Is é príomh-mhisean ENISA ná ardleibhéal cibearshlándála coiteann a bhaint amach ar fud an Aontais, lena n-áirítear tacú go gníomhach leis na Ballstáit agus le comhlachtaí an Aontais i bhfeabhsú na cibearshlándála agus trí bheith ina phointe tagartha chun comhairle agus saineolas a roinnt le geallsealbhóirí ábhartha uile an Aontais. I ***bhFíor 3.10.1***, tugtar na príomhfhigiúirí do ENISA[34].

### Fíor 3.10.1 – Príomhfhigiúirí do ENISA




* Tá figiúirí an bhuiséid bunaithe ar iomlán na leithreasuithe faoi chomhair íocaíochtaí atá ar fáil le linn na bliana airgeadais.

** Áirítear le 'foireann' oifigigh AE, gníomhairí sealadacha AE, daoine atá fostaithe ar conradh ag an Aontas agus saineolaithe náisiúnta ar iasacht, ach níl oibrithe eatramhacha ná sainchomhairleoirí san áireamh.

*Foinse:* Cuntais bhliantúla ENISA do bhlianta airgeadais 2021 agus 2022; figiúirí foirne arna soláthar ag ENISA.

Is é an míniú is mó atá leis an méadú i mbuiséad ENISA ná go raibh tascanna breise le déanamh aige a bhí bainteach leis an gclár ar a dtugtar Gníomhaíocht Tacaíochta na Cibearshlándála a chur chun feidhme ar bhonn píolótach.

[34] Tá tuilleadh eolais faoi ról agus gníomhaíochtaí ENISA ar fáil ar a shuíomh gréasáin: www.enisa.europa.eu.

## Faisnéis a thacaíonn leis an ráiteas dearbhaithe

**3.10.2.** I Roinn 3.1, tá tuairisc ar ár gcur chuige iniúchóireachta, an bonn atá lenár dtuairim, na freagrachtaí atá ar bhainistíocht ENISA agus orthu siúd a bhfuil an rialachas de chúram orthu, agus freagrachtaí an iniúchóra as iniúchóireacht a dhéanamh ar na cuntais agus ar na hidirbhearta is bun leis na cuntais. Is cuid dhílis den tuairim é an síniú atá ar leathanach 367.

## Ráiteas dearbhaithe na Cúirte Iniúchóirí arna chur ar fáil do Pharlaimint na hEorpa agus don Chomhairle – Tuarascáil an iniúchóra neamhspleách

### Tuairim

**3.10.3.** Tá iniúchóireacht déanta againn ar an méid seo a leanas:

(a) cuntais Ghníomhaireacht an Aontais Eorpaigh um Chibearshlándáil ('ENISA'), atá comhdhéanta de na ráitis airgeadais[35] agus de na tuarascálacha ar chur chun feidhme bhuiséad ENISA[36] don bhliain airgeadais dar críoch an 31 Nollaig 2022, agus

(b) dlíthiúlacht agus rialtacht na n-idirbheart is bun leis na cuntais sin,

de réir mar a cheanglaítear le hAirteagal 287 den Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh (CFAE).

---

[35] Tá na ráitis airgeadais comhdhéanta den chlár comhardaithe, den ráiteas um fheidhmíocht airgeadais, den ráiteas faoi shreabhadh airgid, den ráiteas maidir leis na hathruithe ar ghlansócmhainní agus d'achoimre ar bheartais chuntasaíochta shuntasacha agus de nótaí míniúcháin eile.

[36] Tá na tuarascálacha ar chur chun feidhme an bhuiséid comhdhéanta de na tuarascálacha, ina gcomhiomlánaítear na hoibríochtaí buiséadacha go léir, agus de na nótaí míniúcháin.

## Beachtas na gcuntas

### Tuairim maidir le beachtas na gcuntas

**3.10.4.** Is é ár dtuairim go dtugann cuntais ENISA don bhliain dar chríoch an 31 Nollaig 2022 léargas fíorcheart, ar gach slí ábharthach, ar staid airgeadais ENISA amhail an 31 Nollaig 2022, ar thorthaí a chuid oibríochtaí, ar a shreabha airgid, agus ar na hathruithe ar ghlansócmhainní don bhliain dar chríoch an dáta céanna, i gcomhréir lena Rialachán Airgeadais agus le rialacha cuntasaíochta arna nglacadh ag oifigeach cuntasaíochta an Choimisiúin. Tá siad sin bunaithe ar chaighdeáin chuntasaíochta don earnáil phoiblí a bhfuil glacadh go hidirnáisiúnta leo.

## Dlíthiúlacht agus rialtacht na n-idirbheart is bun leis na cuntais

### Ioncam

**Tuairim maidir le dlíthiúlacht agus rialtacht an ioncaim is bun leis na cuntais**

**3.10.5.** Is é ár dtuairim go bhfuil an t-ioncam is bun le cuntais ENISA don bhliain dar chríoch an 31 Nollaig 2022 dlíthiúil agus rialta ar gach slí ábharthach.

### Íocaíochtaí

**Tuairim maidir le dlíthiúlacht agus rialtacht na n-íocaíochtaí is bun leis na cuntais**

**3.10.6.** Is é ár dtuairim go bhfuil na híocaíochtaí is bun le cuntais ENISA don bhliain dar chríoch an 31 Nollaig 2022 dlíthiúil agus rialta ar gach slí ábharthach.

**3.10.7.** Maidir leis na barúlacha anseo ina dhiaidh seo, ní tharraingíonn siad amhras ar bith ar thuairim na Cúirte Iniúchóirí.

## Barúlacha maidir le dlíthiúlacht agus rialtacht na n-idirbheart

**3.10.8.** I rith 2022, thairg ENISA dá bhainisteoirí go ndéanfadh soláthraí seachtrach, arna ainmniú ag ENISA, breithmheas gairmiúil. I dtrí chás, rinne ENISA íocaíocht dhíreach leis an soláthraí as na seirbhísí sin; sna 23 chás eile, is amhlaidh gurb iad na bainisteoirí a d'íoc an soláthraí iad féin agus ansin gur íoc ENISA an t-airgead sin ar ais leo. Is é €120 276 an méid iomlán a d'íoc ENISA as na 26 bhreithmheas. I bhfianaise gur roghnaigh ENISA an soláthraí gan nós imeachta soláthair oscailte a sheoladh, táimid tagtha ar an gconclúid go raibh na híocaíochtaí sin neamhrialta.

## Barúlacha maidir le córais bhainistíochta agus rialaithe

**3.10.9.** Níl aon samhailmheasúnú réamhshocraithe (i.e. treoirlínte) ag ENISA chun cabhrú leis an gcoiste meastóireachta measúnú a dhéanamh ar thairiscintí. Cruthaíonn sé sin an riosca go bhféadfadh sé nach bhfuil meastóireacht chomhsheasmhach ar na tairgeoirí á ndéanamh ag gach aon chomhalta den choiste meastóireachta.

**3.10.10.** D'aimsíomar dhá chás ina raibh ENISA tar éis conarthaí ar luach íseal (faoi bhun €15 000) a dhámhachtain gan tuarascáil mheastóireachta a eisiúint ná cinneadh dámhachtana a bhí formheasta agus sínithe go cuí ag an oifigeach údarúcháin. Is sárú é sin ar Phointí 30.3 agus 30.4 d'Iarscríbhinn I a ghabhann leis an Rialachán Airgeadais. Thugamar barúil den chineál céanna i mír 3.10.9 de Thuarascáil 2021 uainn.

## Obair leantach ar bharúlacha ó bhlianta roimhe seo

**3.10.11.** Tugtar forléargas san ***Iarscríbhinn*** ar an ngníomhaíocht a rinneadh mar fhreagairt ar bharúlacha na Cúirte Iniúchóirí ó bhlianta roimhe seo.

# Iarscríbhinn – Obair leantach ar bharúlacha ó bhlianta roimhe seo

| Sraithuimhir | Bliain bharúil CIE | Barúil CIE (achoimre) | Gníomh ceartaitheach a rinneadh agus / nó forbairtí ábhartha eile (achoimre) | Stádas bharúil CIE (Oscailte / Dúnta) |
|---|---|---|---|---|
| 1 | 2021 | Gan tuarascáil mheastóireachta ná cinneadh dámhachtana a bheith ann le haghaidh conarthaí ar luach íseal. | Tá cinntí dámhachtana le haghaidh conarthaí ar luach íseal curtha isteach anois sna sreabha oibre gan pháipéar. Fós féin, d’aimsíomar cásanna den chineál céanna in 2022 (féach mír 3.10.14). | Oscailte |
| 2 | 2021 | Easnaimh dearaidh sa tsamhail anailíse costais is tairbhe chun údar maith a thabhairt do sheirbhísí eisfhoinsithe | D’athraigh ENISA a nósanna imeachta chun déileáil leis na laigí a bhí sainaitheanta. | Dúnta |
| 3 | 2021 | Na critéir roghnúcháin agus na critéir dhámhachtana i nósanna imeachta soláthair a bheith ag teacht trasna ar a chéile | D’athraigh ENISA a nósanna imeachta chun déileáil leis na laigí a bhí sainaitheanta. | Dúnta |
| 4 | 2021 | Gan comhairliúchán déanta le Comhchoiste chun measúnú a dhéanamh ar choinbhleacht leasa fhéideartha | D’athraigh ENISA a nósanna imeachta chun déileáil leis na laigí a bhí sainaitheanta. Níor tháinig aon chás de choinbhleacht fhéideartha chun cinn in 2022 | Dúnta |

# Freagra ENISA

**3.10.8.** Aontaíonn ENISA leis an mbreathnóireacht iniúchóireachta seo agus cuireann sé fáilte roimpi agus tá na bearta is gá déanta aici cheana féin chun aghaidh a thabhairt ar an ábhar imní seo.

**3.10.9.** Aontaíonn ENISA leis an mbreathnóireacht iniúchóireachta seo agus cuireann sé fáilte roimpi agus tá na bearta is gá déanta aici cheana féin chun aghaidh a thabhairt ar an ábhar imní seo.


**3.10.10.** Aontaíonn ENISA leis an mbreathnóireacht iniúchóireachta seo agus cuireann sé fáilte roimpi agus tá na bearta is gá déanta aici cheana féin chun aghaidh a thabhairt ar an ábhar imní seo.

# 3.11. Gníomhaireacht Iarnróid an Aontais Eorpaigh (ERA)

## Réamhrá

**3.11.1.** Is le Rialachán (AE) 2016/796 a bunaíodh Gníomhaireacht Iarnróid an Aontais Eorpaigh ('ERA'), atá lonnaithe in Lille agus Valenciennes. Tháinig ERA in ionad na Gníomhaireachta Eorpaí Iarnróid ('ERA' freisin), a bunaíodh in 2004. Is é an cúram atá ar ERA ná feabhas a chur ar leibhéil idir-inoibritheachta agus sábháilteachta na gcóras iarnróid san Eoraip. Is é ERA freisin an t-údarás Eorpach atá freagrach as údaruithe, deimhnithe agus ceaduithe sa réimse seo a eisiúint. I ***bhFíor 3.11.1***, tugtar na príomhfhigiúirí do ERA[37].

### Fíor 3.11.1 – Príomhfhigiúirí do ERA




* Tá figiúirí an bhuiséid bunaithe ar iomlán na leithreasuithe faoi chomhair íocaíochtaí atá ar fáil le linn na bliana airgeadais.

** Áirítear le 'foireann' oifigigh AE, gníomhairí sealadacha AE, daoine atá fostaithe ar conradh ag an Aontas agus saineolaithe náisiúnta ar iasacht, ach níl oibrithe eatramhacha ná sainchomhairleoirí san áireamh.

*Foinse:* Cuntais bhliantúla ERA do bhlianta airgeadais 2021 agus 2022; figiúirí foirne arna soláthar ag ERA.

## Faisnéis a thacaíonn leis an ráiteas dearbhaithe

**3.11.2.** I Roinn 3.1, tá tuairisc ar ár gcur chuige iniúchóireachta, an bonn atá lenár dtuairim, na freagrachtaí atá ar bhainistíocht ERA agus orthu siúd a bhfuil an rialachas de chúram orthu, agus freagrachtaí an iniúchóra as iniúchóireacht a dhéanamh ar na cuntais agus ar na hidirbhearta is bun leis na cuntais. Is cuid dhílis den tuairim é an síniú atá ar leathanach 367.

[37] Tá tuilleadh eolais faoi ról agus gníomhaíochtaí ERA ar fáil ar a shuíomh gréasáin: www.era.europa.eu.

## Ráiteas dearbhaithe na Cúirte Iniúchóirí arna chur ar fáil do Pharlaimint na hEorpa agus don Chomhairle – Tuarascáil an iniúchóra neamhspleách

# Tuairim

**3.11.3.** Tá iniúchóireacht déanta againn ar an méid seo a leanas:

(a) cuntais Ghníomhaireacht Iarnróid an Aontais Eorpaigh ('ERA'), atá comhdhéanta de na ráitis airgeadais[38] agus de na tuarascálacha ar chur chun feidhme bhuiséad ERA[39] don bhliain airgeadais dar críoch an 31 Nollaig 2022, agus

(b) dlíthiúlacht agus rialtacht na n-idirbheart is bun leis na cuntais sin,

de réir mar a cheanglaítear le hAirteagal 287 den Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh (CFAE).

## Beachtas na gcuntas

### Tuairim maidir le beachtas na gcuntas

**3.11.4.** Is é ár dtuairim go dtugann cuntais ERA don bhliain dar críoch an 31 Nollaig 2022 léargas fíorcheart, ar gach slí ábharthach, ar staid airgeadais ERA amhail an 31 Nollaig 2022, ar thorthaí a chuid oibríochtaí, ar a shreabha airgid, agus ar na hathruithe ar ghlansócmhainní don bhliain dar críoch an dáta céanna, i gcomhréir lena Rialachán Airgeadais agus le rialacha cuntasaíochta arna nglacadh ag oifigeach cuntasaíochta an Choimisiúin. Tá siad sin bunaithe ar chaighdeáin chuntasaíochta don earnáil phoiblí a bhfuil glacadh go hidirnáisiúnta leo.

---

[38] Tá na ráitis airgeadais comhdhéanta den chlár comhardaithe, den ráiteas um fheidhmíocht airgeadais, den ráiteas faoi shreabhadh airgid, den ráiteas maidir leis na hathruithe ar ghlansócmhainní agus d'achoimre ar bheartais chuntasaíochta shuntasacha agus de nótaí míniúcháin eile.

[39] Tá na tuarascálacha ar chur chun feidhme an bhuiséid comhdhéanta de na tuarascálacha, ina gcomhiomlánaítear na hoibríochtaí buiséadacha go léir, agus de na nótaí míniúcháin.

### Béim ar ábhar

**3.11.5.** Tarraingímid aird ar Nóta 3.5.4.1 a ghabhann leis na cuntais bhliantúla do 2022, ina dtugtar tuairisc ar chóras nua buiséadach, cuntasaíochta agus airgeadais, ar a dtugtar SUMMA, a bheith á chur chun feidhme mar threoirthionscadal le haghaidh forbairt an chórais don Choimisiún Eorpach. Níl ár dtuairim cáilithe i dtaca leis an ábhar sin.

## Dlíthiúlacht agus rialtacht na n-idirbheart is bun leis na cuntais

### Ioncam

**Tuairim maidir le dlíthiúlacht agus rialtacht an ioncaim is bun leis na cuntais**

**3.11.6.** Is é ár dtuairim go bhfuil an t-ioncam is bun le cuntais ERA don bhliain dar chríoch an 31 Nollaig 2022 dlíthiúil agus rialta ar gach slí ábharthach.

### Íocaíochtaí

**Tuairim maidir le dlíthiúlacht agus rialtacht na n-íocaíochtaí is bun leis na cuntais**

**3.11.7.** Is é ár dtuairim go bhfuil na híocaíochtaí is bun le cuntais ERA don bhliain dar chríoch an 31 Nollaig 2022 dlíthiúil agus rialta ar gach slí ábharthach.

**3.11.8.** Maidir leis na barúlacha anseo ina dhiaidh seo, ní tharraingíonn siad amhras ar bith ar thuairim na Cúirte Iniúchóirí.

## Barúlacha maidir le córais bhainistíochta agus rialaithe

**3.11.9.** Chinn an Coimisiún imeacht óna chóras lárnach buiséadach agus cuntasaíochta, ABAC, agus córas nua ar a dtugtar SUMMA a chur ina áit faoin 1 Eanáir 2025. I mí na Nollag 2018, d’iarr AS BUDG ar ERA, chomh maith le dhá ghníomhaireacht eile (CINEA agus

Eurojust), páirt a ghlacadh i bhforbairt SUMMA ar bhonn píolótach. Faoi bhliain airgeadais 2022, bhí ERA tosaithe ag úsáid SUMMA chun a bhuiséad a bhainistiú.

Ní dhearna ERA straitéis bainistithe agus rialaithe riosca a leagan síos le haghaidh cur chun feidhme chóras SUMMA. Is sárú é sin ar Airteagal 36(4)(a) den Rialachán Airgeadais. Sa bhreis air sin, ní dhearna ERA nuashonrú ar a scagchuarda airgeadais ná ar a straitéis le haghaidh seiceálacha *ex ante* agus *ex post* chun iad a ailíniú leis na hathruithe a tugadh isteach le cur chun feidhme SUMMA.

Tá córas bainistithe úsáideoirí SUMMA do ERA á bhainistiú ag AS BUDG, atá i gceannas ar chearta úsáideoirí SUMMA a dheonú agus a bhaint bunaithe ar an bhfaisnéis a bhíonn curtha ar fáil ag ERA. Níl struchtúr foirmiúil ar an bpróiseas seo fós, agus ní dhéanann ERA seiceáil shonrach ar na cearta atá sannta d'úsáideoir. Cruthaíonn sé sin riosca go bhféadfadh sé nach bhfuil na róil úsáideora in SUMMA sannta i gceart ná nuashonraithe i gceart, i gcomhréir le forálacha Airteagal 36(3)(a) den Rialachán Airgeadais. Níl próifíl úsáideora leormhaith le haghaidh iniúchóirí fós in SUMMA.

**3.11.10.** Níl beartas ag ERA chun faisnéis íogair a rúnaicmiú agus a chosaint, ar laige é sin i gcur chun feidhme an chreata rialaithe inmheánaigh.

**3.11.11.** Thugamar ar aire gur cleachtas ginearálta é i nósanna imeachta soláthair go ndearna comhaltaí an choiste meastóireachta íomhá dá síniú a chóipeáil isteach sna doiciméid nó gur thug siad a bhformheas trí bhíthin ríomhphoist seachas an doiciméad a shíniú de lámh nó, mar rogha air sin, le síniú leictreonach cáilithe. Maidir leis an gcleachtas seo gan sínithe bailí a úsáid ar dhoiciméid oifigiúla, is laige é i gcórais bhainistíochta agus rialaithe ERA.

## Barúlacha maidir leis an mbainistíocht bhuiséadach

**3.11.12.** Nuair a bhíonn deimhnithe, ceadanna agus údaruithe á n-eisiúint ag ERA, tógann sé 106 lá ar an meán chun sonraisc (nó 'nótaí dochair') a eisiúint le haghaidh na dtáillí agus muirear gaolmhar. Tá an tsaincheist sin, atá ERA á lua le cur chun feidhme SUMMA agus le moilleanna a bhain le ráitis na gcostas a fháil ó na hÚdaráis Sábháilteachta Náisiúnta, contrártha d'Airteagal 98(2) den Rialachán Airgeadais a chuireann de cheangal ar an oifigeach údarúcháin 'an nóta dochair [a sheoladh] gan mhoill tar éis dó an méid is infhaighte a shuí' agus contrártha d'Airteagal 5(1) de Rialachán 2018/764 maidir le táillí agus muirir ERA ina leagtar síos sprioc-am de 30 lá le haghaidh sonrasc a eisiúint. Is féidir le moilleanna den sórt sin in eisiúint sonrasc moilleanna a chruthú i mbailiú ioncaim, chomh maith le deacrachtaí eile i mbainistiú buiséid ERA.

**3.11.13.** De réir a chuid sonraí, níor chloígh ERA (in 2022) leis na tréimhsí ama atá sonraithe in Airteagal 116 den Rialachán Airgeadais i gcás 179 n-íocaíocht as an iomlán de 920 (19.5 %). In 112 as na cásanna uile (12.2 %), bhí moill níos mó ná 30 lá ar na híocaíochtaí. Is

laige é sin, atá ERA á lua le cur chun feidhme SUMMA, a chruthaíonn riosca airgeadais agus clú do ERA agus a théann i gcoinne prionsabal na barainneachta.

## Obair leantach ar bharúlacha ó bhlianta roimhe seo

**3.11.14.** Tugtar forléargas san ***Iarscríbhinn*** ar an ngníomhaíocht a rinneadh mar fhreagairt ar bharúlacha na Cúirte Iniúchóirí ó bhlianta roimhe seo.

# Iarscríbhinn – Obair leantach ar bharúlacha ó bhlianta roimhe seo

| Sraithuimhir | Bliain bharúil CIE | Barúil CIE (achoimre) | Gníomh ceartaitheach a rinneadh agus / nó forbairtí ábhartha eile (achoimre) | Stádas bharúil CIE (Oscailte / Dúnta) |
|---|---|---|---|---|
| 1 | 2018 | In 2019, tosóidh ERA ag bailiú táillí agus muirear le haghaidh tascanna deimhniúcháin. Ceanglaíodh leis an Rialachán nua maidir le táillí agus muirir go gcaithfear na riachtanais shonracha atá ag fiontair bheaga agus mheánmhéide (FBManna) a chur san áireamh. Ba cheart do ERA rialuithe éifeachtacha a thabhairt isteach chun stádas FBM na n-iarratasóirí a sheiceáil. | Tá sé i gceist ag ERA a chóras feidhmchlár ilfhreastail a nuashonrú in 2023. | Oscailte |

# Freagra ERA

**3.11.9.** Tá an Ghníomhaireacht tar éis imirce SUMMA a bhainistiú trí thionscadal neamhspleách i bpunann na Gníomhaireachta, le húinéireacht tionscadail agus freagrachtaí bainistíochta sannta. Chuathas i ngleic le haon saincheisteanna ar bhonn réamhghníomhach agus maolaíodh iad trí athbhreithnithe céimneacha agus trí ghéarú struchtúrtha chuig an Stiúrthóir Feidhmiúcháin agus ina dhiaidh sin chuig an gCoimisiún Eorpach - AS BUDG.

Chuir ERA tús sa dara leath de 2022 lena chiorcaid airgeadais agus an straitéis seiceálacha ex-ante agus ex-post a nuashonrú chun iad a ailíniú leis na hathruithe a tugadh isteach le cur chun feidhme SUMMA, bunaithe ar an gcuar foghlama carntha. Tá na doiciméid sin le tabhairt chun críche agus le formheas in 2023.

In éagmais tuarascáil chaighdeánach maidir le cearta rochtana a chuirtear ar fáil leis an uirlis airgeadais nua, tá bearta maolaitheacha curtha chun feidhme ag ERA chun na foirmeacha uile a bhailiú, chun iad a sheiceáil i gcomhréir le tábla struchtúrtha le leithdháileadh ról na ngníomhaithe airgeadais sula gcuireann sé sin in iúl do AS BUDG. Ardaíodh aon mhíréireachtaí a braitheadh le AS BUDG lena gceartú.

**3.11.10.** I gcomhthéacs a tiomantais do chur chuige rioscabhunaithe agus a sócmhainní faisnéise á gcosaint aici, tá fardal na sócmhainní faisnéise agus na rialacha a bhaineann le haicmiú agus láimhseáil faisnéise tugtha chun críche ag an nGníomhaireacht cheana féin. Ullmhaíodh an beartas i mí na Bealtaine 2023 agus thug Foireann Bainistíochta na Gníomhaireachta tacaíocht dó i mí an Mheithimh 2023.

**3.11.11.** In 2022, d’fhorfheidhmigh an Ghníomhaireacht cinneadh ón Stiúrthóir Feidhmiúcháin cheana féin, ina sonraítear go n-úsáidfear síniú láimhe nó síniú leictreonach atá bunaithe ar dhintiúir. Ag tús 2023, cuireadh Ríomhshíniú iomlán Cáilithe chun feidhme do bhaill foirne a bhfuil cearta cinnteoireachta acu.

**3.11.12.** Baineann ceann de na príomhfhachtóirí bunúsacha a bhaineann leis na moilleanna a léirítear le hoibleagáid na Gníomhaireachta fanacht ar an ráiteas costas ó na hÚdaráis Náisiúnta Sábháilteachta (ÚSNanna) lena mbaineann sula mbeidh an Ghníomhaireacht in ann a sonraisc a eisiúint do na hiarratasóirí, lena gcumhdaítear méid chostais ERA mar aon leis na suimeanna a bhaineann le costais na NSAnna.

Cé nach bhfuil seift dhlíthiúil ag an nGníomhaireacht faoi láthair chun spriocdhátaí a fhorchur ar na ÚSNanna maidir leis an ábhar sin, d’fhéadfaí an ghné sin a shoiléiriú tuilleadh le leasú ar Rialachán 2018/764.


**3.11.13.** Tá sraith beart curtha i bhfeidhm ag an nGníomhaireacht cheana féin chun feabhas a chur ar na hinniúlachtaí agus ar an luas maidir le húsáid SUMMA do na gníomhaithe airgeadais lena mbaineann, mar aon le doiciméadú soiléir ar na sreafaí oibre airgeadais lena mbaineann. Ag an am céanna, déantar aon fheabhsú is gá ar chóras SUMMA chun moilleanna a sheachaint a mhéadú go tráthúil chuig AS BUDG agus déantar obair leantach ina leith go dtí go réiteofar é.

# 3.12. An tÚdarás Eorpach um Urrúis agus Margaí (ESMA)

## Réamhrá

**3.12.1.** Is le Rialachán (AE) Uimh. 1095/2010 a bunaíodh an tÚdarás Eorpach um Urrúis agus Margaí ('ESMA'), atá lonnaithe i bPáras. Is é misean ESMA ná an chosaint d'infheisteoirí a fheabhsú agus cobhsaíocht agus ord sna margaí airgeadais a chur chun cinn. Tugann ESMA faoina mhisean agus a chuspóirí trí bhíthin ceithre cinn de ghníomhaíochtaí: measúnú ar rioscaí d'infheisteoirí, do mhargaí agus don chobhsaíocht airgeadais; leabhar rialacha aonair a chomhlánú do mhargaí airgeadais an Aontais; cóineasú maoirseachta a chur chun cinn; agus maoirseacht dhíreach a dhéanamh ar eintitis airgeadais ar leith. I ***bhFíor 3.12.1***, tugtar na príomhfhigiúirí do ESMA[40].

### Fíor 3.12.1 – Príomhfhigiúirí do ESMA




* Tá figiúirí an bhuiséid bunaithe ar iomlán na leithreasuithe faoi chomhair íocaíochtaí atá ar fáil le linn na bliana airgeadais.

** Áirítear le 'foireann' oifigigh AE, gníomhairí sealadacha AE, daoine atá fostaithe ar conradh ag an Aontas agus saineolaithe náisiúnta ar iasacht, ach níl oibrithe eatramhacha ná sainchomhairleoirí san áireamh.

*Foinse:* Cuntais bhliantúla ESMA do bhlianta airgeadais 2021 agus 2022; figiúirí foirne arna soláthar ag ESMA.

## Faisnéis a thacaíonn leis an ráiteas dearbhaithe

**3.12.2.** I Roinn 3.1, tá tuairisc ar ár gcur chuige iniúchóireachta, an bonn atá lenár dtuairim, na freagrachtaí atá ar bhainistíocht ESMA agus orthu siúd a bhfuil an rialachas de chúram orthu, agus freagrachtaí an iniúchóra as iniúchóireacht a dhéanamh ar na cuntais agus ar na hidirbhearta is bun leis na cuntais. Is cuid dhílis den tuairim é an síniú atá ar leathanach 367.

[40] Tá tuilleadh eolais faoi ról agus gníomhaíochtaí ESMA ar fáil ar a shuíomh gréasáin: www.esma.europa.eu.

## Ráiteas dearbhaithe na Cúirte Iniúchóirí arna chur ar fáil do Pharlaimint na hEorpa agus don Chomhairle – Tuarascáil an iniúchóra neamhspleách

# Tuairim

**3.12.3.** Tá iniúchóireacht déanta againn ar an méid seo a leanas:

(a) cuntais an Údaráis Eorpaigh um Urrúis agus Margaí ('ESMA'), atá comhdhéanta de na ráitis airgeadais[41] agus de na tuarascálacha ar chur chun feidhme bhuiséad ESMA[42] don bhliain airgeadais dar críoch an 31 Nollaig 2022, agus

(b) dlíthiúlacht agus rialtacht na n-idirbheart is bun leis na cuntais sin,

de réir mar a cheanglaítear le hAirteagal 287 den Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh (CFAE).

## Beachtas na gcuntas

### Tuairim maidir le beachtas na gcuntas

**3.12.4.** Is é ár dtuairim go dtugann cuntais ESMA don bhliain dar críoch an 31 Nollaig 2022 léargas fíorcheart, ar gach slí ábhartha, ar staid airgeadais ESMA amhail an 31 Nollaig 2022, ar thorthaí a chuid oibríochtaí, ar a shreabha airgid, agus ar na hathruithe ar ghlansócmhainní don bhliain dar críoch an dáta céanna, i gcomhréir lena Rialachán Airgeadais agus le rialacha cuntasaíochta arna nglacadh ag oifigeach cuntasaíochta an Choimisiúin. Tá siad sin bunaithe ar chaighdeáin chuntasaíochta don earnáil phoiblí a bhfuil glacadh go hidirnáisiúnta leo.

---

[41] Tá na ráitis airgeadais comhdhéanta den chlár comhardaithe, den ráiteas um fheidhmíocht airgeadais, den ráiteas faoi shreabhadh airgid, den ráiteas maidir leis na hathruithe ar ghlansócmhainní agus d'achoimre ar bheartais chuntasaíochta shuntasacha agus de nótaí míniúcháin eile.

[42] Tá na tuarascálacha ar chur chun feidhme an bhuiséid comhdhéanta de na tuarascálacha, ina gcomhiomlánaítear na hoibríochtaí buiséadacha go léir, agus de na nótaí míniúcháin.

### Béim ar ábhar

**3.12.5.** Tarraingímid aird ar Nóta IV.1 a ghabhann leis na cuntais bhliantúla do 2022, ina dtugtar tuairisc ar neamhchinnteacht a bhaineann le toradh an agra dlí T-750/22, 'UniSystems Luxembourg agus Unisystems systimata plioforikis vs ESMA'. Níl ár dtuairim cáilithe i dtaca leis an ábhar sin.

## Dlíthiúlacht agus rialtacht na n-idirbheart is bun leis na cuntais

### Ioncam

**Tuairim maidir le dlíthiúlacht agus rialtacht an ioncaim is bun leis na cuntais**

**3.12.6.** Is é ár dtuairim go bhfuil an t-ioncam is bun le cuntais ESMA don bhliain dar chríoch an 31 Nollaig 2022 dlíthiúil agus rialta ar gach slí ábhartharch.

### Íocaíochtaí

**Tuairim maidir le dlíthiúlacht agus rialtacht na n-íocaíochtaí is bun leis na cuntais**

**3.12.7.** Is é ár dtuairim go bhfuil na híocaíochtaí is bun le cuntais ESMA don bhliain dar chríoch an 31 Nollaig 2022 dlíthiúil agus rialta ar gach slí ábhartharch.

### Béim ar ábhar

**3.12.8.** Tugaimid ar aire go bhfuil feidhm iomlán freisin ag an mír i dtaobh béim ar ábhar maidir le beachtas na gcuntas a bhfuil tuairisc air i mír *3.12.5* maidir le dlíthiúlacht agus rialtacht na n-íocaíochtaí.

**3.12.9.** Maidir leis na barúlacha anseo ina dhiaidh seo, ní tharraingíonn siad amhras ar bith ar thuairim na Cúirte Iniúchóirí.

## Barúlacha maidir leis an mbainistíocht bhuiséadach

**3.12.10.** In 2022, rinne ESMA ocht ngealltanas faoi chreatchonradh a síníodh in 2015 tar éis na huasteorann don chreatchonradh sin a bheith sroichte cheana féin. Is é €217 106 a bhí i méid iomlán na ngealltanas a bhí níos mó ná an teorainn sa chreatchonradh. Ní raibh rochtain iomlán ar an bhfaisnéis ábhartha ag na daoine d'fhoireann ESMA a raibh freagracht orthu as na seiceálacha *ex ante*; mar sin níor braitheadh an tsaincheist seo go dtí go ndearnamarna ár n-iniúchadh.

## Obair leantach ar bharúlacha ó bhlianta roimhe seo

**3.12.11.** Tugtar forléargas san ***Iarscríbhinn*** ar an ngníomhaíocht a rinneadh mar fhreagairt ar bharúlacha na Cúirte Iniúchóirí ó bhlianta roimhe seo.

# Iarscríbhinn – Obair leantach ar bharúlacha ó bhlianta roimhe seo

| Sraithuimhir | Bliain bharúil CIE | Barúil CIE (achoimre) | Gníomh ceartaitheach a rinneadh agus / nó forbairtí ábhartha eile (achoimre) | Stádas bharúil CIE (Oscailte / Dúnta) |
|---|---|---|---|---|
| 1 | 2018 | Tá na barrachais agus easnaimh ó na táillí a ghearrtar ar ghníomhaireachtaí rátála creidmheasa agus ar stórtha trádála in ann a bheith ina gcúis le trasmhaoiniú bliantúil ar ghníomhaíochtaí. Ba cheart do ESMA bealach a aimsiú chun trasmhaoiniú den sórt sin a sheachaint. | In 2022, rinne ESMA a chuid moltaí le haghaidh sruthlíniú agus comhchuibhiú ar a chóras bainistithe táillí a chur faoi bhráid an Choimisiúin, ach ní raibh aon rud déanta ag an gCoimisiún faoi sin go dtí sin. Idir an dá linn, tá feabhas curtha ag ESMA ar a shamhail leithdháilte costas, agus ar an gcaoi sin ag laghdú an riosca go dtarlódh trasmhaoiniú ar ghníomhaíochtaí. | Dúnta |

An tÚdarás Eorpach um Urrúis agus Margaí (ESMA)

| Sraithuimhir | Bliain bharúil CIE | Barúil CIE (achoimre) | Gníomh ceartaitheach a rinneadh agus / nó forbairtí ábhartha eile (achoimre) | Stádas bharúil CIE (Oscailte / Dúnta) |
|---|---|---|---|---|
| 2 | 2020 | Maidir leis an bhfaisnéis a fuarthas ó stórtha trádála a bhí in úsáid chun táillí a ríomh, is athbhreithnithe teoranta ag iniúchóirí neamhspleácha, agus é sin amháin, a rinneadh uirthi. Foilsíodh páipéar comhairliúcháin ina moltar simpliú a dhéanamh ar an modh a úsáidtear chun a láimhdeachas a chinneadh. Tá an t-athbhreithniú ar na gníomhartha tarmligthe maidir le táillí a ghearrtar ar ghníomhaireachtaí rátála creidmheasa agus ar stórtha trádála ag brath ar an gCoimisiún. Tá sé ráite arís eile ag ESMA go bhfuil gá leis an athbhreithniú. | Níl aon smacht ag ESMA ar an tsaincheist sin. In 2022, rinne ESMA a chuid moltaí le haghaidh sruthlíniú agus comhchuibhiú ar a chóras bainistithe táillí a chur faoi bhráid an Choimisiúin. Níl aon rud déanta ag an gCoimisiún fós faoi sin. | Oscailte |
| 3 | 2020 | Leis an Rialachán maidir le Gníomhaireachtaí Rátála Creidmheasa, is féidir dul timpeall ar an sásra atá ann chun táillí a ghearradh. Bhí gníomhaireachtaí rátála creidmheasa in ann táillí a sheachaint trí ioncam a aistriú go dtí dlínsí lasmuigh den Aontas Eorpach. Tá aon athrú ar an Rialachán ag brath ar an gceart tionscnaimh atá ag an gCoimisiún i dtaobh athruithe reachtacha. D'fhoilsigh ESMA páipéar comhairliúcháin agus chuir sé comhairle theicniúil faoi bhráid an Choimisiúin maidir leis an Rialachán a leasú. | Níl aon smacht ag ESMA ar an tsaincheist sin. In 2022, rinne ESMA a chuid moltaí le haghaidh sruthlíniú agus comhchuibhiú ar a chóras bainistithe táillí a chur faoi bhráid an Choimisiúin. Níl aon rud déanta ag an gCoimisiún fós faoi sin. | Oscailte |

An tÚdarás Eorpach um Urrúis agus Margaí (ESMA)

| Sraithuimhir | Bliain bharúil CIE | Barúil CIE (achoimre) | Gníomh ceartaitheach a rinneadh agus / nó forbairtí ábhartha eile (achoimre) | Stádas bharúil CIE (Oscailte / Dúnta) |
| --- | --- | --- | --- | --- |
| 4 | 2021 | Sa phróiseas soláthair le haghaidh seirbhísí le luach measta de €45 000, fuaireamar gur sheol ESMA nós imeachta idirbheartaithe gan é a fhógairt agus gan eisceacht a chlárú. | Ionas nach dtarlóidh rud mar sin amach anseo, tá modhnú déanta ag ESMA ar an teimpléad don sreabh oibre inmheánach a úsáidtear chun formheas a dhéanamh ar údarú chun nósanna imeachta soláthair a sheoladh. | Dúnta |

An tÚdarás Eorpach um Urrúis agus Margaí (ESMA)

| Sraithuimhir | Bliain bharúil CIE | Barúil CIE (achoimre) | Gníomh ceartaitheach a rinneadh agus / nó forbairtí ábhartha eile (achoimre) | Stádas bharúil CIE (Oscailte / Dúnta) |
|---|---|---|---|---|
| 5 | 2021 | D'aimsíomar laigí i gcórais bhainistíochta agus rialaithe ESMA a bhaineann le coinbhleachtaí leasa: (a) Faoi Rialacha Nós Imeachta an Bhoird Maoirseoirí, foráiltear i dtaobh comhaltaí den Bhord a bhfuil coinbhleacht leasa acu nach féidir leo páirt a ghlacadh i bpléití an Bhoird ná nach féidir leo vótáil ar an ábhar i dtrácht. Ach, féadfaidh an comhalta fanacht ag an gcruinniú mura rud é go vótálann tromlach na gcomhaltaí i bhfabhar an comhalta sin a eisiamh; (b) Ní luaitear go sainráite i rialacha ESMA maidir le breithmheas a thabhairt ar an gcathaoirleach ná ar an stiúrthóir feidhmiúcháin nach féidir le comhalta den Bhord Maoirseoirí, a bhfuil a Údarás Inniúil Náisiúnta nó ar dócha go mbeidh a Údarás Inniúil Náisiúnta faoi réir nósanna imeachta faoi Airteagail 16-19 de Rialachán (AE) Uimh. 1095/2010 (amhail sárú ar dhlí AE), a bheith ina bhreithmheastóir nó ina bhreithmheastóir achomhairc i gcás an chathaoirligh nó an stiúrthóra feidhmiúcháin. | D'athbhreithnigh ESMA a bhearta coinbhleachta leasa dá chomhlachtaí rialaithe. I gcás breithmheasanna ar bhainisteoirí sinsearacha, tá a chuid nósanna imeachta athraithe ag ESMA agus bíonn ar breithmheastóirí agus ar bhreithmheastóirí ionaid deimhniú sainráite i scríbhinn a thabhairt á rá nach bhfuil aon choinbhleacht leasa ann. | Dúnta |

An tÚdarás Eorpach um Urrúis agus Margaí (ESMA)

# Freagra ESMA

**3.12.10.** Aithníonn ESMA an bharúil. Tá a córas um rialú inmheánach treisithe cheana féin ag an nGníomhaireacht trí na gníomhaíochtaí seo a leanas a chur i bhfeidhm:

- treoracha oibre mionsonraithe chun an rialú ex-ante ar fhíorú na huasteorann buiséid i ngach creatchonradh a fheabhsú sa chiorcad airgeadais


- uirlis Eithne um Ghealltanas Dlíthiúil ABAC a thabhairt isteach chun faireachán a dhéanamh ar thomhaltas buiséid na gcreatchonarthaí uile.

# 3.13. Gníomhaireacht an Aontais Eorpaigh um an gClár Spáis (EUSPA)

## Réamhrá

**3.13.1.** Is le Rialachán (AE) 2021/696 a bunaíodh Gníomhaireacht an Aontais Eorpaigh um an gClár Spáis ('EUSPA'), atá lonnaithe i bPrág. Tháinig EUSPA in ionad Gníomhaireacht an Chórais um Loingseoireacht Satailíte Dhomhanda ('GSA'), a bunaíodh in 2010, agus is é atá ina chomharba ar an Údarás Eorpach um Maoirseoireacht an Chórais um Loingseoireacht Satailíte Dhomhanda, a bunaíodh in 2004, agus a ghlac ar láimh na cúraimí go léir a bhí sannta roimhe sin do Chomhghnóthas GALILEO. Déanann EUSPA bainistiú ar chlár spáis an Aontais Eorpaigh agus soláthraíonn sé seirbhísí atá bainteach leis an spás. I ***bhFíor 3.13.1***, tugtar na príomhfhigiúirí do EUSPA[43].

### Fíor 3.13.1 – Príomhfhigiúirí do EUSPA




* Tá figiúirí an bhuiséid bunaithe ar iomlán na leithreasuithe faoi chomhair íocaíochtaí atá ar fáil le linn na bliana airgeadais.

** Áirítear le 'foireann' oifigigh AE, gníomhairí sealadacha AE, daoine atá fostaithe ar conradh ag an Aontas agus saineolaithe náisiúnta ar iasacht, ach níl oibrithe eatramhacha ná sainchomhairleoirí san áireamh.

*Foinse:* Cuntais bhliantúla EUSPA do bhlianta airgeadais 2021 agus 2022; figiúirí foirne arna soláthar ag EUSPA.

## Faisnéis a thacaíonn leis an ráiteas dearbhaithe

**3.13.2.** I Roinn 3.1, tá tuairisc ar ár gcur chuige iniúchóireachta, an bonn atá lenár dtuairim, na freagrachtaí atá ar bhainistíocht EUSPA agus orthu siúd a bhfuil an rialachas de chúram orthu, agus freagrachtaí an iniúchóra as iniúchóireacht a dhéanamh ar na cuntais agus ar na hidirbhearta is bun leis na cuntais. Is cuid dhílis den tuairim é an síniú atá ar leathanach 367.

[43] Tá tuilleadh eolais faoi ról agus gníomhaíochtaí EUSPA ar fáil ar a shuíomh gréasáin: www.euspa.europa.eu.

## Ráiteas dearbhaithe na Cúirte Iniúchóirí arna chur ar fáil do Pharlaimint na hEorpa agus don Chomhairle – Tuarascáil an iniúchóra neamhspleách

# Tuairim

**3.13.3.** Tá iniúchóireacht déanta againn ar an méid seo a leanas:

(a) cuntais Ghníomhaireacht an Aontais Eorpaigh um an gClár Spáis (‘EUSPA’), atá comhdhéanta de na ráitis airgeadais[44] agus de na tuarascálacha ar chur chun feidhme bhuiséad EUSPA[45] don bhliain airgeadais dar críoch an 31 Nollaig 2022, agus

(b) dlíthiúlacht agus rialtacht na n-idirbheart is bun leis na cuntais sin,

de réir mar a cheanglaítear le hAirteagal 287 den Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh (CFAE).

## Beachtas na gcuntas

### Tuairim maidir le beachtas na gcuntas

**3.13.4.** Is é ár dtuairim go dtugann cuntais EUSPA don bhliain dar críoch an 31 Nollaig 2022 léargas fíorcheart, ar gach slí ábhartha, ar staid airgeadais EUSPA amhail an 31 Nollaig 2022, ar thorthaí a chuid oibríochtaí, ar a shreabha airgid, agus ar na hathruithe ar ghlansócmhainní don bhliain dar críoch an dáta céanna, i gcomhréir lena Rialachán Airgeadais agus le rialacha cuntasaíochta arna nglacadh ag oifigeach cuntasaíochta an Choimisiúin. Tá siad sin bunaithe ar chaighdeáin chuntasaíochta don earnáil phoiblí a bhfuil glacadh go hidirnáisiúnta leo.

---

[44] Tá na ráitis airgeadais comhdhéanta den chlár comhardaithe, den ráiteas um fheidhmíocht airgeadais, den ráiteas faoi shreabhadh airgid, den ráiteas maidir leis na hathruithe ar ghlansócmhainní agus d’achoimre ar bheartais chuntasaíochta shuntasacha agus de nótaí míniúcháin eile.

[45] Tá na tuarascálacha ar chur chun feidhme an bhuiséid comhdhéanta de na tuarascálacha, ina gcomhiomlánaítear na hoibríochtaí buiséadacha go léir, agus de na nótaí míniúcháin.

### Béim ar ábhar

**3.13.5.** Tarraingímid aird ar phointe 3 den roinn 'Buaicphointí oibríochta' sna cuntais: 'Nochtadh a bhaineann leis an gcogadh san Úcráin', ina bhfuil tuairisc ar an tionchar atá ag cogadh foghach na Rúise in aghaidh na hÚcráine ar oibríochtaí EUSPA.

## Dlíthiúlacht agus rialtacht na n-idirbheart is bun leis na cuntais

### Ioncam

**Tuairim maidir le dlíthiúlacht agus rialtacht an ioncaim is bun leis na cuntais**

**3.13.6.** Is é ár dtuairim go bhfuil an t-ioncam is bun le cuntais EUSPA don bhliain dar chríoch an 31 Nollaig 2022 dlíthiúil agus rialta ar gach slí ábhartha.

### Íocaíochtaí

**Tuairim maidir le dlíthiúlacht agus rialtacht na n-íocaíochtaí is bun leis na cuntais**

**3.13.7.** Is é ár dtuairim go bhfuil na híocaíochtaí is bun le cuntais EUSPA don bhliain dar chríoch an 31 Nollaig 2022 dlíthiúil agus rialta ar gach slí ábhartha.

**3.13.8.** Maidir leis na barúlacha anseo ina dhiaidh seo, ní tharraingíonn siad amhras ar bith ar thuairim na Cúirte Iniúchóirí.

## Barúlacha maidir le córais bhainistíochta agus rialaithe

**3.13.9.** I Meán Fómhair 2021, sheol EUSPA nós imeachta idirbheartaithe gan fógra don chonradh a fhoilsiú roimh ré. Is le heintiteas poiblí náisiúnta a rinne sé an nós imeachta sin chun seirbhísí éagsúla a bhaineann le gníomhaíochtaí cuardaigh agus tarrthála a sholáthar. Bhí seirbhísí den chineál céanna á soláthar ag an tairgeoir do EUSPA ó 2016. Bhí sé i gceist ag EUSPA creatchonradh nua le dáta éaga den 31 Nollaig 2032 agus buiséad uasta de €120 milliún a thabhairt i gcrích. Síníodh an creatchonradh críochnaitheach an 1 Nollaig 2022, agus bhí

rannpháirtíocht roinnt fochonraitheoirí clúdaithe ann. Thugamar ar aire go raibh roinnt neamhréireachtaí freisin idir na ceanglais sna sonraíochtaí tairisceana agus measúnú an choiste meastóireachta. Mar shampla, rinneadh tarscaoileadh ar an gceanglas go raibh ar na conraitheoirí a dhearbhú ag céim na meastóireachta nach raibh aon choinbhleacht leasa ann, nó ní dhearnadh anailís chuí air sin. Sampla eile ná gurb é 2022 a úsáideadh mar bhliain thagartha chun praghsanna a shocrú sa tairiscint a fuarthas, seachas 2021 a úsáid faoi mar atá leagtha síos sna sonraíochtaí teicniúla.

## Obair leantach ar bharúlacha ó bhlianta roimhe seo

**3.13.10.** Tugtar forléargas san ***Iarscríbhinn*** ar an ngníomhaíocht a rinneadh mar fhreagairt ar bharúlacha na Cúirte Iniúchóirí ó bhlianta roimhe seo.

# Iarscríbhinn – Obair leantach ar bharúlacha ó bhlianta roimhe seo

| Sraithuimhir | Bliain bharúil CIE | Barúil CIE (achoimre) | Gníomh ceartaitheach a rinneadh agus / nó forbairtí ábhartha eile (achoimre) | Stádas bharúil CIE (Oscailte / Dúnta) |
|---|---|---|---|---|
| 1 | 2021 | Fuaireamar roinnt easnamh nós imeachta in dhá nós imeachta earcaíochta, a bhain an bonn ó phrionsabail na trédhearcachta agus na córa comhionainne i réimse na faisnéise a bhí tugtha sna fógraí folúntais, ar nós gan dóthain treoracha mionsonraithe a bheith tugtha don bhord roghnúcháin agus gan córas scórála a bheith ann. | Tá modhnú déanta ar na teimpléid agus treoracha a thugtar do chomhaltaí bord roghnúcháin, agus tá níos mó treoraíochta á tabhairt do chomhaltaí bord roghnúcháin don uair a bhíonn na critéir le haghaidh fógra folúntais á leagan síos acu. | Dúnta |
| 2 | 2021 | I gcás duine sinsearach den fhoireann a bhí ag dul ag obair in áit éigin eile, d’fhormheas EUSPA an iarraidh ach gur chuir sé srianta leis sin ach gan aon údar cuí a thabhairt do na srianta sin. | Níor thugamar aon chás cosúil leis sin faoi deara in 2022. D’athraigh EUSPA a nósanna imeachta chun déileáil leis na laigí a bhí sainaitheanta. | Dúnta |

# Freagra EUSPA

**3.13.9.** Tugann an Ghníomhaireacht tuairim CIE dá haire. Measann EUSPA go raibh bonn cirt leis na neamhréireachtaí mar gheall ar stádas an phríomhchonraitheora, ar eintiteas poiblí náisiúnta é, agus mar gheall ar na seiceálacha a rinne an príomhchonraitheoir sin.

Maidir leis an mbliain tagartha a úsáidtear chun an praghas a shocrú sa tairiscint, ghlac an Ghníomhaireacht leis an diall sna coinníollacha eacnamaíocha tagartha a leagtar amach sna sonraíochtaí teicniúla (2021) mar gheall ar fhad an nós imeachta, as a dtáinig deireadh an chonartha ag deireadh 2022.


# Gníomhaireachtaí a mhaoinítear faoi Cheannteideal 2 de CAI – Comhtháthú, Athléimneacht agus Luachanna

# 3.14. An Lárionad Eorpach um Fhorbairt na Gairmoiliúna (Cedefop)

## Réamhrá

**3.14.1.** Is le Rialachán (CEE) Uimh. 337/75 ón gComhairle, arna aisghairm agus arna ionadú le Rialachán (CE) 2019/128, a bunaíodh an Lárionad Eorpach um Fhorbairt na Gairmoiliúna ('Cedefop'), atá lonnaithe in Thessaloniki. Cothaíonn Cedefop forbairt na gairmoiliúna ar leibhéal an Aontais trí dhoiciméadacht faoi chórais ghairmoiliúna a thiomsú agus a chraobhscaoileadh. I ***bhFíor 3.14.1***, tugtar na príomhfhigiúirí do Cedefop[46].

### Fíor 3.14.1 – Príomhfhigiúirí do Cedefop




* Tá figiúirí an bhuiséid bunaithe ar iomlán na leithreasuithe faoi chomhair íocaíochtaí atá ar fáil le linn na bliana airgeadais.

** Áirítear le 'foireann' oifigigh AE, gníomhairí sealadacha AE, daoine atá fostaithe ar conradh ag an Aontas agus saineolaithe náisiúnta ar iasacht, ach níl oibrithe eatramhacha ná sainchomhairleoirí san áireamh.

*Foinse:* Cuntais bhliantúla Cedefop do bhlianta airgeadais 2021 agus 2022; figiúirí foirne arna soláthar ag Cedefop.

## Faisnéis a thacaíonn leis an ráiteas dearbhaithe

**3.14.2.** I Roinn 3.1, tá tuairisc ar ár gcur chuige iniúchóireachta, an bonn atá lenár dtuairim, na freagrachtaí atá ar bhainistíocht Cedefop agus orthu siúd a bhfuil an rialachas de chúram orthu, agus freagrachtaí an iniúchóra as iniúchóireacht a dhéanamh ar na cuntais agus ar na hidirbhearta is bun leis na cuntais. Is cuid dhílis den tuairim é an síniú atá ar leathanach 367.

[46] Tá tuilleadh eolais faoi ról agus gníomhaíochtaí Cedefop ar fáil ar a shuíomh gréasáin: www.cedefop.europa.eu.

## Ráiteas dearbhaithe na Cúirte Iniúchóirí arna chur ar fáil do Pharlaimint na hEorpa agus don Chomhairle – Tuarascáil an iniúchóra neamhspleách

# Tuairim

**3.14.3.** Tá iniúchóireacht déanta againn ar an méid seo a leanas:

(a) cuntais an Lárionaid Eorpaigh um Fhorbairt na Gairmoiliúna ('Cedefop'), atá comhdhéanta de na ráitis airgeadais[47] agus de na tuarascálacha ar chur chun feidhme bhuiséad Cedefop[48] don bhliain airgeadais dar chríoch an 31 Nollaig 2022, agus

(b) dlíthiúlacht agus rialtacht na n-idirbheart is bun leis na cuntais sin,

de réir mar a cheanglaítear le hAirteagal 287 den Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh (CFAE).

## Beachtas na gcuntas

### Tuairim maidir le beachtas na gcuntas

**3.14.4.** Is é ár dtuairim go dtugann cuntais Cedefop don bhliain dar chríoch an 31 Nollaig 2022 léargas fíorcheart, ar gach slí ábharthach, ar staid airgeadais Cedefop amhail an 31 Nollaig 2022, ar thorthaí a chuid oibríochtaí, ar a shreabha airgid, agus ar na hathruithe ar ghlansócmhainní don bhliain dar chríoch an dáta céanna, i gcomhréir lena Rialachán Airgeadais agus le rialacha cuntasaíochta arna nglacadh ag oifigeach cuntasaíochta an Choimisiúin. Tá siad sin bunaithe ar chaighdeáin chuntasaíochta don earnáil phoiblí a bhfuil glacadh go hidirnáisiúnta leo.

---

[47] Tá na ráitis airgeadais comhdhéanta den chlár comhardaithe, den ráiteas um fheidhmíocht airgeadais, den ráiteas faoi shreabhadh airgid, den ráiteas maidir leis na hathruithe ar ghlansócmhainní agus d'achoimre ar bheartais chuntasaíochta shuntasacha agus de nótaí míniúcháin eile.

[48] Tá na tuarascálacha ar chur chun feidhme an bhuiséid comhdhéanta de na tuarascálacha, ina gcomhiomlánaítear na hoibríochtaí buiséadacha go léir, agus de na nótaí míniúcháin.

## Dlíthiúlacht agus rialtacht na n-idirbheart is bun leis na cuntais

### Ioncam

**Tuairim maidir le dlíthiúlacht agus rialtacht an ioncaim is bun leis na cuntais**

**3.14.5.** Is é ár dtuairim go bhfuil an t-ioncam is bun le cuntais Cedefop don bhliain dar chríoch an 31 Nollaig 2022 dlíthiúil agus rialta ar gach slí ábharthach.

### Íocaíochtaí

**Tuairim maidir le dlíthiúlacht agus rialtacht na n-íocaíochtaí is bun leis na cuntais**

**3.14.6.** Is é ár dtuairim go bhfuil na híocaíochtaí is bun le cuntais Cedefop don bhliain dar chríoch an 31 Nollaig 2022 dlíthiúil agus rialta ar gach slí ábharthach.

**3.14.7.** Maidir leis na barúlacha anseo ina dhiaidh seo, ní tharraingíonn siad amhras ar bith ar thuairim na Cúirte Iniúchóirí.

## Barúlacha maidir le dlíthiúlacht agus rialtacht na n-idirbheart

**3.14.8.** Idir 2017 agus 2022, d'íoc Cedefop liúntais chothaithe mhíosúla agus laethúla le beirt náisiúnach Gréagach a bhí fostaithe mar shaineolaithe náisiúnta ar iasacht (SNInna). Ós rud é go bhfuil Cedefop lonnaithe sa Ghréig, ní raibh an bheirt SNInna i dteideal na liúntas sin faoi rialacha inmheánacha Cedefop. Nuair a shainaithin Cedefop an tsaincheist sin in 2022, thaifead sé an dá chás i gclár na n-eisceachtaí mar aon lena chinneadh gan na híocaíochtaí a bhí déanta roimhe sin leis an mbeirt SNInna a éileamh ar ais. Sa bhreis air sin, thug Cedefop isteach tréimhse céimnithe amach de thrí mhí don SNI a fós fostaithe aige ag an am sin. Is íocaíochtaí neamhrialta iad iomlán na n-íocaíochtaí gaolmhara leis an mbeirt SNInna le linn thréimhse 2017-2022, ar fiú €222 647 iad. Is é €36 608 a bhí sna híocaíochtaí neamhrialta le haghaidh 2022.

## Barúlacha maidir leis an mbainistíocht bhuiséadach

**3.14.9.** Ní dhearna Cedefop modh ríofa na ranníocaíochtaí atá leagtha síos sa Ráiteas ar chomhar idir Cedefop agus Comhlachas Saorthrádála na hEorpa a chur i bhfeidhm i gceart i ndáil le Leasú Uimh. 1 dá bhuiséad. Mar thoradh air sin, bhí ranníocaíochtaí na hIorua agus na hÍoslainne le buiséad Cedefop do 2022 níos airde ná ba cheart dóibh a bheith, cé go raibh ranníocaíocht an Aontais níos ísle ná ba cheart dó a bheith. Is maolú é sin ar Airteagal 3(2) de Phrótacal 32 atá i gceangal leis an Limistéar Eorpach Eacnamaíoch atá tugtha i gcrích idir an tAontas Eorpach agus tíortha Chomhlachas Saorthrádála na hEorpa.

Tugaimid ar aire go ndearnadh leasú ar Phrótacal 31 maidir le Comhar i Réimsí ar leith lasmuigh de na Ceithre Shaoirse a shíniú agus gur tháinig sé sin i bhfeidhm an 1 Eanáir 2023. Dá bhrí sin, amhail ó 2023, is trí bhuiséad AE a gheobhaidh Cedefop ranníocaíochtaí na hIorua agus na hÍoslainne lena bhuiséad. Mar thoradh air sin, ní thiocfaidh an cheist seo aníos arís i.e. coigeartuithe ar ranníocaíochtaí thíortha Chomhlachas Saorthrádála na hEorpa mar gheall ar leasuithe ar bhuiséad Cedefop.

## Obair leantach ar bharúlacha ó bhlianta roimhe seo

**3.14.10.** Tugtar forléargas san ***Iarscríbhinn*** ar an ngníomhaíocht a rinneadh mar fhreagairt ar bharúlacha na Cúirte Iniúchóirí ó bhlianta roimhe seo.

# Iarscríbhinn – Obair leantach ar bharúlacha ó bhlianta roimhe seo

| Sraithuimhir | Bliain bharúil CIE | Barúil CIE (achoimre) | Gníomh ceartaitheach a rinneadh agus / nó forbairtí ábhartha eile (achoimre) | Stádas bharúil CIE<br><br>(Oscailte / Dúnta) |
|---|---|---|---|---|
| 1 | 2021 | Laigí i nósanna imeachta earcaíochta Cedefop:<br><br>(a) Gan treoirlínte soiléire agus mionsonraithe ann faoin gcaoi leis na critéir réamhroghnúcháin a scóráil, rud a d'fhéadfadh a bheith ina bhuntáiste nó ina mhíbhuntáiste d'iarrthóirí, agus<br><br>(b) Scrúdaithe scríofa a rinneadh ar mhodh cianda, agus a bhí ar siúl thar thréimhse roinnt laethanta gan aon rud déanta chun na rioscaí atá ag gabháil leis sin a mhaolú. | (a) Tá athrú ó bhonn déanta ag an tseirbhís acmhainní daonna ar a ról mar chomhairleoir do na boird roghnúcháin, rud a chuir feabhas ar an treoraíocht a thugann sé agus an sceidealú ama. Tá uirlis agus modheolaíocht nua forbartha agus curtha i bhfeidhm sa chéim réamhroghnúcháin de na nósanna imeachta earcaíochta.<br><br>(b) Bíonn gach scrúdú scríofa a bhaineann le nós imeachta roghnúcháin ar siúl ag an am céanna. | Dúnta |

| Sraithuimhir | Bliain bharúil CIE | Barúil CIE (achoimre) | Gníomh ceartaitheach a rinneadh agus / nó forbairtí ábhartha eile (achoimre) | Stádas bharúil CIE (Oscailte / Dúnta) |
|---|---|---|---|---|
| 2 | 2021 | Laigí sa bhainistíocht íocaíochta a mhéid a bhaineann le rialuithe *ex ante*:<br><br>(a) Íocadh sonrasc gan na praghsanna bunúsacha a sheiceáil ná an raibh an táille ardaithe luacha a comhaontaíodh curtha i bhfeidhm i gceart,<br><br>(b) Íocaíocht déanta gan na dearbhuithe sonracha a cheanglaítear a dhéanamh faoin gconradh a bheith faighte, agus<br><br>(c) Moill san íocaíocht deiridh deontais mar gheall nach raibh plean teagmhasach ann sa chás go mbeadh daoine den fhoireann as láthair. | Rinne Cedefop a nósanna imeachta inmheánacha a oiriúnú chun aghaidh a thabhairt ar na laigí atá sainaitheanta trí threoracha a eisiúint don fhoireann agus trí athbhreithniú a dhéanamh ar na seicliostaí inmheánacha. | Dúnta |
| 3 | 2021 | Laigí san aistriú go ABAC:<br><br>(a) Ní raibh na dátaí deiridh don chur chun feidhme taifeadta i gceart i gcás gealltanas buiséadach a bhí tugtha anonn, agus<br><br>(b) Ríomh mícheart ar ús déanach mar gheall go raibh an sprioc-am don íocaíocht socraithe mícheart. | (a) Tugadh cásanna den chineál céanna faoi deara sna gealltanais bhuiséadacha a tugadh anonn ó 2022 go 2023. I gcás inar ghá sin a dhéanamh, cheartaigh Cedefop an dáta deiridh don chur chun feidhme.<br><br>(b) Dhéileáil Cedefop leis an tsaincheist seo agus ní raibh aon chás eile den chineál céanna ann in 2022. | Oscailte i gcás (a)<br><br>Dúnta i gcás (b) |

# Freagra Cedefop

**3.14.8.** Aithníonn Cedefop nach raibh an bheirt Shaineolaithe Náisiúnta ar Iasacht (SNInna) Gréagacha i dteideal liúntais a fháil. Ba mhaith leis a chur i bhfios go láidir, áfach: a) go ndearna Cedefop an tsaincheist sin a shainaithint agus a dhoiciméadú i gclárlann na neamhchomhlíontachta agus na n-eisceachtaí in 2022, ar a thionscnamh féin agus i bhfad sula ndearnadh an t-iniúchadh; agus b) go ndearna Cedefop an staid a cheartú bunaithe ar an anailís dhlíthiúil agus ar an gcomhairle a lorg a dhlíodóir seachtrach.  Tá sé beartaithe ag Cedefop a rialacha a leasú chun gur féidir le haon SNI ar gá dóibh a n-áit chónaithe a athrú agus a athlonnú go Thessaloniki a bheith incháilithe chun liúntais a fháil. D'áiritheofaí leis sin freisin go gcaithfear go cothrom le SNInna go neamhspleách ar a náisiúntacht.


**3.14.9.** Glacann Cedefop leis an gcinneadh.

# 3.15. An Lárionad Eorpach um Ghalair a Chosc agus a Rialú (ECDC)

## Réamhrá

**3.15.1.** Is le Rialachán (CE) Uimh. 851/2004 a bunaíodh an Lárionad Eorpach um Ghalair a Chosc agus a Rialú ('ECDC'), atá lonnaithe i Stócólm. Déanann ECDC sonraí maidir le cosc agus rialú galar daonna a bhailiú agus a chraobhscaoileadh, agus cuireann sé tuairimí eolaíocha ar fáil maidir leis an ábhar sin. Is é ECDC freisin a chomhordaíonn an líonra Eorpach comhlachtaí atá ag feidhmiú sa réimse sin. I ***bhFíor 3.15.1***, tugtar na príomhfhigiúirí do ECDC[49].

### Fíor 3.15.1 – Príomhfhigiúirí do ECDC




* Tá figiúirí an bhuiséid bunaithe ar iomlán na leithreasuithe faoi chomhair íocaíochtaí atá ar fáil le linn na bliana airgeadais.

** Áirítear le 'foireann' oifigigh AE, gníomhairí sealadacha AE, daoine atá fostaithe ar conradh ag an Aontas agus saineolaithe náisiúnta ar iasacht, ach níl oibrithe eatramhacha ná sainchomhairleoirí san áireamh.

*Foinse:* Cuntais bhliantúla ECDC do bhlianta airgeadais 2021 agus 2022; figiúirí foirne arna soláthar ag ECDC.

## Faisnéis a thacaíonn leis an ráiteas dearbhaithe

**3.15.2.** I Roinn 3.1, tá tuairisc ar ár gcur chuige iniúchóireachta, an bonn atá lenár dtuairim, na freagrachtaí atá ar bhainistíocht ECDC agus orthu siúd a bhfuil an rialachas de chúram orthu, agus freagrachtaí an iniúchóra as iniúchóireacht a dhéanamh ar na cuntais agus ar na hidirbhearta is bun leis na cuntais. Is cuid dhílis den tuairim é an síniú atá ar leathanach 367.

[49] Tá tuilleadh eolais faoi ról agus gníomhaíochtaí ECDC ar fáil ar a shuíomh gréasáin: www.ecdc.europa.eu.

## Ráiteas dearbhaithe na Cúirte Iniúchóirí arna chur ar fáil do Pharlaimint na hEorpa agus don Chomhairle – Tuarascáil an iniúchóra neamhspleách

# Tuairim

**3.15.3.** Tá iniúchóireacht déanta againn ar an méid seo a leanas:

(a) cuntais an Lárionaid Eorpaigh um Ghalair a Chosc agus a Rialú (‘ECDC’), atá comhdhéanta de na ráitis airgeadais[50] agus de na tuarascálacha ar chur chun feidhme bhuiséad ECDC[51] don bhliain airgeadais dar críoch an 31 Nollaig 2022, agus

(b) dlíthiúlacht agus rialtacht na n-idirbheart is bun leis na cuntais sin,

de réir mar a cheanglaítear le hAirteagal 287 den Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh (CFAE).

## Beachtas na gcuntas

### Tuairim maidir le beachtas na gcuntas

**3.15.4.** Is é ár dtuairim go dtugann cuntais ECDC don bhliain dar críoch an 31 Nollaig 2022 léargas fíorcheart, ar gach slí ábhartha, ar staid airgeadais ECDC amhail an 31 Nollaig 2022, ar thorthaí a chuid oibríochtaí, ar a shreabha airgid, agus ar na hathruithe ar ghlansócmhainní don bhliain dar críoch an dáta céanna, i gcomhréir lena Rialachán Airgeadais agus le rialacha cuntasaíochta arna nglacadh ag oifigeach cuntasaíochta an Choimisiúin. Tá siad sin bunaithe ar chaighdeáin chuntasaíochta don earnáil phoiblí a bhfuil glacadh go hidirnáisiúnta leo.

---

[50] Tá na ráitis airgeadais comhdhéanta den chlár comhardaithe, den ráiteas um fheidhmíocht airgeadais, den ráiteas faoi shreabhadh airgid, den ráiteas maidir leis na hathruithe ar ghlansócmhainní agus d’achoimre ar bheartais chuntasaíochta shuntasacha agus de nótaí míniúcháin eile.

[51] Tá na tuarascálacha ar chur chun feidhme an bhuiséid comhdhéanta de na tuarascálacha, ina gcomhiomlánaítear na hoibríochtaí buiséadacha go léir, agus de na nótaí míniúcháin.

## Dlíthiúlacht agus rialtacht na n-idirbheart is bun leis na cuntais

### Ioncam

**Tuairim maidir le dlíthiúlacht agus rialtacht an ioncaim is bun leis na cuntais**

**3.15.5.** Is é ár dtuairim go bhfuil an t-ioncam is bun le cuntais ECDC don bhliain dar chríoch an 31 Nollaig 2022 dlíthiúil agus rialta ar gach slí ábharthach.

### Íocaíochtaí

**Tuairim cháilithe maidir le dlíthiúlacht agus rialtacht na n-íocaíochtaí is bun leis na cuntais**

**3.15.6.** Is é ár dtuairim, cé is moite de na héifeachtaí atá ag an ábhar a mhínítear sa mhír faoin teideal 'Bonn do thuairim cháilithe maidir le dlíthiúlacht agus rialtacht na n-íocaíochtaí is bun leis na cuntais', go bhfuil na híocaíochtaí is bun le cuntais ECDC don bhliain dar chríoch an 31 Nollaig 2022 dlíthiúil agus rialta ar gach slí ábharthach.

**Bonn do thuairim cháilithe maidir le dlíthiúlacht agus rialtacht na n-íocaíochtaí is bun leis na cuntais**

**3.15.7.** In 2022, lean ECDC de bheith ag bainistiú na ndeontas gorlainne ón Údarás um Ullmhacht agus Freagairt i dtaca le hÉigeandáil Sláinte (HERA) a bhí á n-íoc le 24 údarás sláinte náisiúnta i dtíortha an Aontais agus an Limistéir Eorpaigh Eacnamaíoch. Bhí na deontais sin ann chun feabhas a chur ar acmhainneachtaí náisiúnta agus ar an mbonneagar saotharlann a bhí ag teastáil chun athrathaigh nua den víreas SARS-CoV-2 a shainaithint agus faireachán a dhéanamh orthu. Is é €77 milliún a bhí sa leithdháileadh iomlán in 2021, a raibh €60 milliún de sin curtha chun feidhme faoi dheireadh 2022.

Is údaráis sláinte phoiblí, arna rialú leis an dlí poiblí, a bhí sna tairbhithe agus bhí siad ag gabháil do ghníomhaíochtaí ina gcáil mar údaráis phoiblí. Faoi mar atá leagtha síos leis an dlí atá ag éirí as cásanna cúirte, caithfidh comhlacht atá á rialú leis an dlí poiblí a bheith ag oibriú faoi chóras dlíthiúil speisialta chun go bhféadfar a dhéanamh amach an bhfuil an comhlacht sin ag gabháil do ghníomhaíocht mar údarás poiblí. Ciallaíonn sé sin go bhfuil úsáid a bhaint as cumhachtaí poiblí i gceist le bheith ag gabháil do na gníomhaíochtaí sin. Sa chás seo, is iad na húdaráis phoiblí sin, atá ag feidhmiú cumhachtaí poiblí agus nach

féidir, dá réir sin, a tharmligean chuig gníomhaithe príobháideacha, a cheap agus a chur chun feidhme an cinneadh críochnaitheach i dtaobh na ngníomhaíochtaí a bhí le saothrú mar chuid de fhreagairt na mBallstát ar ghéarchéim sláinte poiblí. Dá bhrí sin, bhí na tairbhithe ag gabháil do ghníomhaíochtaí mar údaráis phoiblí agus dá thoradh sin ní costas incháilithe faoi Airteagal 186(4)(c) den Rialachán Airgeadais atá in CBL.

Rinneamar iniúchóireacht ar cheithre chomhaontú deontais a raibh luach iomlán de €7.9 milliún ag gabháil leo. Thugamar faoi deara go raibh CBL de luach €0.6 milliún (8.1 %) luaite sna costais incháilithe do thrí cinn díobh sin.

Tá an méid iomlán measta de chaiteachas neamhchomhlíontach bunaithe ar an ráta agus méid CBL a fuarthas inár sampla a bhfuil tuairisc anseo thuas air. Arna chur sin i bhfeidhm i leith an chaiteachais iomláin a tabhaíodh (i.e. €60 milliún) bunaithe ar an bhfaisnéis atá curtha ar fáil ag ECDC, is ionann é sin agus 2.8 % d’iomlán na leithreasuithe faoi chomhair íocaíochtaí a bhí ar fáil in 2022. Is mó é sin ná an tairseach ábharthachta atá leagtha síos don iniúchadh seo.

An Lárionad Eorpach um Ghalair a Chosc agus a Rialú (ECDC)

# Freagra ECDC

**3.15.7.** Bunaithe ar anailís ECDC, is costas incháilithe é CBL toisc nach raibh na tairbhithe ag gníomhú mar údaráis phoiblí nuair a thug siad faoi na gníomhaíochtaí incháilithe faoin deontas.

Chun nach mbeidh CBL incháilithe, ní mór don chomhlacht sin, ag gníomhú dó mar údarás poiblí, na gníomhaíochtaí a chur i gcrích. Tá sé sainithe ag Cúirt Bhreithiúnais an Aontais Eorpaigh gurb ionann gníomhú mar údarás poiblí agus a bheith gníomhú i réimse nach ngníomhaíonn údaráis rialtais faoi na coinníollacha dlíthiúla céanna le gníomhaithe príobháideacha ann, agus i gcás ina mbíonn an ghníomhaíocht sin i gcomhréir le córas dlí speisialta, i bhfeidhmiú cumhachtaí poiblí. Is í an tslí nó an modh ina ndéantar na gníomhaíochtaí a chinneann cibé acu an mbíonn gníomhaíocht den sórt sin ag gabháil do ghníomhaíocht den sórt sin mar údarás poiblí, seachas ábhar ná críoch na gníomhaíochta sin.

Sa chás seo, shainigh ECDC na gníomhaíochtaí incháilithe sna doiciméid deontais: ceannach bonneagair/trealaimh/imoibrithe/soláthairtí saotharlainne do WGS agus do RT-PCR, ailíniú eagraíochtúil chun úsáid a bhaint as na ceannacháin, bainistiú sonraí agus próisis chomhroinnte, oiliúint maidir le húsáid an trealaimh, pearsanra agus comhairleachta.

Deimhníonn suirbhéanna a dhéanann ECDC agus soláthairtí WGS a cuireadh i gcrích roimhe seo gurb iad gníomhaithe poiblí agus príobháideacha a dhéanann na gníomhaíochtaí deontais faoi na coinníollacha dlíthiúla céanna. Thairis sin, leis na deontais tugadh an deis do thairbhithe páirtithe príobháideacha a áireamh mar eintitis chleamhnaithe faoi mar a rinne roinnt de na tairbhithe.


Ní raibh sé i gceist le gníomhaíochtaí na ndeontas straitéisí náisiúnta sláinte poiblí a chinneadh. Tugadh faoi na gníomhaíochtaí faoin deontas i gcur chun feidhme na straitéise náisiúnta sláinte poiblí. Bíonn gníomhaithe poiblí agus príobháideacha rannpháirteach i gcur chun feidhme na straitéise sláinte poiblí náisiúnta faoi réir na gcoinníollacha dlíthiúla céanna.

# 3.16. An tÚdarás Eorpach um Shábháilteacht Bia (EFSA)

## Réamhrá

**3.16.1.** Bunaíodh an tÚdarás Eorpach um Shábháilteacht Bia ('EFSA'), atá lonnaithe in Parma, le Rialachán (CE) Uimh. 178/2002. Soláthraíonn EFSA an fhaisnéis eolaíoch atá riachtanach chun reachtaíocht de chuid an Aontais maidir le bia agus sábháilteacht bia a dhréachtú; bailíonn sé agus déanann sé anailís ar shonraí chun rioscaí a shainaithint agus chun faireachán a dhéanamh orthu; agus cuireann sé faisnéis neamhspleách ar fáil faoi na rioscaí sin. I ***bhFíor 3.16.1***, tugtar na príomhfhigiúirí do EFSA[52].

### Fíor 3.16.1 – Príomhfhigiúirí do EFSA




* Tá figiúirí an bhuiséid bunaithe ar iomlán na leithreasuithe faoi chomhair íocaíochtaí atá ar fáil le linn na bliana airgeadais.

** Áirítear le 'foireann' oifigigh AE, gníomhairí sealadacha AE, daoine atá fostaithe ar conradh ag an Aontas agus saineolaithe náisiúnta ar iasacht, ach níl oibrithe eatramhacha ná sainchomhairleoirí san áireamh.

*Foinse:* Cuntais bhliantúla EFSA do bhlianta airgeadais 2021 agus 2022; figiúirí foirne arna soláthar ag EFSA.

## Faisnéis a thacaíonn leis an ráiteas dearbhaithe

**3.16.2.** I Roinn 3.1, tá tuairisc ar ár gcur chuige iniúchóireachta, an bonn atá lenár dtuairim, na freagrachtaí atá ar bhainistíocht EFSA agus orthu siúd a bhfuil an rialachas de chúram orthu, agus freagrachtaí an iniúchóra as iniúchóireacht a dhéanamh ar na cuntais agus ar na hidirbhearta is bun leis na cuntais. Is cuid dhílis den tuairim é an síniú atá ar leathanach 367.

[52] Tá tuilleadh eolais faoi ról agus gníomhaíochtaí EFSA ar fáil ar a shuíomh gréasáin: www.efsa.europa.eu.

## Ráiteas dearbhaithe na Cúirte Iniúchóirí arna chur ar fáil do Pharlaimint na hEorpa agus don Chomhairle – Tuarascáil an iniúchóra neamhspleách

# Tuairim

**3.16.3.** Tá iniúchóireacht déanta againn ar an méid seo a leanas:

(a) cuntais an Údaráis Eorpaigh um Shábháilteacht Bia ('EFSA'), atá comhdhéanta de na ráitis airgeadais[53] agus de na tuarascálacha ar chur chun feidhme bhuiséad EFSA[54] don bhliain airgeadais dar críoch an 31 Nollaig 2022, agus

(b) dlíthiúlacht agus rialtacht na n-idirbheart is bun leis na cuntais sin,

de réir mar a cheanglaítear le hAirteagal 287 den Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh (CFAE).

## Beachtas na gcuntas

### Tuairim maidir le beachtas na gcuntas

**3.16.4.** Is é ár dtuairim go dtugann cuntais EFSA don bhliain dar críoch an 31 Nollaig 2022 léargas fíorcheart, ar gach slí ábhartha, ar staid airgeadais EFSA amhail an 31 Nollaig 2022, ar thorthaí a chuid oibríochtaí, ar a shreabha airgid, agus ar na hathruithe ar ghlansócmhainní don bhliain dar críoch an dáta céanna, i gcomhréir lena Rialachán Airgeadais agus le rialacha cuntasaíochta arna nglacadh ag oifigeach cuntasaíochta an Choimisiúin. Tá siad sin bunaithe ar chaighdeáin chuntasaíochta don earnáil phoiblí a bhfuil glacadh go hidirnáisiúnta leo.

---

[53] Tá na ráitis airgeadais comhdhéanta den chlár comhardaithe, den ráiteas um fheidhmíocht airgeadais, den ráiteas faoi shreabhadh airgid, den ráiteas maidir leis na hathruithe ar ghlansócmhainní agus d'achoimre ar bheartais chuntasaíochta shuntasacha agus de nótaí míniúcháin eile.

[54] Tá na tuarascálacha ar chur chun feidhme an bhuiséid comhdhéanta de na tuarascálacha, ina gcomhiomlánaítear na hoibríochtaí buiséadacha go léir, agus de na nótaí míniúcháin.

## Dlíthiúlacht agus rialtacht na n-idirbheart is bun leis na cuntais

### Ioncam

**Tuairim maidir le dlíthiúlacht agus rialtacht an ioncaim is bun leis na cuntais**

**3.16.5.** Is é ár dtuairim go bhfuil an t-ioncam is bun le cuntais EFSA don bhliain dar chríoch an 31 Nollaig 2022 dlíthiúil agus rialta ar gach slí ábhartharch.

### Íocaíochtaí

**Tuairim maidir le dlíthiúlacht agus rialtacht na n-íocaíochtaí is bun leis na cuntais**

**3.16.6.** Is é ár dtuairim go bhfuil na híocaíochtaí is bun le cuntais EFSA don bhliain dar chríoch an 31 Nollaig 2022 dlíthiúil agus rialta ar gach slí ábhartharch.

## Obair leantach ar bharúlacha ó bhlianta roimhe seo

**3.16.7.** Tugtar forléargas san ***Iarscríbhinn*** ar an ngníomhaíocht a rinneadh mar fhreagairt ar bharúlacha na Cúirte Iniúchóirí ó bhlianta roimhe seo.

# Iarscríbhinn – Obair leantach ar bharúlacha ó bhlianta roimhe seo

| Sraithuimhir | Bliain bharúil CIE | Barúil CIE (achoimre) | Gníomh ceartaitheach a rinneadh agus / nó forbairtí ábhartha eile (achoimre) | Stádas bharúil CIE (Oscailte / Dúnta) |
|---|---|---|---|---|
| 1 | 2017 | Ní foláir neamhspleáchas an oifigigh cuntasaíochta a neartú trína chur faoi fhreagracht dhíreach (ar bhonn riaracháin) Stiúrthóir EFSA. | Le déanaí, chuir EFSA an t-oifigeach cuntasaíochta faoi fhreagracht ar bhonn feidhmiúil an Bhoird Bainistíochta. Níl sé i gceist aige tuilleadh athruithe a dhéanamh, amhail nasc díreach maidir le tuairisciú riaracháin chuig Stiúrthóirí EFSA a thabhairt isteach, ós rud é go bhfuil na ceanglais fhoirmiúla a leagtar síos sa Rialachán Airgeadais chun neamhspleáchas an oifigigh cuntasaíochta a áirithiú i bhfeidhm cheana féin. | Dúnta |

# Freagra EFSA


**3.16.4 & 3.16.5** Admhaíonn an tÚdarás go bhfuarthas an tuarascáil iniúchóireachta ghlan ón gCúirt Iniúchóirí agus fáiltíonn EFSA roimh na tuairimí iniúchóireachta neamhcháilithe maidir le hiontaofacht na gcuntas agus dlíthiúlacht agus rialtacht na n-idirbheart is bun leis na cuntais.

# 3.17. An Institiúid Eorpach um Chomhionannas Inscne (EIGE)

## Réamhrá

**3.17.1.** Bunaíodh an Institiúid Eorpach um Chomhionannas Inscne ('EIGE'), atá lonnaithe i Vilnias, le Rialachán (CE) Uimh. 1922/2006. Déanann EIGE faisnéis maidir le comhionannas inscne a bhailiú, a anailísiú agus a chraobhscaoileadh, agus déanann sé uirlisí modheolaíochta a fhorbairt, a mheas agus a chraobhscaoileadh chun tacú le comhionannas inscne a shníomh isteach i mbeartais uile an Aontais. I ***bhFíor 3.17.1***, tugtar na príomhfhigiúirí do EIGE[55].

### Fíor 3.17.1 – Príomhfhigiúirí do EIGE




* Tá figiúirí an bhuiséid bunaithe ar iomlán na leithreasuithe faoi chomhair íocaíochtaí atá ar fáil le linn na bliana airgeadais.

** Áirítear le 'foireann' oifigigh AE, gníomhairí sealadacha AE, daoine atá fostaithe ar conradh ag an Aontas agus saineolaithe náisiúnta ar iasacht, ach níl oibrithe eatramhacha ná sainchomhairleoirí san áireamh.

*Foinse:* Cuntais bhliantúla EIGE do bhlianta airgeadais 2021 agus 2022; figiúirí foirne arna soláthar ag EIGE.

## Faisnéis a thacaíonn leis an ráiteas dearbhaithe

**3.17.2.** I Roinn 3.1, tá tuairisc ar ár gcur chuige iniúchóireachta, an bonn atá lenár dtuairim, na freagrachtaí atá ar bhainistíocht EIGE agus orthu siúd a bhfuil an rialachas de chúram orthu, agus freagrachtaí an iniúchóra as iniúchóireacht a dhéanamh ar na cuntais agus ar na hidirbhearta is bun leis na cuntais. Is cuid dhílis den tuairim é an síniú atá ar leathanach 367.

[55] Tá tuilleadh eolais faoi ról agus gníomhaíochtaí EIGE ar fáil ar a shuíomh gréasáin: www.eige.europa.eu.

## Ráiteas dearbhaithe na Cúirte Iniúchóirí arna chur ar fáil do Pharlaimint na hEorpa agus don Chomhairle – Tuarascáil an iniúchóra neamhspleách

# Tuairim

**3.17.3.** Tá iniúchóireacht déanta againn ar an méid seo a leanas:

(a) cuntais na hInstitiúide Eorpaí um Chomhionannas Inscne (EIGE), atá comhdhéanta de na ráitis airgeadais[56] agus de na tuarascálacha ar chur chun feidhme bhuiséad EIGE[57] don bhliain airgeadais dar críoch an 31 Nollaig 2022, agus

(b) dlíthiúlacht agus rialtacht na n-idirbheart is bun leis na cuntais sin,

de réir mar a cheanglaítear le hAirteagal 287 den Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh (CFAE).

## Beachtas na gcuntas

### Tuairim maidir le beachtas na gcuntas

**3.17.4.** Is é ár dtuairim go dtugann cuntais EIGE don bhliain dar chríoch an 31 Nollaig 2022 léargas fíorcheart, ar gach slí ábhartha, ar staid airgeadais EIGE amhail an 31 Nollaig 2022, ar thorthaí a chuid oibríochtaí, ar a shreabha airgid, agus ar na hathruithe ar ghlansócmhainní don bhliain dar chríoch an dáta céanna, i gcomhréir lena Rialachán Airgeadais agus le rialacha cuntasaíochta arna nglacadh ag oifigeach cuntasaíochta an Choimisiúin. Tá siad sin bunaithe ar chaighdeáin chuntasaíochta don earnáil phoiblí a bhfuil glacadh go hidirnáisiúnta leo.

---

[56] Tá na ráitis airgeadais comhdhéanta den chlár comhardaithe, den ráiteas um fheidhmíocht airgeadais, den ráiteas faoi shreabhadh airgid, den ráiteas maidir leis na hathruithe ar ghlansócmhainní agus d'achoimre ar bheartais chuntasaíochta shuntasacha agus de nótaí míniúcháin eile.

[57] Tá na tuarascálacha ar chur chun feidhme an bhuiséid comhdhéanta de na tuarascálacha, ina gcomhiomlánaítear na hoibríochtaí buiséadacha go léir, agus de na nótaí míniúcháin.

## Dlíthiúlacht agus rialtacht na n-idirbheart is bun leis na cuntais

### Ioncam

**Tuairim maidir le dlíthiúlacht agus rialtacht an ioncaim is bun leis na cuntais**

**3.17.5.** Is é ár dtuairim go bhfuil an t-ioncam is bun le cuntais EIGE don bhliain dar chríoch an 31 Nollaig 2022 dlíthiúil agus rialta ar gach slí ábhartharch.

### Íocaíochtaí

**Tuairim maidir le dlíthiúlacht agus rialtacht na n-íocaíochtaí is bun leis na cuntais**

**3.17.6.** Is é ár dtuairim go bhfuil na híocaíochtaí is bun le cuntais EIGE don bhliain dar chríoch an 31 Nollaig 2022 dlíthiúil agus rialta ar gach slí ábhartharch.

**3.17.7.** Maidir leis na barúlacha anseo ina dhiaidh seo, ní tharraingíonn siad amhras ar bith ar thuairim na Cúirte Iniúchóirí.

## Barúlacha maidir le dlíthiúlacht agus rialtacht na n-idirbheart

**3.17.8.** In dhá íocaíocht a ndearnadh iniúchóireacht orthu fuaireamar go raibh catagóir costas ('caiteachas gan choinne') nach n-áirítear sa chreatchonradh de €3.7 milliún curtha san áireamh sna conarthaí sonracha (foirmeacha ordaithe) agus sonraisc. Ba é €511 296 an méid iomlán a íocadh faoin gconradh sin in 2022. As sin, íocadh €25 571.18 ar 'chaiteachas gan choinne' agus dá bhrí sin bhí sé neamhrialta.

**3.17.9.** I nós imeachta soláthair amháin a ndearnadh iniúchóireacht air (nós imeachta idirbheartaithe le 3 iarrthóir ar a laghad, a bhfuil luach níos lú ná €60 000 aige), shuíomar gur cailleadh tairiscint, a sheol an tairgeoir chuig bosca ríomhphoist feidhmiúil na foirne soláthair, mar gheall ar earráid dhaonna nó mar gheall ar mhífheidhm TF, agus dá bhrí sin nár cuireadh san áireamh í sa chuid eile den nós imeachta. Mar gheall air sin, táimid tagtha ar an gconclúid go bhfuil an nós imeachta ar fad agus an conradh mar thoradh air sin, chomh maith le haon

íocaíochtaí a bhaineann leo, neamhrialta. Tugaimid ar aire in 2022, nach raibh aon íocaíochtaí déanta ag EIGE faoin gconradh sin.

## Barúlacha maidir le córais bhainistíochta agus rialaithe

**3.17.10.** Maidir le creatchonradh le haghaidh seirbhísí eagrúcháin imeachtaí, ní raibh na leithreasuithe buiséadacha gaolmhara a cuireadh i leataobh de €3.7 milliún nochta ag EIGE (thart ar an triú cuid dá bhuiséad) sa doiciméad clársceidealaithe aonair le haghaidh 2021-2023. Bhain sé sin an bonn ón trédhearcacht bhuiséadach i leith bhord bainistíochta EIGE agus geallsealbhóirí eile.

## Obair leantach ar bharúlacha ó bhlianta roimhe seo

**3.17.11.** Tugtar forléargas san ***Iarscríbhinn*** ar an ngníomhaíocht a rinneadh mar fhreagairt ar bharúlacha na Cúirte Iniúchóirí ó bhlianta roimhe seo.

# Iarscríbhinn – Obair leantach ar bharúlacha ó bhlianta roimhe seo

| Sraithuimhir | Bliain bharúil CIE | Barúil CIE (achoimre) | Gníomh ceartaitheach a rinneadh agus / nó forbairtí ábhartha eile (achoimre) | Stádas bharúil CIE (Oscailte / Dúnta) |
|---|---|---|---|---|
| 1 | 2021 | Bhain EIGE úsáid as glao ar léiriú spéise ó shaineolaithe seachtracha chun réimsí saineolais (aistriúchán) nár áiríodh sa ghlao ar léiriú spéise a chlúdach. | Ní fhaigheann EIGE seirbhísí aistriúcháin a thuilleadh ó shaineolaithe seachtracha i réimsí eile seachas an t-aistriúchán. | Dúnta |
| 2 | 2021 | I nós imeachta earcaíochta, bhí laigí ann a bhain an bonn ó phrionsabail na trédhearcachta agus na córa comhionainne. | Rinne EIGE athbhreithniú ar an nós imeachta roghnúcháin do dhaoine den fhoireann reachtúil chun aghaidh a thabhairt ar na laigí a sainaithníodh. | Dúnta |
| 3 | 2021 | Níor lean EIGE an chuid dá nósanna imeachta bunaithe chun saineolaithe náisiúnta ar iasacht a roghnú. | Ghlac EIGE nós imeachta nua chun saineolaithe náisiúnta ar iasacht agus saineolaithe náisiúnta ar oiliúint ghairmiúil a roghnú (Cinneadh an Stiúrthóra Uimh. 267 an 19 Deireadh Fómhair 2022), ina ndearnadh na sreabha oibre agus na nósanna imeachta chun SNInna a roghnú a shoiléiriú agus a shimpliú. | Dúnta |

An Institiúid Eorpach um Chomhionannas Inscne (EIGE)

| Sraithuimhir | Bliain bharúil CIE | Barúil CIE (achoimre) | Gníomh ceartaitheach a rinneadh agus / nó forbairtí ábhartha eile (achoimre) | Stádas bharúil CIE (Oscailte / Dúnta) |
|---|---|---|---|---|
| 4 | 2021 | I nós imeachta soláthair, b'as an aonad céanna in EIGE gach duine den cheathrar comhaltaí den choiste meastóireachta a ceapadh chun meastóireacht a dhéanamh ar na tairiscintí de réir na gcritéar dámhachtana. | Shoiléirigh EIGE nósanna imeachta na gcoistí meastóireachta sna treoirlínte agus sna teimpléid maidir leis an bpróiseas soláthair phoiblí. Chuir EIGE oiliúint maidir le hobair na gCoistí Meastóireachta ar fáil freisin do bhainisteoirí tionscadail mar chuid den oiliúint bhliantúil ar an bpróiseas soláthair phoiblí. | Dúnta |

# Freagra EIGE

**3.17.8.** Tugann EIGE tuairim na Cúirte dá aire. Tá leasú foirmiúil ar an gcreatchonradh tugtha isteach ag EIGE. Sainítear leis an leasú céatadán an bhuiséid agus cuspóir úsáide an chaiteachais gan choinne.

**3.17.9.** Ba mhór an trua gur tharla an t-imeacht, agus cláraíodh an t-easnamh rialaithe inmheánaigh go pras, rinneadh measúnú air agus tugadh aghaidh air. Ghlac EIGE bearta maolaitheacha iomchuí chun tarluithe comhchosúla a chosc amach anseo.


**3.17.10.** Tugann EIGE tuairim na Cúirte dá aire agus cuirfidh sé na creatchonarthaí oibríochtúla i láthair in SPD.

# 3.18. An tÚdarás Eorpach Saothair (ELA)

## Réamhrá

**3.18.1.** Bunaíodh an tÚdarás Eorpach Saothair ('ELA'), atá lonnaithe sa Bhratasláiv, le Rialachán (AE) Uimh. 2019/1149. Áirithíonn ELA go ndéantar rialacha an Aontais maidir le soghluaisteacht an lucht saothair agus comhordú na slándála sóisialta a fhorfheidhmiú ar bhealach cóir, simplí agus éifeachtach, rud a éascaíonn do shaoránaigh agus do ghnólachtaí é tairbhe a bhaint as an margadh inmheánach. I ***bhFíor 3.18.1***, tugtar na príomhfhigiúirí do ELA [58].

### Fíor 3.18.1 – Príomhfhigiúirí do ELA




* Tá figiúirí an bhuiséid bunaithe ar iomlán na leithreasuithe faoi chomhair íocaíochtaí atá ar fáil le linn na bliana airgeadais.

** Áirítear le 'foireann' oifigigh AE, gníomhairí sealadacha AE, daoine atá fostaithe ar conradh ag an Aontas agus saineolaithe náisiúnta ar iasacht, ach níl oibrithe eatramhacha ná sainchomhairleoirí san áireamh.

*Foinse:* Cuntais bhliantúla ELA do bhlianta airgeadais 2021 agus 2022; figiúirí foirne arna soláthar ag ELA.

Fuair ELA neamhspleáchas airgeadais i mí na Bealtaine 2021 agus mairfidh an tréimhse thosaigh go dtí 2024. Méadóidh a fhoireann agus a bhuiséad de réir a chéile le linn na tréimhse sin.

## Faisnéis a thacaíonn leis an ráiteas dearbhaithe

**3.18.2.** I Roinn 3.1, tá tuairisc ar ár gcur chuige iniúchóireachta, an bonn atá lenár dtuairim, na freagrachtaí atá ar bhainistíocht ELA agus orthu siúd a bhfuil an rialachas de chúram orthu, agus freagrachtaí an iniúchóra as iniúchóireacht a dhéanamh ar na cuntais agus ar na hidirbhearta is bun leis na cuntais. Is cuid dhílis den tuairim é an síniú atá ar leathanach 367.

---

[58] Tá tuilleadh eolais faoi ról agus gníomhaíochtaí ELA ar fáil ar a shuíomh gréasáin: www.ela.europa.eu.

# Ráiteas dearbhaithe na Cúirte Iniúchóirí arna chur ar fáil do Pharlaimint na hEorpa agus don Chomhairle – Tuarascáil an iniúchóra neamhspleách

## Tuairim

**3.18.3.** Tá iniúchóireacht déanta againn ar an méid seo a leanas:

(a) cuntais an Údaráis Eorpaigh Saothair(‘ELA’), atá comhdhéanta de na ráitis airgeadais[59] agus de na tuarascálacha ar chur chun feidhme bhuiséad ELA[60] don bhliain airgeadais dar chríoch an 31 Nollaig 2022, agus

(b) dlíthiúlacht agus rialtacht na n-idirbheart is bun leis na cuntais sin,

de réir mar a cheanglaítear le hAirteagal 287 den Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh (CFAE).

### Beachtas na gcuntas

#### Tuairim maidir le beachtas na gcuntas

**3.18.4.** Is é ár dtuairim go dtugann cuntais ELA don bhliain dar chríoch an 31 Nollaig 2022 léargas fíorcheart, ar gach slí ábhartha, ar staid airgeadais ELA amhail an 31 Nollaig 2022, ar thorthaí a chuid oibríochtaí, ar a shreabha airgid, agus ar na hathruithe ar ghlansócmhainní don bhliain dar chríoch an dáta céanna, i gcomhréir lena Rialachán Airgeadais agus le rialacha cuntasaíochta arna nglacadh ag oifigeach cuntasaíochta an Choimisiúin. Tá siad sin bunaithe ar chaighdeáin chuntasaíochta don earnáil phoiblí a bhfuil glacadh go hidirnáisiúnta leo.

---

[59] Tá na ráitis airgeadais comhdhéanta den chlár comhardaithe, den ráiteas um fheidhmíocht airgeadais, den ráiteas faoi shreabhadh airgid, den ráiteas maidir leis na hathruithe ar ghlansócmhainní agus d’achoimre ar bheartais chuntasaíochta shuntasacha agus de nótaí míniúcháin eile.

[60] Tá na tuarascálacha ar chur chun feidhme an bhuiséid comhdhéanta de na tuarascálacha, ina gcomhiomlánaítear na hoibríochtaí buiséadacha go léir, agus de na nótaí míniúcháin.

## Dlíthiúlacht agus rialtacht na n-idirbheart is bun leis na cuntais

### Ioncam

**Tuairim maidir le dlíthiúlacht agus rialtacht an ioncaim is bun leis na cuntais**

**3.18.5.** Is é ár dtuairim go bhfuil an t-ioncam is bun le cuntais ELA don bhliain dar chríoch an 31 Nollaig 2022 dlíthiúil agus rialta ar gach slí ábharthach.

### Íocaíochtaí

**Tuairim maidir le dlíthiúlacht agus rialtacht na n-íocaíochtaí is bun leis na cuntais**

**3.18.6.** Is é ár dtuairim go bhfuil na híocaíochtaí is bun le cuntais ELA don bhliain dar chríoch an 31 Nollaig 2022 dlíthiúil agus rialta ar gach slí ábharthach.

**3.18.7.** Maidir leis na barúlacha anseo ina dhiaidh seo, ní tharraingíonn siad amhras ar bith ar thuairim na Cúirte Iniúchóirí.

## Barúlacha maidir le dlíthiúlacht agus rialtacht na n-idirbheart

**3.18.8.** Faoi rialacha inmheánacha ELA, ceanglaítear ar shaineolaithe náisiúnta ar iasacht (SNInna) agus ar oifigigh náisiúnta idirchaidrimh (NLOnna) a bheith ina gcónaí sa Bhratasláiv. Faigheann SNInna agus NLOnna liúntais laethúla agus míosúla chun speansais mhaireachtála sa Bhratasláiv a chlúdach. Chun iad a fháil, ní mór dóibh dearbhú foirmiúil a dhéanamh go bhfuil siad go fírinneach ina gcónaí ann, agus ní mór dóibh a bheith toilteanach cruthúnas cónaithe a chur ar fáil má iarrtar sin.

Ní raibh ELA in ann aon chruthúnas a thabhairt ar aird, mar fhreagairt ar iarraidh a rinneamar, go raibh cónaí ar NLO ar leith sa Bhratasláiv. Dá bhrí sin, tagaimid ar an gconclúid go bhfuil na liúntais laethúla agus mhíosúla a fuair an NLO sin – arbh ionann iad agus €83 734 faoi dheireadh 2022 agus a raibh €50 700 de sin íoctha in 2022 – neamhrialta.

Tá seiceálacha *ex ante* ELA ar na dearbhuithe sin lag: tá siad bunaithe ar dhearbhuithe ó na SNInna agus NLOnna amháin, agus ní ar fhianaise dhoiciméadach. Níl aon seiceálacha *ex post*

ann. Cruthaíonn sé sin an baol nach mbeidh na méideanna a íocann ELA le haghaidh na liúntas sin ceart. Is laige chórasach é seo i gcórais bhainistíochta agus rialaithe ELA.

**3.18.9.** I nós imeachta soláthair chun tacú le gníomhaíochtaí ELA i réimse imeachtaí oiliúna a dhearadh, a eagrú agus a chur chun feidhme, bhí luach conartha uasta de €6 mhilliún thar thréimhse ceithre bliana leagtha síos sna na sonraíochtaí tairisceana. Dhámh ELA an conradh ar thairgeoir arbh fhiú €12.9 milliún a thairiscint airgeadais. Sáraíonn sé sin pointe 12.3 (a) d'Iarscríbhinn I a ghabhann leis an Rialachán Airgeadais, ina sonraítear go measfar tairiscintí a bheith do-ghlactha 'nuair is mó praghas na tairisceana ná buiséad uasta an údaráis chonarthaigh arna chinneadh agus arna dhoiciméadú roimh sheoladh an nós imeachta soláthair'.

Bunaithe ar an méid sin anseo thuas, táimid tagtha ar an gconclúid go bhfuil an próiseas soláthair phoiblí seo agus dámhachtain an chonartha neamhrialta. Ní dhearnadh aon íocaíocht a bhain leis an gconradh sin in 2022.

## Barúlacha maidir le córais bhainistíochta agus rialaithe

**3.18.10.** Fuaireamar nach raibh a chuid seiceálacha *ex ante* bunaithe go hiomlán agus curtha ar bhonn foirmiúil ag ELA, agus nach raibh seiceálacha *ex post* curtha ar bun, i réimse chur chun feidhme an chonartha. Go sonrach, bhí íocaíochtaí as aistriúchán, eagrú imeachtaí, oiliúint agus cumarsáid údaraithe ag ELA gan fíorú iomlán déanta aige ar na príomhpharaiméadair lena gcinntear na praghsanna atá le híoc (amhail líon na seirbhísí a sholáthraítear, comhlíonadh na n-íoscheanglas cáilíochta, agus praghsanna aonaid atá curtha i bhfeidhm).

**3.18.11.** Ag deireadh 2022, ba é 58 % cion na n-oibrithe sealadach (SNInna agus eatramhacha) ag ELA. Fágann an spleáchas ard ar oibrithe sealadacha go mbíonn ráta ard athraithe foirne rialta ann, rud a chiallaíonn go bhfuil an baol ann go gcaillfear saineolas (eolas speisialaithe, líonraí teagmhála a thógtar le geallsealbhóirí), rud a d'fhéadfadh difear diúltach a dhéanamh do chumais oibríochtúla ELA. D'fhéadfadh ráta ard athraithe foirne difear a dhéanamh do leanúnachas gnó freisin.

**3.18.12.** D'fhostaigh ELA gníomhaire eatramhach agus oiliúnaí ar feadh cúig mhí (Samhain 2022 go dtí Márta 2023) agus dheonaigh sé cearta rochtana ABAC dóibh a lig dóibh sonraí a iontráil agus oibríochtaí a thionscnamh chun tacú leis an nós imeachta bliantúil do dhúnadh an bhuiséid. Tá úsáid oibrithe eatramhacha chun príomhghníomhaíochtaí airgeadais ELA a bhaineann le cur chun feidhme an bhuiséid a dhéanamh ina shárú ar Airteagal 41(1) de rialacha airgeadais ELA, ina sonraítear nach féidir cumhacht chur chun feidhme an bhuiséid a tharmligean ach amháin do dhaoine den fhoireann.

## Barúlacha maidir leis an mbainistíocht bhuiséadach

**3.18.13.** Ghlac bord bainistíochta ELA buiséad ELA do 2022 ar an 17 Nollaig 2021, ach níor foilsíodh é Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh (IO). Sáraíonn sé sin Airteagal 31 de rialacha airgeadais ELA agus an prionsabal trédhearcachta atá bunaithe leis an Airteagal sin.

**3.18.14.** Fuaireamar amach go ndearna ELA os cionn €21.8 milliún (65 %) de leithreasuithe faoi chomhair gealltanas 2022 a thabhairt anonn go dtí 2023. Áiríodh leis sin €3.4 milliún (nó 79.6 %) de leithreasuithe faoi Theideal II, a bhaineann le caiteachas riaracháin (63.2 % in 2021) agus 16.4 milliún (nó 90.6 %) de leithreasuithe faoi Theideal III a bhaineann le caiteachas oibríochtúil (37.7 % in 2021). Tá rátaí arda de thabhairt anonn, a tharlaíonn arís is arís eile, contrártha do phrionsabal buiséadach na bliantúlachta agus tugann sé le tuiscint go bhfuil fadhbanna struchtúracha i bpróiseas an bhuiséid agus sa timthriall cur chun feidhme.

## Obair leantach ar bharúlacha ó bhlianta roimhe seo

**3.18.15.** Tugtar forléargas san ***Iarscríbhinn*** ar an ngníomhaíocht a rinneadh mar fhreagairt ar bharúlacha na Cúirte Iniúchóirí ó bhlianta roimhe seo.

# Iarscríbhinn – Obair leantach ar bharúlacha ó bhlianta roimhe seo

| Sraithuimhir | Bliain bharúil CIE | Barúil CIE (achoimre) | Gníomh ceartaitheach a rinneadh agus / nó forbairtí ábhartha eile (achoimre) | Stádas bharúil CIE (Oscailte / Dúnta) |
|---|---|---|---|---|
| 1 | 2021 | Níl fardal iomlán agus nuashonraithe ann. Sócmhainní a bhfuil luach iomlán de €73 118 acu taifeadta i Sócmhainní ABAC agus i dtaifead an fhardail ach nach bhfuil lipéadaithe ná curtha sna suíomhanna sannta. | Rinne ELA an fardal a thabhairt chun críche agus a nuashonrú le linn 2022. | Dúnta |
| 2 | 2021 | Easpa rialuithe *ex ante* agus *ex post* ar bhonn foirmiúil bunaithe ar fhianaise dhíreach le haghaidh gníomhaíochtaí oiliúna EURES (méid conartha €299 437 agus creatchonradh de €12 mhilliún). | Tá an chuid is mó de na seiceálacha *ex ante* curtha ar bhonn foirmiúil ag ELA anois, ach bhí an staid sin fós ann in 2022 i gcás seiceálacha *ex post*. | Oscailte |
| 3 | 2021 | Níl Plean Leanúnachais Gnó glactha go fóill ag ELA. | Tá an plean leanúnachais gnó á fhorbairt, agus cuirfear i gcrích é le linn 2023. | Oscailte |

An tÚdarás Eorpach Saothair (ELA)

| Sraithuimhir | Bliain bharúil CIE | Barúil CIE (achoimre) | Gníomh ceartaitheach a rinneadh agus / nó forbairtí ábhartha eile (achoimre) | Stádas bharúil CIE (Oscailte / Dúnta) |
|---|---|---|---|---|
| 4 | 2021 | Ní raibh straitéis iomchuí bainistithe riosca agus rialaithe glactha go fóill ag ELA, ná cairt an oifigigh údarúcháin ná cairtfhostú na n-oifigeach údarúcháin trí fho-tharmligean nó cairtfhostú an chuntasóra. | D'fhorbair ELA straitéis bainistithe riosca agus rialaithe le linn 2022 agus ghlac sé cairteacha don oifigeach údarúcháin, do na hoifigigh údarúcháin trí tharmligean agus don chuntasóir. | Dúnta |

# Freagra ELA

**3.18.8.** Aithníonn ELA an tuairim. Maidir le cás amháin de na samplaí a ndearnadh iniúchadh orthu agus castacht an tsampla sin, déanfaidh ELA anailís, meastóireacht agus measúnú cruinn ar an staid shonrach agus cuirfidh sé gníomhaíocht cheartaitheach ar fáil, más gá. Ó 2023, neartaigh ELA bainistiú agus rialú an chomhaid SNI, go háirithe le haghaidh seiceálacha ex-ante, i gcás ina n-iarrtar cruthúnas cónaithe ar gach SNI. Tabharfaidh ELA rialuithe ex post isteach le haghaidh 2023.

**3.18.9.** Aithníonn ELA tuairim CIE agus tá sonraíochtaí tairisceana nua curtha chun feidhme aige cheana féin sa ghlao oscailte a foilsíodh le déanaí (ELA/2023/OP/0016: Seirbhísí - 263146-2023 - TED Tenders Electronic Daily (europa.eu)).

**3.18.10.** Aithníonn ELA tuairim CIE. Tá ELA ag forbairt, ag cur chun feidhme agus ag mionchoigeartú go leanúnach a phróisis inmheánacha chun na rialuithe ex-ante oibríochtúla agus airgeadais a neartú ó dheireadh 2022 chomh maith le hoiliúint a chur ar fáil don fhoireann. Forbróidh ELA a mhodheolaíocht ex-post in 2023 agus tabharfaidh sé rialuithe ex post isteach trí shampláil/fhianaise dhíreach le haghaidh 2023.

**3.18.11.** Tá imní ar ELA mar gheall ar an gcion ard de phoist SNI. Iarrann ELA go ndéanfaí 15 phost SNI a thiontú ina bpoist do ghníomhairí sealadacha (TA), gan gá an buiséad atá beartaithe sa ráiteas airgeadais ilbhliantúil a mhéadú, chun cobhsaíocht oibríochtúil ELA, coinneáil eolais ELA, agus cur chun feidhme éifeachtach chuspóirí ELA a áirithiú.

**3.18.12.** Aithníonn ELA an tuairim. Mar sin féin, i gcás easpa foirne reachtúla agus ualach oibre neamhghnách, ní mór do ELA leanúnachas gnó a áirithiú trí róil ghníomhaire iontrála sonraí agus ghníomhaire tionscanta airgeadais a dheonú go heisceachtúil do ghníomhaire eatramhach/d' oiliúnaí go ceann tréimhse teoranta, tar éis dóibh an oiliúint is gá a fháil, agus gníomhaire fíoraithe maoirseachta a bheith aige le haghaidh gach idirbhirt airgeadais.

**3.18.13.** Aithníonn ELA an tuairim. Foilsíodh Buiséad 2022 in IOAE an 31 Bealtaine 2023 (2023/C 191/01).


**3.18.14.** Aithníonn ELA an tuairim. Ag deireadh mhí an Mheithimh 2023, tá conradh déanta cheana féin ar bhreis agus 80% de na suimeanna a tugadh anonn ar an mbuiséad riaracháin (Teideal I agus Teideal II). Maidir le Teideal III, tagann cuid shuntasach den tabhairt anonn ón éiginnteacht mhór a bhaineann le tairseach EURES. Ba cheart go mbeadh pleanáil bhuiséadach níos éifeachtaí tar éis straitéis tairsí EURES 2023-2030 a ghlacadh.

# 3.19. An Ghníomhaireacht Leigheasra Eorpach (EMA)

## Réamhrá

**3.19.1.** Is le Rialachán (CE) Uimh. 726/2004 a bunaíodh an Ghníomhaireacht Leigheasra Eorpach ('EMA'), atá lonnaithe in Amstardam. Tháinig EMA in ionad na Gníomhaireachta Eorpaí um Meastóireacht ar Tháirgí Íocshláinte, a bunaíodh in 1993. Feidhmíonn EMA trí líonra uile-Eorpach agus comhordaíonn sé na hacmhainní eolaíocha a chuireann na húdaráis náisiúnta ar fáil chun a áirithiú go ndéantar meastóireacht, maoirseacht agus faireachán sábháilteachta ar tháirgí leighis atá beartaithe d'úsáid ag an duine nó d'úsáid tréidliachta. I ***bhFíor 3.19.1***, tugtar na príomhfhigiúirí do EMA[61].

### Fíor 3.19.1 – Príomhfhigiúirí do EMA




* Tá figiúirí an bhuiséid bunaithe ar iomlán na leithreasuithe faoi chomhair íocaíochtaí atá ar fáil le linn na bliana airgeadais.

** Áirítear le 'foireann' oifigigh AE, gníomhairí sealadacha AE, daoine atá fostaithe ar conradh ag an Aontas agus saineolaithe náisiúnta ar iasacht, ach níl oibrithe eatramhacha ná sainchomhairleoirí san áireamh.

*Foinse:* Cuntais bhliantúla EMA do bhlianta airgeadais 2021 agus 2022; figiúirí foirne arna soláthar ag EMA.

## Faisnéis a thacaíonn leis an ráiteas dearbhaithe

**3.19.2.** I Roinn 3.1, tá tuairisc ar ár gcur chuige iniúchóireachta, an bonn atá lenár dtuairim, na freagrachtaí atá ar bhainistíocht EMA agus orthu siúd a bhfuil an rialachas de chúram orthu, agus freagrachtaí an iniúchóra as iniúchóireacht a dhéanamh ar na cuntais agus ar na hidirbhearta is bun leis na cuntais. Is cuid dhílis den tuairim é an síniú atá ar leathanach 367.

[61] Tá tuilleadh eolais faoi ról agus gníomhaíochtaí EMA ar fáil ar a shuíomh gréasáin: www.ema.europa.eu.

## Ráiteas dearbhaithe na Cúirte Iniúchóirí arna chur ar fáil do Pharlaimint na hEorpa agus don Chomhairle – Tuarascáil an iniúchóra neamhspleách

# Tuairim

**3.19.3.** Tá iniúchóireacht déanta againn ar an méid seo a leanas:

(a) cuntais na Gníomhaireachta Leigheasra Eorpach ('EMA'), atá comhdhéanta de na ráitis airgeadais[62] agus de na tuarascálacha ar chur chun feidhme bhuiséad EMA[63] don bhliain airgeadais dar críoch an 31 Nollaig 2022, agus

(b) dlíthiúlacht agus rialtacht na n-idirbheart is bun leis na cuntais sin,

de réir mar a cheanglaítear le hAirteagal 287 den Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh (CFAE).

## Beachtas na gcuntas

### Tuairim maidir le beachtas na gcuntas

**3.19.4.** Is é ár dtuairim go dtugann cuntais EMA don bhliain dar críoch an 31 Nollaig 2022 léargas fíorcheart, ar gach slí ábhartha, ar staid airgeadais EMA amhail an 31 Nollaig 2022, ar thorthaí a chuid oibríochtaí, ar a shreabha airgid, agus ar na hathruithe ar ghlansócmhainní don bhliain dar críoch an dáta céanna, i gcomhréir lena Rialachán Airgeadais agus le rialacha cuntasaíochta arna nglacadh ag oifigeach cuntasaíochta an Choimisiúin. Tá siad sin bunaithe ar chaighdeáin chuntasaíochta don earnáil phoiblí a bhfuil glacadh go hidirnáisiúnta leo.

---

[62] Tá na ráitis airgeadais comhdhéanta den chlár comhardaithe, den ráiteas um fheidhmíocht airgeadais, den ráiteas faoi shreabhadh airgid, den ráiteas maidir leis na hathruithe ar ghlansócmhainní agus d'achoimre ar bheartais chuntasaíochta shuntasacha agus de nótaí míniúcháin eile.

[63] Tá na tuarascálacha ar chur chun feidhme an bhuiséid comhdhéanta de na tuarascálacha, ina gcomhiomlánaítear na hoibríochtaí buiséadacha go léir, agus de na nótaí míniúcháin.

### Béim ar ábhar

**3.19.5.** Tarraingímid aird ar Nóta 3.1.3, Nóta 4.8.1 agus Nóta 4.8.2 de chuntais EMA, ina ndéantar faisnéis shuntasach a nochtadh i dtaca le hoibleagáidí a bhaineann le maoin. Mairfidh an léas ar an áitreabh a bhí ag EMA i Londain go dtí 2039 agus níl clásal scoir ann, ach is féidir an t-áitreabh a fholigean nó a shannadh faoi réir thoiliú an tiarna talún. I mí Iúil 2019, tháinig EMA ar chomhaontú lena thiarna talún, agus rinne sé an t-áitreabh a bhí aige a fholigean le fothionónta le héifeacht ón Iúil 2019, faoi choinníollacha atá i gcomhréir le téarmaí an cheannléasa. Mairfidh téarma an fholéasa go dtí go rachaidh léas EMA in éag i Meitheamh 2039. Ós rud é go leanann EMA de bheith ina pháirtí sa cheannléas, d'fhéadfadh sé go mbeadh sé faoi dhliteanas i leith na suime iomláine atá fós le híoc faoi oibleagáidí conarthacha an cheannléasa má mhainníonn an fothionónta a chuidsean oibleagáidí a chomhlíonadh. An 31 Nollaig 2022, is é €366 milliún a bhí sa chíos iomlán gan íoc, na muirir sheirbhíse ghaolmhara agus an t-árachas tiarna talún a bheidh le híoc ag EMA suas go dtí deireadh théarma an léasa.

Tugaimid ar aire gur chuir EMA agus a bhord bainistíochta béim ar an bhfíoras gur gá an cheist seo a réiteach ar an leibhéal polaitiúil leis an gCoimisiún Eorpach agus le Parlaimint na hEorpa.

Tarraingímid aird freisin ar mhír eile a bhfuil béim curtha air i Nóta 3.1.3 i gcuntais EMA, agus is é sin na neamhchinnteachtaí a bhaineann le feidhmíocht airgeadais mháthairchuideachta an fhothionónta mar gheall ar mheathlú a rátála creidmheasa agus mar gheall ar an athstruchtúrú a rinneadh le déanaí ar an bhfiachas. Amhail an dáta ar eisíodh na cuntais chríochnaitheacha, bhí a chuid oibleagáidí conarthacha go léir comhlíonta ag an bhfothionónta agus ní raibh aon suim infhaighte fós amuigh air amhail an 31 Nollaig 2022. Níl ár dtuairim cáilithe i dtaca leis na hábhair sin.

## Dlíthiúlacht agus rialtacht na n-idirbheart is bun leis na cuntais

### Ioncam

**Tuairim maidir le dlíthiúlacht agus rialtacht an ioncaim is bun leis na cuntais**

**3.19.6.** Is é ár dtuairim go bhfuil an t-ioncam is bun le cuntais EMA don bhliain dar críoch an 31 Nollaig 2022 dlíthiúil agus rialta ar gach slí ábharthach.

## Íocaíochtaí

**Tuairim maidir le dlíthiúlacht agus rialtacht na n-íocaíochtaí is bun leis na cuntais**

**3.19.7.** Is é ár dtuairim go bhfuil na híocaíochtaí is bun le cuntais EMA don bhliain dar chríoch an 31 Nollaig 2022 dlíthiúil agus rialta ar gach slí ábharthach.

**3.19.8.** Maidir leis na barúlacha anseo ina dhiaidh seo, ní tharraingíonn siad amhras ar bith ar thuairim na Cúirte Iniúchóirí.

## Barúlacha maidir le córais bhainistíochta agus rialaithe

**3.19.9.** Déanann EMA ranníocaíochtaí i bhfabhar chineálacha áirithe costais cúraim leanaí don fhoireann, amhail réamhchúram agus iarchúram scoile san Ísiltír. I gcás béilí scoile, fuaireamar nach raibh ar chumas EMS fianaise iomlán a sholáthar i dtaobh na seiceálacha a rinneadh chun a chinntiú go raibh costais na mbéilí scoile curtha as an áireamh, agus dá réir sin ag tarraingt amhrais ar an raibh na seiceálacha sin á ndéanamh go córasach.

**3.19.10.** Mar thoradh ar a athlonnú in 2019, rinne an Ghníomhaireacht foirgneamh in Amstardam a fháil ar léas, ar foirgneamh é a bhí feistithe agus trealmhaithe go hiomlán trí úsáid a bhaint as scéim dreasachta €15 mhilliún rialtas na hÍsiltíre, lena n-áirítear deonú troscáin agus trealaimh lónadóireachta. Fuaireamar nach raibh sainaithint shoiléir (amhail lipéid le barrachóid) sannta ag EMA do chuid de na sócmhainní sin, troscán go príomha. Thugamar ar aire freisin gur léirigh ceithre fhardal a bhí déanta ag EMA ó thráth a athlonnaithe neamhréireachtaí arís agus arís eile (rud a laghdaigh, in imeacht ama, ó €534 331 go €15 000) idir an liosta sócmhainní a bhí deonaithe ag rialtas na hÍsiltíre, clár sócmhainní EMA agus na sócmhainní a fuarthas san áitreabh. Sa mhéid nach bhfuil liosta iomlán nuashonraithe fardail ann, ina sonraítear suíomh shócmhainní inláimhsithe, tá sé sin ag dul i gcoinne Airteagal 87 den Rialachán Airgeadais, agus déanann sé sin difear díobhálach do chumas EMA a áirithiú go bhfuil a chuid sócmhainní á gcoimirciú.

## Barúlacha maidir leis an mbainistíocht bhuiséadach

**3.19.11.** D’íocaíocht amháin de €2 mhilliún a ndearnadh iniúchóireacht uirthi, níor údaraigh EMA an gealltanas buiséadach gaolmhar ach amháin tar éis glacadh leis an ngealltanas dlíthiúil. Téann sé sin i gcoinne Airteagal 73(2) de Rialachán Airgeadais EMA.

## Obair leantach ar bharúlacha ó bhlianta roimhe seo

**3.19.12.** Tugtar forléargas san ***Iarscríbhinn*** ar an ngníomhaíocht a rinneadh mar fhreagairt ar bharúlacha na Cúirte Iniúchóirí ó bhlianta roimhe seo.

# Iarscríbhinn – Obair leantach ar bharúlacha ó bhlianta roimhe seo

| Sraithuimhir | Bliain bharúil CIE | Barúil CIE (achoimre) | Gníomh ceartaitheach a rinneadh agus / nó forbairtí ábhartha eile (achoimre) | Stádas bharúil CIE (Oscailte / Dúnta) |
|---|---|---|---|---|
| 1 | 2016/2017/2018 | Chuir an Pharlaimint agus an Chomhairle de chúram ar EMA tabhairt faoi chur chun feidhme an Rialacháin maidir le Trialacha Cliniciúla (536/2014), rud a d'éiligh mórchóras TF uile-Eorpach a fhorbairt agus a chur chun feidhme. Ós rud é nach raibh na hacmhainní dílse inmheánacha a bhí riachtanach ag EMA, d'úsáid sé sainchomhairleoirí agus bhain sé an oiread sin úsáid astu go raibh sé ag brath go criticiúil ar shaineolas seachtrach. Ní raibh rialú leormhaith ann ar fhorbairt tionscadail ná ar chur chun feidhme na dtionscadal agus tháinig méadú mór ar mhoilleanna agus costais i gcás na dtionscadal. | Seoladh an Córas Faisnéise maidir le Trialacha Cliniciúla an 31 Eanáir 2022, lena soláthraítear na feidhmiúlachtaí is gá agus rinneadh é a chobhsú tuilleadh mar ullmhúchán dá úsáid éigeantach ón 31 Eanáir 2023. Maidir le bainistiú a dhéanamh ar Phunann Líonra de chórais agus seirbhísí TF, tá samhail rialachais saincheaptha ar a dtugtar 'Agile' curtha i bhfeidhm ag EMA. | Dúnta |

An Ghníomhaireacht Leigheasra Eorpach (EMA)

| Sraithuimhir | Bliain bharúil CIE | Barúil CIE (achoimre) | Gníomh ceartaitheach a rinneadh agus / nó forbairtí ábhartha eile (achoimre) | Stádas bharúil CIE (Oscailte / Dúnta) |
|---|---|---|---|---|
| 2 | 2019 | Shínigh EMA creatchonradh le trí chuideachta chun oibrithe sealadacha a sholáthar. Bhí fachtóir coinbhéartachta uilechuimsitheach den ráta in aghaidh na huaire a chuirfí i bhfeidhm maidir le luach saothair comhlán na n-oibrithe sealadacha in aghaidh na huaire i gcatagóirí foirne sonracha le cur san áireamh i ngné an phraghais de shonraíochtaí na tairisceana. Mar sin féin, ní dhearna EMA aon mhiondealú a chur ar fáil dúinn ar an meastachán d'ollchostas foirne d'oibrithe eatramhacha i ngach catagóir foirne a iarradh. Mar thoradh air sin, ní raibh EMA i riocht meastóireacht a dhéanamh féachaint an raibh corrlach brabúis nó ollbhrabús an tsoláthraí seirbhíse réasúnach i gcoibhneas le conarthaí comhchosúla. | Sa tairiscint nua a tugadh chun críche le déanaí ar mhaithe le hoibrithe sealadacha a sholáthar, bhí feabhas curtha ar dhearadh na mbileog costála agus sonraíochtaí teicniúla ag an nGníomhaireacht lena gcuirtear ionadaíocht níos cuimsithí ar fáil ar chomhghnéithe an phraghais a íocadh do ghníomhaireachtaí na n-oibrithe sealadacha. | Dúnta |
| 3 | 2019 | Dheonaigh EMA liúntas taistil breise don fhoireann as an aistriú ón áitreabh i Londain go dtí an t-áitreabh in Amstardam. Ríomhadh an méid bunaithe ar chostas ticéid den ghrád gnó seachas ticéid den ghrád barainne. Táimid tagtha ar an gconclúid gur beag smaoineamh a rinne EMA ar phrionsabal na barainneachta nuair a bhí méid an liúntais bhreise taistil á ríomh. | Tháinig deireadh leis an mbeart sóisialta maidir le taisteal eisceachtúil leis na hiarratais a fuarthas faoin 30 Meitheamh 2022. Níor glacadh le tuilleadh iarratas le haghaidh íocaíochtaí tar éis an dáta sin. | Dúnta |

An Ghníomhaireacht Leigheasra Eorpach (EMA)

| Sraithuimhir | Bliain bharúil CIE | Barúil CIE (achoimre) | Gníomh ceartaitheach a rinneadh agus / nó forbairtí ábhartha eile (achoimre) | Stádas bharúil CIE (Oscailte / Dúnta) |
|---|---|---|---|---|
| 4 | 2021 | Aimsíodh roinnt neamhréireachtaí sa dá nós imeachta earcaíochta a bhaineann go príomha leis an méid seo a leanas:<br>a- Ní dhearna na fógraí folúntais na critéir roghnúcháin a nascadh leis an gcéim den nós imeachta.<br>b- Ní raibh tuairisc sa tuarascáil meastóireachta ar an gcaoi ar déileáladh leis an gcoinbhleacht leasa nuair a tháinig sí chun cinn.<br>c- Shocraigh an coiste roghnúcháin gan meastóireacht a dhéanamh ar na critéir roghnúcháin ar fad a foilsíodh. | Tá Treoirlínte Inmheánacha maidir le Fostú Bainisteoirí curtha i dtoll a chéile ag an nGníomhaireacht ina dtugtar aghaidh ar na laigí a sainaithníodh. Ina theannta sin, is doiciméad é Gairm ag EMA atá foilsithe ar shuíomh gréasáin EMA agus atá ar fáil go poiblí d’iarrthóirí.<br>Tá teimpléad nua don tuarascáil meastóireachta deartha, lena ndéantar doiciméadú ar choinbhleachtaí leasa (más ann dóibh) agus conas a tugadh aghaidh orthu. | Dúnta |

An Ghníomhaireacht Leigheasra Eorpach (EMA)

| Sraithuimhir | Bliain bharúil CIE | Barúil CIE (achoimre) | Gníomh ceartaitheach a rinneadh agus / nó forbairtí ábhartha eile (achoimre) | Stádas bharúil CIE (Oscailte / Dúnta) |
|---|---|---|---|---|
| 5 | 2021 | Mar gheall ar rómheastachán ar an luach conartha i nós imeachta soláthair, shocraigh EMA an ceanglas maidir le hacmhainneacht airgeadais agus eacnamaíoch ag leibhéal a théann thar na teorainneacha a leagtar amach sa Rialachán Airgeadais. | Rinne an Ghníomhaireacht a treoirlínte inmheánacha don mheastóireacht ar acmhainneacht airgeadais na dtairgeoirí a nuashonrú, ina leagtar amach ar bhealach níos soiléire na gnéithe atá le cur san áireamh maidir le tairseach láimhdeachais leormhaith a shuíomh. | Dúnta |

An Ghníomhaireacht Leigheasra Eorpach (EMA)

# Freagra EMA

**3.19.4.** Is díol sásaimh don Ghníomhaireacht Leigheasra Eorpach (“an Ghníomhaireacht” nó “EMA”) an tuairim dhearfach ón gCúirt maidir le hiontaofacht na gcuntas 2022.

**3.19.5.** Tháinig saincheist áitreabh Londan chun cinn mar gheall ar chinneadh aontaobhach na Ríochta Aontaithe an tAontas Eorpach a fhágáil. Cuireadh an t-ábhar san áireamh ar dtús i seasamh caibidlíochta an Aontais ach cuireadh deireadh leis ina dhiaidh sin. Mar thoradh air sin, agus cur chuige institiúideach an Aontais á leanúint aici, d’iarr an Ghníomhaireacht réiteach malartach agus rinne sí an t-áitreabh a fholigean i gcomhréir leis na teorainneacha arna leagan síos ag údarás buiséadach an Aontais. Tá imní ar an nGníomhaireacht agus ar a Bord Bainistíochta nach mór don Ghníomhaireacht, in ionad a hiarrachta iomláine a dhíriú ar a misean sláinte poiblí a chosaint agus a chur chun cinn, maoin tráchtála a bhainistiú i dtríú tír anois, agus a cuid acmhainní daonna agus airgeadais a atreorú óna freagrachtaí sláinte poiblí do shaoránaigh an Aontais. Beidh gá le fócas sin na Gníomhaireachta ar an ábhar seo agus, dá bhrí sin, fócas institiúidí an Aontais a choinneáil go ceann 17 mbliana eile, go dtí 2039. D’ainneoin bearta ráthaíochta caibidlithe, níl an réiteach foligin gan rioscaí, cuid acu a fhormhéadaítear le géarchéim COVID-19. Is gá, dá bhrí sin, an t-ábhar sin a bhainistiú ar an leibhéal polaitiúil ceart agus teacht ar réiteach fadtéarmach don Ghníomhaireacht.

Tá dlúthfhaireachán á dhéanamh ag an nGníomhaireacht ar éabhlóid an chomhaid seo agus féadfaidh sí a breithiúnais a oiriúnú amach anseo i gcomhréir leis an éabhlóid sin.

Tráth a eisíodh na cuntais deiridh, chomhlíon an fothionónta na hoibleagáidí conarthacha uile go dtí an 30 Meán Fómhair 2023.

**3.19.6.** Is díol sásaimh don Ghníomhaireacht tuairim dhearfach na Cúirte maidir le dlíthiúlacht agus rialtacht an ioncaim is bonn leis na cuntais.

**3.19.7.** Is díol sásaimh don Ghníomhaireacht tuairim dhearfach na Cúirte maidir le dlíthiúlacht agus rialtacht na n-íocaíochtaí is bonn leis na cuntais.

**3.19.9.** Tá costais béilí eisiata ó tháillí scoile. Déantar sonraisc, cruthúnas ar íocaíochtaí agus miondealú muirear breise a sheiceáil maidir le gach éileamh chun a áirithiú nach n-áirítear ach costais incháilithe sa ríomh. Tugann an Ghníomhaireacht dá haire breathnóireacht na Cúirte agus comhdóidh sí an fhianaise go bhfuil costais béilí scoile eisiata ó ríomh na ranníocaíochta.

**3.19.10.** Bunaíodh fardal na Gníomhaireachta i mí Eanáir 2020 bunaithe ar liosta luacha sócmhainní arna chur ar fáil ag páirtithe atá lasmuigh de EMA. Rinneadh cruinneas an liosta sin a mhionchoigeartú go leanúnach trí sheiceálacha fisiceacha timthriallacha ar na hearraí a seachadadh agus a suiteáladh san áitreabh. D’fhonn feabhas leanúnach a chur ar a próisis, eiseoidh an Ghníomhaireacht treoir inmheánach nuashonraithe chun a fardal sócmhainní a bhainistiú, glacfaidh sí cur chuige rioscabhunaithe maidir le lipéadú troscáin agus eiseoidh sí plean leanúnach seiceálacha fisiceacha chun cruinneas a fardail a dheimhniú ar bhonn leanúnach.


**3.19.11.** Tá bearta á gcur i bhfeidhm ag an nGníomhaireacht chun atarlú cásanna den sórt sin a sheachaint.

# 3.20. Oifig an Ionchúisitheora Phoiblí Eorpaigh (OIPE)

## Réamhrá

**3.20.1.** Rinneadh Oifig an Ionchúisitheora Phoiblí Eorpaigh ('OIPE'), atá lonnaithe i Lucsamburg, a chur ar bun le Rialachán (AE) 2017/1939 chun cionta a dhéanann difear do leasanna airgeadais an Aontais a imscrúdú agus a ionchúiseamh. I láthair na huaire, tá 22 Bhallstát de chuid an Aontais ina gcuid de OIPE. I ***bhFíor 3.20.1***, tugtar na príomhfhigiúirí do OIPE[64].

### Fíor 3.20.1 – Príomhfhigiúirí do OIPE




* Tá figiúirí an bhuiséid bunaithe ar iomlán na leithreasuithe faoi chomhair íocaíochtaí atá ar fáil le linn na bliana airgeadais.

** Áirítear le 'foireann' oifigigh AE, gníomhairí sealadacha AE, daoine atá fostaithe ar conradh ag an Aontas agus saineolaithe náisiúnta ar iasacht, ach níl oibrithe eatramhacha ná sainchomhairleoirí san áireamh.

*Foinse:* Cuntais bhliantúla OIPE do bhlianta airgeadais 2021 agus 2022; figiúirí foirne arna soláthar ag OIPE.

Bhain OIPE neamhspleáchas airgeadais amach i mí an Mheithimh 2021. Tagann an méadú ar fhoireann agus ar bhuiséad ó fhás le linn thréimhse tosaigh OIPE agus ó chomparáid a rinneadh ar bhliain iomlán in 2022 le tréimhse seacht mí in 2021.

## Faisnéis a thacaíonn leis an ráiteas dearbhaithe

**3.20.2.** I Roinn 3.1, tá tuairisc ar ár gcur chuige iniúchóireachta, an bonn atá lenár dtuairim, na freagrachtaí atá ar bhainistíocht OIPE agus orthu siúd a bhfuil an rialachas de chúram orthu, agus freagrachtaí an iniúchóra as iniúchóireacht a dhéanamh ar na cuntais agus ar na hidirbhearta is bun leis na cuntais. Is cuid dhílis den tuairim é an síniú atá ar leathanach 367.

[64] Tá tuilleadh eolais faoi ról agus gníomhaíochtaí OIPE ar fáil ar a shuíomh gréasáin: www.eppo.europa.eu.

## Ráiteas dearbhaithe na Cúirte Iniúchóirí arna chur ar fáil do Pharlaimint na hEorpa agus don Chomhairle – Tuarascáil an iniúchóra neamhspleách

# Tuairim

**3.20.3.** Tá iniúchóireacht déanta againn ar an méid seo a leanas:

(a) cuntais Oifig an Ionchúisitheora Phoiblí Eorpaigh ('OIPE'), atá comhdhéanta de na ráitis airgeadais[65] agus de na tuarascálacha ar chur chun feidhme bhuiséad OIPE[66] don bhliain airgeadais dar chríoch an 31 Nollaig 2022, agus

(b) dlíthiúlacht agus rialtacht na n-idirbheart is bun leis na cuntais sin,

de réir mar a cheanglaítear le hAirteagal 287 den Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh (CFAE).

## Beachtas na gcuntas

### Tuairim maidir le beachtas na gcuntas

**3.20.4.** Is é ár dtuairim go dtugann cuntais OIPE don bhliain dar chríoch an 31 Nollaig 2022 léargas fíorcheart, ar gach slí ábharthach, ar staid airgeadais OIPE amhail an 31 Nollaig 2022, ar thorthaí a chuid oibríochtaí, ar a shreabha airgid, agus ar na hathruithe ar ghlansócmhainní don bhliain dar chríoch an dáta céanna, i gcomhréir lena Rialachán Airgeadais agus le rialacha cuntasaíochta arna nglacadh ag oifigeach cuntasaíochta an Choimisiúin. Tá siad sin bunaithe ar chaighdeáin chuntasaíochta don earnáil phoiblí a bhfuil glacadh go hidirnáisiúnta leo.

---

[65] Tá na ráitis airgeadais comhdhéanta den chlár comhardaithe, den ráiteas um fheidhmíocht airgeadais, den ráiteas faoi shreabhadh airgid, den ráiteas maidir leis na hathruithe ar ghlansócmhainní agus d'achoimre ar bheartais chuntasaíochta shuntasacha agus de nótaí míniúcháin eile.

[66] Tá na tuarascálacha ar chur chun feidhme an bhuiséid comhdhéanta de na tuarascálacha, ina gcomhiomlánaítear na hoibríochtaí buiséadacha go léir, agus de na nótaí míniúcháin.

### Béim ar ábhar

**3.20.5.** Tarraingímid aird ar an Nóta Faisnéise Chúlra maidir le cuntais OIPE ina luaitear go mbaineann na sonraí comparáideacha le haghaidh 2021 leis an tréimhse ón 24 Meitheamh 2021 go dtí an 31 Nollaig 2021. Ní dhéanann an t-ábhar difear dár dtuairim iniúchóireachta.

**3.20.6.** Tarraingímid aird ar Nóta 2.1 a ghabhann le cuntais OIPE, ina dtaispeántar aistriú sócmhainní doláimhsithe chuig OIPE ón gCoimisiún, saor in aisce. Ní dhéanann an t-ábhar difear dár dtuairim iniúchóireachta.

## Dlíthiúlacht agus rialtacht na n-idirbheart is bun leis na cuntais

### Ioncam

**Tuairim maidir le dlíthiúlacht agus rialtacht an ioncaim is bun leis na cuntais**

**3.20.7.** Is é ár dtuairim go bhfuil an t-ioncam is bun le cuntais OIPE don bhliain dar chríoch an 31 Nollaig 2022 dlíthiúil agus rialta ar gach slí ábhartha.

### Íocaíochtaí

**Tuairim maidir le dlíthiúlacht agus rialtacht na n-íocaíochtaí is bun leis na cuntais**

**3.20.8.** Is é ár dtuairim go bhfuil na híocaíochtaí is bun le cuntais OIPE don bhliain dar chríoch an 31 Nollaig 2022 dlíthiúil agus rialta ar gach slí ábhartha.

## Obair leantach ar bharúlacha ó bhlianta roimhe seo

**3.20.9.** Tugtar forléargas san ***Iarscríbhinn*** ar an ngníomhaíocht a rinneadh mar fhreagairt ar bharúlacha na Cúirte Iniúchóirí ó bhlianta roimhe seo.

# Iarscríbhinn – Obair leantach ar bharúlacha ó bhlianta roimhe seo

| Sraithuimhir | Bliain bharúil CIE | Barúil CIE (achoimre) | Gníomh ceartaitheach a rinneadh agus / nó forbairtí ábhartha eile (achoimre) | Stádas bharúil CIE (Oscailte / Dúnta) |
|---|---|---|---|---|
| 1 | 2021 | In 2021, rinneadh 21 % d'íocaíochtaí OIPE go déanach. Thairis sin, bhí OIPE ag brath ar fhoireann eatramhach le haghaidh íocaíochtaí próiseála. | Laghdaigh cion na n-íocaíochtaí déanacha go 5 % in 2022. Lean OIPE d'fhoireann eatramhach a úsáid chun íocaíochtaí a phróiseáil. | Oscailte |
| 2 | 2021 | Níl comhaontú léasa sínithe fós ag OIPE leis an mBallstát óstach dá áitreabh faoi mar atá luaite in Airteagal 3.2 den Chomhaontú Ceanncheathrún. | Síníodh an conradh léasa i mí Iúil 2022. | Dúnta |
| 3 | 2021 | Níl nósanna imeachta inmheánacha cuimsitheacha leagtha síos go fóill ag OIPE maidir lena struchtúr eagrúcháin agus leis na rialuithe *ex ante* a bhaineann le gnéithe oibríochtúla agus airgeadais a chuid oibríochtaí. | Rinneadh nós imeachta inmheánach a leagan síos i mí an Mheithimh 2022 chun aghaidh a thabhairt ar an tsaincheist. | Dúnta |
| 4 | 2021 | Níl Plean Leanúnachais Gnó cuimsitheach glactha go fóill ag OIPE. | Níor glacadh plean leanúnachais gnó go fóill. | Oscailte |

Oifig an Ionchúisitheora Phoiblí Eorpaigh (OIPE)

| Sraithuimhir | Bliain bharúil CIE | Barúil CIE (achoimre) | Gníomh ceartaitheach a rinneadh agus / nó forbairtí ábhartha eile (achoimre) | Stádas bharúil CIE (Oscailte / Dúnta) |
|---|---|---|---|---|
| 5 | 2021 | I nós imeachta earcaíochta amháin, fuaireamar amach nach raibh aon fhianaise ann gur leag OIPE síos, sular scrúdaigh sé na hiarratais, cad é an líon íosta pointí a bhí le baint amach ag na hiarrthóirí chun iad a chur ar an ngearrliosta. | In 2022, chuir OIPE cleachtas chun feidhme, mar chleachtas reatha, trína ndéantar íoslíon pointí a leagan síos i nósanna imeachta earcaíochta. | Dúnta |

# Freagra OIPE


Thug OIPE tuarascáil CIE dá aire.

# 3.21. An Fhondúireacht Eorpach Oiliúna (ETF)

## Réamhrá

**3.21.1.** Bunaíodh an Fhondúireacht Eorpach Oiliúna ('ETF') atá lonnaithe in Torino, le Rialachán (CEE) Uimh. 1360/90 ón gComhairle, arna aisghairm agus arna ionadú le Rialachán (CE) Uimh. 1339/2008. Cuidíonn ETF le tíortha comharsanachta an Aontais a gcórais oideachais agus oiliúna a athchóiriú. Chun é sin a dhéanamh, cuidíonn sé leis an gCoimisiún chun cláir éagsúla ghairmoiliúna a chur chun feidhme. I ***bhFíor 3.21.1***, tugtar na príomhfhigiúirí do ETF[67].

### Fíor 3.21.1 – Príomhfhigiúirí do ETF




* Tá figiúirí an bhuiséid bunaithe ar iomlán na leithreasuithe faoi chomhair íocaíochtaí atá ar fáil le linn na bliana airgeadais.

** Áirítear le 'foireann' oifigigh AE, gníomhairí sealadacha AE, daoine atá fostaithe ar conradh ag an Aontas agus saineolaithe náisiúnta ar iasacht, ach níl oibrithe eatramhacha ná sainchomhairleoirí san áireamh.

*Foinse:* Cuntais bhliantúla ETF do bhlianta airgeadais 2021 agus 2022; figiúirí foirne arna soláthar ag ETF.

## Faisnéis a thacaíonn leis an ráiteas dearbhaithe

**3.21.2.** I Roinn 3.1, tá tuairisc ar ár gcur chuige iniúchóireachta, an bonn atá lenár dtuairim, na freagrachtaí atá ar bhainistíocht ETF agus orthu siúd a bhfuil an rialachas de chúram orthu, agus freagrachtaí an iniúchóra as iniúchóireacht a dhéanamh ar na cuntais agus ar na hidirbhearta is bun leis na cuntais. Is cuid dhílis den tuairim é an síniú atá ar leathanach 367.

[67] Tá tuilleadh eolais faoi ról agus gníomhaíochtaí ETF ar fáil ar a shuíomh gréasáin: www.etf.europa.eu.

## Ráiteas dearbhaithe na Cúirte Iniúchóirí arna chur ar fáil do Pharlaimint na hEorpa agus don Chomhairle – Tuarascáil an iniúchóra neamhspleách

# Tuairim

**3.21.3.** Tá iniúchóireacht déanta againn ar an méid seo a leanas:

(a) cuntais na Fondúireachta Eorpaí Oiliúna (‘ETF’), atá comhdhéanta de na ráitis airgeadais[68] agus de na tuarascálacha ar chur chun feidhme bhuiséad ETF[69] don bhliain airgeadais dar críoch an 31 Nollaig 2022, agus

(b) dlíthiúlacht agus rialtacht na n-idirbheart is bun leis na cuntais sin,

de réir mar a cheanglaítear le hAirteagal 287 den Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh (CFAE).

## Beachtas na gcuntas

### Tuairim maidir le beachtas na gcuntas

**3.21.4.** Is é ár dtuairim go dtugann cuntais ETF don bhliain dar críoch an 31 Nollaig 2022 léargas fíorcheart, ar gach slí ábhartha, ar staid airgeadais ETF amhail an 31 Nollaig 2022, ar thorthaí a chuid oibríochtaí, ar a shreabha airgid, agus ar na hathruithe ar ghlansócmhainní don bhliain dar críoch an dáta céanna, i gcomhréir lena Rialachán Airgeadais agus le rialacha cuntasaíochta arna nglacadh ag oifigeach cuntasaíochta an Choimisiúin. Tá siad sin bunaithe ar chaighdeáin chuntasaíochta don earnáil phoiblí a bhfuil glacadh go hidirnáisiúnta leo.

[68] Tá na ráitis airgeadais comhdhéanta den chlár comhardaithe, den ráiteas um fheidhmíocht airgeadais, den ráiteas faoi shreabhadh airgid, den ráiteas maidir leis na hathruithe ar ghlansócmhainní agus d’achoimre ar bheartais chuntasaíochta shuntasacha agus de nótaí míniúcháin eile.

[69] Tá na tuarascálacha ar chur chun feidhme an bhuiséid comhdhéanta de na tuarascálacha, ina gcomhiomlánaítear na hoibríochtaí buiséadacha go léir, agus de na nótaí míniúcháin.

## Dlíthiúlacht agus rialtacht na n-idirbheart is bun leis na cuntais

### Ioncam

**Tuairim maidir le dlíthiúlacht agus rialtacht an ioncaim is bun leis na cuntais**

**3.21.5.** Is é ár dtuairim go bhfuil an t-ioncam is bun le cuntais ETF don bhliain dar chríoch an 31 Nollaig 2022 dlíthiúil agus rialta ar gach slí ábharthach.

### Íocaíochtaí

**Tuairim maidir le dlíthiúlacht agus rialtacht na n-íocaíochtaí is bun leis na cuntais**

**3.21.6.** Is é ár dtuairim go bhfuil na híocaíochtaí is bun le cuntais ETF don bhliain dar chríoch an 31 Nollaig 2022 dlíthiúil agus rialta ar gach slí ábharthach.

**3.21.7.** Maidir leis na barúlacha anseo ina dhiaidh seo, ní tharraingíonn siad amhras ar bith ar thuairim na Cúirte Iniúchóirí.

## Barúlacha maidir le dlíthiúlacht agus rialtacht na n-idirbheart

**3.21.8.** Rinneamar iniúchóireacht ar dhámhachtain creatchonartha chun seirbhísí tacaíochta ábhair a sholáthar, ar fiú €1 mhilliún é, ag éirí as nós imeachta oscailte a seoladh in 2021.

Chun a n-acmhainneacht eacnamaíoch agus airgeadais a léiriú bhí sé de cheangal ar thairgeoirí cuntais dhúnta agus shínithe a sholáthar ina léirítear láimhdeachas de €250 000 ar a laghad don dá bhliain airgeadais dheireanacha (i.e. 2019 agus 2020).

Thugamar ar aire nach raibh an tairseach a bhí ag teastáil bainte amach ag láimhdeachas an tairgeora bhuaitigh do 2019. Chinn ETF áfach, gan an tairgeoir a dhiúltú ar bhonn láimhdeachais níos airde a léirítear i gcuntais shealadacha 2021.

D’imigh ETF ó na sonraíochtaí teicniúla trí ghlacadh le cuntais shealadacha le haghaidh 2021 in ionad na gcuntas deiridh do 2019 mar chruthúnas ar acmhainneacht eacnamaíoch agus

airgeadais an tairgeora. Táimid tagtha ar an gconclúid dá bhrí sin go bhfuil an nós imeachta meastóireachta agus an conradh a tháinig as neamhrialta, chomh maith leis na híocaíochtaí gaolmhara, arbh ionann iad – in 2022 – agus €100 100.

**3.21.9.** I nós imeachta oscailte eile le haghaidh seirbhísí tacaíochta intíre, ar fiú €4 mhilliún é, bhí acmhainneachtaí airgeadais agus eacnamaíocha na dtairgeoirí le measúnú de réir dhá chritéar: (1) staid chobhsaí airgeadais, arna léiriú le taca paraiméadar, lena n-áirítear glanbhrabús dearfach; agus (2) láimhdeachas bliantúil de €1 mhilliún ar a laghad sa dá bhliain airgeadais dheireanacha.

Rinne ETA an conradh a dhámhachtain do chuibhreannas de chúig eintiteas neamhthráchtála cé nach raibh aon bhrabús tuairiscithe ag aon cheann de chomhaltaí an chuibhreannais le dhá bhliain anuas. Ina theannta sin, chinn ETF neamhaird a dhéanamh den cheanglas láimhdeachais – nár chomhlíon an tairgeoir buaiteach – de bhrí nach raibh sé infheidhme maidir le heintitis neamhthráchtála.

Táimid tagtha ar an gconclúid gur chuir ETF na critéir roghnúcháin i bhfeidhm go mícheart agus nach raibh acmhainneacht eacnamaíoch agus airgeadais an tairgeora bhuaitigh léirithe. Tá an nós imeachta meastóireachta agus an conradh a tháinig as neamhrialta dá bhrí sin, chomh maith leis na híocaíochtaí gaolmhara, arbh ionann iad – in 2022 – agus €70 500.

## Obair leantach ar bharúlacha ó bhlianta roimhe seo

**3.21.10.** Tugtar forléargas san *Iarscríbhinn* ar an ngníomhaíocht a rinneadh mar fhreagairt ar bharúlacha na Cúirte Iniúchóirí ó bhlianta roimhe seo.

# Iarscríbhinn – Obair leantach ar bharúlacha ó bhlianta roimhe seo

| Sraithuimhir | Bliain bharúil CIE | Barúil CIE (achoimre) | Gníomh ceartaitheach a rinneadh agus / nó forbairtí ábhartha eile (achoimre) | Stádas bharúil CIE<br>(Oscailte / Dúnta) |
|---|---|---|---|---|
| 1 | 2018 | I nós imeachta soláthair phoiblí le haghaidh seirbhísí gníomhaireachta sealadacha, chuir ETF critéir dhámhachtana i bhfeidhm ar ghnéithe praghsanna neamhiomaíocha den chuid is mó a bhí iontu. Ba cheart do ETF critéir dhámhachtana a úsáid a dhíríonn ar ghnéithe praghsanna iomaíocha. | Chuaigh an conradh atá i gceist in éag i Márta 2023. | Oscailte |

An Fhondúireacht Eorpach Oiliúna (ETF)

# Freagra ETF

**3.21.8.** Aithníonn ETF tuairim na Cúirte, ag tabhairt dá aire gurbh é cuspóir na meastóireachta a rinneadh measúnú a dhéanamh ar shócmhainneacht fhoriomlán airgeadais an fhorthairgeora a moladh le haghaidh dámhachtana. Ós rud é nár tháinig aon rioscaí féideartha chun cinn, cinneadh an conradh a bhronnadh ar an bhfothairgeoir a bhfuil an tairiscint praghais is fearr cáilíochta acu.  Tar éis na tuairime ón gCúirt, déanfaidh ETF a mhodheolaíocht a shimpliú, a leanfaidh de mheasúnú a dhéanamh ar iontaofacht airgeadais conraitheoirí, ach é a dhéanamh níos oiriúnaí don staid airgeadais reatha (tar éis na paindéime agus an chogaidh).


**3.21.9.** Aithníonn ETF tuairim na Cúirte. Mar sin féin, ba mhaith le ETF a chur in iúl go gciallaíonn a shainordú oibriú le tíortha comhpháirtíochta ETF. Tugann sé sin le tuiscint go raibh an nós imeachta soláthair atá i gceist, rud a bhí nasctha le tionscadal fóirdheontais breise, dírithe ar chaipiteal daonna a fhorbairt san Áise Láir agus go bhféadfadh baint a bheith aige le rannpháirtíocht soláthraithe neamhthráchtála áitiúla san earnáil forbartha agus cabhrach.  Tar éis na tuairime ón gCúirt, leanfaidh ETF de phlé a dhéanamh le seirbhísí ábhartha an Choimisiúin maidir le modhanna malartacha a d’fhéadfadh a bheith ann chun na gníomhaíochtaí a chur chun feidhme ina thíortha comhpháirtíochta.  Ag an am céanna, déanfaidh ETF a mhodheolaíocht a shimpliú maidir le measúnú airgeadais chun díriú, i gcás inarb infheidhme, ar an margadh neamh-AE.

# 3.22. An Ghníomhaireacht Eorpach um Shábháilteacht agus Sláinte ag an Obair (EU-OSHA)

## Réamhrá

**3.22.1.** Is le Rialachán (CE) Uimh. 2062/94, arna aisghairm agus arna ionadú le Rialachán (AE) 2019/126, a bunaíodh an Ghníomhaireacht Eorpach um Shábháilteacht agus Sláinte ag an Obair ('EU-OSHA'), atá lonnaithe in Bilbao. I measc na gcúraimí atá ar EU-OSHA, tá faisnéis maidir le tosaíochtaí náisiúnta agus tosaíochtaí an Aontais i réimse na sláinte agus na sábháilteachta ag an obair a bhailiú agus a chraobhscaoileadh, agus tacaíocht a thabhairt d'eagraíochtaí náisiúnta agus d'eagraíochtaí an Aontais a bhfuil baint acu le beartais a dhéanamh agus a chur chun feidhme sa réimse sin. I ***bhFíor 3.22.1***, tugtar na príomhfhigiúirí do EU-OSHA[70].

### Fíor 3.22.1 – Príomhfhigiúirí do EU-OSHA




| | |
|---|---|
| * | Tá figiúirí an bhuiséid bunaithe ar iomlán na leithreasuithe faoi chomhair íocaíochtaí atá ar fáil le linn na bliana airgeadais. |
| ** | Áirítear le 'foireann' oifigigh an Aontais, gníomhairí sealadacha AE, daoine atá fostaithe ar conradh ag an Aontas agus saineolaithe náisiúnta ar iasacht, ach níl oibrithe eatramhacha ná sainchomhairleoirí san áireamh. |

*Foinse:* Cuntais bhliantúla EU-OSHA do bhlianta airgeadais 2021 agus 2022; figiúirí foirne arna soláthar ag EU-OSHA.

## Faisnéis a thacaíonn leis an ráiteas dearbhaithe

**3.22.2.** I Roinn 3.1, tá tuairisc ar ár gcur chuige iniúchóireachta, an bonn atá lenár dtuairim, na freagrachtaí atá ar bhainistíocht EU-OSHA agus orthu siúd a bhfuil an rialachas de chúram orthu, agus freagrachtaí an iniúchóra as iniúchóireacht a dhéanamh ar na cuntais agus

[70] Tá tuilleadh eolais faoi ról agus gníomhaíochtaí EU-OSHA ar fáil ar a shuíomh gréasáin: www.osha.europa.eu.

ar na hidirbhearta is bun leis na cuntais. Is cuid dhílis den tuairim é an síniú atá ar leathanach 367.

## Ráiteas dearbhaithe na Cúirte Iniúchóirí arna chur ar fáil do Pharlaimint na hEorpa agus don Chomhairle – Tuarascáil an iniúchóra neamhspleách

# Tuairim

**3.22.3.** Tá iniúchóireacht déanta againn ar an méid seo a leanas:

(a) cuntais na Gníomhaireachta Eorpaí um Shábháilteacht agus Sláinte ag an Obair (EU-OSHA), atá comhdhéanta de na ráitis airgeadais[71] agus de na tuarascálacha ar chur chun feidhme bhuiséad EU-OSHA[72] don bhliain airgeadais dar chríoch an 31 Nollaig 2022, agus

(b) dlíthiúlacht agus rialtacht na n-idirbheart is bun leis na cuntais sin,

de réir mar a cheanglaítear le hAirteagal 287 den Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh (CFAE).

## Beachtas na gcuntas

### Tuairim maidir le beachtas na gcuntas

**3.22.4.** Is é ár dtuairim go dtugann cuntais EU-OSHA don bhliain dar chríoch an 31 Nollaig 2022 léargas fíorcheart, ar gach slí ábharthach, ar staid airgeadais EU-OSHA amhail an 31 Nollaig 2022, ar thorthaí a chuid oibríochtaí, ar a shreabha airgid, agus ar na hathruithe ar ghlansócmhainní don bhliain dar chríoch an dáta céanna, i gcomhréir lena

[71] Tá na ráitis airgeadais comhdhéanta den chlár comhardaithe, den ráiteas um fheidhmíocht airgeadais, den ráiteas faoi shreabhadh airgid, den ráiteas maidir leis na hathruithe ar ghlansócmhainní agus d’achoimre ar bheartais chuntasaíochta shuntasacha agus de nótaí míniúcháin eile.

[72] Tá na tuarascálacha ar chur chun feidhme an bhuiséid comhdhéanta de na tuarascálacha, ina gcomhiomlánaítear na hoibríochtaí buiséadacha go léir, agus de na nótaí míniúcháin.

Rialachán Airgeadais agus le rialacha cuntasaíochta arna nglacadh ag oifigeach cuntasaíochta an Choimisiúin. Tá siad sin bunaithe ar chaighdeáin chuntasaíochta don earnáil phoiblí a bhfuil glacadh go hidirnáisiúnta leo.

## Dlíthiúlacht agus rialtacht na n-idirbheart is bun leis na cuntais

### Ioncam

**Tuairim maidir le dlíthiúlacht agus rialtacht an ioncaim is bun leis na cuntais**

**3.22.5.** Is é ár dtuairim go bhfuil an t-ioncam is bun le cuntais EU-OSHA don bhliain dar críoch an 31 Nollaig 2022 dlíthiúil agus rialta ar gach slí ábhartha.

### Íocaíochtaí

**Tuairim maidir le dlíthiúlacht agus rialtacht na n-íocaíochtaí is bun leis na cuntais**

**3.22.6.** Is é ár dtuairim go bhfuil na híocaíochtaí is bun le cuntais EU-OSHA don bhliain dar críoch an 31 Nollaig 2022 dlíthiúil agus rialta ar gach slí ábhartha.

**3.22.7.** Maidir leis na barúlacha anseo ina dhiaidh seo, ní tharraingíonn siad amhras ar bith ar thuairim na Cúirte Iniúchóirí.

## Barúlacha maidir leis an mbainistíocht bhuiséadach

**3.22.8.** Thug EU-OSHA ar aghaidh, ó 2022 go 2023, ocht ngealltanas shealadacha arb ionann iad agus €533 676. Ceadaítear tabhairt anonn den sórt sin faoi Airteagal 12(6) de Rialachán Airgeadais EU-OSHA, i gcás ina bhfuil gealltanas dlíthiúil (amhail conradh sínithe) ann ag deireadh na bliana. Mar sin féin, faoin 31 Nollaig 2022, ní raibh aon chonradh sínithe ag EU-OSHA a bhí ag freagairt do €109 256 de na gealltanais shealadacha sin. Ba cheart, dá bhrí sin, an méid de €109 256 a bheith saortha ó ghealltanas seachas a bheith tugtha anonn go 2023.

## Obair leantach ar bharúlacha ó bhlianta roimhe seo

**3.22.9.** Tugtar forléargas san ***Iarscríbhinn*** ar an ngníomhaíocht a rinneadh mar fhreagairt ar bharúlacha na Cúirte Iniúchóirí ó bhlianta roimhe seo.

# Iarscríbhinn – Obair leantach ar bharúlacha ó bhlianta roimhe seo

| Sraithuimhir | Bliain bharúil CIE | Barúil CIE (achoimre) | Gníomh ceartaitheach a rinneadh agus / nó forbairtí ábhartha eile (achoimre) | Stádas bharúil CIE (Oscailte / Dúnta) |
|---|---|---|---|---|
| 1 | 2021 | In aon nós imeachta soláthair oscailte amháin, níor shínigh comhaltaí an choiste meastóireachta an dearbhú á rá nach raibh coinbhleachtaí leasa ann go dtí go raibh an conradh dáfa. | Maidir le nósanna imeachta ina bhfuil coiste soláthair le ceapadh, baineann EU-OSHA úsáid as uirlisí r-sholáthair lena n-áirithítear go sínítear dearbhuithe nach bhfuil coinbhleachtaí leasa ann in am trátha. | Dúnta |

# Freagra EU-OSHA


Tá tuarascáil na Cúirte tugtha ar a haire ag an nGníomhaireacht.

# 3.23. An Foras Eorpach chun Dálaí Maireachtála agus Oibre a Fheabhsú (Eurofound)

## Réamhrá

**3.23.1.** Bunaíodh an Foras Eorpach chun Dálaí Maireachtála agus Oibre a Fheabhsú (‘Eurofound’), atá lonnaithe i mBaile Átha Cliath, le Rialachán (CEE) Uimh. 1365/75 ón gComhairle, arna aisghairm agus arna ionadú le Rialachán (AE) 2019/127. Is é cúram Eurofound ná rannchuidiú le dálaí maireachtála agus oibre níos fearr san Aontas a phleanáil agus a bhunú trí eolas atá ábhartha don ábhar sin a mhéadú agus a chraobhscaoileadh. I ***bhFíor 3.23.1***, tugtar na príomhfhigiúirí do Eurofound[73].

### Fíor 3.23.1 – Príomhfhigiúirí do Eurofound




* Tá figiúirí an bhuiséid bunaithe ar iomlán na leithreasuithe faoi chomhair íocaíochtaí atá ar fáil le linn na bliana airgeadais.

** Áirítear le ‘foireann’ oifigigh an Aontais, gníomhairí sealadacha AE, daoine atá fostaithe ar conradh ag an Aontas agus saineolaithe náisiúnta ar iasacht, ach níl oibrithe eatramhacha ná sainchomhairleoirí san áireamh.

*Foinse:* Cuntais bhliantúla Eurofound do bhlianta airgeadais 2021 agus 2022; figiúirí foirne arna soláthar ag Eurofound.

## Faisnéis a thacaíonn leis an ráiteas dearbhaithe

**3.23.2.** I Roinn 3.1, tá tuairisc ar ár gcur chuige iniúchóireachta, an bonn atá lenár dtuairim, na freagrachtaí atá ar bhainistíocht Eurofound agus orthu siúd a bhfuil an rialachas de chúram orthu, agus freagrachtaí an iniúchóra as iniúchóireacht a dhéanamh ar na cuntais agus ar na hidirbhearta is bun leis na cuntais. Is cuid dhílis den tuairim é an síniú atá ar leathanach 367.

[73] Tá tuilleadh eolais faoi ról agus gníomhaíochtaí Eurofound ar fáil ar a shuíomh gréasáin: www.eurofound.europa.eu.

# Ráiteas dearbhaithe na Cúirte Iniúchóirí arna chur ar fáil do Pharlaimint na hEorpa agus don Chomhairle – Tuarascáil an iniúchóra neamhspleách

## Tuairim

**3.23.3.** Tá iniúchóireacht déanta againn ar an méid seo a leanas:

(a) cuntais an Fhorais Eorpaigh chun Dálaí Maireachtála agus Oibre a Fheabhsú ('Eurofound'), atá comhdhéanta de na ráitis airgeadais[74] agus de na tuarascálacha ar chur chun feidhme bhuiséad Eurofound[75] don bhliain airgeadais dar chríoch an 31 Nollaig 2022, agus

(b) dlíthiúlacht agus rialtacht na n-idirbheart is bun leis na cuntais sin,

de réir mar a cheanglaítear le hAirteagal 287 den Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh (CFAE).

### Beachtas na gcuntas

#### Tuairim maidir le beachtas na gcuntas

**3.23.4.** Is é ár dtuairim go dtugann cuntais Eurofound don bhliain dar chríoch an 31 Nollaig 2022 léargas fíorcheart, ar gach slí ábhartach, ar staid airgeadais Eurofound amhail an 31 Nollaig 2022, ar thorthaí a chuid oibríochtaí, ar a shreabha airgid, agus ar na hathruithe ar ghlansócmhainní don bhliain dar chríoch an dáta céanna, i gcomhréir lena Rialachán Airgeadais agus le rialacha cuntasaíochta arna nglacadh ag oifigeach cuntasaíochta an Choimisiúin. Tá siad sin bunaithe ar chaighdeáin chuntasaíochta don earnáil phoiblí a bhfuil glacadh go hidirnáisiúnta leo.

---

[74] Tá na ráitis airgeadais comhdhéanta den chlár comhardaithe, den ráiteas um fheidhmíocht airgeadais, den ráiteas faoi shreabhadh airgid, den ráiteas maidir leis na hathruithe ar ghlansócmhainní agus d'achoimre ar bheartais chuntasaíochta shuntasacha agus de nótaí míniúcháin eile.

[75] Tá na tuarascálacha ar chur chun feidhme an bhuiséid comhdhéanta de na tuarascálacha, ina gcomhiomlánaítear na hoibríochtaí buiséadacha go léir, agus de na nótaí míniúcháin.

## Dlíthiúlacht agus rialtacht na n-idirbheart is bun leis na cuntais

### Ioncam

**Tuairim maidir le dlíthiúlacht agus rialtacht an ioncaim is bun leis na cuntais**

**3.23.5.** Is é ár dtuairim go bhfuil an t-ioncam is bun le cuntais Eurofound don bhliain dar chríoch an 31 Nollaig 2022 dlíthiúil agus rialta ar gach slí ábhartha.

### Íocaíochtaí

**Tuairim maidir le dlíthiúlacht agus rialtacht na n-íocaíochtaí is bun leis na cuntais**

**3.23.6.** Is é ár dtuairim go bhfuil na híocaíochtaí is bun le cuntais Eurofound don bhliain dar chríoch an 31 Nollaig 2022 dlíthiúil agus rialta ar gach slí ábhartha.

**3.23.7.** Maidir leis na barúlacha anseo ina dhiaidh seo, ní tharraingíonn siad amhras ar bith ar thuairim na Cúirte Iniúchóirí.

## Barúlacha maidir le córais bhainistíochta agus rialaithe

**3.23.8.** I nós imeachta soláthair amháin le haghaidh seirbhísí líonraithe, d’úsáid Eurofound scileanna gairmiúla agus teanga chomhaltaí na foirne mar chritéar dámhachtana. Is cuid de na critéir roghnúcháin iad na scileanna sin (i.e. acmhainneacht theicniúil an tairgeora). Déanann an easpa idirdhealaithe idir critéir roghnúcháin, a bhaineann le meastóireacht na dtairgeoirí, agus critéir dhámhachtana, a bhaineann le meastóireacht ar na tairiscintí iad féin, Airteagal 167 den Rialachán Airgeadais a shárú.

**3.23.9.** Fuaireamar laigí a bhain le clár thréimhse oiliúna Eurofound. Ar an gcéad dul síos, foilsíodh na rialacha lena rialaítear an scéim oiliúna ar shuíomh gréasáin Eurofound, ach ní raibh siad glactha go foirmiúil. Ar an dara dul síos, contrártha leis na rialacha sin, níor nuashonraigh Eurofound in 2022 luach saothair oiliúnaithe i gcomhréir leis na hathruithe ar na rátaí luacha saothair tagartha a d'íoc an Coimisiún agus comhéifeacht cheartúcháin na hÉireann. Mar thoradh air sin, in 2022, d'íoc Eurofound €3 300 níos lú san iomlán leis na 16 oiliúnaí lena mbaineann ná ba cheart a bheith íoctha aige. Is ionann sin agus laige rialaithe inmheánaigh agus cruthaíonn sé rioscaí clú, airgeadais agus dlíthiúla do Eurofound.

## Obair leantach ar bharúlacha ó bhlianta roimhe seo

**3.23.10.** Tugtar forléargas san ***Iarscríbhinn*** ar an ngníomhaíocht a rinneadh mar fhreagairt ar bharúlacha na Cúirte Iniúchóirí ó bhlianta roimhe seo.

# Iarscríbhinn – Obair leantach ar bharúlacha ó bhlianta roimhe seo

| Sraithuimhir | Bliain bharúil CIE | Barúil CIE (achoimre) | Gníomh ceartaitheach a rinneadh agus / nó forbairtí ábhartha eile (achoimre) | Stádas bharúil CIE (Oscailte / Dúnta) |
|---|---|---|---|---|
| 1 | 2019 | Bhí an próiseas soláthair phoiblí le haghaidh conradh soláthair leictreachais neamhrialta. Mar thoradh air sin, bhí gach íocaíocht ina dhiaidh sin agus a bhain leis an gconradh sin neamhrialta. | Chuaigh an conradh bunúsach in éag i Meitheamh 2021. | Dúnta |

# Freagra Eurofound

**3.23.8.** Glactar leis go bhféadfadh an t-idirdhealú idir critéir roghnúcháin agus dhámhachtana sa tairiscint luaite a bheith curtha i láthair ar bhealach ní ba shoiléire.

Ní dhearnadh aon difear do thoradh an nós imeachta, áfach.

Chun béim ní ba shoiléire a leagan ar an idirdhealú amach anseo, rinneadh na teimpléid tairisceana a mhodhnú dá réir.

**3.23.9.** Ba neamart riaracháin é síniú a fhágáil ar lár ar na rialacha foilsithe ar rialacha a cuireadh in iúl ar bhealach trédhearcach ach ab é sin.

Níor measadh an deontas d'oiliúnaithe a bheith tugtha cothrom le dáta go huathoibríoch ós rud é go mbíonn éifeacht chúlghabhálach ag na hathruithe tuarastail agus comhéifeachta i gcónaí. D'fhéadfadh sé sin deacrachtaí a chruthú dá mba ghá airgead a éileamh ar ais ó oiliúnaithe a bheadh tar éis an tréimhse oiliúna a chríochnú cheana féin idir an dá linn.

Dá bhrí sin, le rialacha 2023 leagtar síos dearbhmhéid don deontas seachas é a nascadh le hoiliúnaithe an Choimisiúin.


Íocadh coigeartuithe leis na hoiliúnaithe ó mhí Dheireadh Fómhair 2022 ar aghaidh.

# 3.24. Gníomhaireacht an Aontais Eorpaigh um Chomhar Ceartais Choiriúil (Eurojust)

## Réamhrá

**3.24.1.** Is le Rialachán (AE) 2018/1727 a bunaíodh Gníomhaireacht an Aontais Eorpaigh um Chomhar Ceartais Choiriúil ('Eurojust'), atá lonnaithe sa Háig. Tháinig sé i gcomharbas ar chomhlacht ar ar tugadh 'Eurojust' freisin, a bunaíodh in 2002. Is é misean Eurojust ná tacú leis an gcomhrac i gcoinne na coireachta eagraithe tromchúisí trí fheabhas a chur ar chomhordú imscrúduithe agus ionchúiseamh ar bhonn trasteorann. Tá sé de chumhacht ag Eurojust freisin fianaise ar choireanna cogaidh a bhailiú, a chaomhnú agus a chomhroinnt. I ***bhFíor 3.24.1***, tugtar na príomhfhigiúirí do Eurojust[76].

### Fíor 3.24.1 – Príomhfhigiúirí do Eurojust




* Tá figiúirí an bhuiséid bunaithe ar iomlán na leithreasuithe faoi chomhair íocaíochtaí atá ar fáil le linn na bliana airgeadais.

** Áirítear le 'foireann' oifigigh an Aontais, gníomhairí sealadacha AE, daoine atá fostaithe ar conradh ag an Aontas agus saineolaithe náisiúnta ar iasacht, ach níl oibrithe eatramhacha ná sainchomhairleoirí san áireamh.

*Foinse:* Cuntais bhliantúla Eurojust do bhlianta airgeadais 2021 agus 2022; figiúirí foirne arna soláthar ag Eurojust.

## Faisnéis a thacaíonn leis an ráiteas dearbhaithe

**3.24.2.** I Roinn 3.1, tá tuairisc ar ár gcur chuige iniúchóireachta, an bonn atá lenár dtuairim, na freagrachtaí atá ar bhainistíocht Eurojust agus orthu siúd a bhfuil an rialachas de chúram orthu, agus freagrachtaí an iniúchóra as iniúchóireacht a dhéanamh ar na cuntais agus ar na hidirbhearta is bun leis na cuntais. Is cuid dhílis den tuairim é an síniú atá ar leathanach 367.

[76] Tá tuilleadh eolais faoi ról agus gníomhaíochtaí Eurojust ar fáil ar a shuíomh gréasáin: www.eurojust.europa.eu.

## Ráiteas dearbhaithe na Cúirte Iniúchóirí arna chur ar fáil do Pharlaimint na hEorpa agus don Chomhairle – Tuarascáil an iniúchóra neamhspleách

# Tuairim

**3.24.3.** Tá iniúchóireacht déanta againn ar an méid seo a leanas:

(a) cuntais Ghníomhaireacht an Aontais Eorpaigh um Chomhar Ceartais Choiriúil ('Eurojust'), atá comhdhéanta de na ráitis airgeadais[77] agus de na tuarascálacha ar chur chun feidhme bhuiséad Eurojust[78] don bhliain airgeadais dar críoch an 31 Nollaig 2022, agus

(b) dlíthiúlacht agus rialtacht na n-idirbheart is bun leis na cuntais sin,

de réir mar a cheanglaítear le hAirteagal 287 den Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh (CFAE).

## Beachtas na gcuntas

### Tuairim maidir le beachtas na gcuntas

**3.24.4.** Is é ár dtuairim go dtugann cuntais Eurojust don bhliain dar críoch an 31 Nollaig 2022 léargas fíorcheart, ar gach slí ábharthach, ar staid airgeadais Eurojust amhail an 31 Nollaig 2022, ar thorthaí a chuid oibríochtaí, ar a shreabha airgid, agus ar na hathruithe ar ghlansócmhainní don bhliain dar críoch an dáta céanna, i gcomhréir lena Rialachán Airgeadais agus le rialacha cuntasaíochta arna nglacadh ag oifigeach cuntasaíochta an Choimisiúin. Tá siad sin bunaithe ar chaighdeáin chuntasaíochta don earnáil phoiblí a bhfuil glacadh go hidirnáisiúnta leo.

[77] Tá na ráitis airgeadais comhdhéanta den chlár comhardaithe, den ráiteas um fheidhmíocht airgeadais, den ráiteas faoi shreabhadh airgid, den ráiteas maidir leis na hathruithe ar ghlansócmhainní agus d'achoimre ar bheartais chuntasaíochta shuntasacha agus de nótaí míniúcháin eile.

[78] Tá na tuarascálacha ar chur chun feidhme an bhuiséid comhdhéanta de na tuarascálacha, ina gcomhiomlánaítear na hoibríochtaí buiséadacha go léir, agus de na nótaí míniúcháin.

### Béim ar ábhar

**3.24.5.** Tarraingímid aird ar Nóta 6.10 a ghabhann leis na cuntais bhliantúla do 2022, ina dtugtar tuairisc ar chóras nua buiséadach, cuntasaíochta agus airgeadais, ar a dtugtar SUMMA, a bheith á chur chun feidhme mar threoirthionscadal le haghaidh forbairt an chórais don Choimisiún Eorpach. Níl ár dtuairim cáilithe i dtaca leis an ábhar sin.

## Dlíthiúlacht agus rialtacht na n-idirbheart is bun leis na cuntais

### Ioncam

**Tuairim maidir le dlíthiúlacht agus rialtacht an ioncaim is bun leis na cuntais**

**3.24.6.** Is é ár dtuairim go bhfuil an t-ioncam is bun le cuntais Eurojust don bhliain dar chríoch an 31 Nollaig 2022 dlíthiúil agus rialta ar gach slí ábharthach.

### Íocaíochtaí

**Tuairim maidir le dlíthiúlacht agus rialtacht na n-íocaíochtaí is bun leis na cuntais**

**3.24.7.** Is é ár dtuairim go bhfuil na híocaíochtaí is bun le cuntais Eurojust don bhliain dar chríoch an 31 Nollaig 2022 dlíthiúil agus rialta ar gach slí ábharthach.

**3.24.8.** Maidir leis na barúlacha anseo ina dhiaidh seo, ní tharraingíonn siad amhras ar bith ar thuairim na Cúirte Iniúchóirí.

## Barúlacha maidir le dlíthiúlacht agus rialtacht na n-idirbheart

**3.24.9.** I dTuarascáil 2020 ar ghníomhaireachtaí an Aontais uainn (mír 3.27.9), thángamar ar an gconclúid nach raibh creatchonradh le haghaidh léasú feithiclí le hoibreoir eacnamaíoch aonair oiriúnach don chineál seirbhísí a bhí ag teastáil. Bhí an conradh sonrach a

dámhadh mar thoradh ar an nós imeachta, chomh maith leis na híocaíochtaí gaolmhara ar fad, neamhrialta dá bhrí sin. In 2022, d'íoc Eurojust €59 281 faoin gconradh sin.

## Barúlacha maidir le córais bhainistíochta agus rialaithe

**3.24.10.** Chinn an Coimisiún imeacht óna chóras lárnach buiséadach agus cuntasaíochta, ABAC, agus córas nua ar a dtugtar SUMMA a chur ina áit faoin 1 Eanáir 2025. I mí na Nollag 2018, d'iarr AS BUDG ar Eurojust, chomh maith le dhá ghníomhaireacht eile (CINEA agus ERA), páirt a ghlacadh i bhforbairt SUMMA ar bhonn píolótach. Ón mbliain airgeadais 2022, tá Eurojust ag úsáid SUMMA chun a bhuiséad a bhainistiú.

Ní dhearna Eurojust nuashonrú ar a straitéis bainistithe riosca agus rialaithe chun rioscaí a bhaineann le cur chun feidhme chóras SUMMA a chlúdach, rud a sháraíonn Airteagal 36(4) den Rialachán Airgeadais. Sa bhreis air sin, ní dhearna Eurojust nuashonrú ar a scagchuarda airgeadais ná ar a straitéis le haghaidh seiceálacha *ex ante* agus *ex post* chun iad a ailíniú leis na hathruithe a tugadh isteach le cur chun feidhme SUMMA.

Tá córas bainistithe úsáideoirí SUMMA do Eurojust á bhainistiú ag AS BUDG, atá i gceannas ar chearta úsáideoirí SUMMA a dheonú agus a bhaint bunaithe ar an bhfaisnéis a bhíonn curtha ar fáil ag Eurojust. Níl struchtúr foirmiúil ar an bpróiseas seo fós, agus ní dhéanann Eurojust seiceáil shonrach ar na cearta atá sannta d'úsáideoir. Cruthaíonn sé sin riosca go bhféadfadh sé nach bhfuil na róil úsáideora in SUMMA sannta i gceart ná nuashonraithe i gceart, i gcomhréir le forálacha d'Airteagal 36(3)(a) den Rialachán Airgeadais. Níl próifíl úsáideora leormhaith le haghaidh iniúchóirí fós in SUMMA.

## Barúlacha maidir leis an mbainistíocht bhuiséadach

**3.24.11.** De réir a chuid sonraí, níor chloígh Eurojust (in 2022) leis na tréimhsí ama le haghaidh íocaíochtaí atá sonraithe in Airteagal 116 den Rialachán Airgeadais i gcás 1 222 íocaíocht as an iomlán de 2 308 (52.9 %). I 720 as na cásanna uile (31.5 %), bhí moill níos mó ná 30 lá ar na híocaíochtaí. Is laige é sin, atá Eurojust á lua le cur chun feidhme SUMMA, a fhágann Eurojust faoi lé rioscaí airgeadais agus clú agus a théann i gcoinne phrionsabal na barainneachta.

## Obair leantach ar bharúlacha ó bhlianta roimhe seo

**3.24.12.** Tugtar forléargas san ***Iarscríbhinn*** ar an ngníomhaíocht a rinneadh mar fhreagairt ar bharúlacha na Cúirte Iniúchóirí ó bhlianta roimhe seo.

# Iarscríbhinn – Obair leantach ar bharúlacha ó bhlianta roimhe seo

| Sraithuimhir | Bliain bharúil CIE | Barúil CIE (achoimre) | Gníomh ceartaitheach a rinneadh agus / nó forbairtí ábhartha eile (achoimre) | Stádas bharúil CIE (Oscailte / Dúnta) |
|---|---|---|---|---|
| 1 | 2020 | I dTuarascáil 2020 uainn, is é an chonclúid a bhí againn ná go raibh an nós imeachta soláthair chun feithiclí a léasú, neamhrialta. Mar thoradh air sin, tá gach íocaíocht a rinneadh ina dhiaidh sin agus a bhí bunaithe ar an gcreatchonradh sin neamhrialta. | Ní dhearna Eurojust aon chonradh sonrach a eisiúint ina dhiaidh sin faoin gcreatchonradh. Tá an conradh le dul in éag in 2024. | Oscailte |

# Freagra Eurojust

**3.24.10.** Níor chláraigh an ghníomhaireacht SUMMA mar riosca le haghaidh 2022 mar nach raibh sé beartaithe aici go rachadh an córas beo. Rinneadh é sin a cheartú i gceart le haghaidh 2023. Ós rud é go bhfuil SUMMA fós i gcéim Phíolótach, níor thug an ghníomhaireacht a ciorcaid airgeadais ná an straitéis seiceálacha ex-ante agus ex-post cothrom le dáta.

Nuair a bhí SUMMA á thabhairt isteach aige, d'iarr Eurojust cearta rochtana bunaithe ar na cearta sin a tugadh isteach in ABAC. Rinneadh cearta an úsáideora a mhacasamhlú agus níor tugadh isteach aon athruithe eile.


**3.24.11.** Is é an chúis ghinearálta leis an méadú ar íocaíochtaí déanacha in 2022 gur bliain thar a bheith deacair a bhí inti maidir le bainistiú buiséad in Eurojust. Cuireadh córas nua buiséadach agus airgeadais, SUMMA, i bhfeidhm. Bhí an córas i gcéim phíolótach agus bhí moilleanna agus deacrachtaí teicniúla ann maidir leis na hidirbhearta a phróiseáil. Bhí tionchar aige sin ar oiliúint fhoireann Eurojust agus chruthaigh sé roinnt dúshlán maidir le bainistiú buiséad. D'ainneoin an mhéadaithe ar mhéid na n-íocaíochtaí déanacha, níor íoc Eurojust aon ús dá mbarr.

# 3.25. Gníomhaireacht an Aontais Eorpaigh um Chearta Bunúsacha (FRA)

## Réamhrá

**3.25.1.** Bunaíodh Gníomhaireacht an Aontais Eorpaigh um Chearta Bunúsacha ('FRA'), atá lonnaithe i Vín, le Rialachán (CE) Uimh. 168/2007 ón gComhairle. Soláthraíonn FRA cúnamh agus saineolas do na húdaráis san Aontas Eorpach agus sna Ballstáit ó thaobh chur chun feidhme dhlí an Aontais a bhaineann le cearta bunúsacha. I ***bhFíor 3.25.1***, tugtar na príomhfhigiúirí do FRA[79].

### Fíor 3.25.1 – Príomhfhigiúirí do FRA




* Tá figiúirí an bhuiséid bunaithe ar iomlán na leithreasuithe faoi chomhair íocaíochtaí atá ar fáil le linn na bliana airgeadais.

** Áirítear le 'foireann' oifigigh an Aontais, gníomhairí sealadacha AE, daoine atá fostaithe ar conradh ag an Aontas agus saineolaithe náisiúnta ar iasacht, ach níl oibrithe eatramhacha ná sainchomhairleoirí san áireamh.

*Foinse:* Cuntais bhliantúla FRA do bhlianta airgeadais 2021 agus 2022; figiúirí foirne arna soláthar ag FRA.

## Faisnéis a thacaíonn leis an ráiteas dearbhaithe

**3.25.2.** I Roinn 3.1, tá tuairisc ar ár gcur chuige iniúchóireachta, an bonn atá lenár dtuairim, na freagrachtaí atá ar bhainistíocht FRA agus orthu siúd a bhfuil an rialachas de chúram orthu, agus freagrachtaí an iniúchóra as iniúchóireacht a dhéanamh ar na cuntais agus ar na hidirbhearta is bun leis na cuntais. Is cuid dhílis den tuairim é an síniú atá ar leathanach 367.

[79] Tá tuilleadh eolais faoi ról agus gníomhaíochtaí FRA ar fáil ar a shuíomh gréasáin: www.fra.europa.eu.

## Ráiteas dearbhaithe na Cúirte Iniúchóirí arna chur ar fáil do Pharlaimint na hEorpa agus don Chomhairle – Tuarascáil an iniúchóra neamhspleách

# Tuairim

**3.25.3.** Tá iniúchóireacht déanta againn ar an méid seo a leanas:

(a) cuntais Ghníomhaireacht an Aontais Eorpaigh um Chearta Bunúsacha ('FRA'), atá comhdhéanta de na ráitis airgeadais[80] agus de na tuarascálacha ar chur chun feidhme bhuiséad FRA[81] don bhliain airgeadais dar críoch an 31 Nollaig 2022, agus

(b) dlíthiúlacht agus rialtacht na n-idirbheart is bun leis na cuntais sin,

de réir mar a cheanglaítear le hAirteagal 287 den Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh (CFAE).

## Beachtas na gcuntas

### Tuairim maidir le beachtas na gcuntas

**3.25.4.** Is é ár dtuairim go dtugann cuntais FRA don bhliain dar críoch an 31 Nollaig 2022 léargas fíorcheart, ar gach slí ábharthach, ar staid airgeadais FRA amhail an 31 Nollaig 2022, ar thorthaí a chuid oibríochtaí, ar a shreabha airgid, agus ar na hathruithe ar ghlansócmhainní don bhliain dar críoch an dáta céanna, i gcomhréir lena Rialachán Airgeadais agus le rialacha cuntasaíochta arna nglacadh ag oifigeach cuntasaíochta an Choimisiúin. Tá siad sin bunaithe ar chaighdeáin chuntasaíochta don earnáil phoiblí a bhfuil glacadh go hidirnáisiúnta leo.

---

[80] Tá na ráitis airgeadais comhdhéanta den chlár comhardaithe, den ráiteas um fheidhmíocht airgeadais, den ráiteas faoi shreabhadh airgid, den ráiteas maidir leis na hathruithe ar ghlansócmhainní agus d'achoimre ar bheartais chuntasaíochta shuntasacha agus de nótaí míniúcháin eile.

[81] Tá na tuarascálacha ar chur chun feidhme an bhuiséid comhdhéanta de na tuarascálacha, ina gcomhiomlánaítear na hoibríochtaí buiséadacha go léir, agus de na nótaí míniúcháin.

## Dlíthiúlacht agus rialtacht na n-idirbheart is bun leis na cuntais

### Ioncam

**Tuairim maidir le dlíthiúlacht agus rialtacht an ioncaim is bun leis na cuntais**

**3.25.5.** Is é ár dtuairim go bhfuil an t-ioncam is bun le cuntais FRA don bhliain dar chríoch an 31 Nollaig 2022 dlíthiúil agus rialta ar gach slí ábhartha.

### Íocaíochtaí

**Tuairim maidir le dlíthiúlacht agus rialtacht na n-íocaíochtaí is bun leis na cuntais**

**3.25.6.** Is é ár dtuairim go bhfuil na híocaíochtaí is bun le cuntais FRA don bhliain dar chríoch an 31 Nollaig 2022 dlíthiúil agus rialta ar gach slí ábhartha.

**3.25.7.** Maidir leis na barúlacha anseo ina dhiaidh seo, ní tharraingíonn siad amhras ar bith ar thuairim na Cúirte Iniúchóirí.

## Barúlacha maidir leis an mbainistíocht bhuiséadach

**3.25.8.** Fuaireamar amach go ndearna FRA os cionn €6.4 milliún (26 %) de leithreasuithe faoi chomhair gealltanas 2022 a thabhairt anonn go dtí 2023. Áiríodh leis sin €5.9 milliún (nó 74 %) de leithreasuithe faoi Theideal III, a bhaineann le caiteachas oibríochtúil (74 % in 2021). Tá rátaí arda de thabhairt anonn, a tharlaíonn arís is arís eile, contrártha do phrionsabal buiséadach na bliantúlachta agus tugann sé le tuiscint go bhfuil fadhbanna struchtúracha i bpróiseas an bhuiséid agus sa timthriall cur chun feidhme.

## Obair leantach ar bharúlacha ó bhlianta roimhe seo

**3.25.9.** Tugtar forléargas san ***Iarscríbhinn*** ar an ngníomhaíocht a rinneadh mar fhreagairt ar bharúlacha na Cúirte Iniúchóirí ó bhlianta roimhe seo.

# Iarscríbhinn – Obair leantach ar bharúlacha ó bhlianta roimhe seo

| Sraithuimhir | Bliain bharúil CIE | Barúil CIE (achoimre) | Gníomh ceartaitheach a rinneadh agus / nó forbairtí ábhartha eile (achoimre) | Stádas bharúil CIE (Oscailte / Dúnta) |
|---|---|---|---|---|
| 1 | 2018 / 2021 | Rátaí arda de thabhairt anonn a tharlaíonn arís is arís eile agus a bhaineann le gníomhaíochtaí oibríochtúla (Teideal III) | Tá leibhéil arda de thabhairt anonn i dTeideal III fós ag tarlú (féach mír 3.25.9) | Oscailte |

# Freagra FRA

**3.25.8.** Mar gheall ar an gcreat sonrach ina n-oibríonn an Ghníomhaireacht, tá sé deacair caiteachas Oibríochtúil (T3) a ghealladh i bhfad níos luaithe sa bhliain. Rinneadh roinnt iarrachtaí, amhail faireachán níos dlúithe agus meastachán luath ar an tabhairt anonn don bhliain seo chugainn (C8), an dá cheann a bhuí le feabhas a chur ar an uirlis TF a úsáidtear (MATRIX). Déanfar measúnú ar thionscnaimh eile amach anseo. Mar sin féin, tá cur chun feidhme an bhuiséid an-mhaith ag an nGníomhaireacht: táirgeacht níos airde ná 99% le deich mbliana anuas (i.e., níos lú ná 1% de leithreasaí curtha ar ceal).

# Gníomhaireachtaí a mhaoinítear faoi Cheannteideal 3 de CAI – Acmhainní Nádúrtha agus an Comhshaol

# 3.26. An Ghníomhaireacht Eorpach Comhshaoil (EEA)

## Réamhrá

**3.26.1.** Bunaíodh an Ghníomhaireacht Eorpach Comhshaoil ('EEA') atá lonnaithe i gCóbanhávan, le Rialachán (CEE) Uimh. 1210/90 ón gComhairle, arna aisghairm agus arna ionadú le Rialachán (CE) Uimh. 401/2009. I gcomhar le líonra comhpháirtíochta, tá EEA freagrach as faisnéis iontaofa a chur ar fáil don Choimisiún, don Pharlaimint, do na Ballstáit agus, ar bhonn níos ginearálta, don phobal maidir le staid chomhshaoil na hEorpa, athrú aeráide agus saincheisteanna inbhuanaitheachta. I ***bhFíor 3.26.1***, tugtar na príomhfhigiúirí do EEA[82].

### Fíor 3.26.1 – Príomhfhigiúirí do EEA




*	Tá figiúirí an bhuiséid bunaithe ar iomlán na leithreasuithe faoi chomhair íocaíochtaí atá ar fáil le linn na bliana airgeadais.

**	Áirítear le 'foireann' oifigigh an Aontais, gníomhairí sealadacha AE, daoine atá fostaithe ar conradh ag an Aontas agus saineolaithe náisiúnta ar iasacht, ach níl oibrithe eatramhacha ná sainchomhairleoirí san áireamh.

*Foinse:* Cuntais bhliantúla EEA do bhlianta airgeadais 2021 agus 2022; figiúirí foirne arna soláthar ag EEA.

## Faisnéis a thacaíonn leis an ráiteas dearbhaithe

**3.26.2.** I Roinn 3.1, tá tuairisc ar ár gcur chuige iniúchóireachta, an bonn atá lenár dtuairim, na freagrachtaí atá ar bhainistíocht EEA agus orthu siúd a bhfuil an rialachas de chúram orthu, agus freagrachtaí an iniúchóra as iniúchóireacht a dhéanamh ar na cuntais agus ar na hidirbhearta is bun leis na cuntais. Is cuid dhílis den tuairim é an síniú atá ar leathanach 367.

[82] Tá tuilleadh eolais faoi ról agus gníomhaíochtaí EEA ar fáil ar a shuíomh gréasáin: www.eea.europa.eu.

## Ráiteas dearbhaithe na Cúirte Iniúchóirí arna chur ar fáil do Pharlaimint na hEorpa agus don Chomhairle – Tuarascáil an iniúchóra neamhspleách

# Tuairim

**3.26.3.** Tá iniúchóireacht déanta againn ar an méid seo a leanas:

(a) cuntais na Gníomhaireachta Eorpaí Comhshaoil (EEA), atá comhdhéanta de na ráitis airgeadais[83] agus de na tuarascálacha ar chur chun feidhme bhuiséad EEA[84] don bhliain airgeadais dar críoch an 31 Nollaig 2022, agus

(b) dlíthiúlacht agus rialtacht na n-idirbheart is bun leis na cuntais sin,

de réir mar a cheanglaítear le hAirteagal 287 den Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh (CFAE).

## Beachtas na gcuntas

### Tuairim maidir le beachtas na gcuntas

**3.26.4.** Is é ár dtuairim go dtugann cuntais EEA don bhliain dar críoch an 31 Nollaig 2022 léargas fíorcheart, ar gach slí ábhartach, ar staid airgeadais EEA amhail an 31 Nollaig 2022, ar thorthaí a chuid oibríochtaí, ar a shreabha airgid, agus ar na hathruithe ar ghlansócmhainní don bhliain dar críoch an dáta céanna, i gcomhréir lena Rialachán Airgeadais agus le rialacha cuntasaíochta arna nglacadh ag oifigeach cuntasaíochta an Choimisiúin. Tá siad sin bunaithe ar chaighdeáin chuntasaíochta don earnáil phoiblí a bhfuil glacadh go hidirnáisiúnta leo.

[83] Tá na ráitis airgeadais comhdhéanta den chlár comhardaithe, den ráiteas um fheidhmíocht airgeadais, den ráiteas faoi shreabhadh airgid, den ráiteas maidir leis na hathruithe ar ghlansócmhainní agus d'achoimre ar bheartais chuntasaíochta shuntasacha agus de nótaí míniúcháin eile.

[84] Tá na tuarascálacha ar chur chun feidhme an bhuiséid comhdhéanta de na tuarascálacha, ina gcomhiomlánaítear na hoibríochtaí buiséadacha go léir, agus de na nótaí míniúcháin.

## Dlíthiúlacht agus rialtacht na n-idirbheart is bun leis na cuntais

### Ioncam

**Tuairim maidir le dlíthiúlacht agus rialtacht an ioncaim is bun leis na cuntais**

**3.26.5.** Is é ár dtuairim go bhfuil an t-ioncam is bun le cuntais EEA don bhliain dar chríoch an 31 Nollaig 2022 dlíthiúil agus rialta ar gach slí ábhartha ch.

### Íocaíochtaí

**Tuairim maidir le dlíthiúlacht agus rialtacht na n-íocaíochtaí is bun leis na cuntais**

**3.26.6.** Is é ár dtuairim go bhfuil na híocaíochtaí is bun le cuntais EEA don bhliain dar chríoch an 31 Nollaig 2022 dlíthiúil agus rialta ar gach slí ábhartha ch.

**3.26.7.** Maidir leis na barúlacha anseo ina dhiaidh seo, ní tharraingíonn siad amhras ar bith ar thuairim na Cúirte Iniúchóirí.

## Barúlacha maidir le dlíthiúlacht agus rialtacht na n-idirbheart

**3.26.8.** I dTuarascáil 2021 uainn, thángamar ar an gconclúid go raibh úsáid nós imeachta idirbheartaithe gan foilsiú roimh ré chun creatchonradh a leasú tríd an mbuiséad tosaigh a dhúbailt go €1 mhilliún neamhrialta. Mar thoradh air sin, tá gach íocaíocht a rinneadh ina dhiaidh sin i dtaca leis an nós imeachta sin neamhrialta. Chuaigh an conradh in éag i mí na Nollag 2022. Is é €470 660 a bhí in íocaíochtaí gaolmhara 2022.

## Obair leantach ar bharúlacha ó bhlianta roimhe seo

**3.26.9.** Tugtar forléargas san ***Iarscríbhinn*** ar an ngníomhaíocht a rinneadh mar fhreagairt ar bharúlacha na Cúirte Iniúchóirí ó bhlianta roimhe seo.

# Iarscríbhinn – Obair leantach ar bharúlacha ó bhlianta roimhe seo

| Sraithuimhir | Bliain bharúil CIE | Barúil CIE (achoimre) | Gníomh ceartaitheach a rinneadh agus / nó forbairtí ábhartha eile (achoimre) | Stádas bharúil CIE (Oscailte / Dúnta) |
|---|---|---|---|---|
| 1 | 2021 | Leasaigh an Ghníomhaireacht creatchonradh chun seirbhísí deisiúcháin agus cothabhála foirgneamh a sholáthar trína luach a dhúbailt. Mheasamar go raibh an leasú neamhrialta, agus dá réir sin, go bhfuil gach conradh sonrach agus íocaíocht ina dhiaidh sin faoin leasú neamhrialta freisin (féach míreanna 3.26.9). | Chuaigh an conradh in éag in 2022. Is é €470 660 a bhí sna híocaíochtaí neamhrialta in 2022 (féach mír 3.26.8). | Dúnta |
| 2 | 2021 | I dtaca le creatchonradh a leathnú ar mhaithe le seirbhísí ceaintín agus lónadóireachta a sholáthar thar an tréimhse ceithre bliana a cheadaítear, níor chomhdaigh an Ghníomhaireacht nóta eisceachta sa chlár lárnach faoi mar a cheanglaítear uirthi a dhéanamh de réir a cuid caighdeán rialaithe inmheánaigh. | Chuaigh an conradh in éag in 2022. | Dúnta |
| 3 | 2021 | I dtaca le conradh seirbhíse chun seirbhísí tacaíochta an Chórais Faisnéise Geografaí a sholáthar, leasaigh an Ghníomhaireacht an conradh go cúlghabhálach gan an cás neamhchomhlíontachta a dhoiciméadú agus a chomhdú i gclár lárnach na n-eisceachtaí. | In 2022, neartaigh an Ghníomhaireacht an próiseas a bhaineann le heisceachtaí a shainaithint, a fhormheas agus a chomhdú. | Dúnta |

An Ghníomhaireacht Eorpach Comhshaoil (EEA)

| Sraithuimhir | Bliain bharúil CIE | Barúil CIE (achoimre) | Gníomh ceartaitheach a rinneadh agus / nó forbairtí ábhartha eile (achoimre) | Stádas bharúil CIE (Oscailte / Dúnta) |
|---|---|---|---|---|
| 4 | 2021 | I gcás íocaíocht amháin faoi iniúchóireacht i dtaca le creatchonradh chun seirbhísí TF a sholáthar, thugamar ar aire go raibh laigí sna fíoruithe *ex ante* ar scóip agus ar chineál na seirbhísí a tugadh. | Tá gníomhaíocht cheartaitheach déanta ag an nGníomhaireacht, agus chuir sí tús le faisnéis ábhartha ón gconraitheoir a iarraidh (miondealú mionsonraithe ar an mbuiséad le réasúnú, chomh maith le CVanna, agus bileoga ama). | Dúnta |

# Freagra EEA


**3.26.8.** Deimhníonn EEA go ndearnadh na híocaíochtaí faoin gcreatchonradh atá i gceist in 2022. Idir an dá linn tá creatchonradh seirbhíse nua bronnta ag an nGníomhaireacht chun seirbhísí deisiúcháin, cothabhála agus athchóirithe foirgneamh a sholáthar ar luach measta iomlán de EUR 2.2 milliún.

# 3.27. An Ghníomhaireacht Eorpach um Rialú ar Iascach (EFCA)

## Réamhrá

**3.27.1.** Bunaíodh an Ghníomhaireacht Eorpach um Rialú ar Iascach ('EFCA'), atá lonnaithe in Vigo, le Rialachán (CE) Uimh. 768/2005 ón gComhairle, arna aisghairm agus arna ionadú le Rialachán (AE) Uimh. 2019/473. Is é príomhchúram EFCA ná gníomhaíochtaí rialaithe, cigireachta agus faireachais iascaigh na mBallstát a chomhordú chun a áirithiú go gcuirtear rialacha an chomhbheartais iascaigh i bhfeidhm go héifeachtach agus go haonfhoirmeach. I *bhFíor 3.27.1*, tugtar na príomhfhigiúirí do EFCA [85].

### Fíor 3.27.1 – Príomhfhigiúirí do EFCA




* Tá figiúirí an bhuiséid bunaithe ar iomlán na leithreasuithe faoi chomhair íocaíochtaí atá ar fáil le linn na bliana airgeadais.

** Áirítear le 'foireann' oifigigh an Aontais, gníomhairí sealadacha AE, daoine atá fostaithe ar conradh ag an Aontas agus saineolaithe náisiúnta ar iasacht, ach níl oibrithe eatramhacha ná sainchomhairleoirí san áireamh.

*Foinse:* Cuntais bhliantúla EFCA do bhlianta airgeadais 2021 agus 2022; figiúirí foirne arna soláthar ag EFCA.

Is í an chúis go príomha atá leis an méadú sa bhuiséad agus sa líon ná go raibh cúraimí breise ar EFCA a bhaineann leis an gComhaontú Trádála agus Comhair leis an Ríocht Aontaithe a chur chun feidhme.

## Faisnéis a thacaíonn leis an ráiteas dearbhaithe

**3.27.2.** I Roinn 3.1, tugtar tuairisc ar ár gcur chuige iniúchóireachta, an bonn atá lenár dtuairim, na freagrachtaí atá ar bhainistíocht EFCA agus orthu siúd a bhfuil an rialachas de chúram orthu, agus freagrachtaí an iniúchóra as iniúchóireacht a dhéanamh ar na cuntais agus ar na hidirbhearta is bun leis na cuntais. Is cuid dhílis den tuairim é an síniú atá ar leathanach 367.

[85] Tá tuilleadh eolais faoi ról agus gníomhaíochtaí EFCA ar fáil ar a shuíomh gréasáin: www.efca.europa.eu.

# Ráiteas dearbhaithe na Cúirte Iniúchóirí arna chur ar fáil do Pharlaimint na hEorpa agus don Chomhairle – Tuarascáil an iniúchóra neamhspleách

## Tuairim

**3.27.3.** Tá iniúchóireacht déanta againn ar an méid seo a leanas:

(a) cuntais na Gníomhaireachta Eorpaí um Rialú ar Iascach (EFCA), atá comhdhéanta de na ráitis airgeadais[86] agus de na tuarascálacha ar chur chun feidhme bhuiséad EFCA[87] don bhliain airgeadais dar críoch an 31 Nollaig 2022, agus

(b) dlíthiúlacht agus rialtacht na n-idirbheart is bun leis na cuntais sin,

de réir mar a cheanglaítear le hAirteagal 287 den Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh (CFAE).

### Beachtas na gcuntas

#### Tuairim maidir le beachtas na gcuntas

**3.27.4.** Is é ár dtuairim go dtugann cuntais EFCA don bhliain dar críoch an 31 Nollaig 2022 léargas fíorcheart, ar gach slí ábhartha, ar staid airgeadais EFCA amhail an 31 Nollaig 2022, ar thorthaí a chuid oibríochtaí, ar a shreabha airgid, agus ar na hathruithe ar ghlansócmhainní don bhliain dar críoch an dáta céanna, i gcomhréir lena Rialachán Airgeadais agus le rialacha cuntasaíochta arna nglacadh ag oifigeach cuntasaíochta an Choimisiúin. Tá siad sin bunaithe ar chaighdeáin chuntasaíochta don earnáil phoiblí a bhfuil glacadh go hidirnáisiúnta leo.

86 Tá na ráitis airgeadais comhdhéanta den chlár comhardaithe, den ráiteas um fheidhmíocht airgeadais, den ráiteas faoi shreabhadh airgid, den ráiteas maidir leis na hathruithe ar ghlansócmhainní agus d’achoimre ar bheartais chuntasaíochta shuntasacha agus de nótaí míniúcháin eile.

87 Tá na tuarascálacha ar chur chun feidhme an bhuiséid comhdhéanta de na tuarascálacha, ina gcomhiomlánaítear na hoibríochtaí buiséadacha go léir, agus de na nótaí míniúcháin.

## Dlíthiúlacht agus rialtacht na n-idirbheart is bun leis na cuntais

### Ioncam

**Tuairim maidir le dlíthiúlacht agus rialtacht an ioncaim is bun leis na cuntais**

**3.27.5.** Is é ár dtuairim go bhfuil an t-ioncam is bun le cuntais EFCA don bhliain dar chríoch an 31 Nollaig 2022 dlíthiúil agus rialta ar gach slí ábharthach.

### Íocaíochtaí

**Tuairim maidir le dlíthiúlacht agus rialtacht na n-íocaíochtaí is bun leis na cuntais**

**3.27.6.** Is é ár dtuairim go bhfuil na híocaíochtaí is bun le cuntais EFCA don bhliain dar chríoch an 31 Nollaig 2022 dlíthiúil agus rialta ar gach slí ábharthach.

**3.27.7.** Maidir leis na barúlacha anseo ina dhiaidh seo, ní tharraingíonn siad amhras ar bith ar thuairim na Cúirte Iniúchóirí.

## Barúlacha maidir le dlíthiúlacht agus rialtacht na n-idirbheart

**3.27.8.** In 2022, shínigh EFCA creatchonradh ar fiú €90 milliún é chun trí shoitheach a chairtfhostú, ar conradh é a mhairfidh 24 mhí i dtosach agus a bheidh le hathnuachan go hintuigthe ceithre huaire, gach uair le haghaidh 12 mhí bhreise, agus go bhféadfadh sé go gclúdódh sé suas le sé bliana san iomlán. Le hiarscríbhinn 1, pointe 1.1, den Rialachán Airgeadais, is féidir conarthaí a mhairfidh níos mó ná ceithre bliana a bheith ann, ach é sin i gcásanna eisceachtúla a bhfuil údar cuí leo. Is é an t-údar a thug EFCA leis an gconradh a bheith níos faide ná go gcaithfear a chinntiú go mbeidh toradh leormhaith ar infheistíocht ann do chonraitheoirí, a raibh sé de cheanglas orthu na soithí a fheistiú le báid inséidte cabhlach dolúbtha. Fuaireamar nach raibh an réasúnú sin leordhóthanach, toisc gur measadh nach raibh na costais feistithe ach ag thart ar 1 % de luach iomlán an chonartha. Ina theannta sin, choinnigh EFCA an rogha deireadh a chur leis an gconradh go haontaobhach tar éis na chéad dá bhliain agus tar éis gach bliana ina dhiaidh sin, rud a bhaineann an bonn ón argóint go raibh conradh ráthaithe sé bliana ag teastáil ón gconraitheoir chun toradh ar infheistíocht a áirithiú.

Má dhéantar an conradh a shíneadh thar an teorainn ceithre bliana, breithneoimid go bhfuil na híocaíochtaí gaolmhara ina dhiaidh sin neamhrialta.

## Barúlacha maidir le córais bhainistíochta agus rialaithe

**3.27.9.** I mí na Bealtaine 2022, sheol EFCA nós imeachta idirbheartaithe gan fógra conartha a fhoilsiú roimh ré chun soitheach patróil amach ón gcósta a fháil ar léas le húsáid sna huiscí idir an tAontas Eorpach agus an Ríocht Aontaithe. I mí an Mheithimh 2022, shínigh sé conradh chun soitheach patróil amach ón gcósta a fháil ar léas, chun an bhearna a dhúnadh idir dul in éag conartha roimhe sin agus teacht i bhfeidhm conartha nua (i gcás trí shoitheach) faoi nós imeachta oscailte atá idir lámha a mhair níos faide ná mar a bhíothas ag súil leis i dtosach. Is é an t-údar a thug EFCA don nós imeachta idirbheartaíochta a úsáid ná go raibh fíorphráinn ann mar thoradh ar theagmhais nárbh fhéidir a thuar nach bhfuil inchurtha i leith an údaráis chonarthaigh, ar eisceacht é sin a cheadaítear le pointe 11.1 (c) d'Iarscríbhinn I a ghabhann leis an Rialachán Airgeadais. Thángamar ar an gconclúid, cé go bhféadfadh sé nach raibh cuid de na tosca ba chúis leis an bpráinn sin intuartha, go raibh cuid eile acu intuartha. Tugann an fíoras nach raibh siad curtha san áireamh go leormhaith le fios go raibh laige i bpleanáil EFCA agus sa bhainistiú a dhéanann sé ar an bpróiseas soláthair phoiblí chun na trí fheithicil sin a chairtfhostú.

**3.27.10.** Fuaireamar nach raibh rian iniúchóireachta leormhaith mar a cheanglaítear faoi Airteagal 36(3) den Rialachán Airgeadais in úsáid i nósanna imeachta maidir le saineolaithe seachtracha a roghnú agus a fhostú ar conradh. Go sonrach, ní rabhamar in ann fianaise leordhóthanach a fháil gur sannadh saineolaithe do chúraimí bunaithe ar chritéir roghnúcháin réamhshainithe a bhaineann lena bhfiúntas coibhneasta ná go rabhthas ag cloí le prionsabail an neamh-idirdhealaithe agus na córa comhionainne a leagtar amach in Airteagal 237 den Rialachán Airgeadais.

## Barúlacha maidir leis an mbainistíocht bhuiséadach

**3.27.11.** Fuaireamar amach go ndearna EFCA os cionn €11.9 milliún (41 %) de leithreasuithe faoi chomhair gealltanas 2022 a thabhairt anonn go dtí 2023. Áiríodh leis sin, €1.6 milliún (nó 53 %) de leithreasuithe faoi Theideal II, a bhaineann le gníomhaíochtaí riaracháin (34 % in 2021), agus €10.1 milliún (nó 63 %) de leithreasuithe faoi Theideal III, a bhaineann le gníomhaíochtaí oibríochtúla (42 % in 2021). Tá rátaí arda de thabhairt anonn contrártha do phrionsabal buiséadach na bliantúlachta.

# Freagra EFCA

**3.27.8.** Tugann EFCA tuairim CIE dá aire. Agus an nós imeachta á ullmhú aici, mheas an Ghníomhaireacht go bhféadfadh sé nár mheas an margadh go raibh toradh leordhóthanach ar infheistíocht á sholáthar ag gnáthfhad conartha ceithre bliana. Tá seachadadh rathúil agus leanúnachas ábhar seirbhíse an FWC gaolmhar ríthábhachtach d'oibríochtaí lárnacha EFCA. Ní mór trealamh speisialta a chur ar fáil don tseirbhís sin chun sábháilteacht agus folláine na foirne agus na saineolaithe atá rannpháirteach sa ghníomhaíocht rialaithe iascaigh a ráthú.

**3.27.9.** In 2021, i bhfianaise sheoladh an ghlao oscailte le haghaidh an chéad FWC eile le haghaidh seirbhísí cairtfhostaithe, agus mar gheall ar na saincheisteanna féideartha a aithníodh a bhaineann le Brexit, rinne EFCA conradh maidir le tuarascáil taighde margaidh a dhéanamh. Bhí baint shoiléir ag na sonraíochtaí a chuir EFCA ar fáil don tuarascáil seo leis an anailís ar mhargadh AE agus le rioscaí a d'fhéadfadh a bheith ann a shainaithint maidir le conraitheoirí AE amháin i dtionscal na loingseoireachta a lorg. Ina theannta sin, bhain an phríomhchúis leis an moill ar dhámhachtain an chreatchonartha le haghaidh seirbhísí cairtfhostaithe agus, dá bhrí sin, leis an méid a spreag seoladh an NP seo, le cineál agus le stádas dlíthiúil ceann de na tairiscintí a cuireadh isteach.

**3.27.10.** Thug an Ghníomhaireacht tuairim CIE dá haire agus tá gníomhaíocht cheartaitheach curtha i bhfeidhm aici chun aghaidh a thabhairt ar an tsaincheist.

**3.27.11.** Iarmhairtí ar chúinsí ar leith nach bhfuiltear ag súil go dtarlóidh siad arís is ea na méideanna móra a tugadh anonn in 2022.


# Gníomhaireachtaí a mhaoinítear faoi Cheannteideal 4 de CAI – Imirce agus Bainistiú Teorainneacha

# 3.28. Gníomhaireacht an Aontais Eorpaigh um Thearmann (EUAA)

## Réamhrá

**3.28.1.** Is le Rialachán (AE) 2021/2303 ón gComhairle, a bunaíodh Gníomhaireacht an Aontais Eorpaigh um Thearmann ('EUAA'), atá lonnaithe in Valletta. Is é EUAA a tháinig i gcomharbas ar an Oifig Tacaíochta Eorpach do Chúrsaí Tearmainn ('EASO'), a bunaíodh in 2010. Tá oifigí réigiúnacha aige sa Chipir, sa Ghréig, san Iodáil agus sa Spáinn. Is é príomhchúram EUAA ná tacú le Ballstáit i ndáil le pacáiste dlíthe an Aontais lena rialaítear tearmann, cosaint idirnáisiúnta agus dálaí glactha isteach, ar a dtugtar an Comhchóras Eorpach Tearmainn, a chur i bhfeidhm. In 2022, bhí 14 plean oibríochta ag EUAA a bhí sínithe le Ballstáit. Is é is aidhm faoi dheoidh d'obair EUAA ná comhchuibhiú a dhéanamh ar chleachtais tearmainn ar fud an Aontais, i gcomhréir le hoibleagáid an Aontais. I ***bhFíor 3.28.1***, tugtar na príomhfhigiúirí do EUAA[88].

### Fíor 3.28.1 – Príomhfhigiúirí do EUAA




* Tá figiúirí an bhuiséid bunaithe ar iomlán na leithreasuithe faoi chomhair íocaíochtaí atá ar fáil le linn na bliana airgeadais.

** Áirítear le 'foireann' oifigigh an Aontais, gníomhairí sealadacha AE, daoine atá fostaithe ar conradh ag an Aontas agus saineolaithe náisiúnta ar iasacht, ach níl oibrithe eatramhacha ná sainchomhairleoirí san áireamh.

*Foinse:* Cuntais bhliantúla EUAA do bhlianta airgeadais 2021 agus 2022; figiúirí foirne arna soláthar ag EUAA.

Is í an chúis go príomha atá leis an méadú sa bhuiséad agus sa líon foirne ná go raibh cúraimí breise ar EUAA a bhaineann leis an gComhchóras Eorpach Tearmainn (CEAS) a chur chun feidhme.

[88] Tá tuilleadh eolais faoi ról agus gníomhaíochtaí EUAA ar fáil ar a shuíomh gréasáin: www.euaa.europa.eu.

## Faisnéis a thacaíonn leis an ráiteas dearbhaithe

**3.28.2.** I Roinn 3.1, tá tuairisc ar ár gcur chuige iniúchóireachta, an bonn atá lenár dtuairim, na freagrachtaí atá ar bhainistíocht EUAA agus orthu siúd a bhfuil an rialachas de chúram orthu, agus freagrachtaí an iniúchóra as iniúchóireacht a dhéanamh ar na cuntais agus ar na hidirbhearta is bun leis na cuntais. Is cuid dhílis den tuairim é an síniú atá ar leathanach 367.

## Ráiteas dearbhaithe na Cúirte Iniúchóirí arna chur ar fáil do Pharlaimint na hEorpa agus don Chomhairle – Tuarascáil an iniúchóra neamhspleách

# Tuairim

**3.28.3.** Tá iniúchóireacht déanta againn ar an méid seo a leanas:

(a) cuntais Ghníomhaireacht an Aontais Eorpaigh um Thearmann ('EUAA'), atá comhdhéanta de na ráitis airgeadais[89] agus de na tuarascálacha ar chur chun feidhme bhuiséad EUAA[90] don bhliain airgeadais dar chríoch an 31 Nollaig 2022, agus

(b) dlíthiúlacht agus rialtacht na n-idirbheart is bun leis na cuntais sin,

de réir mar a cheanglaítear le hAirteagal 287 den Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh (CFAE).

---

[89] Tá na ráitis airgeadais comhdhéanta den chlár comhardaithe, den ráiteas um fheidhmíocht airgeadais, den ráiteas faoi shreabhadh airgid, den ráiteas maidir leis na hathruithe ar ghlansócmhainní agus d'achoimre ar bheartais chuntasaíochta shuntasacha agus de nótaí míniúcháin eile.

[90] Tá na tuarascálacha ar chur chun feidhme an bhuiséid comhdhéanta de na tuarascálacha, ina gcomhiomlánaítear na hoibríochtaí buiséadacha go léir, agus de na nótaí míniúcháin.

## Beachtas na gcuntas

### Tuairim maidir le beachtas na gcuntas

**3.28.4.** Is é ár dtuairim go dtugann cuntais EUAA don bhliain dar chríoch an 31 Nollaig 2022 léargas fíorcheart, ar gach slí ábhartha ch, ar staid airgeadais EUAA amhail an 31 Nollaig 2022, ar thorthaí a chuid oibríochtaí, ar a shreabha airgid, agus ar na hathruithe ar ghlansócmhainní don bhliain dar chríoch an dáta céanna, i gcomhréir lena Rialachán Airgeadais agus le rialacha cuntasaíochta arna nglacadh ag oifigeach cuntasaíochta an Choimisiúin. Tá siad sin bunaithe ar chaighdeáin chuntasaíochta don earnáil phoiblí a bhfuil glacadh go hidirnáisiúnta leo.

### Béim ar ábhar

**3.28.5.** Tarraingímid aird ar Nóta 3.6.2 a ghabhann leis na cuntais, 'Cogadh san Úcráin', ina dtugtar tuairisc ar an tionchar a bhí ag cogadh foghach na Rúise ar an Úcráin maidir le hoibríochtaí EUAA.

## Dlíthiúlacht agus rialtacht na n-idirbheart is bun leis na cuntais

### Ioncam

**Tuairim maidir le dlíthiúlacht agus rialtacht an ioncaim is bun leis na cuntais**

**3.28.6.** Is é ár dtuairim go bhfuil an t-ioncam is bun le cuntais EUAA don bhliain dar chríoch an 31 Nollaig 2022 dlíthiúil agus rialta ar gach slí ábhartha ch.

## Íocaíochtaí

**Tuairim maidir le dlíthiúlacht agus rialtacht na n-íocaíochtaí is bun leis na cuntais**

**3.28.7.** Is é ár dtuairim go bhfuil na híocaíochtaí is bun le cuntais EUAA don bhliain dar críoch an 31 Nollaig 2022 dlíthiúil agus rialta ar gach slí ábharthach.

**3.28.8.** Maidir leis na barúlacha anseo ina dhiaidh seo, ní tharraingíonn siad amhras ar bith ar thuairim na Cúirte Iniúchóirí.

## Barúlacha maidir le dlíthiúlacht agus rialtacht na n-idirbheart

**3.28.9.** Inár dtuarascáil do bhlianta airgeadais 2017 agus 2020, thángamar ar an gconclúid go raibh na nósanna imeachta soláthair (ar fiú €2.1 mhilliún san iomlán iad) d'áitribh ar cíos in Lesbos agus sa Róimh neamhrialta mar gheall ar leibhéal iomaíochta nach raibh leordhóthanach agus gan prionsabal na barainneachta a urramú. Mar thoradh air sin, tá gach íocaíocht a rinneadh ina dhiaidh sin i dtaca leis na nósanna imeachta sin neamhrialta. In 2022, is é €281 095 a bhí sa mhéid íocaíochtaí a bhain leis sin.

**3.28.10.** Rinneamar iniúchóireacht ar cheannach 150 ríomhaire glúine ar €161 524 faoi chonradh chun trealamh TF a sholáthar. Thugamar ar aire go raibh na ríomhairí glúine ceannaithe ag an ngníomhaireacht ó chatalóg ar líne an tsoláthraí seachas ón bpraghasliosta réamhcheadaithe atá san áireamh leis na tairiscintí airgeadais agus teicniúla. Ba den bhranda céanna na ríomhairí glúine a ceannaíodh, le sonraíochtaí teicniúla den chineál céanna acu, ach bhí siad níos costasaí. Cuireadh ardú luacha 12 % eile i bhfeidhm ar na praghsanna a bhí níos costasaí cheana féin ón gcatalóg ar líne. D'fhág sé sin go ndearnadh ceannach a bhí €49 224 (44 %) níos costasaí ná mar a bheadh dá mba rud é go raibh sé bunaithe ar an bpraghasliosta réamhcheadaithe.

Ní choisceann na forálacha conarthacha ar EUAA earraí athsholáthair a cheannach ón gcatalóg ar líne, ach ní fhéadfaidh na ceannacháin sin a bheith níos daoire ná an praghas atá ar an earra comhfhreagrach de réir mar atá liostaithe i dtairiscint tosaigh an chonraitheora. Measaimid dá bhrí sin go bhfuil an méid sin de €49 224 neamhrialta.

## Barúlacha maidir le córais bhainistíochta agus rialaithe

**3.28.11.** Sonraíonn rialacha inmheánacha EUAA go ndéanfar fo-tharmligean an údaráis airgeadais a athnuachan chomh luath agus a bheidh oifigeach údarúcháin trí tharmligean nua ainmnithe. Fuaireamar trí chás d'fho-tharmligean a raibh gá lena n-athdheimhniú i mí Aibreáin 2021, ach nach ndearnadh iad a athdheimhniú go dtí mí Feabhra 2022, nuair a ceartaíodh an cás.

## Barúil maidir leis an mbainistíocht bhuiséadach

**3.28.12.** Déanann tíortha comhlachaithe Schengen cuid de ghníomhaíochtaí EUAA a chómhaoiniú. Tá a sciar de bhuiséad EUAA do na gníomhaíochtaí sin bunaithe ar chion mhéid a ngeilleagar (arna shloinneadh mar OTI nó OIN) i gcomparáid le méid gheilleagar an Aontais. Na comhaontuithe idir an tAontas agus na tíortha sin a fheidhmíonn mar bhunús dlí chun a ranníocaíochtaí le buiséad EUAA a ríomh, áfach, níl siad soiléir agus is féidir iad a léirmhíniú ar bhealaí éagsúla.

Measaimid go bhfuil léirmhíniú EUAA lochtach, toisc go bhfágann sé go rannchuidíonn tíortha comhlachaithe Schengen thart ar €0.7 milliún (7%) níos lú le buiséad EUAA do na gníomhaíochtaí atá i gceist ná mar a bheadh orthu a dhéanamh bunaithe ar mhéid a ngeilleagair i gcomparáid le méid gheilleagar an Aontais. Is é is cúis leis an saobhadh comhréireachta sin ná go ríomhann EUAA ranníocaíochtaí gach tíre atá comhlachaithe le Schengen trí mhéid gheilleagar na tíre sin a roinnt isteach i méid iomlán gheilleagair an Aontais agus gheilleagair na dtíortha uile atá comhlachaithe le Schengen i dteannta a chéile, agus ansin an codán sin, nó an 'cóimheas ranníocaíochta', a mhéadú faoi fhóirdheontas bhuiséad an Aontais do ghníomhaíochtaí EUAA lena mbaineann (agus ní ar bhuiséad iomlán EUAA do na gníomhaíochtaí sin, lena n-áirítear sciar bhuiséad an Aontais agus sciar na dtíortha atá comhlachaithe le Schengen).

## Obair leantach ar bharúlacha ó bhlianta roimhe seo

**3.28.13.** Tugtar forléargas san ***Iarscríbhinn*** ar an ngníomhaíocht a rinneadh mar fhreagairt ar bharúlacha na Cúirte Iniúchóirí ó bhlianta roimhe seo.

# Iarscríbhinn – Obair leantach ar bharúlacha ó bhlianta roimhe seo

| Sraithuimhir | Bliain bharúil CIE | Barúil CIE (achoimre) | Gníomh ceartaitheach a rinneadh agus / nó forbairtí ábhartha eile (achoimre) | Stádas bharúil CIE (Oscailte / Dúnta) |
|---|---|---|---|---|
| 1 | 2017 | Ina tuarascáil iniúchóireachta do bhliain airgeadais 2017, tháinig Cúirt Iniúchóirí na hEorpa ar an gconclúid go raibh na nósanna imeachta soláthair d'áitreabh ar cíos EASO in Lesbos neamhrialta. Mar thoradh air sin, bhí gach íocaíocht ina dhiaidh sin agus a bhain leis na conarthaí sin neamhrialta. | Tháinig deireadh leis an gconradh cíosa d'áitreabh Lesbos an 30 Aibreán 2023. | Oscailte |
| 2 | 2018 | Ba cheart do EASO rialuithe airgeadais éifeachtacha *ex post* a leagan síos. | Thug EUAA faoi phróiseas rialaithe *ex post* in 2022, lena gclúdaítear na blianta airgeadais 2020 agus 2021. Tá cur chun feidhme na ngníomhaíochtaí ceartaitheacha comhfhreagracha fós ar siúl. | Oscailte |
| 3 | 2020 | Bhí an nós imeachta soláthair a úsáideadh don áitreabh ar cíos sa Róimh neamhrialta. Mar thoradh air sin, bhí gach íocaíocht ina dhiaidh sin agus a bhain leis na conarthaí sin neamhrialta. | Rinne EUAA an conradh a fhoirceannadh dá áitreabh sa Róimh le héifeacht ón 31 Iúil 2023. | Oscailte |

Gníomhaireacht an Aontais Eorpaigh um Thearmann (EUAA)

| Sraithuimhir | Bliain bharúil CIE | Barúil CIE (achoimre) | Gníomh ceartaitheach a rinneadh agus / nó forbairtí ábhartha eile (achoimre) | Stádas bharúil CIE (Oscailte / Dúnta) |
|---|---|---|---|---|
| 4 | 2020 | Tá líon ard post bainistíochta folamh, agus díobh sin bhí go leor acu líonta ar bhonn gníomhach le níos mó ná bliain amháin. Tá sé sin contrártha do na Rialacháin Foirne, lena bhfuil teorainn de bhliain amháin ag gabháil le ceapacháin bhainistíochta ar bhonn sealadach. D'fhéadfadh an nádúr forbhásach sin ag leibhéal na bpost bainistíochta cur isteach ar cheannaireacht EASO agus ar a leanúnachas straitéiseach. | Amhail an 31 Nollaig 2022, ba é seachtar an líon bainisteoirí sealadacha,<br>a raibh a bpost ag beirt acu ar feadh níos mó ná bliain amháin.<br>Amhail ó Dheireadh Fómhair 2022 go dtí lár mhí Eanáir 2023, stop EUAA de bheith ag athnuachan na bpostuithe sealadacha sin a bhí ceaptha dul in éag i ndiaidh bliana, agus chuir siad deireadh go hiomlán leis an gcleachtas i mí Eanáir 2023. | Dúnta |
| 5 | 2020 | Níl nuashonrú déanta ag EASO ar a bheartas maidir le coinbhleacht leasa a bhainistiú agus a chosc. | Rinneadh nuashonrú ar an mbeartas ar choinbhleacht leasa a bhainistiú agus a chosc in 2022 agus d'fhormheas an Bord Bainistíochta é i mí Eanáir 2023. | Dúnta |

Gníomhaireacht an Aontais Eorpaigh um Thearmann (EUAA)

# Freagra EUAA

**3.28.9.** Tugann an Ghníomhaireacht an bharúil dá haire.

**3.28.10.** Tugann an Ghníomhaireacht an bharúil dá haire. Glacadh an cinneadh na soláthairtí TFC lena mbaineann a cheannach de réir na riachtanas oibríochtúil agus na práinne a bhí i gceist chomh maith le hinfhaighteacht theoranta an mhargaidh ar sholáthairtí TF de bharr ghéarchéim dhomhanda an ghanntanais sliseanna. Sainmhíníodh rialuithe leordhóthanacha chun dearbhú réasúnach a sholáthar go mbeidh míreanna athsholáthair ceannaigh ón gcatalóg ar líne teoranta do phraghas na míre comhfhreagraí de réir mar a liostaítear i dtairiscint tosaigh an chonraitheora amach anseo.

**3.28.11.** Tugann an Ghníomhaireacht an bharúil dá haire.


**3.28.12.** Tuigeann an Ghníomhaireacht an réasúnaíocht atá taobh thiar de bharúil CIE agus aithníonn sí go bhféadfaí a mheas go bhfuil na socruithe idir an tAontas agus na tíortha comhlachaithe débhríoch agus go bhfhéadfaí an chiall chontráilte a bhaint as sin. Tá an Ghníomhaireacht den tuairim go bhfuil a cur chuige i gcomhréir leis na forálacha dlíthiúla, áfach.

# 3.29. Gníomhaireacht an Aontais Eorpaigh chun Bainistiú Oibríochtúil a Dhéanamh ar Chórais Mhórscála TF sa Limistéar Saoirse, Slándála agus Ceartais (eu-LISA)

## Réamhrá

**3.29.1.** Bunaíodh Gníomhaireacht an Aontais Eorpaigh chun Bainistiú Oibríochtúil a dhéanamh ar Chórais Mhórscála TF sa Limistéar Saoirse, Slándála agus Ceartais ('eu-LISA'), atá lonnaithe i dTaillinn, in Strasbourg agus in St Johann im Pongau, le Rialachán (AE) 2018/1726. Tháinig eu-LISA i gcomharbas ar an nGníomhaireacht Eorpach chun bainistiú oibríochtúil a dhéanamh ar chórais mhórscála TF sa limistéar saoirse, slándála agus ceartais, a bunaíodh in 2011. Clúdaítear le sainordú eu-LISA forbairt agus bainistiú oibríochtúil an Chórais Dul Isteach/Imeachta do náisiúnaigh ó thíortha lasmuigh den Aontas agus an Chórais Eorpaigh um Fhaisnéis agus Údarú Taistil. Is é croí-mhisean eu-LISA ná cúraimí bainistithe oibríochtúla a chomhlíonadh don dara glúin de Chóras Faisnéise Schengen, don Chóras Faisnéise Víosaí agus don chóras Eorpach chun méarloirg a chur i gcomparáid. I ***bhFíor 3.29.1***, tugtar na príomhfhigiúirí do eu-LISA[91].

### Fíor 3.29.1 – Príomhfhigiúirí do eu-LISA




* Tá figiúirí an bhuiséid bunaithe ar iomlán na leithreasuithe faoi chomhair íocaíochtaí atá ar fáil le linn na bliana airgeadais.

** Áirítear le 'foireann' oifigigh an Aontais, gníomhairí sealadacha AE, daoine atá fostaithe ar conradh ag an Aontas agus saineolaithe náisiúnta ar iasacht, ach níl oibrithe eatramhacha ná sainchomhairleoirí san áireamh.

*Foinse:* Cuntais bhliantúla eu-LISA do bhlianta airgeadais 2021 agus 2022; figiúirí foirne arna soláthar ag eu-LISA.

[91] Tá tuilleadh eolais faoi ról agus gníomhaíochtaí eu-LISA ar fáil ar a shuíomh gréasáin: www.eulisa.europa.eu.

Is í an chúis go príomha atá leis an méadú ar an mbuiséad agus ar an líon foirne ná go bhfuil cúraimí breise ar eu-LISA a bhaineann le bainistiú córas mórscála TF nua agus le hidir-inoibritheacht córas TF.

## Faisnéis a thacaíonn leis an ráiteas dearbhaithe

**3.29.2.** I Roinn 3.1, tá tuairisc ar ár gcur chuige iniúchóireachta, an bonn atá lenár dtuairim, na freagrachtaí atá ar bhainistíocht eu-LISA agus orthu siúd a bhfuil an rialachas de chúram orthu, agus freagrachtaí an iniúchóra as iniúchóireacht a dhéanamh ar na cuntais agus ar na hidirbhearta is bun leis na cuntais. Is cuid dhílis den tuairim é an síniú atá ar leathanach 367.

## Ráiteas dearbhaithe na Cúirte Iniúchóirí arna chur ar fáil do Pharlaimint na hEorpa agus don Chomhairle – Tuarascáil an iniúchóra neamhspleách

# Tuairim

**3.29.3.** Tá iniúchóireacht déanta againn ar an méid seo a leanas:

(a) cuntais Ghníomhaireacht an Aontais Eorpaigh chun Bainistiú Oibríochtúil a dhéanamh ar Chórais Mhórscála TF sa Limistéar Saoirse, Slándála agus Ceartais (‘eu-LISA’), atá comhdhéanta de na ráitis airgeadais[92] agus de na tuarascálacha ar chur chun feidhme bhuiséad eu-LISA[93] don bhliain airgeadais dar chríoch an 31 Nollaig 2022, agus

(b) dlíthiúlacht agus rialtacht na n-idirbheart is bun leis na cuntais sin,

de réir mar a cheanglaítear le hAirteagal 287 den Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh (CFAE).

[92] Tá na ráitis airgeadais comhdhéanta den chlár comhardaithe, den ráiteas um fheidhmíocht airgeadais, den ráiteas faoi shreabhadh airgid, den ráiteas maidir leis na hathruithe ar ghlansócmhainní agus d’achoimre ar bheartais chuntasaíochta shuntasacha agus de nótaí míniúcháin eile.

[93] Tá na tuarascálacha ar chur chun feidhme an bhuiséid comhdhéanta de na tuarascálacha, ina gcomhiomlánaítear na hoibríochtaí buiséadacha go léir, agus de na nótaí míniúcháin.

## Beachtas na gcuntas

### Tuairim maidir le beachtas na gcuntas

**3.29.4.** Is é ár dtuairim go dtugann cuntais eu-LISA don bhliain dar chríoch an 31 Nollaig 2022 léargas fíorcheart, ar gach slí ábharthach, ar staid airgeadais eu-LISA amhail an 31 Nollaig 2022, ar thorthaí a chuid oibríochtaí, ar a shreabha airgid, agus ar na hathruithe ar ghlansócmhainní don bhliain dar chríoch an dáta céanna, i gcomhréir lena Rialachán Airgeadais agus le rialacha cuntasaíochta arna nglacadh ag oifigeach cuntasaíochta an Choimisiúin. Tá siad sin bunaithe ar chaighdeáin chuntasaíochta don earnáil phoiblí a bhfuil glacadh go hidirnáisiúnta leo.

### Béim ar ábhar

**3.29.5.** Tarraingímid aird ar Nóta 2.1.5.3 atá ag gabháil leis na cuntais bhliantúla do 2022, ina dtugtar tuairisc ar na moilleanna i gcur chun feidhme an Chórais Dul Isteach/Imeachta agus an tionchar atá aige sin ar oibríochtaí eu-LISA.

## Dlíthiúlacht agus rialtacht na n-idirbheart is bun leis na cuntais

### Ioncam

**Tuairim maidir le dlíthiúlacht agus rialtacht an ioncaim is bun leis na cuntais**

**3.29.6.** Is é ár dtuairim go bhfuil an t-ioncam is bun le cuntais eu-LISA don bhliain dar chríoch an 31 Nollaig 2022 dlíthiúil agus rialta ar gach slí ábharthach.

## Íocaíochtaí

**Tuairim cháilithe maidir le dlíthiúlacht agus rialtacht na n-íocaíochtaí is bun leis na cuntais**

**3.29.7.** Is é ár dtuairim, cé is moite de na héifeachtaí atá ag ábhair a bhfuil tuairisc orthu sna míreanna faoin teideal 'Bonn do thuairim cháilithe maidir le dlíthiúlacht agus rialtacht na n-íocaíochtaí is bun leis na cuntais', go bhfuil na híocaíochtaí is bun le cuntais eu-LISA don bhliain dar críoch an 31 Nollaig 2022 dlíthiúil agus rialta ar gach slí ábharthach.

**Bonn do thuairim cháilithe maidir le dlíthiúlacht agus rialtacht na n-íocaíochtaí is bun leis na cuntais**

**3.29.8.** Rinneamar iniúchóireacht ar 26 íocaíocht a rinne eu-LISA. Díobh sin, bhí sé cinn acu, a bhain le cúig chreatchonradh, neamhrialta. I dtuarascáil 2021 uainn, shainaithníomar freisin íocaíochtaí eile in 2022 a bhaineann le trí chonradh shonracha agus a fuaireamar a bheith neamhrialta. Is é €17.8 milliún an méid iomlán caiteachais a ndearnadh difear dó. Is ionann sin agus 4.8 % de na leithreasuithe faoi chomhair íocaíochtaí iomlána a bhí ar fáil in 2022, a théann thar an tairseach ábharthachta atá leagtha síos don iniúchadh seo. Mar gheall ar bharúlacha comhchosúla, cháilíomar ár dtuairim maidir le dlíthiúlacht agus rialtacht íocaíochtaí eu-LISA in 2020 agus 2021.

**3.29.9.** D'úsáid eu-LISA conradh sonrach do ghnéithe praghais sheasta chun crua-earraí a cheannach nach raibh clúdaithe leis an gcreatchonradh gaolmhar nó a bhí ar phraghas a bhí 23 % níos airde ná na míreanna comhfhreagracha sa chreatchonradh. Is imeacht substainteach ón gcreatchonradh atá ansin. Dá thoradh sin, bhí na híocaíochtaí gaolmhara in 2022, a bhí ag freagairt don mhéadú i bpraghas na gné praghais seasta agus arbh fhiú €2.9 milliún iad, neamhrialta.

**3.29.10.** Maidir le conradh sonrach eile le haghaidh forbairt agus tástáil chustaim a bhaineann le EES, rinne eu-LISA leasú air chun luach an chonartha a ardú €3.6 milliún. Mar sin féin, i gcomhréir leis an gcreatchonradh lena mbaineann, is le haghaidh praghas seasta a bhí an conradh sonrach a bhí i gceist, agus dá bhrí sin ní raibh sé ceadaithe athrú den sórt sin a dhéanamh. Dá réir sin, tá an íocaíocht in 2022, ar fiú €0.9 milliún é, a bhaineann leis na seirbhísí breise sin, neamhrialta.

**3.29.11.** Fuair eu-LISA ceadúnais bogearraí agus d'íoc sé cothabháil roimh ré ar feadh 36 mhí. Mar sin féin, luadh sa chonradh 'gur féidir táillí luatha ceadúnais agus táillí cothabhála a shonrascadh in aghaidh na bliana féilire agus roimh ré don bhliain iomlán', agus 'i gcásanna eisceachtúla agus faoi réir formheas roimh ré ón údarás conarthach,

féadfar na táillí ceadúnais, na táillí cothabhála nó na costais a bhaineann le cothabháil a shonrascadh ar feadh níos mó ná bliain féilire amháin agus roimh ré don tréimhse ar fad.' Níor thug eu-LISA formheas roimh ré le haghaidh sonrascadh ar feadh níos mó ná bliain féilire amháin don chonraitheoir, mar sin measaimid go bhfuil an íocaíocht roimh ré de 24 mhí cothabhála, a bhfuil luach iomlán de €0.2 milliún ag gabháil leis, neamhrialta.

**3.29.12.** In 2016, shínigh eu-LISA conradh sonrach chun seirbhísí bainistithe clár a sholáthar ar feadh tréimhse bliana, i gcomhréir le forálacha an chreatchonartha chomhlachaithe. Trí leasuithe a dhéanamh ina dhiaidh sin, chuir eu-LISA síneadh 67 mí le ré an chonartha, cé nár ceadaíodh ach tréimhse iomlán seirbhísí 48 mí le téarmaí an chreatchonartha. Measaimid go bhfuil an conradh sonrach ag imeacht go mór ón gcreatchonradh agus, dá bhrí sin, go bhfuil sé neamhrialta. Tá na híocaíochtaí de €2.8 milliún in 2022, a bhaineann leis an síneadh níos faide ná an 48 mí tosaigh, neamhrialta dá bhrí sin.

**3.29.13.** I dTuarascáil 2021 uainn, d'eisíomar barúil maidir le próiseas soláthair phoiblí a bhaineann le córais mhórscála TF. Thángamar ar an gconclúid go raibh conradh sonrach de €40 milliún neamhrialta: níor chuir sé an creatchonradh gaolmhar chun feidhme go cuí toisc nár shonraigh sé mionsonraí na seirbhísí a fuarthas (cainníochtaí, dáta na seachadtaí). I mír 2.16, Bosca 2.1 agus mír 3.29.8 den tuarascáil sin, rinneamar trácht ar an mbrú buiséadach a rannchuidigh le cinneadh eu-LISA an conradh sonrach sin a thabhairt i gcrích i bhfoirm ghinearálta. In 2022, d'íoc eu-LISA €7.5 milliún faoin gconradh sin. Tá na híocaíochtaí sin neamhrialta.

**3.29.14.** I dTuarascáil 2021 uainn, d'eisíomar barúil maidir le próiseas soláthair phoiblí chun an comhbhonneagar coiteann a chothabháil. I gcás conradh sonrach a raibh cuid sheasta agus cuid athraitheach i gceist leis, cé go raibh an chuid sheasta ag freagairt don phraghas sa chreatchonradh bhí an chuid athraitheach beagnach deich n-uaire níos airde. Tar éis leasú a dhéanamh ar an gconradh sonrach, bhí an chuid athraitheach níos mó ná 22 uair níos airde ná méid tosaigh an chreatchonartha. Thángamar ar an gconclúid go raibh an conradh sonrach ag imeacht go bunúsach ón gcreatchonradh, agus nach ndearnadh aon leasú ar an gcreatchonradh gaolmhar. Mar thoradh air sin, ní raibh an conradh sonrach ag comhlíonadh na gcreatchonarthaí, agus bhí an neamhchomhlíonadh céanna i gceist le híocaíochtaí gaolmhara. In 2022, d'íoc eu-LISA €3.0 milliún i ndáil leis an leasú neamhrialta sin.

**3.29.15.** I dTuarascáil 2021 uainn, d'eisíomar barúil maidir le próiseas soláthair phoiblí do chonradh sonrach eile a bhaineann le gnéithe praghais sheasta. Bhí luach an chonartha (€1.8 milliún) i gcomhréir leis an luach sa chreatchonradh. Ina dhiaidh sin, shínigh eu-LISA leasú ar an gconradh sonrach agus mhéadaigh sé an méid i dtrácht go dtí €2.2 milliún. Thángamar ar an gconclúid go raibh an conradh sonrach ag imeacht go bunúsach ón gcreatchonradh, agus nach ndearnadh aon leasú ar an gcreatchonradh. Mar thoradh air sin, ní raibh an conradh sonrach ag comhlíonadh na gcreatchonarthaí, agus bhí an neamhchomhlíonadh céanna i gceist le híocaíochtaí gaolmhara. In 2022, d'íoc eu-LISA €0.4 milliún i ndáil leis an leasú neamhrialta sin.

**3.29.16.** Maidir leis na barúlacha anseo ina dhiaidh seo, ní tharraingíonn siad amhras ar bith ar thuairim na Cúirte Iniúchóirí.

## Barúlacha maidir le dlíthiúlacht agus rialtacht na n-idirbheart

**3.29.17.** Chinn eu-LISA conradh a dhámhachtain i ndáil leis an gCóras Faisnéise Víosaí trí nós imeachta idirbheartaithe a úsáid gan fógra conartha a fhoilsiú roimh ré. Is é an t-údar a thug sé don chinneadh sin ná go raibh fíorphráinn ann. Chinn eu-LISA an cineál nós imeachta sin a úsáid in ainneoin comhairle ina aghaidh sin a bheith faighte aige óna sheirbhís soláthair féin agus óna sheirbhís dlí féin.

Thángamar ar an gconclúid nach raibh údar cuí leis an nós imeachta sin a úsáid, agus go bhféadfaí gnáthnós imeachta a úsáid. Bhí eu-LISA ar an eolas faoin tsaincheist mar gheall ar an aistriú ón gconradh roimhe sin ar a laghad ó 2021, nuair a seoladh nós imeachta idirbheartaithe le haghaidh seirbhísí comhchosúla agus gur cuireadh ar ceal arís é. Ós rud é nach raibh údar cuí le nós imeachta idirbheartaithe a úsáid gan fógra conartha a fhoilsiú roimh ré agus an nós imeachta sin a bheith á sheoladh le conraitheoir aonair, tá an creatchonradh agus an conradh sonrach a thagann as sin neamhrialta, mar aon leis na híocaíochtaí gaolmhara uile. De réir na faisnéise a fuarthas ó eu-LISA, ní dhearnadh aon íocaíochtaí faoin gconradh seo in 2022.

## Barúil maidir le córais bhainistíochta agus rialaithe

**3.29.18.** Faoi chonradh le hathdhíoltóir TF, fuair eu-LISA crua-earraí arbh fhiú €27.7 milliún iad. De réir théarmaí an chonartha, ba cheart go mbeadh praghasliosta na ndíoltóirí crua-earraí curtha ar fáil ag an athdhíoltóir do eu-LISA. Sonraítear sa chonradh gurb é an praghas atá le híoc ag eu-LISA ná praghas an díoltóra lúide lascaine réamhshainithe móide marcáil suas don athdhíoltóir. Fuaireamar nach raibh praghasliostaí na ndíoltóirí crua-earraí faighte ag eu-LISA ón athdhíoltóir agus nach raibh seiceálacha *ex ante* déanta aige.

**3.29.19.** Roinneadh an próiseas soláthair phoiblí le haghaidh creatchonradh oibríochtaí trasrannacha, a bhfuil luach iomlán measta de €490 milliún aige, in dhá luchtóg. Cheap eu-LISA dhá choiste mheastóireachta, le 33 chomhalta i ngach ceann acu. Measaimid go ndéanann líon ard comhaltaí den sórt sin a bhfreagracht aonair a chaolú. Ina theannta sin, thugamar ar aire i gcás sé cinn de chruinnithe an choiste meastóireachta nár coinníodh aon taifead de chruinnithe, agus nár síníodh ach an tuarascáil deiridh.

## Barúil maidir leis an mbainistíocht bhuiséadach

**3.29.20.** Fuaireamar amach go ndearna eu-LISA os cionn €14.4 milliún (23 %) de leithreasuithe faoi chomhair gealltanas 2021 a thabhairt anonn go dtí 2023. Áiríodh leis sin €13.7 milliún (nó 95 %) de leithreasuithe faoi Theideal II, a bhaineann le caiteachas oibríochtúil (97 % in 2021). Tá rátaí arda de thabhairt anonn, a tharlaíonn arís is arís eile, contrártha do phrionsabal buiséadach na bliantúlachta agus tugann sé le tuiscint go bhfuil fadhbanna struchtúracha i bpróiseas an bhuiséid agus sa timthriall cur chun feidhme.

## Obair leantach ar bharúlacha ó bhlianta roimhe seo

**3.29.21.** Tugtar forléargas san ***Iarscríbhinn*** ar an ngníomhaíocht a rinneadh mar fhreagairt ar bharúlacha na Cúirte Iniúchóirí ó bhlianta roimhe seo.

# Iarscríbhinn – Obair leantach ar bharúlacha ó bhlianta roimhe seo

| Sraithuimhir | Bliain bharúil CIE | Barúil CIE (achoimre) | Gníomh ceartaitheach a rinneadh agus / nó forbairtí ábhartha eile (achoimre) | Stádas bharúil CIE<br>(Oscailte / Dúnta) |
|---|---|---|---|---|
| 1 | 2017 | Faoi láthair, bainistíonn eu-LISA trí chóras mórscála TF, a dhéantar ar leithligh agus gan iad a bheith comhtháite, agus iad go léir ag déileáil le sonraí i limistéar beartais AE na saoirse, na slándála agus an cheartais. Le cur chuige den sórt sin, d’fhéadfadh sé nach mbeadh eu-LISA in ann barainneachtaí scála agus sineirgí a bhaint amach idir na córais éagsúla. | Cuireadh tús leis an tionscadal idir-inoibritheachta i Lúnasa 2021. Trí chur chun feidhme iomlán na samhla trasnaí oibríochtúla agus foinsithe, atá pleanáilte do dheireadh 2023, beidh na coinníollacha ann chun barainneachtaí scála agus sineirgí idir na córais a bhaint amach. | Oscailte |
| 2 | 2018 | Bhí cur chun feidhme an bhuiséid níos lú ná mar a bhí beartaithe. Ba cheart do eu-LISA, in éineacht leis an gCoimisiún, feabhas a chur ar ailíniú na pleanála buiséadaí le huainiú na ngníomhartha dlíthiúla gaolmhara. | Níor réitíodh an bhunfhadhb sin go fóill, ach is fadhb í nach bhfuil aon smacht ag eu-LISA uirthi. | Oscailte |

Gníomhaireacht an Aontais Eorpaigh chun Bainistiú Oibríochtúil a Dhéanamh ar Chórais Mhórscála TF sa Limistéar Saoirse, Slándála agus Ceartais (eu-LISA)

| Sraithuimhir | Bliain bharúil CIE | Barúil CIE (achoimre) | Gníomh ceartaitheach a rinneadh agus / nó forbairtí ábhartha eile (achoimre) | Stádas bharúil CIE (Oscailte / Dúnta) |
|---|---|---|---|---|
| 3 | 2021 | I gcás próiseas soláthair phoiblí a bhaineann le córais mórscála TF, thángamar ar an gconclúid nár cuireadh an creat gaolmhar chun feidhme i gceart le conradh sonrach de €40 milliún toisc nár shonraigh sé mionsonraí na seirbhísí a fuarthas (cainníochtaí, dáta na seachadtaí). | In 2022, d'íoc eu-LISA €7.5 milliún faoin gconradh sin (féach mír 3.29.13). D'fhorbair eu-LISA plean gníomhaíochta chun aghaidh a thabhairt ar fhionnachtana 2021 ón gCúirt Iniúchóirí, agus tá sé sin le cur chun feidhme faoi dheireadh 2023. | Oscailte |
| 4 | 2021 | I gcás próiseas soláthair phoiblí chun an bonneagar comhroinnte coiteann a chothabháil, thángamar ar an gconclúid go raibh conarthaí sonracha ag imeacht go bunúsach ón gcreatchonradh, agus nach raibh aon leasú déanta ar an gcreatchonradh. | In 2022, d'íoc eu-LISA €3 mhilliún faoin gconradh sin (féach mír 3.29.14). D'fhorbair eu-LISA plean gníomhaíochta chun aghaidh a thabhairt ar fhionnachtana 2021 ón gCúirt Iniúchóirí, agus tá sé sin le cur chun feidhme faoi dheireadh 2023. | Oscailte |
| 5 | 2021 | I gcás conradh sonrach amháin, ní dhearnadh de réir dhátaí seachadta an chonartha. Mar sin féin, d'íoc eu-LISA €1.2 milliún gan aon mhodhnú a dhéanamh ar an gconradh sonrach ná ar an gcreatchonradh. | Chuir eu-LISA deireadh leis an gconradh a bhí i gceist. | Dúnta |

Gníomhaireacht an Aontais Eorpaigh chun Bainistiú Oibríochtúil a Dhéanamh ar Chórais Mhórscála TF sa Limistéar Saoirse, Slándála agus Ceartais (eu-LISA)

| Sraithuimhir | Bliain bharúil CIE | Barúil CIE (achoimre) | Gníomh ceartaitheach a rinneadh agus / nó forbairtí ábhartha eile (achoimre) | Stádas bharúil CIE (Oscailte / Dúnta) |
|---|---|---|---|---|
| 6 | 2021 | Maidir le próiseas soláthair phoiblí do chonradh sonrach eile a bhaineann le gnéithe praghsanna seasta, bhí luach an chonartha, €1.8 milliún, ag freagairt do luach an chreatchonartha. Ina dhiaidh sin, shínigh eu-LISA leasú ar an gconradh sonrach agus mhéadaigh sé an méid i dtrácht go dtí €2.2 milliún. Thángamar ar an gconclúid go raibh an conradh sonrach ag imeacht go bunúsach ón gcreatchonradh. | In 2022, d'íoc eu-LISA €0.4 mhilliún faoin gconradh sin (féach mír 3.29.15). D'fhorbair eu-LISA plean gníomhaíochta chun aghaidh a thabhairt ar fhionnachtana 2021 ón gCúirt Iniúchóirí, agus tá sé sin le cur chun feidhme faoi dheireadh 2023. | Oscailte |
| 7 | 2021 | Leasaigh eu-LISA an luach a bhí ag gabháil le trí chonradh. Mhéadaigh na leasuithe uasmhéid na gconarthaí le 50 %.<br><br>Mar gheall go raibh na conarthaí a leasaíodh gar don dáta éaga agus go raibh an méid a bhí geallta fós cuid mhaith níos ísle ná méid uasta an chonartha, d'fhéadfadh eu-LISA conarthaí nua trasrannacha a úsáid a luaithe agus ab indéanta sin seachas na conarthaí leagáide a leasú de réir an mhéid uasta a bhí ceadaithe faoin Rialachán Airgeadais. | D'fhorbair eu-LISA plean gníomhaíochta chun aghaidh a thabhairt ar fhionnachtana 2021 ón gCúirt Iniúchóirí, agus tá sé sin le cur chun feidhme faoi dheireadh 2023. | Oscailte |

Gníomhaireacht an Aontais Eorpaigh chun Bainistiú Oibríochtúil a Dhéanamh ar Chórais Mhórscála TF sa Limistéar Saoirse, Slándála agus Ceartais (eu-LISA)

| Sraithuimhir | Bliain bharúil CIE | Barúil CIE (achoimre) | Gníomh ceartaitheach a rinneadh agus / nó forbairtí ábhartha eile (achoimre) | Stádas bharúil CIE (Oscailte / Dúnta) |
|---|---|---|---|---|
| 8 | 2021 | I gcás dhá íocaíocht faoi iniúchóireacht a bhfuil luach iomlán de €2.6 milliún ag gabháil leo, fuaireamar nach raibh táirgí a áiríodh sa chonradh sonrach curtha san áireamh sa chreatchonradh.<br><br>Ba cheart do eu-LISA feabhas a chur ar an gcaoi a ndéanann sé a chonarthaí a bhainistiú chun a áirithiú go mbíonn conarthaí sonracha ailínithe i gcónaí leis na creatchonarthaí. | D'fhorbair eu-LISA plean gníomhaíochta chun aghaidh a thabhairt ar fhionnachtana 2021 ón gCúirt Iniúchóirí, agus tá sé sin le cur chun feidhme faoi dheireadh 2023. | Oscailte |
| 9 | 2021 | Fuaireamar amach go ndearna eu-LISA os cionn €11.4 milliún de leithreasuithe faoi chomhair gealltanas 2021 a thabhairt anonn go dtí 2022. As an méid sin, bhí €11.1 milliún (97 %) ag baint le caiteachas riaracháin (Teideal II). Tá rátaí arda de thabhairt anonn, a tharlaíonn arís is arís eile, contrártha do phrionsabal buiséadach na bliantúlachta agus tugann sé le tuiscint go bhfuil fadhbanna struchtúracha ann ó thaobh chur chun feidhme an bhuiséid. | Bhí an staid fós ann in 2022. | Oscailte |

# Freagra eu-LISA

**3.29.9.** Tugann an Ghníomhaireacht barúil na Cúirte dá haire. Mar sin féin, ba mhaith leis an nGníomhaireacht a chur in iúl gurb ionann an méadú ar an bpraghas agus 0.96% i luach iomlán an chreatchonartha agus gur coigeartaíodh cumraíocht na gcrua-earraí d'fhonn feabhas a chur ar shineirgí shocrú an bhonneagair fhoriomláin. Tá na hathbhreithnithe is gá déanta ag an nGníomhaireacht cheana féin ar a cleachtas maidir le bainistiú conarthaí. Ní chumhdaítear leis na bearta sin, áfach, conarthaí níos sine amhail an ceann atá mar chuspóir ag an mbarúil seo.

**3.29.10.** Tugann an Ghníomhaireacht barúil na Cúirte dá haire. Tá na hathbhreithnithe is gá déanta ag an nGníomhaireacht cheana féin ar a cleachtas maidir le bainistiú conarthaí chun a sheiceáil an gá nó nach gá conarthaí sonracha a leasú roimh ré ar FWC. Ní chumhdaítear leis na bearta sin, áfach, conarthaí níos sine amhail an ceann atá mar chuspóir ag an mbarúil seo.

**3.29.11.** Tugann an Ghníomhaireacht barúil na Cúirte dá haire. Tá na hathbhreithnithe is gá déanta ag an nGníomhaireacht cheana féin ar a cleachtas maidir le bainistiú conarthaí chun eisceachtaí a dhoiciméadú ar bhealach níos fearr maidir leis na cineálacha cásanna a ndírítear orthu leis an mbarúil.

**3.29.12.** Tugann an Ghníomhaireacht barúil na Cúirte dá haire. Rinneadh cur síos ar sheirbhísí idirdhisciplíneacha sna doiciméid tairisceana mar sheirbhísí buana feadh thréimhse iomlán an chreatchonartha, chun comhordú na ngníomhaíochtaí agus na bpáirtithe leasmhara éagsúla a áirithiú. Nuair a cuireadh síneadh dhá bhliain bhreise go huathoibríoch leis an gcreatchonradh, i gcomhréir lena fhorálacha, leanadh de sheirbhísí idirdhisciplíneacha a bheith riachtanach, agus cuireadh síneadh leis an gconradh sonrach dá réir sin. Ba mhaith leis an nGníomhaireacht a chur in iúl go ndeachaigh an conradh seo in éag i mí na Bealtaine 2022. Tá bearta á ndéanamh ag an nGníomhaireacht chun cásanna comhchosúla a sheachaint amach anseo.

**3.29.13.** Tugann an Ghníomhaireacht barúil na Cúirte dá haire. B'éigean an conradh sonrach sin a shíniú ag deireadh 2018 chun an buiséad is gá a chaomhnú chun idir-inoibritheacht a áirithiú idir an Córas Isteach/Amach agus an Córas Faisnéise Víosaí. Ba é ba chúis leis an ngá sin gur cuireadh moill ar ghlacadh an Chinnidh Cur Chun Feidhme i gcomparáid leis an sceideal tosaigh de Ráiteas Airgeadais Reachtach Rialachán EES, nach raibh smacht ag an nGníomhaireacht orthu.

Rinne an Ghníomhaireacht an méid seo a leanas, a luaithe a chuir an Chúirt an cinneadh in iúl in 2022:

- an conradh a leasú chun aghaidh a thabhairt ar na heasnaimh a shainaithin an Chúirt, trí thuairisc níos mionsonraithe a chur leis maidir leis na seirbhísí a soláthraíodh;
- níor eisigh sí ach dhá iarratas breise ar sheirbhísí faoin gconradh, a raibh gá leo chun tástáil na dtáirgí insoláthartha a chur i gcrích (luach iomlán EUR 0.2 milliún);

- níor chuir sí síneadh breise leis an gconradh, rud a chuaigh in éag in 2022.

**3.29.14.** Tugann an Ghníomhaireacht barúil na Cúirte dá haire agus ba mhaith léi a chur in iúl go bhfuil an conradh imithe in éag anois.

**3.29.15.** Tugann an Ghníomhaireacht barúil na Cúirte dá haire.

**3.29.17.** Tugann an Ghníomhaireacht barúil na Cúirte dá haire agus ba mhaith léi a chur in iúl go bhfuil an conradh imithe in éag anois. Bhí údar leis an gcinneadh a rinne an tOifigeach Údarúcháin nós imeachta idirbheartaíochta a úsáid toisc nár athraíodh na hamlínte chun an clár EES a chur chun feidhme go foirmiúil ach ag céim níos déanaí.

Measadh gurb é 8 mí ar a laghad an t-am foriomlán a bhí ag teastáil chun conradh a dhámhachtain agus chun aistriú chuig conraitheoir nua. Thabharfadh sé sin le tuiscint nach bhféadfadh conraitheoir a fuair conradh tús a chur, go réalaíoch, le tacaíocht a thabhairt do na córais ach amhail mí Aibreáin/mí na Bealtaine 2023, rud a d’fhágfadh bearna chothabhála de 5-6 mhí. Le linn na tréimhse sin, ní bheadh an Ghníomhaireacht in ann a sainordú a chomhlíonadh agus ní bheadh sí in ann comhlíonadh an rialacháin atá sonrach don chóras a áirithiú.

Léiríonn na nótaí a ghabhann leis an gcomhad go ndearna an Ghníomhaireacht measúnú ar an ábhar ó gach gné éagsúil d’fhonn na ceanglais dhlíthiúla agus oibríochtúla a chothromú leis na ceanglais a eascraíonn as an Rialachán Airgeadais.

**3.29.18.** Tugann an Ghníomhaireacht barúil na Cúirte dá haire. Rinne an Ghníomhaireacht staidéar margaidh inar fíoraíodh tagarmharcáil praghsanna an tsoláthraí réitigh roghnaithe agus comparáid praghsanna i gcoinne réiteach malartach agus díoltóirí malartacha roimh an gceannach. Tar éis bharúil na Cúirte a fháil, fuair an Ghníomhaireacht na praghasliostaí is gá ó dhíoltóirí.

**3.29.19.** Tugann an Ghníomhaireacht barúil na Cúirte dá haire. Léirigh méid an choiste meastóireachta raon feidhme agus castacht an nós imeachta soláthair idirdhisciplínigh sin. B’éigean ionadaíocht a dhéanamh ar gach speisialtóireacht chun meastóireacht iomlán a dhéanamh ar na tairiscintí.

**3.29.20.** Tugann an Ghníomhaireacht barúil na Cúirte dá haire. Rinne an Ghníomhaireacht an tabhairt anonn le haghaidh gníomhaíochtaí riaracháin a bhí riachtanach nó athfhillteach, agus thug sí dearbhú maidir le hurramú na bainistíochta fónta airgeadais le haghaidh na n-oibríochtaí bunúsacha.

Tá gníomhaíochtaí ceartaitheacha á gceapadh chun feabhas a chur ar rialachas agus ar úsáid seirbhísí tacaíochta seachtracha, a bhfuil méadú leanúnach tagtha orthu thar na blianta chun easpa foirne córasacha na Gníomhaireachta a fhritháireamh.

# 3.30. An Ghníomhaireacht Eorpach um an nGarda Teorann agus Cósta (Frontex)

## Réamhrá

**3.30.1.** Bunaíodh an Ghníomhaireacht Eorpach um an nGarda Teorann agus Cósta ('Frontex'), atá lonnaithe i Vársá, le Rialachán (AE) 2016/1624, arna aisghairm agus arna ionadú le Rialachán (AE) 2019/1896. Is é Frontex a tháinig i gcomharbas ar an nGníomhaireacht Eorpach chun Comhar Oibríochtúil a Bhainistiú ag Teorainneacha Seachtracha Bhallstáit an Aontais Eorpaigh, a bunaíodh in 2004. Is iad Frontex agus údaráis náisiúnta na mBallstát atá freagrach as bainistiú teorainneacha agus as oibríochtaí cur ar ais, in éindí, atá sa Gharda Teorann agus Cósta Eorpach, agus roinneann siad freagrachtaí as bainistiú comhtháite teorainneacha san Eoraip agus bainistiú éifeachtúil a dhéanamh ar iontrálacha trasna na dteorainneacha seachtracha. I ***bhFíor 3.30.1***, tugtar na príomhfhigiúirí do Frontex[94].

### Fíor 3.30.1 – Príomhfhigiúirí do Frontex




* Tá figiúirí an bhuiséid bunaithe ar iomlán na leithreasuithe faoi chomhair íocaíochtaí atá ar fáil le linn na bliana airgeadais.

** Áirítear le 'foireann' oifigigh an Aontais, gníomhairí sealadacha AE, daoine atá fostaithe ar conradh ag an Aontas agus saineolaithe náisiúnta ar iasacht, ach níl oibrithe eatramhacha ná sainchomhairleoirí san áireamh.

*Foinse:* Cuntais bhliantúla Frontex do bhlianta airgeadais 2021 agus 2022; figiúirí foirne arna soláthar ag Frontex.

Tharla an méadú suntasach i mbuiséad agus líon foirne Frontex mar gheall ar an sainordú méadaithe atá aige faoi Rialachán (AE) 2019/1896.

[94] Tá tuilleadh eolais faoi ról agus gníomhaíochtaí Frontex ar fáil ar a shuíomh gréasáin: www.frontex.europa.eu.

## Faisnéis a thacaíonn leis an ráiteas dearbhaithe

**3.30.2.** I Roinn 3.1, tá tuairisc ar ár gcur chuige iniúchóireachta, an bonn atá lenár dtuairim, na freagrachtaí atá ar bhainistíocht Frontex agus orthu siúd a bhfuil an rialachas de chúram orthu, agus freagrachtaí an iniúchóra as iniúchóireacht a dhéanamh ar na cuntais agus ar na hidirbhearta is bun leis na cuntais. Is cuid dhílis den tuairim é an síniú atá ar leathanach 367.

## Ráiteas dearbhaithe na Cúirte Iniúchóirí arna chur ar fáil do Pharlaimint na hEorpa agus don Chomhairle – Tuarascáil an iniúchóra neamhspleách

# Tuairim

**3.30.3.** Tá iniúchóireacht déanta againn ar an méid seo a leanas:

(a) cuntais na Gníomhaireachta Eorpaí um an nGarda Teorann agus Cósta ('Frontex'), atá comhdhéanta de na ráitis airgeadais[95] agus de na tuarascálacha ar chur chun feidhme bhuiséad Frontex[96] don bhliain airgeadais dar críoch an 31 Nollaig 2022, agus

(b) dlíthiúlacht agus rialtacht na n-idirbheart is bun leis na cuntais sin,

de réir mar a cheanglaítear le hAirteagal 287 den Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh (CFAE).

---

[95] Tá na ráitis airgeadais comhdhéanta den chlár comhardaithe, den ráiteas um fheidhmíocht airgeadais, den ráiteas faoi shreabhadh airgid, den ráiteas maidir leis na hathruithe ar ghlansócmhainní agus d'achoimre ar bheartais chuntasaíochta shuntasacha agus de nótaí míniúcháin eile.

[96] Tá na tuarascálacha ar chur chun feidhme an bhuiséid comhdhéanta de na tuarascálacha, ina gcomhiomlánaítear na hoibríochtaí buiséadacha go léir, agus de na nótaí míniúcháin.

## Beachtas na gcuntas

### Tuairim maidir le beachtas na gcuntas

**3.30.4.** Is é ár dtuairim go dtugann cuntais Frontex don bhliain dar chríoch an 31 Nollaig 2022 léargas fíorcheart, ar gach slí ábharthach, ar staid airgeadais Frontex amhail an 31 Nollaig 2022, ar thorthaí a chuid oibríochtaí, ar a shreabha airgid, agus ar na hathruithe ar ghlansócmhainní don bhliain dar chríoch an dáta céanna, i gcomhréir lena Rialachán Airgeadais agus le rialacha cuntasaíochta arna nglacadh ag oifigeach cuntasaíochta an Choimisiúin. Tá siad sin bunaithe ar chaighdeáin chuntasaíochta don earnáil phoiblí a bhfuil glacadh go hidirnáisiúnta leo.

### Béim ar ábhar

**3.30.5.** Tarraingímid aird ar Nóta 1.3, 'Deimhniú na gcuntas', i gcás ina ndearbhaíonn an t-oifigeach cuntasaíochta, don dara bliain as a chéile, nach raibh siad in ann an córas cuntasaíochta a bhailíochtú toisc go raibh faisnéis in easnamh a bhaineann le córas TF, ar leis an gCoimisiún é agus a sholáthraíonn sonraí cuntasaíochta.

**3.30.6.** Tarraingímid aird ar Nóta 3.2.1, 'Ioncam oibriúcháin', Nóta 4.0.3, 'Foinsí maoinithe an bhuiséid' agus Nóta 4.4 'Cuntas don olltoradh buiséid', ina míníonn cuntasóir Frontex nach bhfuil ranníocaíochtaí ó thíortha comhlachaithe Schengen (SAC) á ríomh i gceart. Dá bhrí sin, tá an ranníocaíocht a dhéanann an tAontas le buiséad Frontex á ríomh mícheart freisin. Le haghaidh 2022, tá ráiteas iomarcach de €3.2 milliún déanta i leith ranníocaíocht an Aontais agus tá gannráiteas den tsuim chéanna ag gabháil le ranníocaíochtaí SAC.

Tá cuntais Frontex do 2022 agus méideanna comparáideacha 2021 atá curtha i láthair i gcuntais 2022 coigeartaithe chun é sin a léiriú (féach Nóta 3.6 'Earráid i dtréimhse roimhe seo').

## Dlíthiúlacht agus rialtacht na n-idirbheart is bun leis na cuntais

### Ioncam

**Tuairim maidir le dlíthiúlacht agus rialtacht an ioncaim is bun leis na cuntais**

**3.30.7.** Is é ár dtuairim go bhfuil an t-ioncam is bun le cuntais Frontex don bhliain dar chríoch an 31 Nollaig 2022 dlíthiúil agus rialta ar gach slí ábhartha.

### Íocaíochtaí

**Tuairim maidir le dlíthiúlacht agus rialtacht na n-íocaíochtaí is bun leis na cuntais**

**3.30.8.** Is é ár dtuairim go bhfuil na híocaíochtaí is bun le cuntais Frontex don bhliain dar chríoch an 31 Nollaig 2022 dlíthiúil agus rialta ar gach slí ábhartha.

## Ábhar eile

**3.30.9.** I dTuarascáil bhliantúil maidir le gníomhaíochtaí Frontex le haghaidh 2022, deir an Stiúrthóir Feidhmiúcháin reatha ina ráiteas dearbhaithe go bhfuil na forchoimeádais a bhí ag an iar-Stiúrthóir Feidhmiúcháin agus ag an iar-Stiúrthóir Feidhmiúcháin gníomhach (in Iarscríbhinn 12 a ghabhann leis an tuarascáil bhliantúil maidir le gníomhaíochtaí) tugtha ar aire aige ach nach bhfuil sé sa riocht chun tuairim a thabhairt maidir leis na forchoimeádais sin. Baineann siad sin le (a) bainistiú na gconarthaí éagsúla le haghaidh seirbhísí taistil don Bhuanchór agus (b) bainistiú deontais le haghaidh gníomhaíochtaí oiliúna don Bhuanchór i gcatagóir 1. I ndáil le pointe (a), ba mhaith linn aird an léitheora a tharraingt ar mhír 3.30.13 de Thuarascáil bhliantúil 2021 uainn.

**3.30.10.** Maidir leis na barúlacha anseo ina dhiaidh seo, ní tharraingíonn siad amhras ar bith ar thuairim na Cúirte Iniúchóirí.

## Barúlacha maidir le beachtas na gcuntas

**3.30.11.** Rinne Frontex rómheastachán ar na muirir fhabhraithe a tabhaíodh in 2022 dá chostais mhisin, agus is €4.7 milliún as an tsuim iomlán de €213.5 milliún i muirir fhabhraithe a bhí sa rómheastachán sin.

**3.30.12.** Níl treoraíocht fhoirmiúil ná nósanna imeachta ag Frontex chun a chinntiú go ndéantar muirir fhabhraithe a ríomh ar bhealach comhsheasmhach (2022: €213.5 milliún). Mar thoradh air sin, tá éagsúlacht sa mhéid a mheastar, ag brath ar an aonad atá freagrach as ríomh an fhabhraithe a ullmhú.

## Barúlacha maidir le dlíthiúlacht agus rialtacht na n-idirbheart

**3.30.13.** I mí Dheireadh Fómhair 2021, shínigh Frontex conradh seirbhíse le conraitheoir do scagthástáil shíceolaíoch le haghaidh oifigigh nua de chuid an Gharda Teorann agus Cósta Eorpaigh. Bhí luach tosaigh de €79 000 ag gabháil leis an gconradh sin. Bhí sé i gceist ag Frontex go mbeadh an conradh seo ina 'réiteach nasctha' idir an creatchonradh le haghaidh seirbhísí síceolaíocha a chríochnaigh in 2021 agus conradh nua, a raibh nós imeachta tairisceana oscailte á ullmhú ina leith. Mar gheall ar mhoilleanna sa nós imeachta nua, leasaigh Frontex an conradh ceithre huaire, rud a mhéadaigh a luach go €502 900, nó méadú de 536 % sa bhreis ar an luach tosaigh. Chláraigh Frontex na hócáidí sin i gclár na n-eisceachtaí agus na gcásanna neamhchomhlíontachta. Le hAirteagal 172(3)(a)(iii) den Rialachán Airgeadais, is féidir méadú suas le 50 % ar luach an chonartha a dhéanamh i gcásanna den sórt sin. Is é €502 500 a bhí in iomlán na n-íocaíochtaí don chonradh seo, agus tá €384 000 de neamhrialta.

## Barúlacha maidir le córais bhainistíochta agus rialaithe

**3.30.14.** I mí na Bealtaine 2019, shínigh Frontex creatchonradh a raibh luach iomlán de €30 milliún ag gabháil leis i dtaca le seirbhísí taistil, lena n-áirítear cóiríocht. Fuaireamar nach raibh na sonraisc a d'eisigh an ghníomhaireacht taistil don chóiríocht tacaithe le sonraisc iarmhír na n-óstán. Ina ionad sin, d'eisigh fochuideachta gníomhaireachta taistil na sonraisc fholuiteacha a chuir an ghníomhaireacht taistil ar fáil. Na rialuithe inmheánacha a bhí i bhfeidhm ag Frontex i ndáil le cur chun feidhme an chonartha, ní raibh siad leordhóthanach mar nár thug siad fianaise de na costais iarbhír a fabhraíodh. Is laige ríthábhachtach é sin, agus tá riosca suntasach ann go dtarlóidh ró-mhuirearú.

**3.30.15.** Úsáideann Frontex córas an Choimisiúin chun a chostais a bhaineann le taisteal a bhainistiú. Fuaireamar i dtaobh na faisnéise sa chóras, nach ndéanann sí na costais iarbhír a íocadh a imréiteach le costais na ngníomhaireachtaí taistil, a thuairiscítear agus a phróiseáiltear ar leithligh ó na costais a d’íoc an fhoireann agus iad ar mhisean. Is laige rialaithe inmheánaigh é seo a fhágann Frontex faoi lé an riosca go bhféadfadh sé nach mbeadh íocaíochtaí a bhaineann le costais na gníomhaireachta taistil ceart.

**3.30.16.** I mí Iúil 2022, thug Frontex uasteorainneacha nua isteach d’oifigigh údarúcháin trí tharmligean i ndáil le híocaíochtaí, orduithe gnóthaithe agus aistrithe buiséadacha. Bhí an cinneadh éifeachtach ar an bpointe, ón lá a síníodh é. Bhí moill ar chur chun feidhme na n-uasteorainneacha sin sa chóras TF, áfach. Mar thoradh air sin, idir mí Iúil 2022 agus Lúnasa 2022, nuair a tugadh an nuashonrú ar an gcóras chun críche, d’údaraigh ocht n-oifigeach údarúcháin trí tharmligean 17 n-íocaíocht a bhí níos airde ná an uasteorainn nua, de luach €10.9 milliún. Téann sé sin i gcoinne Airteagal 41(1) den Rialachán Réime Airgeadais. Tugaimid ar aire gur cláraíodh an laige shuntasach rialaithe inmheánaigh sin i gclár na n-eisceachtaí agus teagmhas neamhchomhlíontachta atá ag Frontex.

**3.30.17.** In aon nós imeachta earcaíochta amháin, fuaireamar go ndearna an coiste roghnúcháin measúnuithe aonair a chomhaltaí a shuimiú, seachas modh comhthoiliúil a chur i bhfeidhm faoi mar atá leagtha síos i rialacha inmheánacha Frontex. Thairis sin, ní raibh caighdeán nó treoracha soiléire ann do chomhaltaí an choiste roghnúcháin maidir leis an gcaoi leis na critéir roghnúcháin aonair a mheasúnú. Ar deireadh, dhearbhaigh cathaoirleach an choiste roghnúcháin go raibh caidreamh ordlathach díreach aige leis an duine a earcaíodh, gan aon fhianaise a thabhairt go raibh bearta maolaitheacha ann chun aghaidh a thabhairt ar an gcoinbhleacht leasa a d’fhéadfadh a bheith ann. Baineann na laigí sin an bonn ó phrionsabail na trédhearcachta agus na córa comhionainne d’iarrthóirí i nósanna imeachta earcaíochta agus d’fhéadfaidís Frontex a fhágáil faoi lé rioscaí clú agus dlíthiúla. D’eisíomar barúil den chineál céanna i mír 3.30.14 de Thuarascáil 2021 uainn.

## Barúlacha maidir le bainistiú buiséadach

**3.30.18.** Déanann tíortha comhlachaithe Schengen gníomhaíochtaí Frontex a chómhaoiniú. Tá a sciar de bhuiséad Frontex bunaithe ar chion mhéid a ngeilleagar (arna shloinneadh mar OTI nó OIN) i gcomparáid le méid gheilleagar an Aontais. Na comhaontuithe idir an tAontas agus na tíortha sin a fheidhmíonn mar bhunús dlí chun a ranníocaíochtaí le buiséad Frontex a ríomh, áfach, níl siad soiléir agus is féidir iad a léirmhíniú ar bhealaí éagsúla.

Mar a dúramar i dTuarascáil 2020 uainn, measaimid go bhfuil léirmhíniú Frontex lochtach, toisc go bhfágann sé go rannchuidíonn tíortha comhlachaithe Schengen thart ar €3.5 milliún (7 %) níos lú le buiséad Frontex ná mar a bheadh orthu a dhéanamh bunaithe ar mhéid a ngeilleagair i gcomparáid le méid gheilleagar an Aontais. Is é is cúis leis an saobhadh comhréireachta sin ná go ríomhann Frontex ranníocaíochtaí gach tíre atá comhlachaithe le Schengen trí mhéid gheilleagar na tíre sin a roinnt isteach i méid iomlán gheilleagair an Aontais agus gheilleagair na dtíortha ar fad atá comhlachaithe le Schengen, agus ansin tríd an gcodán sin, nó an 'cóimheas ranníocaíochta', a mhéadú faoi fhóirdheontas ó bhuiséad an Aontais do Frontex (agus ní ar bhuiséad iomlán Frontex, lena n-áirítear sciar bhuiséad an Aontais agus sciar na dtíortha atá comhlachaithe le Schengen).

## Obair leantach ar bharúlacha ó bhlianta roimhe seo

**3.30.19.** Tugtar forléargas san ***Iarscríbhinn*** ar an ngníomhaíocht a rinneadh mar fhreagairt ar bharúlacha na Cúirte Iniúchóirí ó bhlianta roimhe seo.

# Iarscríbhinn – Obair leantach ar bharúlacha ó bhlianta roimhe seo

| Sraithuimhir | Bliain bharúil CIE | Barúil CIE (achoimre) | Gníomh ceartaitheach a rinneadh agus / nó forbairtí ábhartha eile (achoimre) | Stádas bharúil CIE (Oscailte / Dúnta) |
| --- | --- | --- | --- | --- |
| 1 | 2015 | Déanann na Stáit atá rannpháirteach in oibríochtaí teorann na costais a thabhaítear a dhearbhú trí úsáid a bhaint as bileoga éilimh na gcostas. I dTuarascáil speisialta 12/2016 uainn, mholamar gur cheart do na gníomhaireachtaí roghanna costais simplithe a úsáid aon uair is iomchuí chun neamhéifeachtúlachtaí den sórt sin a sheachaint. | I mí na Samhna 2022, d'iarr Frontex ar na tairbhithe ar fad liostaí leathnaithe de chostais aonaid a chur ar fáil do Frontex chun an próiseas aisíocaíochta a shimpliú agus chun líon na ndoiciméad atá le tabhairt isteach leis na híocaíochtaí a laghdú. Tá moltaí na mBallstát á measúnú agus á mbailíochtú ag an nGníomhaireacht agus é mar aidhm aici costais aonaid le haghaidh trealamh teicniúil trom a thabhairt isteach amhail ó Ráithe 3 de 2023. | Oscailte |
| 2 | 2016 / 2018 | Bhí leibhéal ard de thabhairt anonn agus cealuithe ann. Ba cheart do Frontex féachaint le meastacháin chostais agus réamhaisnéisí buiséid níos cruinne a dhéanamh. | Bhí an staid fós ann in 2022. | Oscailte |

An Ghníomhaireacht Eorpach um an nGarda Teorann agus Cósta (Frontex)

| Sraithuimhir | Bliain bharúil CIE | Barúil CIE (achoimre) | Gníomh ceartaitheach a rinneadh agus / nó forbairtí ábhartha eile (achoimre) | Stádas bharúil CIE (Oscailte / Dúnta) |
|---|---|---|---|---|
| 3 | 2018 | Bhí na fíoruithe *ex ante* neamhéifeachtach. Ba cheart do Frontex obair a dhéanamh ar scéim maoiniúcháin shimplithe agus thrédhearcach a fhorbairt a chlúdódh costais a bhaineann le trealamh freisin. | I mí na Samhna 2022, d'iarr Frontex ar na tairbhithe ar fad liostaí leathnaithe de chostais aonaid a chur ar fáil do Frontex chun an próiseas aisíocaíochta a shimpliú agus chun líon na ndoiciméad atá le tabhairt isteach leis na híocaíochtaí a laghdú. Tá moltaí na mBallstát á measúnú agus á mbailíochtú ag an nGníomhaireacht agus é mar aidhm aici costais aonaid le haghaidh trealamh teicniúil trom a thabhairt isteach amhail ó Ráithe 3 de 2023. | Oscailte |
| 4 | 2018 | Ba cheart do Frontex beartas poist íogair a ghlacadh agus a chur chun feidhme. | Tá cinneadh maidir le feidhmeanna íogaire á tharraingt suas, agus táthar ag súil go nglacfar é in 2023. | Oscailte |
| 5 | 2018 / 2019 | Níor líon Frontex an méid post a bhí sé ceaptha a líonadh de réir mar a bhí leagtha síos sa phlean bunaíochta foirne. Ba cheart do Frontex feabhas a chur ar an treoraíocht a thugtar do chomhaltaí an choiste roghnúcháin agus fíorú níos dlúithe a dhéanamh ar theidlíochtaí airgeadais na n-iarrthóirí i leith íocaíochtaí tuarastail. | Bhí an staid fós ann in 2022, cé go bhfuil feabhas mór tagtha air le trí bliana anuas (2020: 61.1 %; 2021: 77 %; 2022: 82.4 %). | Oscailte |

An Ghníomhaireacht Eorpach um an nGarda Teorann agus Cósta (Frontex)

| Sraithuimhir | Bliain bharúil CIE | Barúil CIE (achoimre) | Gníomh ceartaitheach a rinneadh agus / nó forbairtí ábhartha eile (achoimre) | Stádas bharúil CIE (Oscailte / Dúnta) |
|---|---|---|---|---|
| 6 | 2020 | Dearbhú ó údarás náisiúnta faoi oibríochtaí um fhilleadh neamhfhógartha i gcomhaontú deontais tráth ar dúnadh an ghníomhaíocht ó thaobh airgeadais de. Rinne Frontex gealltanas buiséadach *ex post* chun an t-easnamh buiséid a d'eascair as sin a chlúdach, rud nach bhfuil ag teacht lena Rialachán Airgeadais. | Cinneadh ceartúchán a dhéanamh i mí Dheireadh Fómhair 2022. Tá an réiteach teicniúil ar fáil cheana féin, ach ní chuirfear chun feidhme é roimh R1 de 2023, tar éis do Frontex oiliúint a chur ar dhaoine den fhoireann ó na Ballstáit. Faoi dheireadh 2023 ar a dhéanaí, beidh nuashonrú déanta ar an uirlis TF chun an ceartúchán a chur san áireamh go hiomlán. | Oscailte |

An Ghníomhaireacht Eorpach um an nGarda Teorann agus Cósta (Frontex)

| Sraithuimhir | Bliain bharúil CIE | Barúil CIE (achoimre) | Gníomh ceartaitheach a rinneadh agus / nó forbairtí ábhartha eile (achoimre) | Stádas bharúil CIE (Oscailte / Dúnta) |
|---|---|---|---|---|
| 7 | 2020 | D'oscail an tOmbudsman dhá fhiosrúchán: (a) I mí na Samhna 2020, rinne Oifig an Ombudsman measúnú ar éifeachtacht agus trédhearcacht shásra gearán Frontex agus ar ról agus neamhspleáchas oifigeach um chearta bunúsacha Frontex agus eisíodh naoi moladh an 15 Meitheamh 2021; (b) i mí an Mhárta 2021, rinne Oifig an Ombudsman imscrúdú ar an gcaoi a gcomhlíonann Frontex a oibleagáidí maidir le cearta bunúsacha agus ar an gcaoi a ndéanann sé cuntasacht a áirithiú i ndáil lena fhreagrachtaí feabhsaithe nua. Chomh maith leis sin, tá dhá imscrúdú ar siúl faoi láthair: (a) fiosrúchán ag OLAF i dtaobh líomhaintí maidir le ciapadh, mí-iompar agus brú siar imirceach a bhaineann le Frontex, agus (b) fiosrúchán ag Parlaimint na hEorpa a bhaineann le líomhaintí féideartha de sháruithe ar chearta bunúsacha in Frontex. | Chun aghaidh a thabhairt ar na moltaí ar fad, d'fhorbair Frontex plean cuimsitheach gníomhaíochta (115 ghníomhaíocht ar an iomlán, a bhfuil 89 díobh curtha chun feidhme faoin 11 Eanáir 2023). Cuirtear an dul chun cinn i gcur chun feidhme na moltaí faoi bhráid an bhoird bainistíochta go rialta. | Oscailte |
| 8 | 2020 | Leis an moill ar earcú an 40 duine de lucht faireacháin ar chearta bunúsach atá riachtanach, tá riosca tromchúiseach á chruthú d'oibríochtaí agus do chlú Frontex. | Ag deireadh 2022, líon an Ghníomhaireacht 41 phost de lucht faireacháin ar chearta bunúsacha (1 x AD7, 28 x AD5 agus 12 x AST4). | Dúnta |

An Ghníomhaireacht Eorpach um an nGarda Teorann agus Cósta (Frontex)

| Sraithuimhir | Bliain bharúil CIE | Barúil CIE (achoimre) | Gníomh ceartaitheach a rinneadh agus / nó forbairtí ábhartha eile (achoimre) | Stádas bharúil CIE (Oscailte / Dúnta) |
|---|---|---|---|---|
| 9 | 2020 | Bhí Frontex faoi lé damáiste do chlú agus dlíthíochta mar gheall ar thairiscintí do phoist AD7 a seoladh chuig 47 n-iarrthóir ardleibhéil (in ionad na bpost AST a bhí formheasta), sula raibh freagra tugtha ag an gCoimisiún i dtaobh na bpost sin. Tháinig an Coimisiún ar an gconclúid ina dhiaidh sin nach raibh údarás dlíthiúil ag Frontex na poist sin a uasghrádú. | Tar éis poist nua AD a leithdháileadh ar Frontex in 2022, rinne Frontex obair leantach ar a phlean táscach agus i mí Feabhra 2022, rinne sé poist AD7 a thairiscint do na hiarrthóirí sin a ghlac leis an tairiscint in 2021.<br><br>Ní dhearnadh aon chás dlíthiúil a sheoladh i dtaobh an ábhair sin. | Dúnta |
| 10 | 2020 | Tá gannráiteas déanta ar na ceithre ranníocaíocht ó Thíortha Comhlachaithe Schengen i mbuiséad tosaigh Frontex mar go bhfuil siad ag seasamh do 6.9 % seachas 7.4 % den bhuiséad. Tá gá le treoraíocht chothrománach ón gCoimisiún chuig comhlachtaí an Aontais maidir leis an gcaoi le ranníocaíochtaí ó thíortha nach bhfuil san Aontas a ríomh go comhsheasmhach. | Rinne cuntasóir na Gníomhaireachta leasú ar chuntais 2022 chun an coigeartú don bhliain a léiriú. Tar éis athbhreithniú a dhéanamh ar an tsaincheist, i mí Dheireadh Fómhair 2021, chinn Bord Bainistíochta Frontex nach n-athródh an mhodheolaíocht chun na ranníocaíochtaí sin a ríomh. | Oscailte |

An Ghníomhaireacht Eorpach um an nGarda Teorann agus Cósta (Frontex)

| Sraithuimhir | Bliain bharúil CIE | Barúil CIE (achoimre) | Gníomh ceartaitheach a rinneadh agus / nó forbairtí ábhartha eile (achoimre) | Stádas bharúil CIE (Oscailte / Dúnta) |
|---|---|---|---|---|
| 11 | 2020 | Nuair a rinne cuntasóir Frontex táscairí feidhmíochta na Gníomhaireachta do na cuntais a ríomh, níor dhéileáil siad leis na laghduithe ar an mbuiséad mar bhuiséid leasaitheacha ach is amhlaidh gur dhéileáil sé leo mar ghníomhartha do chur chun feidhme an bhuiséid – rud atá contrártha do dhá chinneadh ón mBord Bainistíochta. | Bhí an cur chuige céanna ag an gcuntasóir in 2022 chomh maith (féach Nóta 4.0.1 de na cuntais) | Oscailte |
| 12 | 2021 | Thángamar ar roinnt saincheisteanna sa mheastóireacht ar an acmhainneacht eacnamaíoch theicniúil-ghairmiúil agus ar an acmhainneacht airgeadais i nós imeachta soláthair do chreatchonradh chun seirbhísí taistil a sholáthar. I mí Feabhra 2022, chuir Frontex an conradh ar fionraí agus i mí na Bealtaine 2022 cuireadh deireadh leis an gconradh. | Tá tairiscint oscailte nua chun seirbhísí gníomhaireachta taistil a sholáthar do Frontex ar na bacáin do 2023 a bhfuil ár mbarúlacha curtha san áireamh ann. | Oscailte |
| 13 | 2021 | Sna nósanna imeachta earcaíochta a ndearnadh iniúchóireacht orthu, fuaireamar gur chuir na coistí roghnúcháin modh éagsúil i bhfeidhm chun na measúnuithe aonair a chainníochtú ná an modh dá bhforáiltear sna treoirlínte inmheánacha. Thairis sin, ní raibh caighdeáin shoiléire ann maidir leis an gcaoi leis na critéir roghnúcháin aonair a mheasúnú. | Rinneadh an tsaincheist chéanna a shainaithint freisin i mbliana (féach mír 3.30.17). Ghlac Frontex rialacha nua cur chun feidhme i mí Eanáir 2022. | Oscailte |

An Ghníomhaireacht Eorpach um an nGarda Teorann agus Cósta (Frontex)

| Sraithuimhir | Bliain bharúil CIE | Barúil CIE (achoimre) | Gníomh ceartaitheach a rinneadh agus / nó forbairtí ábhartha eile (achoimre) | Stádas bharúil CIE (Oscailte / Dúnta) |
|---|---|---|---|---|
| 14 | 2021 | Níor ghlac na hoifigigh údarúcháin go foirmiúil le coinníollacha chinneadh an Stiúrthóra Feidhmiúcháin maidir le tarmligin. Thairis sin, níor dhearbhaigh siad go foirmiúil go bhfuil siad ag comhlíonadh an dearbhaithe nach raibh coinbhleachtaí leasa ann. | Ó 2022, sínítear tarmligean agus fo-tharmligean cumhachtaí trí Ares do gach oifigeach údarúcháin, lena n-áirítear dearbhú nach bhfuil coinbhleachtaí leasa ann. | Dúnta |
| 15 | 2021 | Shínigh Frontex creatchonradh le haghaidh trealamh cosanta pearsanta agus earraí sláintíochta gan gnáthphraghas ach le corrlach comhlán uasta le haghaidh gach earra a ordaíodh. Mar sin féin, agus an conradh á chur chun feidhme, ní dhearna sé seiceálacha córasacha ar an gcorrlach comhlán. | Sheiceáil Frontex an corrlach comhlán ar shampla rioscabhunaithe, agus níor tháinig sé ar neamhréireachtaí. | Dúnta |
| 16 | 2021 | Thángamar ar na laigí seo a leanas in dhá nós imeachta soláthair phoiblí: (a) moill shuntasach ar chinneadh dámhachtana a fhoilsiú agus (b) chun measúnú a dhéanamh ar an acmhainneacht eacnamaíoch agus airgeadais d’iarr sé láimhdeachas a bhí dhá oiread an uasmhéid a cheadaítear. | Ghlac Frontex nósanna imeachta inmheánacha chun a áirithiú go bhfoilsítear an cinneadh dámhachtana in am agus go dtugtar údar cuí nuair a imítear ó na critéir maidir le measúnú a dhéanamh ar an acmhainneacht eacnamaíoch agus airgeadais. | Dúnta |

| Sraithuimhir | Bliain bharúil CIE | Barúil CIE (achoimre) | Gníomh ceartaitheach a rinneadh agus / nó forbairtí ábhartha eile (achoimre) | Stádas bharúil CIE (Oscailte / Dúnta) |
|---|---|---|---|---|
| 17 | 2021 | I dtrí chomhaontú deontais faoi iniúchóireacht, níor ghníomhaigh na tairbhithe de réir an spriocdháta de 75 lá chun an íocaíocht deiridh a iarraidh. Ní dhearna Frontex an íocaíocht deiridh laistigh den spriocdháta de 60 lá. | Tá laghdú ar na haighneachtaí agus ar na híocaíochtaí deontais ar cuireadh moill orthu in 2022 i gcomparáid le 2021. Déanann na foirne lena mbaineann faireachán ar an gcás agus, nuair is gá, cláraíonn siad fionraí iomchuí na n-íocaíochtaí. Thairis sin, rinne Frontex an fhoireann a threisiú, chun feabhas a chur ar bhainistiú tráthúil na gcúraimí atá ag teastáil chun an íocaíocht a dhéanamh go tráthúil. | Dúnta |
| 18 | 2021 | Léirigh anailís fhoriomlán ar na híocaíochtaí in 2021 go raibh moill ar phróiseas na n-íocaíochtaí, agus is easnamh tromchúiseach é sin i rialuithe inmheánacha Frontex. | In ainneoin an tuairiscithe ar íocaíochtaí déanacha, bhí méadú suntasach ar líon na n-íocaíochtaí a rinne Frontex i gcomparáid leis na blianta roimhe sin. In 2022, tháinig meath ar na híocaíochtaí déanacha ó thaobh méide de (26 %, 2021: 16 %) agus ó thaobh luacha de (20 %, 2021: 12 %). | Oscailte |

# Freagra Frontex

**3.30.5.** Is é an córas bainistíochta misean (MiPS) an chuid de bhailíochtú chóras cuntasaíochta Frontex atá ar iarraidh.

**3.30.6.** Féach an freagra ar mhír 3.30.18.

**3.30.11.** Déanfaidh an Ghníomhaireacht modheolaíocht a fhorbairt agus a chur chun feidhme chun na speansais imlonnaithe a thabhairt ar aghaidh lena n-áiritheofar go ndéanfar costais a leagan amach agus a leithdháileadh ar na blianta airgeadais faoi seach.

**3.30.12.** Tugann an Ghníomhaireacht tuairim CIE dá haire. Tá a sonraíochtaí féin, a gcomhaontuithe dlíthiúla féin agus a raon feidhme féin ag cineálacha éagsúla caiteachais agus, dá bhrí sin, déanann aonaid éagsúla fabhruithe éagsúla a ríomh. Aithníonn an Ghníomhaireacht, áfach, go bhfuil deis ann an cur chuige sin a chur ar bhonn foirmiúil i ndoiciméad treorach.

**3.30.13.** Chun moill ar na próisis thábhachtacha ghnó a sheachaint (an buanchór a earcú), rinne Frontex cur síos trédhearcach ar na cúinsí agus ar an spreagadh atá ann d'eisceachtaí, ag aithint agus ag glacadh leis go n-eascraíonn neamhrialtacht as, rud ba cheart a sheachaint amach anseo.

**3.30.14.** Aithníonn an Ghníomhaireacht nár leor na rialuithe inmheánacha a cuireadh i bhfeidhm maidir leis an gcéim chur chun feidhme.

Cuireadh na rioscaí san áireamh agus an tairiscint leanúnach le haghaidh seirbhísí taistil á dearadh agus, dá bhrí sin, is gné lárnach rialaithe é soláthar na sonrasc ábhartha (arna dtáirgeadh ag soláthraí na seirbhíse) ag an gconraitheoir le linn chéim chur chun feidhme an chonartha.

**3.30.15.** Aithníonn an Ghníomhaireacht go bhfuil neamhréireachtaí idir na costais a bhaineann leis an nGníomhaireacht taistil in MiPS agus in ABAC. Cruthaítear iad seo toisc gur féidir le sonraisc ón nGníomhaireacht taistil teacht míonna tar éis misean a bheith críochnaithe agus an ball foirne a bheith íoctha. Mar sin féin, i dtuairim na Gníomhaireachta, níl an baol ann mar thoradh air sin go ndéanfaí íocaíocht de mhéid mícheart. Maidir le costais na gníomhaireachta taistil, déantar gach sonrasc a sheiceáil agus a dheimhniú a bheith ceart, agus is ina dhiaidh sin amháin go ndéantar iad a phróiseáil in ABAC, ag comhlíonadh go hiomlán na rialacha airgeadais is infheidhme.

**3.30.16.** Agus na ceachtanna a foghlaimíodh tar éis chur chun feidhme Chinneadh (EDD) 2022/125 an Stiúrthóra Feidhmiúcháin á gcur san áireamh, cuireadh séanadh san áireamh in EDD 2022/166 nua, maidir leis na tairseacha, agus iad infheidhme 15 lá tar éis theacht i bhfeidhm an EDD.

**3.30.17.** Aithníonn Frontex cruinneas an toraidh. Dá réir sin, athróidh an Ghníomhaireacht a nós imeachta inmheánach (scóráil/meastóireacht) chun Gníomhairí Sealadacha (TA) a earcú go dtí an nós imeachta atá in úsáid cheana féin maidir le hearcuithe Gníomhairí ar Conradh (CA) (agus maidir le hearcuithe móra an Bhuanchóir) i gcás nach bhfuil ach aon tuarascáil mheastóireachta deiridh amháin comhaontaithe idir comhaltaí an Choiste Roghnúcháin (SC) agus i gcás nach n-úsáidtear aon scórálacha aonair de chomhaltaí SC. Aithníonn Frontex freisin tuairim Chúirt Iniúchóirí na hEorpa maidir leis an gcoinbhleacht leasa a d'fhéadfadh a bheith ann ach measann sé go bhfuil bearta déanta aige (e.g., comhaltaí den Choiste Roghnúcháin ó lasmuigh de Frontex, nósanna imeachta inmheánacha) chun a áirithiú go ndéanfar an riosca sin a mhaolú.

**3.30.18.** Tá roinnt comhaontuithe i bhfeidhm le Tíortha Comhlachaithe Schengen (SAC) chun a ranníocaíocht le buiséad Frontex a ríomh agus tá tuiscint dhifriúil ann maidir le conas iad a chur i bhfeidhm, idir an tOifigeach Cuntasaíochta agus an Ghníomhaireacht..

I ndáil leis an méid sin, comhaontaíonn an Ghníomhaireacht, an Bord Bainistíochta, an Coimisiún Eorpach agus SAC maidir leis an modheolaíocht a bheidh le húsáid chun ranníocaíochtaí SAC a ríomh.

Is é tuairim na Gníomhaireachta go bhfuil an mhodheolaíocht a d'úsáid an Ghníomhaireacht ó 2016 i gcomhréir leis an gcreat dlíthiúil atá ann cheana agus leis na comhaontuithe rialaithe le SAC. Le linn an 86ú cruinniú den Bhord Bainistíochta i mí Mheán Fómhair 2021, bunaithe ar scrúdú críochnúil ar an modheolaíocht a rinne Meitheal an Bhoird Bainistíochta um an mBuiséad agus um Chuntais i gcomhar le gníomhaithe eile, chinn an Bord Bainistíochta nach ndéanfaí athbhreithniú ar an modheolaíocht ríofa do ranníocaíochtaí SAC le buiséad Frontex.

Níl sé i gceist ag an nGníomhaireacht an mhodheolaíocht a athrú a úsáidtear chun ranníocaíochtaí SAC a ríomh. Níl aon iarraidh ó na Ballstáit (MS) ná ó SAC lena dtugadh bunús chun athrú a dhéanamh ar an modheolaíocht. Chun aon athrú a dhéanamh ar an modheolaíocht, beidh gá le caibidlíocht le SAC, le hoiriúnú féideartha ar an gcreat dlíthiúil agus le cinneadh ón mBord Bainistíochta.


# Gníomhaireachtaí a chistítear faoi Cheannteideal 5 de CAI – Slándáil agus Cosaint

# 3.31. Gníomhaireacht an Aontais Eorpaigh um Oiliúint i bhForfheidhmiú an Dlí (CEPOL)

## Réamhrá

**3.31.1.** Bunaíodh Gníomhaireacht an Aontais Eorpaigh um Oiliúint i bhForfheidhmiú an Dlí ('CEPOL'), atá lonnaithe i mBúdaipeist, le Rialachán (AE) 2015/2219. Tháinig CEPOL i gcomharbas ar an gColáiste Eorpach Póilíneachta ('CEPOL' freisin), a bunaíodh in 2005. Is é cúram CEPOL ná na forais oiliúna póilíneachta náisiúnta sna Ballstáit a thabhairt le chéile chun seisiúin oiliúna a chur ar fáil, bunaithe ar chomhchaighdeáin, do ghníomhairí sinsearacha póilíneachta. I ***bhFíor 3.31.1***, tugtar na príomhfhigiúirí do CEPOL[97].

### Fíor 3.31.1 – Príomhfhigiúirí do CEPOL




* Tá figiúirí an bhuiséid bunaithe ar iomlán na leithreasuithe faoi chomhair íocaíochtaí atá ar fáil le linn na bliana airgeadais.

** Áirítear le 'foireann' oifigigh AE, gníomhairí sealadacha AE, daoine atá fostaithe ar conradh ag an Aontas agus saineolaithe náisiúnta ar iasacht, ach níl oibrithe eatramhacha ná sainchomhairleoirí san áireamh.

*Foinse:* Cuntais bhliantúla CEPOL do bhlianta airgeadais 2021 agus 2022; figiúirí foirne arna soláthar ag CEPOL.

## Faisnéis a thacaíonn leis an ráiteas dearbhaithe

**3.31.2.** I Roinn 3.1, tá tuairisc ar ár gcur chuige iniúchóireachta, an bonn atá lenár dtuairim, na freagrachtaí atá ar bhainistíocht CEPOL agus orthu siúd a bhfuil an rialachas de chúram orthu, agus freagrachtaí an iniúchóra as iniúchóireacht a dhéanamh ar na cuntais agus ar na hidirbhearta is bun leis na cuntais. Is cuid dhílis den tuairim é an síniú atá ar leathanach 367.

[97] Tá tuilleadh eolais faoi ról agus gníomhaíochtaí CEPOL ar fáil ar a shuíomh gréasáin: www.cepol.europa.eu.

## Ráiteas dearbhaithe na Cúirte Iniúchóirí arna chur ar fáil do Pharlaimint na hEorpa agus don Chomhairle – Tuarascáil an iniúchóra neamhspleách

# Tuairim

**3.31.3.** Tá iniúchóireacht déanta againn ar an méid seo a leanas:

(a) cuntais Ghníomhaireacht an Aontais Eorpaigh um Oiliúint i bhForfheidhmiú an Dlí ('CEPOL'), atá comhdhéanta de na ráitis airgeadais[98] agus de na tuarascálacha ar chur chun feidhme bhuiséad CEPOL[99] don bhliain airgeadais dar críoch an 31 Nollaig 2022, agus

(b) dlíthiúlacht agus rialtacht na n-idirbheart is bun leis na cuntais sin,

de réir mar a cheanglaítear le hAirteagal 287 den Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh (CFAE).

## Beachtas na gcuntas

### Tuairim maidir le beachtas na gcuntas

**3.31.4.** Is é ár dtuairim go dtugann cuntais CEPOL don bhliain dar críoch an 31 Nollaig 2022 léargas fíorcheart, ar gach slí ábhartha, ar staid airgeadais CEPOL amhail an 31 Nollaig 2022, ar thorthaí a chuid oibríochtaí, ar a shreabha airgid, agus ar na hathruithe ar ghlansócmhainní don bhliain dar críoch an dáta céanna, i gcomhréir lena Rialachán Airgeadais agus le rialacha cuntasaíochta arna nglacadh ag oifigeach cuntasaíochta an Choimisiúin. Tá siad sin bunaithe ar chaighdeáin chuntasaíochta don earnáil phoiblí a bhfuil glacadh go hidirnáisiúnta leo.

---

[98] Tá na ráitis airgeadais comhdhéanta den chlár comhardaithe, den ráiteas um fheidhmíocht airgeadais, den ráiteas faoi shreabhadh airgid, den ráiteas maidir leis na hathruithe ar ghlansócmhainní agus d'achoimre ar bheartais chuntasaíochta shuntasacha agus de nótaí míniúcháin eile.

[99] Tá na tuarascálacha ar chur chun feidhme an bhuiséid comhdhéanta de na tuarascálacha, ina gcomhiomlánaítear na hoibríochtaí buiséadacha go léir, agus de na nótaí míniúcháin.

## Dlíthiúlacht agus rialtacht na n-idirbheart is bun leis na cuntais

### Ioncam

**Tuairim maidir le dlíthiúlacht agus rialtacht an ioncaim is bun leis na cuntais**

**3.31.5.** Is é ár dtuairim go bhfuil an t-ioncam is bun le cuntais CEPOL don bhliain dar chríoch an 31 Nollaig 2022 dlíthiúil agus rialta ar gach slí ábharthach.

### Íocaíochtaí

**Tuairim cháilithe maidir le dlíthiúlacht agus rialtacht na n-íocaíochtaí is bun leis na cuntais**

**3.31.6.** Is é ár dtuairim, cé is moite de na héifeachtaí atá ag na hábhair a mhínítear sna míreanna faoin teideal ‘Bonn do thuairim cháilithe maidir le dlíthiúlacht agus rialtacht na n-íocaíochtaí is bun leis na cuntais’, go bhfuil na híocaíochtaí is bun le cuntais CEPOL don bhliain dar chríoch an 31 Nollaig 2022 dlíthiúil agus rialta ar gach slí ábharthach.

**Bonn do thuairim cháilithe maidir le dlíthiúlacht agus rialtacht na n-íocaíochtaí is bun leis na cuntais**

**3.31.7.** Rinneamar iniúchadh ar dhá chreatchonradh, ceann amháin le luach iomlán de €1.6 milliún, a síníodh i mBealtaine 2018 le haghaidh seirbhísí cóiríochta, tointeála agus páirceála, agus ceann eile le luach iomlán de €21.5 milliún, a síníodh in Eanáir 2022 le haghaidh seirbhísí taistil. Chuir CEPOL an dá chonradh chun feidhme go díreach trí fhoirmeacha ordaithe (iarrataí ar sheirbhís) a seoladh trí ríomhphoist. Fuaireamar amach gur dhaoine d’fhoireann CEPOL a sheol na hiarrataí ar sheirbhís agus nach raibh an t-údarás tarmligthe chucu chun dul i mbun gealltanais dhlíthiúla thar ceann CEPOL, nó gur fostaithe eatramhacha a sheol na hiarrataí ar sheirbhís, nach bhféadfadh údarás tarmligthe den sórt sin a bheith acu ó thaobh an dlí de mar gheall ar a stádas eatramhach. Dá bhrí sin, ní gealltanais dhlíthiúla bailí a bhí sna hiarrataí ar sheirbhís, agus tá gach íocaíocht ghaolmhar neamhrialta. In 2022, rinne CEPOL 359 íocaíocht faoin dá chonradh sin, arb ionann an luach iomlán agus €4.1 milliún.

**3.31.8.** Agus iniúchóireacht á déanamh ar chur chun feidhme creatchonartha de luach €1.1 milliún le haghaidh seirbhísí eagarthóireachta oideachais in 2022, fuaireamar amach nach bhféadfaí na híocaíochtaí a íocadh agus na seirbhísí a cuireadh ar fáil a réiteach lena chéile. Níor léirigh roinnt catagóirí de chúraimí cineál na hoibre iarbhír a rinneadh, agus i gcás cuid de na catagóirí, ní raibh an méid oibre ar íocadh as ag freagairt don mhéid a rinneadh go hiarbhír.

Mar gheall ar easpa fianaise iniúchóireachta a bheadh bunriachtanach chun tacú leis na méideanna a íocadh, táimid tagtha ar an gconclúid go bhfuil na híocaíochtaí ar fad a rinneadh faoin gcreatchonradh sin neamhrialta (is é €152 655 a bhí i gceist leo sin in 2022).

**3.31.9.** Is é €4.2 milliún an méid iomlán de chaiteachas neamhchomlíontach. Is ionann é sin agus 13.5 % de na leithreasuithe faoi chomhair íocaíochtaí iomlána a bhí ar fáil in 2022. Is mó é sin ná an tairseach ábharthachta atá leagtha síos don iniúchadh seo.

## Obair leantach ar bharúlacha ó bhlianta roimhe seo

**3.31.10.** Tugtar forléargas san ***Iarscríbhinn*** ar an ngníomhaíocht a rinneadh mar fhreagairt ar bharúlacha na Cúirte Iniúchóirí ó bhlianta roimhe seo.

# Iarscríbhinn – Obair leantach ar bharúlacha ó bhlianta roimhe seo

| Sraithuimhir | Bliain bharúil CIE | Barúil CIE (achoimre) | Gníomh ceartaitheach a rinneadh agus / nó forbairtí ábhartha eile (achoimre) | Stádas bharúil CIE (Oscailte / Dúnta) |
|---|---|---|---|---|
| 1 | 2020 | Thugamar faoi deara go raibh laigí i dtimpeallacht rialaithe inmheánaigh CEPOL, i ndáil leis an gcaoi a ndéantar gealltanais bhuiséadacha a bhainistiú; (a) shínigh CEPOL trí ghealltanas dhlíthiúla sular formheasadh na gealltanais bhuiséadacha a bhain leo; (b) bhí dhá chonradh shonracha éagsúla (gealltanais dhlíthiúla) nasctha leis an ngealltanas buiséadach aonair céanna. | Tá bearta déanta ag CEPOL, lena n-áirítear oiliúint agus ceardlanna, chun feasacht a ardú agus minicíocht earráidí riaracháin den sórt sin a laghdú. Níor aimsíomar aon chás comhchosúil in 2022. | Dúnta |
| 2 | 2021 | Ní raibh na seirbhísí a iarradh ag réiteach le raon feidhme an chreatchonartha, agus bhí íocaíochtaí neamhrialta déanta do na seirbhísí sin mar thoradh air sin. | Chuaigh an conradh atá i gceist in éag, agus tá creatchonradh nua uilechuimsitheach i bhfeidhm ó Eanáir 2022 i leith. | Dúnta |
| 3 | 2021 | Le linn an phróisis meastóireachta ar nós imeachta soláthair, leag CEPOL béim ar chritéar nár cuireadh i láthair go foirmiúil sna sonraíochtaí tairisceana. Chruthaigh sé seo an baol go gcaithfí le tairgeoirí go neamhchothrom. | Tá an conradh reatha i bhfeidhm go dtí Meán Fómhair 2023 agus níl sé i gceist ag CEPOL leas a bhaint as an rogha chun é a athnuachan go ceann 12 mhí eile. | Oscailte |

Gníomhaireacht an Aontais Eorpaigh um Oiliúint i bhForfheidhmiú an Dlí (CEPOL)

| Sraithuimhir | Bliain bharúil CIE | Barúil CIE (achoimre) | Gníomh ceartaitheach a rinneadh agus / nó forbairtí ábhartha eile (achoimre) | Stádas bharúil CIE (Oscailte / Dúnta) |
|---|---|---|---|---|
| 4 | 2021 | Bhí forluí idir na critéir roghnúcháin agus na critéir dhámhachtana i nós imeachta soláthair amháin. | Chuaigh an conradh in éag ar an 31 Lúnasa 2021. | Dúnta |
| 5 | 2021 | Mar gheall ar an easpa rialuithe inmheánacha maidir le faireachán a dhéanamh ar íocaíochtaí gan íoc, dhún CEPOL gealltanas buiséadach sular cuireadh gach íocaíocht i gcrích. | Tá bearta déanta ag CEPOL, lena n-áirítear oiliúint agus ceardlanna, chun feasacht a ardú agus minicíocht earráidí riaracháin den sórt sin a laghdú. Níor aimsíomar aon chás comhchosúil in 2022. | Dúnta |

# Freagra CEPOL

**3.31.7.** Cé go n-aontaíonn CEPOL leis an gcinneadh i bprionsabal, cuirimid an méid seo a leanas i bhfios go láidir: fiú dá mbeadh laige i gcur ar bhonn foirmiúil an ghealltanais dhlíthiúil, ordaíodh na seirbhísí i gcomhréir le riachtanais agus le rialuithe na Gníomhaireachta ina n-iomláine chun cur chun feidhme ceart na n-íocaíochtaí lenar bhain a áirithiú; bhí rialuithe inmheánacha i bhfeidhm chun a áirithiú gur úsáideadh na cistí chun na críche a bhí beartaithe agus nár tabhaíodh aon chaillteanas iarbhír; thug CEPOL bearta ceartaitheacha isteach láithreach, fiú roimh dheireadh an phróisis iniúchóireachta.

**3.31.8.** Tugaimid barúil CIE dár n-aire agus tá gníomhaíocht cheartaitheach déanta againn chun aghaidh a thabhairt ar na saincheisteanna a sainaithníodh. Táimid ar aon intinn le CIE nach raibh líon na leathanach a ordaíodh, a seachadadh agus a íocadh ag teacht le chéile go hiomlán toisc, mar gheall ar nádúr na hoibre, eadhon forbairt ábhair eagarthóireachta agus oideachais, nach raibh sé sin inchainníochtaithe go beacht roimh ré i gcónaí. Mar sin féin, ba mhaith linn a chur i bhfios go ndearnadh seiceálacha ar na spriocanna inghnóthaithe. Ar deireadh, bhí catagóirí na gcúraimí bunaithe ar na cúraimí a liostaíodh i gconradh roimhe seo le hOifig na bhFoilseachán.


**3.31.9.** Féach ár bhfreagraí ar mhíreanna 3.31.7 agus 3.31.8.

# 3.32. An Lárionad Faireacháin Eorpach um Dhrugaí agus um Andúil i nDrugaí (EMCDDA)

## Réamhrá

**3.32.1.** Bunaíodh an Lárionad Faireacháin Eorpach um Dhrugaí agus um Andúil i nDrugaí (‘EMCDDA’), atá lonnaithe i Liospóin, le Rialachán (CEE) Uimh. 302/93 ón gComhairle, arna aisghairm agus arna ionadú le Rialachán (CE) Uimh. 1920/2006. Is é príomhchúram EMCDDA ná faisnéis faoi dhrugaí agus andúil i ndrugaí a bhailiú, a anailísiú agus a chraobhscaoileadh chun faisnéis oibiachtúil, iontaofa agus inchomparáide a ullmhú agus a fhoilsiú ar an leibhéal Eorpach. Tá an fhaisnéis sin ceaptha a bheith mar bhunús chun anailís a dhéanamh ar an éileamh ar dhrugaí agus ar bhealaí chun an t-éileamh sin a laghdú, chomh maith lena bheith mar bhunús d’anailísí ar fheiniméin eile a bhaineann leis an margadh drugaí. I ***bhFíor 3.32.1***, tugtar na príomhfhigiúirí do EMCDDA[100].

### Fíor 3.32.1 – Príomhfhigiúirí do EMCDDA




* Tá figiúirí an bhuiséid bunaithe ar iomlán na leithreasuithe faoi chomhair íocaíochtaí atá ar fáil le linn na bliana airgeadais.

** Áirítear le ‘foireann’ oifigigh AE, gníomhairí sealadacha AE, daoine atá fostaithe ar conradh ag an Aontas agus saineolaithe náisiúnta ar iasacht, ach níl oibrithe eatramhacha ná sainchomhairleoirí san áireamh.

*Foinse:* Cuntais bhliantúla EMCDDA do bhlianta airgeadais 2021 agus 2022; figiúirí foirne arna soláthar ag EMCDDA.

[100] Tá tuilleadh eolais faoi ról agus gníomhaíochtaí EMCDDA ar fáil ar a shuíomh gréasáin: www.emcdda.europa.eu.

## Faisnéis a thacaíonn leis an ráiteas dearbhaithe

**3.32.2.** I Roinn 3.1, tá tuairisc ar ár gcur chuige iniúchóireachta, an bonn atá lenár dtuairim, na freagrachtaí atá ar bhainistíocht EMCDDA agus orthu siúd a bhfuil an rialachas de chúram orthu, agus freagrachtaí an iniúchóra as iniúchóireacht a dhéanamh ar na cuntais agus ar na hidirbhearta is bun leis na cuntais. Is cuid dhílis den tuairim é an síniú atá ar leathanach 367.

## Ráiteas dearbhaithe na Cúirte Iniúchóirí arna chur ar fáil do Pharlaimint na hEorpa agus don Chomhairle – Tuarascáil an iniúchóra neamhspleách

# Tuairim

**3.32.3.** Tá iniúchóireacht déanta againn ar an méid seo a leanas:

(a) cuntais an Lárionaid Faireacháin Eorpaigh um Dhrugaí agus um Andúil i nDrugaí (‘EMCDDA’), atá comhdhéanta de na ráitis airgeadais[101] agus de na tuarascálacha ar chur chun feidhme bhuiséad EMCDDA[102] don bhliain airgeadais dar críoch an 31 Nollaig 2022, agus

(b) dlíthiúlacht agus rialtacht na n-idirbheart is bun leis na cuntais sin,

de réir mar a cheanglaítear le hAirteagal 287 den Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh (CFAE).

[101] Tá na ráitis airgeadais comhdhéanta den chlár comhardaithe, den ráiteas um fheidhmíocht airgeadais, den ráiteas faoi shreabhadh airgid, den ráiteas maidir leis na hathruithe ar ghlansócmhainní agus d’achoimre ar bheartais chuntasaíochta shuntasacha agus de nótaí míniúcháin eile.

[102] Tá na tuarascálacha ar chur chun feidhme an bhuiséid comhdhéanta de na tuarascálacha, ina gcomhiomlánaítear na hoibríochtaí buiséadacha go léir, agus de na nótaí míniúcháin.

## Beachtas na gcuntas

### Tuairim maidir le beachtas na gcuntas

**3.32.4.** Is é ár dtuairim go dtugann cuntais EMCDDA don bhliain dar chríoch an 31 Nollaig 2022 léargas fíorcheart, ar gach slí ábharthach, ar staid airgeadais EMCDDA amhail an 31 Nollaig 2022, ar thorthaí a chuid oibríochtaí, ar a shreabha airgid, agus ar na hathruithe ar ghlansócmhainní don bhliain dar chríoch an dáta céanna, i gcomhréir lena Rialachán Airgeadais agus le rialacha cuntasaíochta arna nglacadh ag oifigeach cuntasaíochta an Choimisiúin. Tá siad sin bunaithe ar chaighdeáin chuntasaíochta don earnáil phoiblí a bhfuil glacadh go hidirnáisiúnta leo.

## Dlíthiúlacht agus rialtacht na n-idirbheart is bun leis na cuntais

### Ioncam

**Tuairim maidir le dlíthiúlacht agus rialtacht an ioncaim is bun leis na cuntais**

**3.32.5.** Is é ár dtuairim go bhfuil an t-ioncam is bun le cuntais EMCDDA don bhliain dar chríoch an 31 Nollaig 2022 dlíthiúil agus rialta ar gach slí ábharthach.

### Íocaíochtaí

**Tuairim maidir le dlíthiúlacht agus rialtacht na n-íocaíochtaí is bun leis na cuntais**

**3.32.6.** Is é ár dtuairim go bhfuil na híocaíochtaí is bun le cuntais EMCDDA don bhliain dar chríoch an 31 Nollaig 2022 dlíthiúil agus rialta ar gach slí ábharthach.

**3.32.7.** Maidir leis na barúlacha anseo ina dhiaidh seo, ní tharraingíonn siad amhras ar bith ar thuairim na Cúirte Iniúchóirí.

## Barúlacha maidir le córais bhainistíochta agus rialaithe

**3.32.8.** Fuaireamar amach gur mharcáil an córas bainistíochta buiséadaí a bhí in úsáid ag EMCDDA 7 % de na híocaíochtaí buiséadacha (107 as 1 595) mar íocaíochtaí déanacha. Mar sin féin, ní raibh an chuid is mó de na híocaíochtaí a marcáladh déanach i ndáiríre. Níor íoc EMCDDA ús ach i gcás amháin d'íocaíocht dhéanach. Is é is cúis leis an neamhréireacht sin ná paraiméadruithe míchearta agus/nó ionchuir mhíchearta sonraí maidir leis an dáta dlite íocaíochta nó le doiciméid a ghabhann le hoibleagáid íocaíochta a fháil. D'fhéadfadh líon suntasach 'bréagdheimhneach' mar gheall ar pharaiméadrú míchuí agus/nó cáilíocht sonraí a fhágáil go mbeidh neamhchosaint ag EMCDDA ar riosca airgeadais agus ar riosca clú.

## Barúlacha maidir leis an mbainistíocht bhuiséadach

**3.32.9.** I gcás conradh amháin a tugadh i gcrích i mBealtaine 2021, a bhfuil luach de €75 000 ag gabháil leis, thugamar ar aire nach raibh gealltanas buiséadach don mhéid sin déanta sula ndearnadh an gealltanas dlíthiúil. Cruthaíodh an gealltanas buiséadach den chéad uair in Aibreáin 2021, i gcomhair suim de €55 000. Dá bhrí sin, bhí€20 000 den ghealltanas dlíthiúil de €75 000 nach raibh clúdaithe ar dtús le gealltanas buiséadach a bhí ag freagairt dó. I mí na Nollag 2021, laghdaíodh an t-easnamh sin go €3 000, nuair a méadaíodh an gealltanas buiséadach tosaigh go €72 000. Tharla an staid chéanna in 2022, nuair nach raibh athnuachan an chonartha le haghaidh suim de €75 000 clúdaithe go hiomlán le gealltanas buiséadach a bhí ag freagairt dó, agus bhí easnamh €8 000 ann dá bharr. Níl sé sin i gcomhréir le ceanglais Airteagal 10.3 (cuntasaíocht bhuiséadach) ná Airteagal 73.2 (oibríochtaí caiteachais) de Rialachán Airgeadais EMCDDA.

## Obair leantach ar bharúlacha ó bhlianta roimhe seo

**3.32.10.** Tugtar forléargas san ***Iarscríbhinn*** ar an ngníomhaíocht a rinneadh mar fhreagairt ar bharúlacha na Cúirte Iniúchóirí ó bhlianta roimhe seo.

# Iarscríbhinn – Obair leantach ar bharúlacha ó bhlianta roimhe seo

| Sraithuimhir | Bliain bharúil CIE | Barúil CIE (achoimre) | Gníomh ceartaitheach a rinneadh agus / nó forbairtí ábhartha eile (achoimre) | Stádas bharúil CIE (Oscailte / Dúnta) |
|---|---|---|---|---|
| 1 | 2018 | D'fhostaigh EMCDDA oibrithe eatramhacha trí chreatchonradh gan déanamh de réir cheanglais Threoir 2008/104/CE agus dhlí saothair na Portaingéile. Ba cheart do EMCDDA anailís a dhéanamh ar dhálaí oibre a chuid oibrithe eatramhacha agus a áirithiú go bhfuil siad i gcomhréir leis an dlí saothair Eorpach agus náisiúnta. | Chuaigh an creatchonradh atá i gceist in éag i Márta 2022. Rinneadh an íocaíocht dheireanach i ndáil le hoibrithe eatramhacha in Eanáir 2022. | Dúnta |

# Freagra EMCDDA

**3.32.8.** Ní dhearna "marcáil" neamhréireach (na n-íocaíochtaí déanacha) dá dtagraítear mar thoradh ar chóras leictreonach EMCDDA do bhainistiú airgeadais agus cuntasaíochta (ABAC) difear do rialtacht na n-oibríochtaí lenar bhain, eadhon íocaíocht na suimeanna dlite agus íocaíocht an úis, de réir mar is gá sa chás dá dtagraítear. Sa chomhthéacs sin, tá bearta áirithe glactha ag EMCDDA chun an riosca dá dtagraítear a íoslaghdú maidir le "bréagdheimhnigh" agus chun a áirithiú tuilleadh go bhféadfadh a chóras ABAC léargas soiléir cruinn a thabhairt ar na híocaíochtaí déanacha iarbhír, más ann dóibh. Leis na bearta sin, tugtar aghaidh ar shaincheisteanna paraiméadrachta a braitheadh agus ar cháilíocht ionchur/iontráil na sonraí (sa chóras ABAC) an dáta dlite íocaíochta, nó ar dháta fála na ndoiciméad a thacaíonn le hiarraidh/le hoibleagáid íocaíochta.


**3.32.9.** De bhun na gcomhaontuithe atá i bhfeidhm chun na costais/an caiteachas a bhaineann leis na réimsí d'áitreabh EMCDDA a roinntear lena n-úsáid le dhá eintiteas eile a chomhroinnt, ní raibh ar EMCDDA ach cuid de chostas/de chaiteachas iomlán an chonartha ábhartha a íoc. Sa chomhthéacs sin, bhí an costas/an caiteachas a bhí le híoc ag EMCDDA ag brath ar ghealltanais bhuiséadacha chomhfhreagracha, agus bhí an costas a bhí fágtha (a bhí le híoc ag an dá Pháirtí eile i gcomhréir leis na comhaontuithe atá i bhfeidhm) ag brath ar oibríochtaí cuntasaíochta fritháirimh/imréitigh, de réir mar a chuirtear i bhfeidhm iad i gcomhréir leis na rialacha ábhartha. Cuireadh an réiteach sin chun feidhme ar bhonn na gcomhaontuithe thuasluaite atá i bhfeidhm, agus chun úsáid éifeachtúil na n-acmhainní buiséid teoranta atá ar fáil a uasmhéadú, i ngeall ar na srianta suntasacha a chuireann isteach ar bhuiséad EMCDDA. Tríd an gcéad mhéadú suntasach eile a bhfuiltear ag súil leis ar bhuiséad EMCDDA a mheas, is fearr a bheidh sé in ann na bearta a ghlacadh a d'fhéadfadh a bheith ag teastáil chun gealltanas buiséadach chostas iomlán nó "ollchostais" an chonartha dá dtagraítear a áirithiú, gan dochar do chomhroinnt chomhaontaithe an chostais sin le tríú páirtithe.

# 3.33. Gníomhaireacht an Aontais Eorpaigh i ndáil le Comhar i bhForfheidhmiú an Dlí (Europol)

## Réamhrá

**3.33.1.** Bunaíodh Gníomhaireacht an Aontais Eorpaigh i ndáil le Comhar i bhForfheidhmiú an Dlí ('Europol'), atá lonnaithe sa Háig, le Rialachán (2009/371/JHA) ón gComhairle, arna aisghairm agus arna ionadú le Rialachán (AE) 2016/794. Is é is cuspóir do Europol ná tacú leis an ngníomhaíocht a dhéanann údaráis phóilíneachta na mBallstát agus seirbhísí eile forfheidhmithe an dlí. Tacaíonn sé freisin le comhar frithpháirteach a mhéid a bhaineann le coireacht thromchúiseach a dhéanann difear do dhá Bhallstát nó níos mó a chosc agus a chomhrac, le cineálacha coireachta a mbíonn tionchar acu ar leas coiteann atá cumhdaithe ag beartas an Aontais, agus le sceimhlitheoireacht. I ***bhFíor 3.33.1***, tugtar na príomhfhigiúirí do Europol[103].

### Fíor 3.33.1 – Príomhfhigiúirí do Europol




* Tá figiúirí an bhuiséid bunaithe ar iomlán na leithreasuithe faoi chomhair íocaíochtaí atá ar fáil le linn na bliana airgeadais.

** Áirítear le 'foireann' oifigigh an Aontais, gníomhairí sealadacha an Aontais, daoine atá fostaithe ar conradh ag an Aontas agus saineolaithe náisiúnta ar iasacht, ach ní áirítear leis sin oibrithe eatramhacha ná sainchomhairleoirí.

*Foinse:* Cuntais bhliantúla Europol do bhlianta airgeadais 2021 agus 2022; figiúirí foirne arna soláthar ag Europol.

[103] Tá tuilleadh eolais faoi ról agus gníomhaíochtaí Europol ar fáil ar a shuíomh gréasáin: www.europol.europa.eu.

## Faisnéis a thacaíonn leis an ráiteas dearbhaithe

**3.33.2.** I Roinn 3.1, tá tuairisc ar ár gcur chuige iniúchóireachta, an bonn atá lenár dtuairim, na freagrachtaí atá ar bhainistíocht Europol agus orthu siúd a bhfuil an rialachas de chúram orthu, agus freagrachtaí an iniúchóra as iniúchóireacht a dhéanamh ar na cuntais agus ar na hidirbhearta is bun leis na cuntais. Is cuid dhílis den tuairim é an síniú atá ar leathanach 367.

## Ráiteas dearbhaithe na Cúirte Iniúchóirí arna chur ar fáil do Pharlaimint na hEorpa agus don Chomhairle – Tuarascáil an iniúchóra neamhspleách

# Tuairim

**3.33.3.** Tá iniúchóireacht déanta againn ar an méid seo a leanas:

(a) cuntais Ghníomhaireacht an Aontais Eorpaigh i ndáil le Comhar i bhForfheidhmiú an Dlí (‘Europol’), atá comhdhéanta de na ráitis airgeadais[104] agus de na tuarascálacha ar chur chun feidhme bhuiséad Europol[105] don bhliain airgeadais dar chríoch an 31 Nollaig 2022, agus

(b) dlíthiúlacht agus rialtacht na n-idirbheart is bun leis na cuntais sin,

de réir mar a cheanglaítear le hAirteagal 287 den Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh (CFAE).

[104] Tá na ráitis airgeadais comhdhéanta den chlár comhardaithe, den ráiteas um fheidhmíocht airgeadais, den ráiteas faoi shreabhadh airgid, den ráiteas maidir leis na hathruithe ar ghlansócmhainní agus d’achoimre ar bheartais chuntasaíochta shuntasacha agus de nótaí míniúcháin eile.

[105] Tá na tuarascálacha ar chur chun feidhme an bhuiséid comhdhéanta de na tuarascálacha, ina gcomhiomlánaítear na hoibríochtaí buiséadacha go léir, agus de na nótaí míniúcháin.

## Beachtas na gcuntas

### Tuairim maidir le beachtas na gcuntas

**3.33.4.** Is é ár dtuairim go dtugann cuntais Europol don bhliain dar chríoch an 31 Nollaig 2022 léargas fíorcheart, ar gach slí ábhartha, ar staid airgeadais Europol amhail an 31 Nollaig 2022, ar thorthaí a chuid oibríochtaí, ar a shreabha airgid, agus ar na hathruithe ar ghlansócmhainní don bhliain dar chríoch an dáta céanna, i gcomhréir lena Rialachán Airgeadais agus le rialacha cuntasaíochta arna nglacadh ag oifigeach cuntasaíochta an Choimisiúin. Tá siad sin bunaithe ar chaighdeáin chuntasaíochta don earnáil phoiblí a bhfuil glacadh go hidirnáisiúnta leo.

## Dlíthiúlacht agus rialtacht na n-idirbheart is bun leis na cuntais

### Ioncam

**Tuairim maidir le dlíthiúlacht agus rialtacht an ioncaim is bun leis na cuntais**

**3.33.5.** Is é ár dtuairim go bhfuil an t-ioncam is bun le cuntais Europol don bhliain dar chríoch an 31 Nollaig 2022 dlíthiúil agus rialta ar gach slí ábhartha.

### Íocaíochtaí

**Tuairim maidir le dlíthiúlacht agus rialtacht na n-íocaíochtaí is bun leis na cuntais**

**3.33.6.** Is é ár dtuairim go bhfuil na híocaíochtaí is bun le cuntais Europol don bhliain dar chríoch an 31 Nollaig 2022 dlíthiúil agus rialta ar gach slí ábhartha.

**3.33.7.** Maidir leis na barúlacha anseo ina dhiaidh seo, ní tharraingíonn siad amhras ar bith ar thuairim na Cúirte Iniúchóirí.

## Barúlacha maidir le dlíthiúlacht agus rialtacht na n-idirbheart

**3.33.8.** Idir 2020 agus 2022, d'íoc Europol an liúntas cothaithe laethúil le triúr náisiúnach Ollannach a bhí fostaithe mar shaineolaithe náisiúnta ar iasacht (SNInna). Ós rud é go bhfuil Europol lonnaithe san Ísiltír, ní raibh an triúr SNInna i dteideal na liúntas sin faoi rialacha inmheánacha Europol. Shainaithin Europol an tsaincheist i Nollaig 2022, agus i bhFeabhra 2023, chinn sé gan na híocaíochtaí a rinneadh leis an triúr SNInna san am a chuaigh thart a éileamh ar ais. Foilsíodh an méid a tarscaoileadh i gcuntais bhliantúla 2022 (5.3.4. Ró-íocaíocht charnach). Ó Nollaig 2022, cuireadh deireadh le liúntais laethúla a íoc leis an triúr SNInna. Is íocaíochtaí neamhrialta iad iomlán na n-íocaíochtaí gaolmhara leis an triúr SNInna le linn na tréimhse 2020-2022, ar fiú €155 553 iad. Is é €90 605 a bhí sna híocaíochtaí neamhrialta le haghaidh 2022.

**3.33.9.** In 2022, d'íoc Europol deontas de €3.3 milliún chun gníomhaíochtaí fórsa póilíneachta náisiúnta i mBallstát a mhaoiniú, lena n-áirítear €1.4 milliún mar aisíocaíocht chun cúig bhád a cheannach agus foráil 7 % d'fhorchostais ghaolmhara, CBL san áireamh. Mar sin féin, i gcás báid a fháil faoi phróiseas soláthair poiblí le haghaidh oibríochtaí póilíneachta, níor cheart CBL a aisíoc de bhun fhorálacha Airteagal 186 (4)(c) den Rialachán Airgeadais, óir is údarás poiblí é an tairbhí, atá á rialú leis an dlí poiblí, agus atá i mbun gníomhaíochtaí mar údarás poiblí. Tagaimid ar an gconclúid mar sin, go bhfuil cuid den deontas (arb ionann é agus €0.2 milliún) neamhrialta, agus freagraíonn sé do CBL neamh-incháilithe chomh maith leis an gcuid sin lena mbaineann de na forchostais ghaolmhara.

Tar éis dúinn é a iarraidh ar Europol, shainaithin sé deontais eile a ndearnadh CBL le haghaidh gníomhaíochtaí comhchosúla a aisíoc fúthu agus bhí €0.2 milliún eile i gceist leo sin.

## Obair leantach ar bharúlacha ó bhlianta roimhe seo

**3.33.10.** Tugtar forléargas san ***Iarscríbhinn*** ar an ngníomhaíocht a rinneadh mar fhreagairt ar bharúlacha na Cúirte Iniúchóirí ó bhlianta roimhe seo.

# Iarscríbhinn – Obair leantach ar bharúlacha ó bhlianta roimhe seo

| Sraithuimhir | Bliain bharúil CIE | Barúil CIE (achoimre) | Gníomh ceartaitheach a rinneadh agus / nó forbairtí ábhartha eile (achoimre) | Stádas bharúil CIE (Oscailte / Dúnta) |
|---|---|---|---|---|
| 1 | 2020 | Rinne Europol íocaíocht dhéanach i 33 % de na cásanna. Thugamar moilleanna comhchosúla faoi deara in 2019, 2018, agus 2017. Fágann an laige seo, atá ag tarlú bliain i ndiaidh bliana, go bhfuil Europol faoi lé riosca clú. | I gcomparáid le 2020 (32.8 %) agus 2021 (7.8 %), laghdaíodh an ráta íocaíochtaí déanacha tuilleadh go dtí 7.2 % in 2022. Laghdaíodh an céatadán d'íocaíochtaí déanacha ó thaobh luacha de ó 4.6 % ag deireadh 2021 go 1.9 % ag deireadh 2022. | Dúnta |
| 2 | 2021 | Idir 2019 agus 2021, rinne Europol measúnú ar chás amháin a d'fhéadfadh a bheith ann de choinbhleacht leasa i ndáil le duine sinsearach den fhoireann ag dul i mbun poist nua in áit éigin eile, agus níor eisigh sé a chinneadh faoin spriocdháta. Dá bhrí sin, thug Europol údarú, a bheag nó a mhór, don duine lena mbaineann dul i mbun an phoist nua gan aon srian. | Thug Europol gealltanas go ndéanfaidh sé de réir na spriocdhátaí reachtúla amach anseo. In 2022, ní raibh aon chás ann inar fhág duine den fhoireann shinsearach Europol. | Dúnta |

# Freagra Europol

**3.33.8.** Ag deireadh mhí na Nollag 2022, shainaithin agus nocht Europol ró-íocaíocht de EUR 155.553, i ndáil leis an liúntas cothaithe laethúil le haghaidh triúr Saineolaithe Náisiúnta ar Iasacht (SNEnna) ón Ísiltír, chuig Cúirt Iniúchóirí na hEorpa (CIE) agus sna cuntais bhliantúla don bhliain airgeadais 2022. I gcomhréir leis na ceanglais a leagtar amach in Airteagal 101 de Rialachán Airgeadais 2018/1046, chinn Europol aisghabháil na ró-íocaíochta a tharscaoileadh ar chúiseanna éagsúla lenar áiríodh i bhfianaise an leasa an caidreamh muiníne agus an comhar leis na húdaráis seolta a urramú. Rinne Europol sraith seiceálacha críochnúla agus dá thoradh sin níor sainaithníodh aon chás eile de ró-íocaíocht ar na forais chéanna maidir le teidlíochtaí airgeadais le haghaidh SNInna. Maidir leis an mbealach chun cinn, le fíorú feabhsaithe *ex-ante*, agus leas á bhaint as saineolas agus leithdháileadh leordhóthanach acmhainní san Aonad Acmhainní Daonna, rannchuideofar le dearbhú éifeachtach a thabhairt maidir le dlíthiúlacht na dteidlíochtaí airgeadais comhfhreagracha roimh an íocaíocht.

**3.33.9.** Tugann Europol barúil na Cúirte dá aire. Foráiltear le hAirteagal 5 de Chinneadh 2008/617/JHA ón gComhairle maidir le feabhas a chur ar an gcomhar idir Aonaid Idirghabhála Speisialta (SIUnna) Bhallstáit AE go n-áiritheoidh SIUnna oiliúint agus freachnaimh chomhpháirteacha. Bhain an deontas oibríochtúil le gníomhaíochtaí SIUnna arna gcomhordú ag Ballstát amháin. Mheas Europol, faoi Airteagal 186(4)(c) den Rialachán Airgeadais 2018/1046 agus faoin treoir chomhfhreagrach shonrach cur chun feidhme ón gCoimisiún Eorpach maidir le riarachán deontas, gur costas incháilithe í Cáin Bhreisluacha (CBL) i gcás nach bhfuil sé inghnóthaithe faoin reachtaíocht náisiúnta is infheidhme agus i gcás ina mbaineann sé le hoiliúint, múscailt feasachta nó gníomhaíochtaí comhchosúla i réimse na slándála, seachas CBL arna íoc ag Ballstáit agus iad ag gníomhú mar údaráis phoiblí ina gcáil cheannasach, go háirithe i gcás nach bhféadfadh cuideachtaí príobháideacha na seirbhísí gaolmhara a sholáthar. Maidir leis an mbealach chun cinn, déanfaidh Europol measúnú ar incháilitheacht CBL i ndeontais oibríochtúla i bhfianaise bharúlacha CIE.


# Gníomhaireachtaí a mhaoinítear faoi Cheannteideal 7 de CAI – Riarachán Poiblí Eorpach

# 3.34. Gníomhaireacht Soláthair Euratom (GSE)

## Réamhrá

**3.34.1.** Is le glacadh reachtanna GSE, ag Comhairle an Chomhphobail Eorpaigh do Fhuinneamh Adamhach, arna aisghairm agus arna ionadú ag Cinneadh 2008/114/CE, Euratom ón gComhairle, a bunaíodh Gníomhaireacht Soláthair Euratom ('GSE'), atá lonnaithe i Lucsamburg. Is é príomhchúram GSE ná a áirithiú go bhfuil soláthar rialta d'ábhair núicléacha, go háirithe breoslaí núicléacha, ann d'úsáideoirí an Aontais. Déanann sé é sin trí chomhbheartas soláthair a bhainistiú, bunaithe ar phrionsabal na rochtana comhionainne ar fhoinsí soláthair. I ***bhFíor 3.34.1***, tugtar na príomhfhigiúirí do GSE[106].

### Fíor 3.34.1 – Príomhfhigiúirí do GSE




* Tá figiúirí an bhuiséid bunaithe ar iomlán na leithreasuithe faoi chomhair íocaíochtaí atá ar fáil le linn na bliana airgeadais.

** Áirítear le 'foireann' oifigigh an Aontais, gníomhairí sealadacha an Aontais, daoine atá fostaithe ar conradh ag an Aontas agus saineolaithe náisiúnta ar iasacht, ach ní áirítear leis sin oibrithe eatramhacha ná sainchomhairleoirí.

*Foinse:* Cuntais bhliantúla GSE do bhlianta airgeadais 2021 agus 2022; figiúirí foirne arna soláthar ag GSE.

## Faisnéis a thacaíonn leis an ráiteas dearbhaithe

**3.34.2.** I Roinn 3.1, tá tuairisc ar ár gcur chuige iniúchóireachta, an bonn atá lenár dtuairim, na freagrachtaí atá ar bhainistíocht GSE agus orthu siúd a bhfuil an rialachas de chúram orthu, agus freagrachtaí an iniúchóra as iniúchóireacht a dhéanamh ar na cuntais agus ar na hidirbhearta is bun leis na cuntais. Is cuid dhílis den tuairim é an síniú atá ar leathanach 367.

[106] Tá tuilleadh eolais faoi ról agus gníomhaíochtaí GSE ar fáil ar a shuíomh gréasáin: http://ec.europa.eu/euratom/index.html.

## Ráiteas dearbhaithe na Cúirte Iniúchóirí arna chur ar fáil do Pharlaimint na hEorpa agus don Chomhairle – Tuarascáil an iniúchóra neamhspleách

# Tuairim

**3.34.3.** Tá iniúchóireacht déanta againn ar an méid seo a leanas:

(a) cuntais Ghníomhaireacht Soláthair Euratom ('GSE'), atá comhdhéanta de na ráitis airgeadais[107] agus de na tuarascálacha ar chur chun feidhme bhuiséad GSE[108] don bhliain airgeadais dar chríoch an 31 Nollaig 2022, agus

(b) dlíthiúlacht agus rialtacht na n-idirbheart is bun leis na cuntais sin,

de réir mar a cheanglaítear le hAirteagal 287 den Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh (CFAE).

## Beachtas na gcuntas

### Tuairim maidir le beachtas na gcuntas

**3.34.4.** Is é ár dtuairim go dtugann cuntais GSE don bhliain dar chríoch an 31 Nollaig 2022 léargas fíorcheart, ar gach slí ábharthach, ar staid airgeadais GSE amhail an 31 Nollaig 2022, ar thorthaí a chuid oibríochtaí, ar a shreabha airgid, agus ar na hathruithe ar ghlansócmhainní don bhliain dar chríoch an dáta céanna, i gcomhréir lena Rialachán Airgeadais agus le rialacha cuntasaíochta arna nglacadh ag oifigeach cuntasaíochta an Choimisiúin. Tá siad sin bunaithe ar chaighdeáin chuntasaíochta don earnáil phoiblí a bhfuil glacadh go hidirnáisiúnta leo.

---

[107] Tá na ráitis airgeadais comhdhéanta den chlár comhardaithe, den ráiteas um fheidhmíocht airgeadais, den ráiteas faoi shreabhadh airgid, den ráiteas maidir leis na hathruithe ar ghlansócmhainní agus d'achoimre ar bheartais chuntasaíochta shuntasacha agus de nótaí míniúcháin eile.

[108] Tá na tuarascálacha ar chur chun feidhme an bhuiséid comhdhéanta de na tuarascálacha, ina gcomhiomlánaítear na hoibríochtaí buiséadacha go léir, agus de na nótaí míniúcháin.

## Dlíthiúlacht agus rialtacht na n-idirbheart is bun leis na cuntais

### Ioncam

**Tuairim maidir le dlíthiúlacht agus rialtacht an ioncaim is bun leis na cuntais**

**3.34.5.** Is é ár dtuairim go bhfuil an t-ioncam is bun le cuntais GSE don bhliain dar chríoch an 31 Nollaig 2022 dlíthiúil agus rialta ar gach slí ábharthach.

### Íocaíochtaí

**Tuairim maidir le dlíthiúlacht agus rialtacht na n-íocaíochtaí is bun leis na cuntais**

**3.34.6.** Is é ár dtuairim go bhfuil na híocaíochtaí is bun le cuntais GSE don bhliain dar chríoch an 31 Nollaig 2022 dlíthiúil agus rialta ar gach slí ábharthach.

**3.34.7.** Maidir leis na barúlacha anseo ina dhiaidh seo, ní tharraingíonn siad amhras ar bith ar thuairim na Cúirte Iniúchóirí.

## Barúlacha maidir le córais bhainistíochta agus rialaithe

**3.34.8.** Déanann GSE conarthaí ar luach íseal a dhámhachtain go córasach (faoi bhun €15 000) gan tuarascálacha meastóireachta comhfhreagracha ná cinntí dámhachtana comhfhreagracha a eisiúint. Níl sé sin i gcomhréir le pointí 30.3-30.4 d’Iarscríbhinn I a ghabhann leis an Rialachán Airgeadais.

# Freagra GSE

**3.34.8.** Aontaíonn Gníomhaireacht Soláthair Euratom leis an toradh. Tabharfaidh an ghníomhaireacht treoraíocht iomchuí do na baill foirne ar fad a bhfuil baint acu le soláthar agus bainistíocht airgeadais, lena n-airítear teimpléid, chun a áirithiú go ndéantar na nósanna imeachta soláthair a fhormheas agus a dhoiciméadú i gceart.




# Gníomhaireachtaí Féinmhaoinithe

# 3.35. Ionad Aistriúcháin Chomhlachtaí an Aontais Eorpaigh (CdT)

## Réamhrá

**3.35.1.** Bunaíodh Ionad Aistriúcháin Chomhlachtaí an Aontais Eorpaigh ('CdT'), atá lonnaithe i Lucsamburg, le Rialachán (CE) Uimh. 2965/94. Cuireann CdT seirbhísí aistriúcháin ar fáil do chomhlachtaí an Aontais Eorpaigh. Is comhlacht féinmhaoinithe atá ann. Faigheann a bhuiséad cistiú ó tháillí a ghearrtar ar a chustaiméirí. I ***bhFíor 3.35.1***, tugtar na príomhfhigiúirí do CdT[109].

### Fíor 3.35.1 – Príomhfhigiúirí do CdT




* Tá figiúirí an bhuiséid bunaithe ar iomlán na leithreasuithe faoi chomhair íocaíochtaí atá ar fáil le linn na bliana airgeadais.

** Áirítear le 'foireann' oifigigh an Aontais, gníomhairí sealadacha an Aontais, daoine atá fostaithe ar conradh ag an Aontas agus saineolaithe náisiúnta ar iasacht, ach ní áirítear leis sin oibrithe eatramhacha ná sainchomhairleoirí.

*Foinse:* Cuntais bhliantúla CdT do bhlianta airgeadais 2021 agus 2022; figiúirí foirne arna soláthar ag CdT.

## Faisnéis a thacaíonn leis an ráiteas dearbhaithe

**3.35.2.** I Roinn 3.1, tá tuairisc ar ár gcur chuige iniúchóireachta, an bonn atá lenár dtuairim, na freagrachtaí atá ar bhainistíocht CdT agus orthu siúd a bhfuil an rialachas de chúram orthu, agus freagrachtaí an iniúchóra as iniúchóireacht a dhéanamh ar na cuntais agus ar na hidirbhearta is bun leis na cuntais. Is cuid dhílis den tuairim é an síniú atá ar leathanach 367.

[109] Tá tuilleadh eolais faoi ról agus gníomhaíochtaí CdT ar fáil ar a shuíomh gréasáin: www.cdt.europa.eu.

## Ráiteas dearbhaithe na Cúirte Iniúchóirí arna chur ar fáil do Pharlaimint na hEorpa agus don Chomhairle – Tuarascáil an iniúchóra neamhspleách

# Tuairim

**3.35.3.** Tá iniúchóireacht déanta againn ar an méid seo a leanas:

(a) cuntais Ionad Aistriúcháin Chomhlachtaí an Aontais Eorpaigh (‘CdT’), atá comhdhéanta de na ráitis airgeadais[110] agus de na tuarascálacha ar chur chun feidhme bhuiséad CdT[111] don bhliain airgeadais dar críoch an 31 Nollaig 2022, agus

(b) dlíthiúlacht agus rialtacht na n-idirbheart is bun leis na cuntais sin,

de réir mar a cheanglaítear le hAirteagal 287 den Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh (CFAE).

## Beachtas na gcuntas

### Tuairim maidir le beachtas na gcuntas

**3.35.4.** Is é ár dtuairim go dtugann cuntais CdT don bhliain dar críoch an 31 Nollaig 2022 léargas fíorcheart, ar gach slí ábhartha, ar staid airgeadais CdT amhail an 31 Nollaig 2022, ar thorthaí a chuid oibríochtaí, ar a shreabha airgid, agus ar na hathruithe ar ghlansócmhainní don bhliain dar críoch an dáta céanna, i gcomhréir lena Rialachán Airgeadais agus le rialacha cuntasaíochta arna nglacadh ag oifigeach cuntasaíochta an Choimisiúin. Tá siad sin bunaithe ar chaighdeáin chuntasaíochta don earnáil phoiblí a bhfuil glacadh go hidirnáisiúnta leo.

[110] Tá na ráitis airgeadais comhdhéanta den chlár comhardaithe, den ráiteas um fheidhmíocht airgeadais, den ráiteas faoi shreabhadh airgid, den ráiteas maidir leis na hathruithe ar ghlansócmhainní agus d’achoimre ar bheartais chuntasaíochta shuntasacha agus de nótaí míniúcháin eile.

[111] Tá na tuarascálacha ar chur chun feidhme an bhuiséid comhdhéanta de na tuarascálacha, ina gcomhiomlánaítear na hoibríochtaí buiséadacha go léir, agus de na nótaí míniúcháin.

## Dlíthiúlacht agus rialtacht na n-idirbheart is bun leis na cuntais

### Ioncam

**Tuairim maidir le dlíthiúlacht agus rialtacht an ioncaim is bun leis na cuntais**

**3.35.5.** Is é ár dtuairim go bhfuil an t-ioncam is bun le cuntais CdT don bhliain dar chríoch an 31 Nollaig 2022 dlíthiúil agus rialta ar gach slí ábharthach.

### Íocaíochtaí

**Tuairim cháilithe maidir le dlíthiúlacht agus rialtacht na n-íocaíochtaí is bun leis na cuntais**

**3.35.6.** Is é ár dtuairim, cé is moite de na héifeachtaí atá ag na hábhair a mhínítear sna míreanna faoin teideal 'Bonn do thuairim cháilithe maidir le dlíthiúlacht agus rialtacht na n-íocaíochtaí is bun leis na cuntais', go bhfuil na híocaíochtaí is bun le cuntais CdT don bhliain dar chríoch an 31 Nollaig 2022 dlíthiúil agus rialta ar gach slí ábharthach.

**Bonn do thuairim cháilithe maidir le dlíthiúlacht agus rialtacht na n-íocaíochtaí is bun leis na cuntais**

**3.35.7.** I dTuarascáil 2021 uainn (féach mír 3.35.9), thángamar ar an gconclúid go raibh trí chonradh (ar luach iomlán de €0.7 milliún) a dhámhachtain CdT mar thoradh ar nós imeachta idirbheartaithe neamhrialta, mar gheall nach raibh údar maith tugtha sna cúiseanna a luaigh CdT chun nós imeachta den sórt sin a úsáid, i.e. an gá a bhí le cearta eisiacha a chosaint in dhá chás, agus fíorphráinn i gcás amháin. Mar thoradh air sin, bhí gach íocaíocht ina dhiaidh sin agus a bhain leis na conarthaí sin neamhrialta. In 2022, ní raibh íocaíocht i gceist leis na trí chonradh sin sa deireadh ach i gcás ceann amháin díobh, arb ionann é agus €0.6 milliún.

**3.35.8.** D'aimsíomar dhá chás chomhchosúla le linn ár gcuid oibre iniúchóireachta le haghaidh bhliain airgeadais 2022. Sa dá chás sin, shínigh CdT conradh (ceann amháin le haghaidh €110 000 agus conradh eile le haghaidh €52 000) trí úsáid a bhaint as nós imeachta idirbheartaithe le soláthraí aonair gan fógra conartha a fhoilsiú roimh ré agus is é an réasúnú a thug sé don nós imeachta sin a roghnú ná gurbh ábhar fíorphráinne a bhí

ann. Fuaireamar nach raibh an réasúnú a bhí ag CdT leordhóthanach, ós rud é nár léiríodh an 'fhíorphráinn' sin. Dá thoradh sin, táimid tagtha ar an gconclúid go bhfuil na conarthaí neamhrialta, faoi mar atá an méid iomlán de €0.1 milliún in íocaíochtaí gaolmhara ó 2022.

**3.35.9.** Bainistíonn CdT 117 gcreatchonradh ar leith, a eascraíonn as nós imeachta soláthair amháin atá roinnte i 20 luchtóg a bhaineann le téacsanna sa réimse dlí a aistriú ó Bhéarla go 20 teanga oifigiúil de chuid an Aontais. Ba é €1 mhilliún an uasteorainn fhoriomlán don nós imeachta sin, ach níor sonraíodh luach foriomlán na gcreatchonarthaí gaolmhara, rud a sháraigh Airteagal 2(31) den Rialachán Airgeadais. Fuaireamar gur lean CdT an caiteachas gaolmhar ar leibhéal na líne buiséid lena mbaineann amháin, agus nach ndearna sé faireachán ar thomhaltas na huasteorann ar leibhéal na gcreatchonarthaí aonair ná ar leibhéal an nós imeachta iomláin. Mar thoradh air sin, faoi dheireadh 2022, bhí €1.7 milliún íoctha ag CdT faoi na conarthaí lena mbaineann. Tá an méid de €0.7 milliún a íocadh de bhreis ar an uasteorainn neamhrialta. Bhí cuid den mhéid iomarcach (€0.2 milliún) íoctha cheana féin in 2021. B'ionann na híocaíochtaí neamhrialta le haghaidh 2022 agus €0.5 milliún.

**3.35.10.** Is é €1.3 milliún an méid iomlán de chaiteachas neamhchomlíontach. Is ionann é sin agus 2.4 % de na leithreasuithe faoi chomhair íocaíochtaí iomlána a bhí ar fáil in 2022. Is mó é sin ná an tairseach ábharthachta atá leagtha síos don iniúchadh seo.

**3.35.11.** Maidir leis na barúlacha anseo ina dhiaidh seo, ní tharraingíonn siad amhras ar bith ar thuairim na Cúirte Iniúchóirí.

## Barúlacha maidir le córais bhainistíochta agus rialaithe

**3.35.12.** I dtrí nós imeachta soláthair le haghaidh seirbhísí a ndearnamar iniúchóireacht orthu, bhí critéir thábhachtacha chun measúnú a dhéanamh ar acmhainneachtaí teicniúla agus gairmiúla na dtairgeoirí fágtha ar lár as na sonraíochtaí tairisceana. Nuair a lorgaíomar fianaise d'acmhainneacht airgeadais an tairgeora, níor shainigh CdT sraith d'íosleibhéil a bhí ábhartha, sonrach agus intomhaiste, ar leibhéil iad nach nglacfaí le tairgeoirí faoina mbun. Measaimid gur laige é sin sa mheastóireacht ar chumas na dtairgeoirí na seirbhísí a bhí iarrtha a sholáthar.

**3.35.13.** Ní dhéanann CDT faireachán ar thomhaltas uasteorainneacha airgeadais ar leibhéal na nósanna imeachta aonair agus na gcreatchonarthaí le haghaidh aistriúcháin. Is laige chriticiúil é sin i gcórais bhainistíochta agus rialaithe CdT.

## Obair leantach ar bharúlacha ó bhlianta roimhe seo

**3.35.14.** Tugtar forléargas san ***Iarscríbhinn*** ar an ngníomhaíocht a rinneadh mar fhreagairt ar bharúlacha na Cúirte Iniúchóirí ó bhlianta roimhe seo.

# Iarscríbhinn – Obair leantach ar bharúlacha ó bhlianta roimhe seo

| Sraithuimhir | Bliain bharúil CIE | Barúil CIE (achoimre) | Gníomh ceartaitheach a rinneadh agus / nó forbairtí ábhartha eile (achoimre) | Stádas bharúil CIE<br>(Oscailte / Dúnta) |
|---|---|---|---|---|
| 1 | 2021 | Laigí i dtrí phróiseas soláthair phoiblí: na conarthaí a shíniú gan fógra conartha a bheith foilsithe roimh ré. Gan réasúnú leordhóthanach a thabhairt maidir leis an ngá atá le cearta eisiacha a chosaint nó maidir le fíorphráinn. | In 2022, ní raibh ach ceann amháin de na trí chonradh sin ar oscailt agus a ndearnadh aon íocaíocht amháin mar thoradh orthu (féach mír 3.35.7). | Oscailte |
| 2 | 2021 | Laigí i ndoiciméadacht i gcás dhá nós imeachta soláthair phoiblí | Rinne CdT nuashonrú ar a nósanna imeachta agus teimpléid chun dul i ngleic leis na laigí a shainaithníodh. | Dúnta |

Ionad Aistriúcháin Chomhlachtaí an Aontais Eorpaigh (CdT)

# Freagra CdT

**3.35.7.** Tugann an tIonad cinneadh na Cúirte dá aire. Tá an toradh sin nasctha leis an iniúchadh roimhe sin a eagraíodh anuraidh agus thug an tIonad míniú mionsonraithe ar a sheasaimh agus ar na cúiseanna a thacaíonn lena chinneadh maidir leis an nós imeachta soláthair. Rinneadh an íocaíocht aonair sin den sonrasc maidir le trealamh a seachadadh cheana féin nuair a d'ardaigh an Chúirt Iniúchóirí a barúil in iniúchadh na bliana seo caite.

**3.35.8.** Tugann an tIonad argóintí na Cúirte dá aire maidir leis na cúiseanna a thugann údar le húsáid Iarscríbhinn I, pointe 11.1 c) den Rialachán Airgeadais sa chás seo. Ós rud é nach bhféadfadh an tIonad aon réiteach soiléir a ghlacadh chun an bhearna a dhúnadh idir an sean-FWC agus an FWC nua, chinn Oifigeach Údarúcháin an Ionaid, tar éis dó na gnéithe éagsúla a mheas, síneadh a chur leis an tseirbhís trí na nósanna imeachta idirbheartaíochta sin.

**3.35.9.** Tugann an tIonad an cinneadh dá aire. Idir an dá linn, tá tuarascáil BO forbartha ag an Ionad ina liostaítear na creatchonarthaí go léir atá i bhfeidhm agus ina n-áirítear na mionsonraí go léir is gá chun úsáid uasteorainn gach ceann díobh a leanúint. Gintear an tuarascáil seo go laethúil agus cuireann sí chun suntais go bhféadfadh gníomh a bheith riachtanach a luaithe a shroichtear ráta úsáide de 75%. Tá gné forbartha ag an Ionad freisin ar a ardán sreafa oibre a bhraitheann go huathoibríoch nuair a shroicheann creatchonradh ar leith ráta úsáide buiséid 90% agus a sheolann ríomhphoist rabhaidh laethúla chuig roinnt faighteoirí inmheánacha go dtí go ndéanfar beart.

**3.35.12.** Bhí na doiciméid tairisceana a úsáideadh le haghaidh na nósanna imeachta sin bunaithe ar theimpléid níos sine agus ní raibh léiriú soiléir iontu ar acmhainn airgeadais íosta an tairgeora. Éilítear leis na teimpléid nua a úsáideann an tIonad go sonrófar na figiúirí sin go soiléir agus go líonfar isteach iad.


**3.35.13.** Mar atá luaite i bhfreagra an Ionaid ar bharúil 3.35.9, tá tuarascáil BO forbartha ag an Ionad ina liostaítear na creatchonarthaí go léir atá i bhfeidhm agus ina n-áirítear na mionsonraí go léir is gá chun úsáid uasteorainn gach ceann díobh a leanúint.

# 3.36. An Oifig Chomhphobail um Chineálacha Plandaí (CPVO)

## Réamhrá

**3.36.1.** Cruthaíodh an Oifig Chomhphobail um Chineálacha Plandaí ('CPVO'), atá lonnaithe in Angers, le Rialachán (CE) Uimh. 2100/94 ón gComhairle. Is é an príomhchúram atá air ná iarratais ar dheonú cearta maoine tionsclaíche Eorpacha do chineálacha plandaí a chlárú agus a scrúdú, agus a chinntiú go ndéanfaidh na hoifigí inniúla sna Ballstáit na scrúduithe teicniúla is gá. Is comhlacht féinmhaoinithe é CPVO. Faigheann a bhuiséad cistiú ó tháillí a ghearrtar ar chuideachtaí príobháideacha. I ***bhFíor 3.36.1***, tugtar na príomhfhigiúirí do CPVO[112].

### Fíor 3.36.1 – Príomhfhigiúirí do CPVO




* Tá figiúirí an bhuiséid bunaithe ar iomlán na leithreasuithe faoi chomhair íocaíochtaí atá ar fáil le linn na bliana airgeadais.

** Áirítear le 'foireann' oifigigh an Aontais, gníomhairí sealadacha an Aontais, daoine atá fostaithe ar conradh ag an Aontas agus saineolaithe náisiúnta ar iasacht, ach ní áirítear leis sin oibrithe eatramhacha ná sainchomhairleoirí.

*Foinse:* Cuntais bhliantúla CPVO do bhlianta airgeadais 2021 agus 2022; figiúirí foirne arna soláthar ag CPVO.

## Faisnéis a thacaíonn leis an ráiteas dearbhaithe

**3.36.2.** I Roinn 3.1, tá tuairisc ar ár gcur chuige iniúchóireachta, an bonn atá lenár dtuairim, na freagrachtaí atá ar bhainistíocht CPVO agus orthu siúd a bhfuil an rialachas de chúram orthu, agus freagrachtaí an iniúchóra as iniúchóireacht a dhéanamh ar na cuntais agus ar na hidirbhearta is bun leis na cuntais. Is cuid dhílis den tuairim é an síniú atá ar leathanach 367.

[112] Tá tuilleadh eolais faoi ról agus gníomhaíochtaí CPVO ar fáil ar a shuíomh gréasáin: www.cpvo.europa.eu.

## Ráiteas dearbhaithe na Cúirte Iniúchóirí arna chur ar fáil do Pharlaimint na hEorpa agus don Chomhairle – Tuarascáil an iniúchóra neamhspleách

# Tuairim

**3.36.3.** Tá iniúchóireacht déanta againn ar an méid seo a leanas:

(a) cuntais an Oifig Chomhphobail um Chineálacha Plandaí ('CPVO'), atá comhdhéanta de na ráitis airgeadais[113] agus de na tuarascálacha ar chur chun feidhme bhuiséad CPVO[114] don bhliain airgeadais dar críoch an 31 Nollaig 2022, agus

(b) dlíthiúlacht agus rialtacht na n-idirbheart is bun leis na cuntais sin,

de réir mar a cheanglaítear le hAirteagal 287 den Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh (CFAE).

## Beachtas na gcuntas

### Tuairim maidir le beachtas na gcuntas

**3.36.4.** Is é ár dtuairim go dtugann cuntais CPVO don bhliain dar críoch an 31 Nollaig 2022 léargas fíorcheart, ar gach slí ábharthach, ar staid airgeadais CPVO amhail an 31 Nollaig 2022, ar thorthaí a chuid oibríochtaí, ar a shreabha airgid, agus ar na hathruithe ar ghlansócmhainní don bhliain dar críoch an dáta céanna, i gcomhréir lena Rialachán Airgeadais agus le rialacha cuntasaíochta arna nglacadh ag oifigeach cuntasaíochta an Choimisiúin. Tá siad sin bunaithe ar chaighdeáin chuntasaíochta don earnáil phoiblí a bhfuil glacadh go hidirnáisiúnta leo.

[113] Tá na ráitis airgeadais comhdhéanta den chlár comhardaithe, den ráiteas um fheidhmíocht airgeadais, den ráiteas faoi shreabhadh airgid, den ráiteas maidir leis na hathruithe ar ghlansócmhainní agus d'achoimre ar bheartais chuntasaíochta shuntasacha agus de nótaí míniúcháin eile.

[114] Tá na tuarascálacha ar chur chun feidhme an bhuiséid comhdhéanta de na tuarascálacha, ina gcomhiomlánaítear na hoibríochtaí buiséadacha go léir, agus de na nótaí míniúcháin.

## Dlíthiúlacht agus rialtacht na n-idirbheart is bun leis na cuntais

### Ioncam

**Tuairim maidir le dlíthiúlacht agus rialtacht an ioncaim is bun leis na cuntais**

**3.36.5.** Is é ár dtuairim go bhfuil an t-ioncam is bun le cuntais CPVO don bhliain dar chríoch an 31 Nollaig 2022 dlíthiúil agus rialta ar gach slí ábharthach.

### Íocaíochtaí

**Tuairim maidir le dlíthiúlacht agus rialtacht na n-íocaíochtaí is bun leis na cuntais**

**3.36.6.** Is é ár dtuairim go bhfuil na híocaíochtaí is bun le cuntais CPVO don bhliain dar chríoch an 31 Nollaig 2022 dlíthiúil agus rialta ar gach slí ábharthach.

**3.36.7.** Maidir leis na barúlacha anseo ina dhiaidh seo, ní tharraingíonn siad amhras ar bith ar thuairim na Cúirte Iniúchóirí.

## Barúlacha maidir le dlíthiúlacht agus rialtacht na n-idirbheart

**3.36.8.** I dTuarascáil 2021 uainn (féach mír 3.36.9), thángamar ar an gconclúid go raibh creatchonradh le haghaidh seirbhísí slándála neamhrialta mar gheall gur fhág CPVO dhá tháirgeoir as an áireamh bunaithe ar cheanglais neamhrialta chun acmhainneacht airgeadais a léiriú. Mar thoradh air sin, bhí gach íocaíocht faoi na conarthaí sin ina dhiaidh sin neamhrialta, lena n-áirítear íocaíochtaí in 2022 arb ionann iad agus €63 231.

## Barúlacha maidir le córais bhainistíochta agus rialaithe

**3.36.9.** I nós imeachta soláthair le haghaidh seirbhísí TF, fuaireamar na heasnaimh seo a leanas:

(a) Bhí láimhdeachas bliantúil de cheithre oiread luach measta bliantúil an chonartha ag teastáil de réir na gcritéar roghnúcháin sna sonraíochtaí tairisceana. Téann sé sin i gcoinne Phointe 19 d'Iarscríbhinn I a ghabhann leis an Rialachán Airgeadais, ina sonraítear nach féidir leis an láimhdeachas bliantúil íosta a bheith os cionn dhá oiread luach bliantúil measta an chonartha.

(b) Níor áiríodh buiséad bliantúil an chonartha sna sonraíochtaí tairisceana agus, dá bhrí sin, ní raibh sé soiléir cén chaoi a ndéanfaí an láimhdeachas íosta a ceanglaíodh sna critéir roghnúcháin a ríomh. Dá thoradh sin, níor chuir an Coiste Meastóireachta an ceanglas sin i bhfeidhm nuair a bhí measúnú á dhéanamh aige ar acmhainneacht airgeadais an tairgeora aonair a chuir tairiscint isteach.

Baineann an easpa soiléireachta sna sonraíochtaí tairisceana i ndáil le critéir áirithe an bonn ó thrédhearcacht agus oibiachtúlacht an nós imeachta, agus d'fhéadfadh sé go gcuirfeadh ceanglas iomarcach ó thaobh an láimhdeachais de drogall ar roinnt tairgeoirí féideartha tairiscint a chur isteach.

**3.36.10.** An 1 Meán Fómhair 2021, chuaigh Uachtarán reatha CPVO i mbun dualgas mar Uachtarán gníomhach. Mar sin féin, ní dhearna sé a chuid cumhachtaí mar oifigeach údaráis a tharmligean as an nua ag an am. Ná níor athdhearbhaigh sé cumhachtaí a bhí tarmligthe ag an uachtarán roimhe sin a athdhearbhú. Lean an staid sin ar aghaidh tar éis Uachtarán reatha CVPO a bheith ceaptha ar bhonn buan an 1 Feabhra 2022, go dtí go ndearnamarna ár gcuairt iniúchóireachta i Samhain 2022. Ní raibh foráil i rialacha inmheánacha CVPO do leanúnachas uathoibríoch na dtarmligean a bhí ann cheana féin nuair a d'athraigh an tUachtarán.

Ar feadh tréimhse fada, bhí buiséad CPVO á chur chun feidhme bunaithe ar tharmligean cumhachta a bhí as dáta. Tugann an méid sin le fios go bhfuil laige sna córais bhainistíochta agus rialaithe lena mbaineann.

**3.36.11.** I gcás dhá dheontas (de luach €469 037) a chistigh tionscadail taighde, chonaiceamar nár shainigh CPVO cad iad na critéir a bhí le húsáid chun meastóireacht a dhéanamh ar ghnéithe oibríochtúla agus teicniúla na dtionscadal a bhí beartaithe sula ndearnadh deontas a dhámhachtain, lena n-áirítear na critéir chun na rátaí cómhaoinithe a shocrú. Chomh maith leis sin, ní dhéanann CPVO seiceálacha cuimsitheacha *ex ante* ná *ex post* (lena n-áirítear seiceálacha ar an láthair) maidir le réaltacht agus indéantacht na ngníomhaíochtaí agus na gcostas arna gcistiú faoina dheontais. Ina theannta sin, níl doiciméid tacaíochta leordhóthanacha ar nós bileoga ama, duillíní pá ná sonraisc ag gabháil le hiarratais ar íocaíocht deiridh. Is laigí sistéamacha iad sin i gcórais bhainistíochta agus rialaithe CPVO, rud a sháraíonn Airteagal 111 den Rialachán Airgeadais agus a mhéadaíonn riosca na ró-íocaíochta.

## Obair leantach ar bharúlacha ó bhlianta roimhe seo

**3.36.12.** Tugtar forléargas san ***Iarscríbhinn*** ar an ngníomhaíocht a rinneadh mar fhreagairt ar bharúlacha na Cúirte Iniúchóirí ó bhlianta roimhe seo.

# Iarscríbhinn – Obair leantach ar bharúlacha ó bhlianta roimhe seo

| Sraithuimhir | Bliain bharúil CIE | Barúil CIE (achoimre) | Gníomh ceartaitheach a rinneadh agus / nó forbairtí ábhartha eile (achoimre) | Stádas bharúil CIE (Oscailte / Dúnta) |
|---|---|---|---|---|
| 1 | 2014 | Cé go ndeachaigh CPVO i mbun oibríochta in 1995, níl comhaontú ceanncheathrún sínithe fós leis an mBallstát óstach. | Níl smacht ag CPVO air sin. I ndiaidh roinnt iarrataí chun na Fraince, fuair CVPO dréacht-chomhaontú don cheanncheathrú an 3 Márta 2023 le go bhféadfadh sé trácht a dhéanamh air. | Oscailte |
| 2 | 2016 | Ní cheanglaítear leis an Rialachán lenar bunaíodh CPVO go bhfuil meastóireachtaí feidhmíochta seachtracha le déanamh ar bhonn tréimhsiúil. | Níl smacht ag CPVO air sin. D’iarr CPVO agus a Chomhairle Riaracháin ar an gCoimisiún é sin a nuashonrú. Ardaíodh an tsaincheist arís i gcruinniú den Chomhairle Riaracháin an 31 Márta 2023. | Oscailte |

An Oifig Chomhphobail um Chineálacha Plandaí (CPVO)

| Sraithuimhir | Bliain bharúil CIE | Barúil CIE (achoimre) | Gníomh ceartaitheach a rinneadh agus / nó forbairtí ábhartha eile (achoimre) | Stádas bharúil CIE (Oscailte / Dúnta) |
|---|---|---|---|---|
| 3 | 2021 | Meastar go bhfuil an nós imeachta soláthair le haghaidh seirbhísí slándála (a tugadh i gcrích le conradh de €249 609) agus na híocaíochtaí gaolmhara neamhrialta mar gheall go raibh sonraíochtaí tairisceana neamhdhleathacha curtha i bhfeidhm ag an gcoiste meastóireachta chun acmhainneacht airgeadais an tairgeora a léiriú, rud a d'fhág go ndearnadh dhá thairgeoir a eisiamh | Rinne CPVO íocaíochtaí faoin gconradh sin in 2022 (féach mír 3.36.9). Tá sé i gceist ag CPVO an conradh reatha a fhoirceannadh a luaithe is féidir.<br>D'aimsíomar saincheisteanna comhchosúla freisin in iniúchadh 2022 (féach mír 3.36.10).<br>Ghlac CPVO le hathbhreithniú agus nuashonrú a dhéanamh ar na sonraíochtaí tairisceana chun acmhainneacht airgeadais an tairgeora a léiriú | Oscailte |

# Freagra CPVO

**3.36.8** Tugann CPVO tuairim na Cúirte dá aire. Chinn CPVO deireadh a chur leis an gconradh reatha a luaithe is a bheidh an CPVO in ann dul isteach i gconradh nua (tar éis glao nua ar thairiscintí a fhoilsiú).

**3.36.9** Tugann CPVO tuairim na Cúirte dá aire. Déanfar ríomh sainráite a dhoiciméadú i nglaonna ar thairiscintí amach anseo agus déanfar an nós imeachta a nuashonrú.

**3.36.10** Tugann CPVO tuairim na Cúirte dá aire. Glacadh treoirlínte nua an 31/03/2023 (i gceangal leis an bhfreagra seo) maidir leis an nós imeachta chun duine a chur in ionad uachtarán CPVO i gcás neamhláithreachta nó i gcás nach bhfuil sé ar fáil.


**3.36.11** Aithníonn CPVO go bhfuil laigí sa nós imeachta R&D. Déanfar an nós imeachta a nuashonrú chun é a dhéanamh níos láidre. Déanfaidh CPVO athbhreithniú cruinn ar na tograí a bheidh ann amach anseo i bhfianaise ráiteas na Cúirte.

# 3.37. Oifig Maoine Intleachtúla an Aontais Eorpaigh (EUIPO)

## Réamhrá

**3.37.1.** Bunaíodh Oifig Maoine Intleachtúla an Aontais Eorpaigh ('EUIPO'), atá lonnaithe in Alicante, le Rialachán (AE) 2017/1001 ón gComhairle. Tháinig EUIPO i gcomharbas ar an Oifig um Chomhchuibhiú sa Mhargadh Inmheánach ('OHIM'), a bunaíodh in 1994. Tá EUIPO freagrach as trádmharc an Aontais agus dearaí cláraithe an Aontais a bhainistiú, chomh maith le comhar idirnáisiúnta agus Eorpach i réimse na maoine intleachtúla a bhainistiú. Déanann sé an Fhaireachlann Eorpach um Sháruithe ar Chearta Maoine Intleachtúla a bhainistiú freisin. Is comhlacht féinmhaoinithe é EUIPO. Faigheann a bhuiséad cistiú ó tháillí a ghearrtar ar iarratasóirí. I ***bhFíor 3.37.1***, tugtar na príomhfhigiúirí do EUIPO[115].

### Fíor 3.37.1 – Príomhfhigiúirí do EUIPO




* Tá figiúirí an bhuiséid bunaithe ar iomlán na leithreasuithe faoi chomhair íocaíochtaí atá ar fáil le linn na bliana airgeadais.

** Áirítear le 'foireann' oifigigh an Aontais, gníomhairí sealadacha an Aontais, daoine atá fostaithe ar conradh ag an Aontas agus saineolaithe náisiúnta ar iasacht, ach ní áirítear leis sin oibrithe eatramhacha ná sainchomhairleoirí.

*Foinse:* Cuntais bhliantúla EUIPO do bhlianta airgeadais 2021 agus 2022; figiúirí foirne arna soláthar ag EUIPO.

## Faisnéis a thacaíonn leis an ráiteas dearbhaithe

**3.37.2.** I Roinn 3.1, tá tuairisc ar ár gcur chuige iniúchóireachta, an bonn atá lenár dtuairim, na freagrachtaí atá ar bhainistíocht EUIPO agus orthu siúd a bhfuil an rialachas de chúram orthu, agus freagrachtaí an iniúchóra as iniúchóireacht a dhéanamh ar na cuntais agus ar na hidirbhearta is bun leis na cuntais. Is cuid dhílis den tuairim é an síniú atá ar leathanach 367.

[115] Tá tuilleadh eolais faoi ról agus gníomhaíochtaí EUIPO ar fáil ar a shuíomh gréasáin: www.euipo.europa.eu.

## Ráiteas dearbhaithe na Cúirte Iniúchóirí arna chur ar fáil do Pharlaimint na hEorpa agus don Chomhairle – Tuarascáil an iniúchóra neamhspleách

# Tuairim

**3.37.3.** Tá iniúchóireacht déanta againn ar an méid seo a leanas:

(a) cuntais Oifig Maoine Intleachtúla an Aontais Eorpaigh ('EUIPO'), atá comhdhéanta de na ráitis airgeadais[116] agus de na tuarascálacha ar chur chun feidhme bhuiséad EUIPO[117] don bhliain airgeadais dar críoch an 31 Nollaig 2022, agus

(b) dlíthiúlacht agus rialtacht na n-idirbheart is bun leis na cuntais sin,

de réir mar a cheanglaítear le hAirteagal 287 den Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh (CFAE).

## Beachtas na gcuntas

### Tuairim maidir le beachtas na gcuntas

**3.37.4.** Is é ár dtuairim go dtugann cuntais EUIPO don bhliain dar críoch an 31 Nollaig 2022 léargas fíorcheart, ar gach slí ábharthach, ar staid airgeadais EUIPO amhail an 31 Nollaig 2022, ar thorthaí a chuid oibríochtaí, ar a shreabha airgid, agus ar na hathruithe ar ghlansócmhainní don bhliain dar críoch an dáta céanna, i gcomhréir lena Rialachán Airgeadais agus le rialacha cuntasaíochta arna nglacadh ag oifigeach cuntasaíochta an Choimisiúin. Tá siad sin bunaithe ar chaighdeáin chuntasaíochta don earnáil phoiblí a bhfuil glacadh go hidirnáisiúnta leo.

[116] Tá na ráitis airgeadais comhdhéanta den chlár comhardaithe, den ráiteas um fheidhmíocht airgeadais, den ráiteas faoi shreabhadh airgid, den ráiteas maidir leis na hathruithe ar ghlansócmhainní agus d'achoimre ar bheartais chuntasaíochta shuntasacha agus de nótaí míniúcháin eile.

[117] Tá na tuarascálacha ar chur chun feidhme an bhuiséid comhdhéanta de na tuarascálacha, ina gcomhiomlánaítear na hoibríochtaí buiséadacha go léir, agus de na nótaí míniúcháin.

## Dlíthiúlacht agus rialtacht na n-idirbheart is bun leis na cuntais

### Ioncam

**Tuairim maidir le dlíthiúlacht agus rialtacht an ioncaim is bun leis na cuntais**

**3.37.5.** Is é ár dtuairim go bhfuil an t-ioncam is bun le cuntais EUIPO don bhliain dar chríoch an 31 Nollaig 2022 dlíthiúil agus rialta ar gach slí ábharthach.

### Íocaíochtaí

**Tuairim maidir le dlíthiúlacht agus rialtacht na n-íocaíochtaí is bun leis na cuntais**

**3.37.6.** Is é ár dtuairim go bhfuil na híocaíochtaí is bun le cuntais EUIPO don bhliain dar chríoch an 31 Nollaig 2022 dlíthiúil agus rialta ar gach slí ábharthach.

**3.37.7.** Maidir leis na barúlacha anseo ina dhiaidh seo, ní tharraingíonn siad amhras ar bith ar thuairim na Cúirte Iniúchóirí.

## Barúlacha maidir le dlíthiúlacht agus rialtacht na n-idirbheart

**3.37.8.** Dhámhachtain EUIPO conradh €5 mhilliún le haghaidh seirbhísí gníomhaireachta taistil tar éis nós imeachta idirbheartaithe gan fógra conartha a fhoilsiú roimh ré ar chúiseanna fíorphráinneacha nach rabhthas ag súil leo, tráth a bhí sé dodhéanta cloí leis na gnáth-theorainneacha ama le haghaidh nósanna imeachta, de bhun mhír 11.1 (c) d'Iarscríbhinn I a ghabhann leis an Rialachán Airgeadais.

Bhí gá leis an gconradh tar éis do na conraitheoirí roimhe sin (a rangaíodh sa chéad agus sa dara háit de réir tosaíochta) EUIPO a chur ar an eolas faoina gcinneadh gan an conradh a bhí ann cheana féin a athnuachan.

Measaimid nach raibh údar maith le nós imeachta den sórt sin a úsáid óir ní féidir cinneadh an chonraitheora gan conradh a athnuachan i gcomhréir leis na forálacha conartha arna sainiú ag EUIPO a mheas mar theagmhas neamh-intuartha nach bhfuil inchurtha i leith an údaráis chonarthaigh. Thairis sin, measaimid go raibh an mhoill idir an dáta a fuair EUIPO an fhaisnéis

maidir leis an rún gan an conradh a athnuachan agus dámhachtain an chonartha nua leordhóthanach chun nós imeachta oscailte luathaithe a reáchtáil. Ní dhearna EUIPO aon íocaíocht faoin gconradh sin in 2022.

**3.37.9.** I dTuarascáil 2018 uainn maidir le gníomhaireachtaí an Aontais, thángamar ar an gconclúid gur shínigh EUIPO conradh le haghaidh seirbhísí glantacháin le tairgeoir a raibh tairiscint thar a bheith íseal curtha isteach aige, agus dá réir sin bhí an nós imeachta soláthair agus na híocaíochtaí bunúsacha neamhrialta. In 2022, d'íoc EUIPO €798 197 faoin gconradh sin.

## Obair leantach ar bharúlacha ó bhlianta roimhe seo

**3.37.10.** Tugtar forléargas san ***Iarscríbhinn*** ar an ngníomhaíocht a rinneadh mar fhreagairt ar bharúlacha na Cúirte Iniúchóirí ó bhlianta roimhe seo.

# Iarscríbhinn – Obair leantach ar bharúlacha ó bhlianta roimhe seo

| Sraithuimhir | Bliain bharúil CIE | Barúil CIE (achoimre) | Gníomh ceartaitheach a rinneadh agus / nó forbairtí ábhartha eile (achoimre) | Stádas bharúil CIE (Oscailte / Dúnta) |
|---|---|---|---|---|
| 1 | 2018 | Shínigh EUIPO conradh le haghaidh seirbhísí glantacháin le tairgeoir a raibh tairiscint thar a bheith íseal curtha isteach aige. Tá an nós imeachta soláthair agus na híocaíochtaí is bun leo neamhrialta. Ba cheart do EUIPO anailís a dhéanamh ar chásanna de thairiscintí a d’fhéadfadh a bheith neamhghnách, agus é sin a dhéanamh go críochnúil chun comhlíonadh an Rialacháin Airgeadais agus iomaíocht chóir a áirithiú. | Rinneadh íocaíochtaí faoin gconradh sin in 2022 (féach mír 3.37.9). Chuaigh an conradh in éag i Márta 2022. | Oscailte |
| 2 | 2019 | D’fhoilsigh EUIPO fógra folúntais chun painéal de Shaineolaithe Tionscadail ina Roinn Custaiméirí a chur i dtoll a chéile. Bhí roinnt mhaith laigí sa nós imeachta roghnúcháin, agus bhain na laigí sin an bonn ó phrionsabail na trédhearcachta agus na córa comhionainne d’iarrthóirí. | Chuaigh an painéal in éag ag deireadh 2021. | Dúnta |

Oifig Maoine Intleachtúla an Aontais Eorpaigh (EUIPO)

| Sraithuimhir | Bliain bharúil CIE | Barúil CIE (achoimre) | Gníomh ceartaitheach a rinneadh agus / nó forbairtí ábhartha eile (achoimre) | Stádas bharúil CIE (Oscailte / Dúnta) |
|---|---|---|---|---|
| 3 | 2021 | Rinne EUIPO modhnú ar a struchtúr buiséid in 2021 agus léirigh sé íocaíocht de €8.5 milliún a rinneadh leis an Scoil Eorpach in Alicante faoi Theideal 4 – 'Rannchuidiú le beartais an Aontais' seachas í a léiriú faoi Theideal 1 – 'Caiteachas a bhaineann le daoine atá ag obair leis an Oifig', rud ba ghnách leis a dhéanamh sna blianta roimhe sin.<br><br>Go bunúsach, measaimid gur ionstraim den bheartas acmhainní daonna, atá nasctha le dea-bhail fhoireann EUIPO agus a dteaghlaigh, atá i gcómhaoiniú na Scoile Eorpaí. Tá athaicmiú na n-íocaíochtaí gaolmhara mar ranníocaíocht i dtreo bheartais an Aontais ag dul in aghaidh nádúr an chaiteachais. | Bhí an staid fós ann i gcuntais 2022. In 2023 cuirfidh EUIPO an fhionnachtain faoi bhráid a choiste bhuiséadaigh. | Oscailte |

# Freagra EUIPO

**3.37.8.** Chun an baol a laghdú nach gcuirfí an conradh roimhe sin chun feidhme ina iomláine, roghnaigh an Oifig conradh cascáidithe le beirt chonraitheoirí. Ar an drochuair, mar a thuairiscigh an Chúirt, ní hamháin gur thug an chéad chonraitheoir, ach thug an dara conraitheoir freisin sa chascáid fógra don Oifig faoi neamh-athnuachan an chonartha, an bheirt ag an am céanna a bheag nó a mhór, rud a bhí ina imeacht eisceachtúil gan fasach don Oifig maidir le hearnáil gníomhaíochta a raibh tionchar ar leith ag paindéim COVID uirthi.

Sa chomhthéacs sin, mheas an Oifig gurbh é an rogha ab fhearr, agus na ráthaíochtaí riachtanacha á soláthar chun conradh a thabhairt i gcrích go tráthúil, an nós imeachta idirbheartaithe gan fógra conartha a fhoilsiú roimh ré. Tríd an nós imeachta sin, shínigh an Oifig Creatchonradh a bhfuil teorainn dhocht ama leis, eadhon an bhearna a dhúnadh go dtí go mbeidh nós imeachta nua um sholáthar oscailte tugtha chun críche.

**3.37.9.** Mar a luadh i bhfreagra na hOifige a cuireadh san áireamh i dtuarascáil iniúchóireachta 2018, lean an Oifig na céimeanna go léir dá bhforáiltear sa Rialachán Airgeadais agus í ag déileáil le tairiscint a d’fhéadfadh a bheith thar a bheith íseal. Dá bhrí sin, níor aontaigh an Oifig le ráiteas na Cúirte gurb ionann seirbhís (atá eisceachtúil agus nach n-úsáidtear ach go hannamh) a thairiscint ar phraghas laghdaithe agus cleachtas éagórach agus go dtugann sé buntáiste iomaíoch éagórach i leith iomaitheoirí.

Níor shainaithin an Oifig aon chúiseanna chun an conradh a fhoirceannadh go luath agus, dá bhrí sin, d’fhan sé i bhfeidhm go dtí go ndeachaigh sé in éag i mí an Mhárta 2022.

# 3.38. An Bord Réitigh Aonair (BRA)


## Réamhrá

**3.38.1.** Bunaíodh an Bord Réitigh Aonair (‘BRA’), atá lonnaithe sa Bhruiséil, le Rialachán (AE) Uimh. 806/2014, maidir le Sásra Réitigh Aonair (‘Rialachán SRA’). Is é misean BRA ná a áirithiú i dtaobh institiúidí creidmheasa agus gnólachtaí infheistíochta áirithe (‘institiúidí creidmheasa’) a chliseann, nó ar dócha go gclisfidh orthu, gur féidir iad a réiteach ar bhealach ordúil leis an tionchar is lú is féidir ar fhíorgheilleagar agus ar airgeadas poiblí na mBallstát atá rannpháirteach san Aontas Baincéireachta. Tá BRA i gceannas ar an gCiste Réitigh Aonair a riar, a bunaíodh le Rialachán BRA agus atá ceaptha tacú leis an Sásra Réitigh Aonair.

**3.38.2.** Tá a bhuiséad féin ag BRA, atá ar leithligh ó bhuiséad an Aontais. Bailítear ranníocaíochtaí ó institiúidí creidmheasa atá bunaithe i mBallstáit atá rannpháirteach san Aontas Baincéireachta. I ***bhFíor 3.38.1***, tugtar na príomhfhigiúirí do BRA[118].

[118] Tá tuilleadh eolais faoi ról agus gníomhaíochtaí BRA ar fáil ar a shuíomh gréasáin: www.srb.europa.eu.

## Fíor 3.38.1 – Príomhfhigiúirí do BRA




* Tá figiúirí an bhuiséid bunaithe ar iomlán na leithreasuithe faoi chomhair íocaíochtaí atá ar fáil le linn na bliana airgeadais.

** Áirítear le 'foireann' oifigigh an Aontais, gníomhairí sealadacha an Aontais, daoine atá fostaithe ar conradh ag an Aontas agus saineolaithe náisiúnta ar iasacht, ach ní áirítear leis sin oibrithe eatramhacha ná sainchomhairleoirí.

*Foinse:* Cuntais bhliantúla BRA do bhlianta airgeadais 2021 agus 2022; figiúirí foirne arna soláthar ag BRA.

Tá an Ciste Réitigh Aonair (CRA) á fhorbairt de réir a chéile le linn na tréimhse ó 2016 go 2023 agus ba cheart go mbainfeadh sé amach an sprioc de 1 % ar a laghad de mhéid na dtaiscí cumhdaithe ó na hinstitiúidí creidmheasa go léir laistigh den Aontas Baincéireachta Eorpach faoin 31 Nollaig 2023.

## Faisnéis a thacaíonn leis an ráiteas dearbhaithe

**3.38.3.** I Roinn 3.1, tá tuairisc ar ár gcur chuige iniúchóireachta, an bonn atá lenár dtuairim, na freagrachtaí atá ar bhainistíocht BRA agus orthu siúd a bhfuil an rialachas de chúram orthu, agus freagrachtaí an iniúchóra as iniúchóireacht a dhéanamh ar na cuntais agus ar na hidirbhearta is bun leis na cuntais. Is cuid dhílis den tuairim é an síniú atá ar leathanach 367.

# Ráiteas dearbhaithe na Cúirte Iniúchóirí arna chur ar fáil do Pharlaimint na hEorpa agus don Chomhairle – Tuarascáil an iniúchóra neamhspleách

## Tuairim

**3.38.4.** Tá iniúchóireacht déanta againn ar an méid seo a leanas:

(a) cuntais an Bhoird Réitigh Aonair (‘BRA’), atá comhdhéanta de na ráitis airgeadais[119] agus de na tuarascálacha ar chur chun feidhme bhuiséad BRA[120] don bhliain airgeadais dar críoch an 31 Nollaig 2022, agus

(b) dlíthiúlacht agus rialtacht na n-idirbheart is bun leis na cuntais sin,

de réir mar a cheanglaítear le hAirteagal 287 den Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh (CFAE).

### Beachtas na gcuntas

#### Tuairim maidir le beachtas na gcuntas

**3.38.5.** Is é ár dtuairim go dtugann cuntais BRA don bhliain dar críoch an 31 Nollaig 2022 léargas fíorcheart, ar gach slí ábharthách, ar staid airgeadais BRA amhail an 31 Nollaig 2022, ar thorthaí a chuid oibríochtaí, ar a shreabha airgid, agus ar na hathruithe ar ghlansócmhainní don bhliain dar críoch an dáta céanna, i gcomhréir lena Rialachán Airgeadais agus le rialacha cuntasaíochta arna nglacadh ag oifigeach cuntasaíochta an Choimisiúin. Tá siad sin bunaithe ar chaighdeáin chuntasaíochta don earnáil phoiblí a bhfuil glacadh go hidirnáisiúnta leo.

[119] Tá na ráitis airgeadais comhdhéanta den chlár comhardaithe, den ráiteas um fheidhmíocht airgeadais, den ráiteas faoi shreabhadh airgid, den ráiteas maidir leis na hathruithe ar ghlansócmhainní agus d’achoimre ar bheartais chuntasaíochta shuntasacha agus de nótaí míniúcháin eile.

[120] Tá na tuarascálacha ar chur chun feidhme an bhuiséid comhdhéanta de na tuarascálacha, ina gcomhiomlánaítear na hoibríochtaí buiséadacha go léir, agus de na nótaí míniúcháin.

### Béim ar ábhar

**3.38.6.** Tarraingímid aird ar Nóta 8.L – 'Nochtadh maidir le hachomhairc agus cásanna dlí' de chuntais BRA, ina dtugtar tuairisc ar achomhairc riaracháin agus imeachtaí breithiúnacha a bhaineann leis na ranníocaíochtaí *ex ante* idir roinnt institiúidí creidmheasa agus údaráis réitigh náisiúnta agus BRA, chomh maith le himeachtaí dlíthiúla eile atá tugtha i gcoinne BRA os comhair Chúirt Ghinearálta agus Chúirt Bhreithiúnais an Aontais Eorpaigh. Measann BRA gur dóchúil go mbeidh gá le heis-sreabhadh acmhainní eacnamaíocha chun ceann de na cásanna eile atá ar feitheamh a réiteach. Dá bhrí sin, tugtar aitheantas don neamhchosaint a bhaineann leis an gcás sin trí fhoráil do shuim de €64 200 atá ag freagairt do chostais dhlíthiúla ionadaíochtaí dlíthiúla an pháirtí fhreasúraigh (i Nóta 7.F). Measann BRA nach dóchúil go mbeidh gá le heis-sreabhadh acmhainní eacnamaíocha chun na cásanna eile atá fágtha a réiteach. Dá bhrí sin, níl aitheantas tugtha dá neamhchosaint ghaolmhar mar fhoráil sa ráiteas ar an staid airgeadais. Maidir leis an tionchar a d'fhéadfadh a bheith acu ar ráitis airgeadais BRA don bhliain airgeadais dar críoch an 31 Nollaig 2022 (go háirithe dliteanais theagmhasacha, forálacha agus dliteanais), tagann sé sin faoi réir iniúchadh bliantúil sonrach faoi mar a fhoráiltear dó in Airteagal 92(4) de Rialachán BRA.

## Dlíthiúlacht agus rialtacht na n-idirbheart is bun leis na cuntais

### Ioncam

**Tuairim maidir le dlíthiúlacht agus rialtacht an ioncaim is bun leis na cuntais**

**3.38.7.** Is é ár dtuairim go bhfuil an t-ioncam is bun le cuntais BRA don bhliain dar chríoch an 31 Nollaig 2022 dlíthiúil agus rialta ar gach slí ábhartha.

### Béim ar ábhar

**3.38.8.** Tugaimid ar aire go bhfuil feidhm iomlán freisin ag an mír i dtaobh béim ar ábhar maidir le beachtas na gcuntas a bhfuil tuairisc air i mír ***3.38.6*** maidir le dlíthiúlacht agus rialtacht an ioncaim.

## Ábhar eile

**3.38.9.** Gan amhras a tharraingt ar an tuairim atá léirithe anseo thuas, tugaimid ar aire go ndéantar ranníocaíochtaí an Chiste a ríomh ar bhonn na faisnéise a chuireann institiúidí creidmheasa (agus roinnt gnólachtaí infheistíochta) ar fáil do BRA. Bhí ár n-iniúchadh ar ioncam BRA bunaithe ar an bhfaisnéis sin, ach ní dhearnamar beachtas na faisnéise sin a fhíorú. Ní áitítear i Rialachán BRA go bhfuil creat rialaithe cuimsitheach agus comhsheasmhach le cur i bhfeidhm chun beachtas na faisnéise a áirithiú. Déanann BRA, áfach, seiceálacha comhsheasmhachta agus anailíseacha ar an bhfaisnéis, chomh maith le roinnt seiceálacha *ex post* ar leibhéal na n-institiúidí creidmheasa. Thugamar ar aire freisin, i gcás eintitis atá mar chuid de ghrúpa dá dtagraítear in Airteagal 7(2)(a) de Rialachán BRA, go bhfuil sé éigeantach go mbeadh nósanna imeachta comhaontaithe ag iniúchóirí ann ó 2022. Cuireann sé sin le dearbhú a fháil i ndáil le beachtas na faisnéise arna sholáthar ag na hinstitiúidí creidmheasa.

Ní féidir le BRA mionsonraí a eisiúint i dtaobh ríomh na ranníocaíochtaí a bhfuil measúnú riosca déanta orthu i gcás gach institiúide creidmheasa, mar go bhfuil siad idirnasctha agus go bhfuil faisnéis i modh rúin i dtaca le hinstitiúidí creidmheasa eile ar áireamh iontu. Cé go bhféadfadh sé sin difear a dhéanamh do thrédhearcacht na ríomhanna sin, mheas an Chúirt Bhreithiúnais nach mór cothromaíocht a aimsiú idir an oibleagáid atá ar BRA ó thaobh cúiseanna a thabhairt dá chuid cinntí maidir lena ranníocaíochtaí *ex ante* agus an prionsabal go bhfuil rúin ghnó le cosaint. I rialú na Cúirte[121], deirtear an méid seo a leanas: 'Ní chuireann Rialachán Tarmligthe 2015/63 cosc ar BRA ó leordhóthain fhaisnéise a nochtadh, i bhfoirm chomhbhailithe agus i ndíth ainm, a chuirfeadh ar chumas na hinstitiúide a thuiscint cén caoi a ndearnadh a staid aonair a chur san áireamh i ríomh a ranníocaíochtaí *ex ante* le CRA i gcoibhneas le staid na n-institiúidí eile go léir atá i gceist.' Thugamar ar aire, i gcás ríomh ranníocaíochtaí 2022 (amhail ríomh ranníocaíochtaí 2021), gur eagraigh BRA céim chomhairliúcháin do na hinstitiúidí i dtrácht a bhféadfaí nótaí tráchta i dtaobh aon ghné den phróiseas ríofa a eisiúint chucu. Sa chomhchomhairliúchán sin, rinne pointí sonraí coiteanna ó ríomh na ranníocaíochtaí a chur in iúl, rud a lig do na hinstitiúidí, á dtógáil in éineacht leis na sonraí i bhfoirm thuairiscithe sonraí na hinstitiúide féin, ríomh ranníocaíochtaí *ex ante* 2022 a ionsamhlú. Tugaimid ar aire freisin gur chlúdaigh comhairliúchán le haghaidh 2022 tionchar na gcoigeartuithe sna sonraí a chuir na hinstitiúidí creidmheasa isteach ar dtús. Leis an gcéim bhreise sin in athdhearbhuithe sa phróiseas comhairliúcháin, tá méadú tagtha ar thrédhearcacht BRA i leith institiúidí.

[121] Breithiúnas an 15 Iúil 2021, An Coimisiún / Landesbank Baden-Württemberg agus CRU (C-584/20 P agus C-621/20 P), míreanna 120 agus 139.

## Íocaíochtaí

**Tuairim maidir le dlíthiúlacht agus rialtacht na n-íocaíochtaí is bun leis na cuntais**

**3.38.10.** Is é ár dtuairim go bhfuil na híocaíochtaí is bun le cuntais BRA don bhliain dar chríoch an 31 Nollaig 2022 dlíthiúil agus rialta ar gach slí ábhartha.

**3.38.11.** Maidir leis na barúlacha anseo ina dhiaidh seo, ní tharraingíonn siad amhras ar bith ar thuairim na Cúirte Iniúchóirí.

## Barúlacha maidir le dlíthiúlacht agus rialtacht na n-idirbheart

**3.38.12.** Bhí conradh seirbhíse sonrach sínithe ag BRA le conraitheoir ar feadh tréimhse 12 mhí a chríochnaigh i nDeireadh Fómhair 2021. In Aibreán 2022, fuair BRA an sonrasc íocaíochta deiridh le haghaidh seirbhísí arna soláthar ó Mheán Fómhair 2021 go dtí Eanáir 2022, tar éis thréimhse an chonartha. Ina dhiaidh sin, fágadh an íocaíocht ar feitheamh go dtí go ndearna Cathaoirleach BRA é a fhormheas in Iúil 2022. Chláraigh BRA an t-idirbheart go cuí mar theagmhas neamhchomhlíontachta. Is méid neamhrialta é €87 315, agus íocadh an méid sin as na seirbhísí a soláthraíodh tar éis don chonradh dul in éag, ós rud é nár tugadh aon leasú i gcrích leis an gconraitheoir chun síneadh a chur le ré an chonartha.

## Obair leantach ar bharúlacha ó bhlianta roimhe seo

**3.38.13.** Tugtar forléargas san ***Iarscríbhinn*** ar an ngníomhaíocht a rinneadh mar fhreagairt ar bharúlacha na Cúirte Iniúchóirí ó bhlianta roimhe seo.

# Iarscríbhinn – Obair leantach ar bharúlacha ó bhlianta roimhe seo

| Sraithuimhir | Bliain bharúil CIE | Barúil CIE (achoimre) | Gníomh ceartaitheach a rinneadh agus / nó forbairtí ábhartha eile (achoimre) | Stádas bharúil CIE (Oscailte / Dúnta) |
|---|---|---|---|---|
| 1 | 2020 | I gcás banc ceannais náisiúnta a bhfuil ról an bhainisteora infheistíochta agus ról an chaomhnóra le haghaidh CRA leithdháilte air, níl measúnú déanta ag BRA ar na socruithe eagraíochtúla ná riaracháin atá i bhfeidhm, d'fhonn coinbhleacht leasa a d'fhéadfadh a eascairt ó ghlacadh leis na róil sin a mhaolú. | D'fhormheas an Bord an Plean um Iniúchóireacht Inmheánach 2023 ina Sheisiún Iomlánach i Samhain 2022. Ceann de na hiniúchtaí formheasta ba ea cuairt/cigireacht ar an láthair chuig an mBainisteoir Infheistíochta/Caomhnóir. Táthar ag dréim leis go dtarlóidh sé sin ag deireadh 2023. | Oscailte |
| 2 | 2020 | Tá teorainn leis an acmhainneacht atá ag próiseas bainistithe riosca BRA chun faireachán neamhspleách a dhéanamh ar phunann infheistíochta CRA. Is é a chéad teorannú ná nach bhfuil sé uathoibrithe. Is é an dara teorannú ná go bhfuil sé ag brath ar thuarascálacha agus anailís ó BCN agus ó oifig thosaigh BRA. | D'fhorbair BRA uirlis nua chun faireachán neamhspleách a dhéanamh ar an bpunann infheistíochta. Bhunaigh sé sraith tuarascálacha freisin a ligeann don roinn Riosca a gcúraimí anailíseacha a dhéanamh ar bhealach iomlán uathoibríoch le hardleibhéal solúbthachta. | Dúnta |

An Bord Réitigh Aonair (BRA)

| Sraithuimhir | Bliain bharúil CIE | Barúil CIE (achoimre) | Gníomh ceartaitheach a rinneadh agus / nó forbairtí ábhartha eile (achoimre) | Stádas bharúil CIE (Oscailte / Dúnta) |
|---|---|---|---|---|
| 3 | 2021 | D'aimsíomar roinnt easnamh sna nósanna imeachta earcaíochta:<br><br>(a) i gcás nós imeachta amháin, chinn an painéal roghnúcháin líon na n-iarrthóirí ar an bpainéal a mhéadú i ndiaidh a meastóireachta, agus<br><br>(b) níl aon nasc díreach idir cuid de na hinniúlachtaí ginearálta san fhógra folúntais agus na trialacha sa nós imeachta. | (a) Anois, déanann BRA, i gcás inarb infheidhme, na cúiseanna d'aon athrú ar líon réamhshainithe na n-iarrthóirí atá le cur ar an bpainéal deiridh a dhoiciméadú.<br><br>(b) Chuir BRA doiciméad inmheánach breise leis sin chun na hinniúlachtaí a mhapáil go sainráite leis na doiciméid mheasúnaithe. | Dúnta |

# Freagra BRA

**3.38.9** Déantar na ranníocaíochtaí bliantúla ex-ante leis an gCiste a ríomh ar bhonn na faisnéise arna soláthar ag institiúidí creidmheasa agus ag roinnt gnólachtaí infheistíochta don Bhord. Cé nach soláthraíonn an Rialachán SRM do chreat cuimsitheach agus comhsheasmhach rialaithe chun iontaofacht na faisnéise a áirithiú, tugann an SRF aghaidh ar an gceist seo a mhéid is féidir leis. Déantar na sonraí a sholáthraítear a fhíorú i gcoinne na sonraí a chuir na hinstitiúidí isteach sa bhliain roimhe sin, agus i gcoinne na sonraí i mbunachar sonraí BCE. Cuireadh rialacha bailíochtaithe chun feidhme sa tairseach bailithe sonraí agus bailítear dearbhú breise, i bhfoirm tuarascála Nósanna Imeachta Comhaontaithe, ó na hinstitiúidí suntasacha. Cuirtear neamhréireachtaí in iúl do na NRAnna, agus iarrtar soiléiriú. Ar an mbealach sin cuirtear feabhas ar na sonraí sna timthriallta roimhe seo. Sa bhreis ar na céimeanna fíoraithe sonraí ex-ante atá curtha chun feidhme cheana ag BRA, déantar seiceálacha ex-post i bhfoirm athbhreithnithe deisce d’fhonn fianaise bhreise a bhailiú maidir le hiontaofacht na sonraí. Thairis sin, maidir le trédhearcacht, chomh maith le cur chun feidhme na céime comhairliúcháin féin agus soláthar pointí coiteanna sonraí, thug BRA réasúnaíocht bhreise i dtéacs an chinnidh, iarscríbhinní breise a ghabhann leis an gcinneadh agus doiciméid tacaíochta mhionsonraithe amhail an uirlis ríomha agus an treoir ríomha. Liostaíodh sa treoir ríomha na céimeanna ríomha uile is gá agus tugadh mínithe ar an gcaoi ar cheart an uirlis ríomha a úsáid chun ranníocaíochtaí ex-ante a athríomh. Ar an mbealach sin bhí na hinstitiúidí in ann a ranníocaíocht ex-ante 2022 a athríomh go hiomlán.

**3.38.12** Tugann BRA cinneadh CIE dá aire. Baineann an méid lena mbaineann leis na táirgí insoláthartha a leagtar amach sa chonradh sonrach (SC), lena n-áirítear bailchríoch a chur ar sheirbhísí leanúnacha a iarradh faoin soláthar tosaigh (i.e. EUR 87,315 as EUR 1 248 173). Ní dhearnadh aon seirbhísí breise agus bhí an méid iomlán deiridh faoi bhun uasteorainn an SC. Measann BRA go raibh comhaontú frithpháirteach ann ós rud é gur ghlac an dá pháirtí le feidhmíocht SC agus gur léir go raibh fíor-intinn choiteann acu na seirbhísí dá bhforáiltear sa chonradh a thabhairt i gcrích. In aon chás, rinneadh aon tsaincheist a d’fhéadfadh a bheith ann maidir le SC a cheartú tríd an nós imeachta um Bainistiú Eisceachtaí agus Imeachtaí Neamhchomhlíonta, rud a leanadh go dícheallach.


# Gníomhaireachtaí Feidhmiúcháin an Choimisiúin

# 3.39. An Ghníomhaireacht Feidhmiúcháin Eorpach um an Aeráid, Bonneagar agus Comhshaol (CINEA)

## Réamhrá

**3.39.1.** Bunaíodh an Ghníomhaireacht Feidhmiúcháin Eorpach um an Aeráid, Bonneagar agus Comhshaol ('CINEA'), atá lonnaithe sa Bhruiséil, le Cinneadh Cur Chun Feidhme (AE) 2021/173 ón gCoimisiún, atá infheidhme ón 1 Aibreán 2021 go dtí an 31 Nollaig 2028. Tháinig CINEA in ionad na Gníomhaireachta Feidhmiúcháin um Nuálaíocht agus Gréasáin ('INEA'), a bunaíodh in 2013, agus is é atá ina chomharba ar Ghníomhaireacht Feidhmiúcháin an Ghréasáin Iompair Thras-Eorpaigh, a bunaíodh in 2007. Is é misean CINEA ná tacú le páirtithe leasmhara chun an Comhaontú Glas don Eoraip a thabhairt i gcrích. Chomh maith leis sin, déanann sé codanna de chláir éagsúla de chuid an Aontais a chur chun feidhme, ar cláir iad sin a bhfuil baint ag a bhformhór leis an mbeartas comhshaoil agus aeráide. I ***bhFíor 3.39.1***, tugtar na príomhfhigiúirí do CINEA[122].

### Fíor 3.39.1 – Príomhfhigiúirí do CINEA




* Tá figiúirí an bhuiséid bunaithe ar iomlán na leithreasuithe faoi chomhair íocaíochtaí atá ar fáil le linn na bliana airgeadais.

** Áirítear le 'foireann' oifigigh an Aontais, gníomhairí sealadacha an Aontais, daoine atá fostaithe ar conradh ag an Aontas agus saineolaithe náisiúnta ar iasacht, ach ní áirítear leis sin oibrithe eatramhacha ná sainchomhairleoirí.

*Foinse:* Cuntais bhliantúla CINEA do bhlianta airgeadais 2021 agus 2022; figiúirí foirne arna soláthar ag CINEA.

[122] Tá tuilleadh eolais faoi ról agus gníomhaíochtaí CINEA ar fáil ar a shuíomh gréasáin: https://cinea.ec.europa.eu/index_en.

## Faisnéis a thacaíonn leis an ráiteas dearbhaithe

**3.39.2.** I Roinn 3.1, tá tuairisc ar ár gcur chuige iniúchóireachta, an bonn atá lenár dtuairim, na freagrachtaí atá ar bhainistíocht CINEA agus orthu siúd a bhfuil an rialachas de chúram orthu, agus freagrachtaí an iniúchóra as iniúchóireacht a dhéanamh ar na cuntais agus ar na hidirbhearta is bun leis na cuntais. Is cuid dhílis den tuairim é an síniú atá ar leathanach 367.

## Ráiteas dearbhaithe na Cúirte Iniúchóirí arna chur ar fáil do Pharlaimint na hEorpa agus don Chomhairle – Tuarascáil an iniúchóra neamhspleách

# Tuairim

**3.39.3.** Tá iniúchóireacht déanta againn ar an méid seo a leanas:

(a) cuntais na Gníomhaireachta Feidhmiúcháin Eorpaí um an Aeráid, Bonneagar agus Comhshaol ('CINEA'), atá comhdhéanta de na ráitis airgeadais[123] agus de na tuarascálacha ar chur chun feidhme bhuiséad CINEA[124] don bhliain airgeadais dar chríoch an 31 Nollaig 2022, agus

(b) dlíthiúlacht agus rialtacht na n-idirbheart is bun leis na cuntais sin,

de réir mar a cheanglaítear le hAirteagal 287 den Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh (CFAE).

[123] Tá na ráitis airgeadais comhdhéanta den chlár comhardaithe, den ráiteas um fheidhmíocht airgeadais, den ráiteas faoi shreabhadh airgid, den ráiteas maidir leis na hathruithe ar ghlansócmhainní agus d'achoimre ar bheartais chuntasaíochta shuntasacha agus de nótaí míniúcháin eile.

[124] Tá na tuarascálacha ar chur chun feidhme an bhuiséid comhdhéanta de na tuarascálacha, ina gcomhiomlánaítear na hoibríochtaí buiséadacha go léir, agus de na nótaí míniúcháin.

## Beachtas na gcuntas

### Tuairim maidir le beachtas na gcuntas

**3.39.4.** Is é ár dtuairim go dtugann cuntais CINEA don bhliain dar chríoch an 31 Nollaig 2022 léargas fíorcheart, ar gach slí ábharthach, ar staid airgeadais CINEA amhail an 31 Nollaig 2022, ar thorthaí a chuid oibríochtaí, ar a shreabha airgid, agus ar na hathruithe ar ghlansócmhainní don bhliain dar chríoch an dáta céanna, i gcomhréir lena Rialachán Airgeadais agus le rialacha cuntasaíochta arna nglacadh ag oifigeach cuntasaíochta an Choimisiúin. Tá siad sin bunaithe ar chaighdeáin chuntasaíochta don earnáil phoiblí a bhfuil glacadh go hidirnáisiúnta leo.

### Béim ar ábhar

**3.39.5.** Tarraingímid aird ar an gcuid réamhráiteach de Chuntais Bhliantúla 2022 CINEA, ina dtugtar tuairisc ar chóras nua buiséadach, cuntasaíochta agus airgeadais, ar a dtugtar SUMMA, a bheith á chur chun feidhme mar threoirthionscadal le haghaidh forbairt an chórais don Choimisiún Eorpach. Níl ár dtuairim cáilithe i dtaca leis an ábhar sin.

## Dlíthiúlacht agus rialtacht na n-idirbheart is bun leis na cuntais

### Ioncam

**Tuairim maidir le dlíthiúlacht agus rialtacht an ioncaim is bun leis na cuntais**

**3.39.6.** Is é ár dtuairim go bhfuil an t-ioncam is bun le cuntais CINEA don bhliain dar chríoch an 31 Nollaig 2022 dlíthiúil agus rialta ar gach slí ábharthach.

## Íocaíochtaí

**Tuairim maidir le dlíthiúlacht agus rialtacht na n-íocaíochtaí is bun leis na cuntais**

**3.39.7.** Is é ár dtuairim go bhfuil na híocaíochtaí is bun le cuntais CINEA don bhliain dar chríoch an 31 Nollaig 2022 dlíthiúil agus rialta ar gach slí ábhartha.

**3.39.8.** Maidir leis na barúlacha anseo ina dhiaidh seo, ní tharraingíonn siad amhras ar bith ar thuairim na Cúirte Iniúchóirí.

## Barúlacha maidir le córais bhainistíochta agus rialaithe

**3.39.9.** Chinn an Coimisiún imeacht óna chóras lárnach buiséadach agus cuntasaíochta, ABAC, agus córas nua ar a dtugtar SUMMA a chur ina áit faoin 1 Eanáir 2025. I Nollaig 2018, d'iarr AS BUDG ar CINEA, chomh maith le dhá ghníomhaireacht eile (Eurojust agus ERA), a bheith rannpháirteach i bhforbairt SUMMA ar bhonn píolótach. Ó bhliain airgeadais 2022, thosaigh CINEA ag úsáid SUMMA chun a bhuiséad riaracháin a bhainistiú.

Tá córas bainistithe úsáideoirí SUMMA do CINEA á bhainistiú ag AS BUDG, atá i gceannas ar chearta úsáideoirí SUMMA a dheonú agus a bhaint bunaithe ar an bhfaisnéis a bhíonn curtha ar fáil ag CINEA. Ós rud é nach bhfuil bainistiú díreach ar chearta rochtana á dhéanamh ag CINEA, faoi mar a bhí ar siúl aige sa chóras roimhe sin, d'fhéadfadh sé sin riosca a chruthú ó thaobh na róil úsáideora in SUMMA gan bheith á sannadh agus á n-uasdátú i gceart, i gcomhréir le forálacha Airteagal 36(3)(a) den Rialachán Airgeadais. Níl próifíl úsáideora leormhaith le haghaidh iniúchóirí fós in SUMMA.

Níl an lámhleabhar de nósanna imeachta airgeadais tugtha cothrom le dáta go fóill chun sreabha oibre agus teanga SUMMA a léiriú.

I dtuarascáil ón oifigeach cuntasaíochta maidir le bailíochtú SUMMA, bhí mionsonraí faoi theagmhas a tharla in Eanáir 2023 ina raibh gníomhaire tionscanta in ann leasú buiséadach a dhéanamh a bhain le Nollaig 2022 agus a d'athraigh an olltoradh buiséadach le haghaidh na bliana cé go raibh bliain bhuiséadach 2022 dúnta agus nár cheart go mbeadh sí faoi réir leasuithe. Shainaithníomar dhá theagmhas eile freisin ina raibh tionchar ag neamhréireachtaí ar an tuairisciú buiséadach (deighilt shaorga ar mhéideanna íoctha). Léiríonn siad sin go gcaithfidh na rialuithe atá ina gcuid dhílis de SUMMA a bheith in ann sláine na sonraí a áirithiú.

An Ghníomhaireacht Feidhmiúcháin Eorpach um an Aeráid, Bonneagar agus Comhshaol (CINEA)

# Freagra CINEA

**3.39.9.** Níl CINEA freagrach as próifílí úsáideoirí in SUMMA a bhainistiú, ach déanfaidh an Ghníomhaireacht idirchaidreamh le AS BUDG chun a mholadh go gcruthófar próifíl úsáideora leordhóthanach d’iniúchóirí.

In 2022, ba é príomhfhócas CINEA a áirithiú go ndearnadh idirbhearta a phróiseáiltear in SUMMA a fhorghníomhú ar bhealach dlíthiúil rialta. Ní raibh sé sin, mar aon leis na fíricí nach raibh an córas TF cobhsaí fós agus go raibh an treoir lárnach atá ann faoi láthair teoranta, fabhrach maidir le nuashonrú iontaofa a dhéanamh ar Lámhleabhar Nósanna Imeachta CINEA. Idir an dá linn, bhí an staid níos cobhsaí, rud a chuir ar chumas CINEA na nuashonruithe is gá a dhéanamh, a thabharfar chun críche faoi dheireadh 2023.


Aontaíonn CINEA nach bhfuil feidhmiúlachtaí áirithe agus rialuithe leabaithe sa leagan píolótach SUMMA go fóill. Thug an Ghníomhaireacht aghaidh ar an ngá atá le réitigh leordhóthanacha agus phráinneacha ar AS BUDG. Táthar ag súil go réiteofar na saincheisteanna leis an eisiúint don Choimisiún Eorpach in 2025.

# 3.40. An Ghníomhaireacht Feidhmiúcháin Eorpach um Oideachas agus Cultúr (EACEA)

## Réamhrá

**3.40.1.** Bunaíodh an Ghníomhaireacht Feidhmiúcháin Eorpach um Oideachas agus Cultúr ('EACEA'), atá lonnaithe sa Bhruiséil, le Cinneadh Cur Chun Feidhme (AE) 2021/173 ón gCoimisiún, atá infheidhme ón 1 Aibreán 2021 go dtí an 31 Nollaig 2028. Tháinig EACEA i gcomharbas ar an nGníomhaireacht Feidhmiúcháin Oideachais, Closamhairc agus Cultúir, a bunaíodh in 2005. Is é an fócas téamach atá fós ag EACEA ná gníomhaíochtaí oideachasúla agus cruthaitheacha, agus tionscadail atá gar do shaoránaigh an Aontais. Bainistíonn EACEA cistiú i gcomhair na nithe seo a leanas: oideachas, cultúr, an earnáil chlosamhairc, spórt, saoránacht agus obair dheonach. I ***bhFíor 3.40.1***, tugtar na príomhfhigiúirí do EACEA[125].

### Fíor 3.40.1 – Príomhfhigiúirí do EACEA




* Tá figiúirí an bhuiséid bunaithe ar iomlán na leithreasuithe faoi chomhair íocaíochtaí atá ar fáil le linn na bliana airgeadais.

** Áirítear le 'foireann' oifigigh an Aontais, gníomhairí sealadacha an Aontais, daoine atá fostaithe ar conradh ag an Aontas agus saineolaithe náisiúnta ar iasacht, ach ní áirítear leis sin oibrithe eatramhacha ná sainchomhairleoirí.

*Foinse:* Cuntais bhliantúla EACEA do bhlianta airgeadais 2021 agus 2022; figiúirí foirne arna soláthar ag EACEA.

## Faisnéis a thacaíonn leis an ráiteas dearbhaithe

**3.40.2.** I Roinn 3.1, tá tuairisc ar ár gcur chuige iniúchóireachta, an bonn atá lenár dtuairim, na freagrachtaí atá ar bhainistíocht EACEA agus orthu siúd a bhfuil an rialachas de chúram orthu, agus freagrachtaí an iniúchóra as iniúchóireacht a dhéanamh ar na cuntais agus ar na hidirbhearta is bun leis na cuntais. Is cuid dhílis den tuairim é an síniú atá ar leathanach 367.

[125] Tá tuilleadh eolais faoi ról agus gníomhaíochtaí EACEA ar fáil ar a shuíomh gréasáin: http://www.eacea.ec.europa.eu/.

# Ráiteas dearbhaithe na Cúirte Iniúchóirí arna chur ar fáil do Pharlaimint na hEorpa agus don Chomhairle – Tuarascáil an iniúchóra neamhspleách

## Tuairim

**3.40.3.** Tá iniúchóireacht déanta againn ar an méid seo a leanas:

(a) cuntais na Gníomhaireachta Feidhmiúcháin Eorpaí um Oideachas agus Cultúr (‘EACEA’), atá comhdhéanta de na ráitis airgeadais[126] agus de na tuarascálacha ar chur chun feidhme bhuiséad EACEA[127] don bhliain airgeadais dar críoch an 31 Nollaig 2022, agus

(b) dlíthiúlacht agus rialtacht na n-idirbheart is bun leis na cuntais sin,

de réir mar a cheanglaítear le hAirteagal 287 den Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh (CFAE).

### Beachtas na gcuntas

#### Tuairim maidir le beachtas na gcuntas

**3.40.4.** Is é ár dtuairim go dtugann cuntais EACEA don bhliain dar críoch an 31 Nollaig 2022 léargas fíorcheart, ar gach slí ábharthach, ar staid airgeadais EACEA amhail an 31 Nollaig 2022, ar thorthaí a chuid oibríochtaí, ar a shreabha airgid, agus ar na hathruithe ar ghlansócmhainní don bhliain dar críoch an dáta céanna, i gcomhréir lena Rialachán Airgeadais agus le rialacha cuntasaíochta arna nglacadh ag oifigeach cuntasaíochta an Choimisiúin. Tá siad sin bunaithe ar chaighdeáin chuntasaíochta don earnáil phoiblí a bhfuil glacadh go hidirnáisiúnta leo.

[126] Tá na ráitis airgeadais comhdhéanta den chlár comhardaithe, den ráiteas um fheidhmíocht airgeadais, den ráiteas faoi shreabhadh airgid, den ráiteas maidir leis na hathruithe ar ghlansócmhainní agus d’achoimre ar bheartais chuntasaíochta shuntasacha agus de nótaí míniúcháin eile.

[127] Tá na tuarascálacha ar chur chun feidhme an bhuiséid comhdhéanta de na tuarascálacha, ina gcomhiomlánaítear na hoibríochtaí buiséadacha go léir, agus de na nótaí míniúcháin.

## Dlíthiúlacht agus rialtacht na n-idirbheart is bun leis na cuntais

### Ioncam

**Tuairim maidir le dlíthiúlacht agus rialtacht an ioncaim is bun leis na cuntais**

**3.40.5.** Is é ár dtuairim go bhfuil an t-ioncam is bun le cuntais EACEA don bhliain dar chríoch an 31 Nollaig 2022 dlíthiúil agus rialta ar gach slí ábharthách.

### Íocaíochtaí

**Tuairim maidir le dlíthiúlacht agus rialtacht na n-íocaíochtaí is bun leis na cuntais**

**3.40.6.** Is é ár dtuairim go bhfuil na híocaíochtaí is bun le cuntais EACEA don bhliain dar chríoch an 31 Nollaig 2022 dlíthiúil agus rialta ar gach slí ábharthách.

**3.40.7.** Maidir leis na barúlacha anseo ina dhiaidh seo, ní tharraingíonn siad amhras ar bith ar thuairim na Cúirte Iniúchóirí.

## Barúlacha maidir leis an mbainistíocht bhuiséadach

**3.40.8.** Fuaireamar amach go ndearna EACEA os cionn €5 milliún (8.5 %) de leithreasuithe faoi chomhair gealltanas 2022 a bhí ar fáil a thabhairt anonn go dtí 2023. Áiríodh leis sin €2.7 milliún (nó 61.8 %) de leithreasuithe faoi Theideal III, a bhaineann le caiteachas oibríochtúil (54.3 % in 2021). Tá ráta ard de thabhairt anonn bliain i ndiaidh bliana contrártha do phrionsabal buiséadach na bliantúlachta, agus tugann sé le tuiscint go bhfuil fadhbanna struchtúracha i bpróiseas an bhuiséid agus sa timthriall cur chun feidhme.

## Obair leantach ar bharúlacha ó bhlianta roimhe seo

**3.40.9.** Tugtar forléargas san ***Iarscríbhinn*** ar an ngníomhaíocht a rinneadh mar fhreagairt ar bharúlacha na Cúirte Iniúchóirí ó bhlianta roimhe seo.

# Iarscríbhinn – Obair leantach ar bharúlacha ó bhlianta roimhe seo

| Sraithuimhir | Bliain bharúil CIE | Barúil CIE (achoimre) | Gníomh ceartaitheach a rinneadh agus / nó forbairtí ábhartha eile (achoimre) | Stádas bharúil CIE<br>(Oscailte / Dúnta) |
|---|---|---|---|---|
| 1 | 2021 | Tá ráta ard de thabhairt anonn contrártha do phrionsabal buiséadach na bliantúlachta agus tugann sé le tuiscint go bhfuil fadhbanna struchtúracha ann ó thaobh chur chun feidhme an bhuiséid. | Bhí an staid fós ann in 2022. | Oscailte |

# Freagra EACEA


**3.40.8.** Comhaontaíonn an Ghníomhaireacht maidir leis na figiúirí. Maidir le cineál struchtúrach na méideanna a thugtar anonn, cuireann an Ghníomhaireacht chun suntais gurb é láithreacht méideanna a thugtar anonn fotháirge an tsásra SLA. I ndearbhthéarmaí tá laghdú ag teacht ar mhéideanna a thugtar anonn i gcomparáid le 2021 agus tá roinnt gníomhaíochtaí maolaitheacha fós ar siúl, tá roinnt eile acu á bplé agus ba cheart go mbeadh a n-éifeachtaí le feiceáil cheana féin an bhliain seo chugainn.

# 3.41. Gníomhaireacht Feidhmiúcháin na Comhairle Nuálaíochta Eorpaí agus na bhFiontar Beag agus Meánmhéide (EISMEA)

## Réamhrá

**3.41.1.** Bunaíodh Gníomhaireacht Feidhmiúcháin na Comhairle Nuálaíochta Eorpaí agus na bhFiontar Beag agus Meánmhéide ('EISMEA'), atá lonnaithe sa Bhruiséil, le Cinneadh Cur Chun Feidhme (AE) 2021/173 ón gCoimisiún, atá infheidhme ón 1 Aibreán 2021 go dtí an 31 Nollaig 2028. Tháinig EISMEA in ionad na Gníomhaireachta Feidhmiúcháin um Fhiontair Bheaga agus Mheánmhéide ('EASME'), a bunaíodh in 2013, agus is é atá ina chomharba ar an nGníomhaireacht Feidhmiúcháin um Stuamacht Fuinnimh, a bunaíodh in 2003. Is é an misean atá ag EISMEA ná seasamh an Aontais mar cheannaire domhanda sa taighde agus nuálaíocht a threisiú trí thacaíocht a thabhairt do nuálaithe, taighdeoirí, gnólachtaí agus tomhaltóirí Eorpacha. I ***bhFíor 3.41.1***, tugtar na príomhfhigiúirí do EISMEA.

### Fíor 3.41.1 – Príomhfhigiúirí do EISMEA




*	Tá figiúirí an bhuiséid bunaithe ar iomlán na leithreasuithe faoi chomhair íocaíochtaí atá ar fáil le linn na bliana airgeadais.

**	Áirítear le 'foireann' oifigigh an Aontais, gníomhairí sealadacha an Aontais, daoine atá fostaithe ar conradh ag an Aontas agus saineolaithe náisiúnta ar iasacht, ach ní áirítear leis sin oibrithe eatramhacha ná sainchomhairleoirí.

*Foinse:* Cuntais bhliantúla EISMEA do bhlianta airgeadais 2021 agus 2022; figiúirí foirne arna soláthar ag EISMEA.

## Faisnéis a thacaíonn leis an ráiteas dearbhaithe

**3.41.2.** I Roinn 3.1, tá tuairisc ar ár gcur chuige iniúchóireachta, an bonn atá lenár dtuairim, na freagrachtaí atá ar bhainistíocht EISMEA agus orthu siúd a bhfuil an rialachas de chúram orthu, agus freagrachtaí an iniúchóra as iniúchóireacht a dhéanamh ar na cuntais agus ar na hidirbhearta is bun leis na cuntais. Is cuid dhílis den tuairim é an síniú atá ar leathanach 367.

## Ráiteas dearbhaithe na Cúirte Iniúchóirí arna chur ar fáil do Pharlaimint na hEorpa agus don Chomhairle – Tuarascáil an iniúchóra neamhspleách

# Tuairim

**3.41.3.** Tá iniúchóireacht déanta againn ar an méid seo a leanas:

(a) cuntais Ghníomhaireacht Feidhmiúcháin na Comhairle Nuálaíochta Eorpaí agus na bhFiontar Beag agus Meánmhéide ('EISMEA'), atá comhdhéanta de na ráitis airgeadais[128] agus de na tuarascálacha ar chur chun feidhme bhuiséad EISMEA[129] don bhliain airgeadais dar críoch an 31 Nollaig 2022, agus

(b) dlíthiúlacht agus rialtacht na n-idirbheart is bun leis na cuntais sin,

de réir mar a cheanglaítear le hAirteagal 287 den Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh (CFAE).

---

[128] Tá na ráitis airgeadais comhdhéanta den chlár comhardaithe, den ráiteas um fheidhmíocht airgeadais, den ráiteas faoi shreabhadh airgid, den ráiteas maidir leis na hathruithe ar ghlansócmhainní agus d'achoimre ar bheartais chuntasaíochta shuntasacha agus de nótaí míniúcháin eile.

[129] Tá na tuarascálacha ar chur chun feidhme an bhuiséid comhdhéanta de na tuarascálacha, ina gcomhiomlánaítear na hoibríochtaí buiséadacha go léir, agus de na nótaí míniúcháin.

## Beachtas na gcuntas

### Tuairim maidir le beachtas na gcuntas

**3.41.4.** Is é ár dtuairim go dtugann cuntais EISMEA don bhliain dar chríoch an 31 Nollaig 2022 léargas fíorcheart, ar gach slí ábharthach, ar staid airgeadais EISMEA amhail an 31 Nollaig 2022, ar thorthaí a chuid oibríochtaí, ar a shreabha airgid, agus ar na hathruithe ar ghlansócmhainní don bhliain dar chríoch an dáta céanna, i gcomhréir lena Rialachán Airgeadais agus le rialacha cuntasaíochta arna nglacadh ag oifigeach cuntasaíochta an Choimisiúin. Tá siad sin bunaithe ar chaighdeáin chuntasaíochta don earnáil phoiblí a bhfuil glacadh go hidirnáisiúnta leo.

## Dlíthiúlacht agus rialtacht na n-idirbheart is bun leis na cuntais

### Ioncam

**Tuairim maidir le dlíthiúlacht agus rialtacht an ioncaim is bun leis na cuntais**

**3.41.5.** Is é ár dtuairim go bhfuil an t-ioncam is bun le cuntais EISMEA don bhliain dar chríoch an 31 Nollaig 2022 dlíthiúil agus rialta ar gach slí ábharthach.

### Íocaíochtaí

**Tuairim maidir le dlíthiúlacht agus rialtacht na n-íocaíochtaí is bun leis na cuntais**

**3.41.6.** Is é ár dtuairim go bhfuil na híocaíochtaí is bun le cuntais EISMEA don bhliain dar chríoch an 31 Nollaig 2022 dlíthiúil agus rialta ar gach slí ábharthach.

**3.41.7.** Maidir leis na barúlacha anseo ina dhiaidh seo, ní tharraingíonn siad amhras ar bith ar thuairim na Cúirte Iniúchóirí.

## Barúlacha maidir le córais bhainistíochta agus rialaithe

**3.41.8.** D'aimsíomar laigí rialaithe inmheánaigh i gcur chun feidhme conradh seirbhísí cumarsáide digití de €80 500.

(a) Ní raibh tuarascálacha maidir le gníomhaíochtaí, mar a shonraítear sa chonradh sonrach, ag gabháil leis na sonraisc do na trí íocaíocht eatramhacha. Dá bhrí sin, níor chomhlíon EISMEA Airteagal 115 (2) den Rialachán Airgeadais, lena gceanglaítear nach mór cruthúnas a bheith ag gabháil le híocaíochtaí go bhfuil an ítim atá á híoc i gcomhréir leis an gconradh.

(b) Bhí moilleanna suntasacha ar shonraisc a fháil. Mar thoradh air sin, níor íoc EISMEA an chéad íocaíocht eatramhach ach amháin i ndiaidh na híocaíochta deiridh. Tugann sé sin le tuiscint nach ndearna EISMEA obair leantach go gníomhach ar na seirbhísí a bhí á soláthar.

## Obair leantach ar bharúlacha ó bhlianta roimhe seo

**3.41.9.** Tugtar forléargas san ***Iarscríbhinn*** ar an ngníomhaíocht a rinneadh mar fhreagairt ar bharúlacha na Cúirte Iniúchóirí ó bhlianta roimhe seo.

# Iarscríbhinn – Obair leantach ar bharúlacha ó bhlianta roimhe seo

| Sraithuimhir | Bliain bharúil CIE | Barúil CIE (achoimre) | Gníomh ceartaitheach a rinneadh agus / nó forbairtí ábhartha eile (achoimre) | Stádas bharúil CIE (Oscailte / Dúnta) |
|---|---|---|---|---|
| 1 | 2019 | Shínigh EASME gealltanas dlíthiúil gan gealltanas buiséadach ag freagairt dó sin a bheith i bhfeidhm aige. Ní dhearnadh an cás sin de neamhchomhlíonadh a thaifeadadh i gclár na n-eisceachtaí, agus níor lean EASME suas é. Bhí ceithre chás eile ann inar tharla rud mar seo in imthosca comhchosúla. Bhí tuairiscí ar na hearráidí breise sin taifeadta i gclár na n-eisceachtaí. Ardaíonn sé sin ábhair imní ar leith maidir leis an riosca go mbeadh neamhrialtachtaí i mbainistiú gealltanais EASME. | Tá athbhreithniú á dhéanamh ag EISMEA ar na treoirlínte le haghaidh diallas a thuairisciú. Cuirfidh sé oiliúint ar fáil freisin chun feasacht ar na rialacha is infheidhme a mhúscailt. | Oscailte |
| 2 | 2020 | D’íoc EASME as ceadúnas agus cothabháil bogearraí faoi chreatchonradh chun ceadúnais bhogearraí agus seirbhísí TF a éadáil, ach ní dhearna sé aon rialú inmheánach chun a dhéanamh amach ar úsáid an conraitheoir na praghsanna cearta agus ar fhorchuir sé an corrlach brabúis ceart. Tugann sé sin le tuiscint go bhfuil laigí sna rialuithe inmheánacha *ex ante*. | Tá iarrtha ag EISMEA anois go ndéanfaí anailís ar na bunsonraisc agus ar an ardú luacha atá beartaithe. | Dúnta |

Gníomhaireacht Feidhmiúcháin na Comhairle Nuálaíochta Eorpaí agus na bhFiontar Beag agus Meánmhéide (EISMEA)

| Sraithuimhir | Bliain bharúil CIE | Barúil CIE (achoimre) | Gníomh ceartaitheach a rinneadh agus / nó forbairtí ábhartha eile (achoimre) | Stádas bharúil CIE (Oscailte / Dúnta) |
|---|---|---|---|---|
| 3 | 2021 | I nós imeachta soláthair idirinstitiúideach le haghaidh seirbhísí cumarsáide agus eagrúcháin imeachtaí, ar fiú €130 milliún an luach iomlán, ba é €30 milliún an meastachán tosaigh a bhí ag EASME dá sciar féin. Mar gheall ar na laghduithe a tháinig ina dhiaidh sin ar sciar na n-eintiteas eile a bhí rannpháirteach, ardaíodh an sciar sin go €52 mhilliún, i.e. agus maolán €22 mhilliún á chur san áireamh, chun an buiséad tosaigh de €130 milliún a choinneáil. Is sárú é sin ar an Rialachán Airgeadais. | Rinne EISMEA athbhreithniú ar a nósanna imeachta chun dul i ngleic leis na laigí a sainaithníodh. | Dúnta |
| 4 | 2021 | In 2020 agus 2021, rinne EISMEA roinnt iontrálacha a bhain le saincheisteanna bainistithe conarthaí ina chlár eisceachtaí agus teagmhas neamhchomhlíontachta. Na teagmhais neamhchomhlíontachta sin a bheith ag tarlú arís agus arís eile le linn cur chun feidhme conarthaí, tugann sé le tuiscint go bhfuil laige i rialuithe inmheánacha EISMEA. D’fhéadfadh sé sin EISMEA a fhágáil faoi lé rioscaí airgeadais, dlíthiúla agus clú. | Bhí laghdú ar an líon iontrálacha sa chlár a bhain le bainistiú conarthaí in 2022 i gcomparáid le blianta roimhe sin. Tá EISMEA ag déanamh gníomhaíochtaí chun feasacht a ardú ar an ábhar seo. | Oscailte |

Gníomhaireacht Feidhmiúcháin na Comhairle Nuálaíochta Eorpaí agus na bhFiontar Beag agus Meánmhéide (EISMEA)

# Freagra EISMEA

**3.41.8. (a)** Bhí an conraitheoir rannpháirteach sna cruinnithe seachtainiúla inar thug siad tuairisc ó bhéal ar an obair a rinneadh le linn na seachtaine roimhe sin agus ar phleanáil na seachtainí atá le teacht. Níor iarradh aon tuarascálacha i scríbhinn ós rud é gur pléadh na cúraimí go léir le linn na gcruinnithe agus gur léiríodh sna miontuairiscí iad. Maidir leis na conarthaí intramuros atá ann faoi láthair, liostaítear na cúraimí a cuireadh i gcrích sa bhileog ama den mhí ábhartha.


**(b)** Cuirtear nósanna imeachta nua i bhfeidhm chun cás den chineál céanna a sheachaint amach anseo.

# 3.42. Gníomhaireacht Feidhmiúcháin na Comhairle Eorpaí um Thaighde (ERCEA)

## Réamhrá

**3.42.1.** Bunaíodh Gníomhaireacht Feidhmiúcháin na Comhairle Eorpaí um Thaighde ('ERCEA'), atá lonnaithe sa Bhruiséil, le Cinneadh 2008/37/CE ón gCoimisiún, arna aisghairm agus arna ionadú le déanaí le Cinneadh Cur Chun Feidhme (AE) 2021/173 ón gCoimisiún, atá infheidhme ón 1 Aibreán 2021 go dtí an 31 Nollaig 2028. Tá ERCEA freagrach as gníomhaíocht na Comhairle Eorpaí um Thaighde faoi Fhís Eorpach a chur chun feidhme. I ***bhFíor 3.42.1***, tugtar na príomhfhigiúirí do ERCEA[130].

### Fíor 3.42.1 – Príomhfhigiúirí do ERCEA




* Tá figiúirí an bhuiséid bunaithe ar iomlán na leithreasuithe faoi chomhair íocaíochtaí atá ar fáil le linn na bliana airgeadais.

** Áirítear le 'foireann' oifigigh an Aontais, gníomhairí sealadacha an Aontais, daoine atá fostaithe ar conradh ag an Aontas agus saineolaithe náisiúnta ar iasacht, ach ní áirítear leis sin oibrithe eatramhacha ná sainchomhairleoirí.

*Foinse:* Cuntais bhliantúla ERCEA do bhlianta airgeadais 2021 agus 2022; figiúirí foirne arna soláthar ag ERCEA.

## Faisnéis a thacaíonn leis an ráiteas dearbhaithe

**3.42.2.** I Roinn 3.1, tá tuairisc ar ár gcur chuige iniúchóireachta, an bonn atá lenár dtuairim, na freagrachtaí atá ar bhainistíocht ERCEA agus orthu siúd a bhfuil an rialachas de chúram orthu, agus freagrachtaí an iniúchóra as iniúchóireacht a dhéanamh ar na cuntais agus ar na hidirbhearta is bun leis na cuntais. Is cuid dhílis den tuairim é an síniú atá ar leathanach 367.

[130] Tá tuilleadh eolais faoi ról agus gníomhaíochtaí ERCEA ar fáil ar a shuíomh gréasáin: https://erc.europa.eu/about-erc/erc-executive-agency-ercea

# Ráiteas dearbhaithe na Cúirte Iniúchóirí arna chur ar fáil do Pharlaimint na hEorpa agus don Chomhairle – Tuarascáil an iniúchóra neamhspleách

## Tuairim

**3.42.3.** Tá iniúchóireacht déanta againn ar an méid seo a leanas:

(a) cuntais Ghníomhaireacht Feidhmiúcháin na Comhairle Eorpaí um Thaighde ('ERCEA') atá comhdhéanta de na ráitis airgeadais[131] agus de na tuarascálacha ar chur chun feidhme bhuiséad ERCEA[132] don bhliain airgeadais dar críoch an 31 Nollaig 2022, agus

(b) dlíthiúlacht agus rialtacht na n-idirbheart is bun leis na cuntais sin,

de réir mar a cheanglaítear le hAirteagal 287 den Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh (CFAE).

### Beachtas na gcuntas

#### Tuairim maidir le beachtas na gcuntas

**3.42.4.** Is é ár dtuairim go dtugann cuntais ERCEA don bhliain dar críoch an 31 Nollaig 2022 léargas fíorcheart, ar gach slí ábhartha, ar staid airgeadais ERCEA amhail an 31 Nollaig 2022, ar thorthaí a chuid oibríochtaí, ar a shreabha airgid, agus ar na hathruithe ar ghlansócmhainní don bhliain dar críoch an dáta céanna, i gcomhréir lena Rialachán Airgeadais agus le rialacha cuntasaíochta arna nglacadh ag oifigeach cuntasaíochta an Choimisiúin. Tá siad sin bunaithe ar chaighdeáin chuntasaíochta don earnáil phoiblí a bhfuil glacadh go hidirnáisiúnta leo.

---

[131] Tá na ráitis airgeadais comhdhéanta den chlár comhardaithe, den ráiteas um fheidhmíocht airgeadais, den ráiteas faoi shreabhadh airgid, den ráiteas maidir leis na hathruithe ar ghlansócmhainní agus d'achoimre ar bheartais chuntasaíochta shuntasacha agus de nótaí míniúcháin eile.

[132] Tá na tuarascálacha ar chur chun feidhme an bhuiséid comhdhéanta de na tuarascálacha, ina gcomhiomlánaítear na hoibríochtaí buiséadacha go léir, agus de na nótaí míniúcháin.

## Dlíthiúlacht agus rialtacht na n-idirbheart is bun leis na cuntais

### Ioncam

**Tuairim maidir le dlíthiúlacht agus rialtacht an ioncaim is bun leis na cuntais**

**3.42.5.** Is é ár dtuairim go bhfuil an t-ioncam is bun le cuntais ERCEA don bhliain dar chríoch an 31 Nollaig 2022 dlíthiúil agus rialta ar gach slí ábharthach.

### Íocaíochtaí

**Tuairim maidir le dlíthiúlacht agus rialtacht na n-íocaíochtaí is bun leis na cuntais**

**3.42.6.** Is é ár dtuairim go bhfuil na híocaíochtaí is bun le cuntais ERCEA don bhliain dar chríoch an 31 Nollaig 2022 dlíthiúil agus rialta ar gach slí ábharthach.

## Obair leantach ar bharúlacha ó bhlianta roimhe seo

**3.42.7.** Tugtar forléargas san ***Iarscríbhinn*** ar an ngníomhaíocht a rinneadh mar fhreagairt ar bharúlacha na Cúirte Iniúchóirí ó bhlianta roimhe seo.

# Iarscríbhinn – Obair leantach ar bharúlacha ó bhlianta roimhe seo

| Sraithuimhir | Bliain bharúil CIE | Barúil CIE (achoimre) | Gníomh ceartaitheach a rinneadh agus / nó forbairtí ábhartha eile (achoimre) | Stádas bharúil CIE (Oscailte / Dúnta) |
|---|---|---|---|---|
| 1 | 2021 | Ní raibh leithreasuithe buiséadacha 2021 leordhóthanach, le gannchuid de €222 667, chun oibleagáid dhlíthiúil ERCEA maidir le cáin bhardasach a chumhdach.<br><br>Níor taifeadadh é sin i gclár na n-eisceachtaí go dtí tar éis ár n-iniúchta, rud a sháraigh prionsabail rialaithe inmheánaigh. | Rinne ERCEA an t-ábhar a thaifeadadh i gclár na n-eisceachtaí ar an 18 Bealtaine 2022.<br><br>Gheall ERCEA an €222 667 sin ina bhuiséad do 2022. | Dúnta |

# Freagra ERCEA


Tá tuarascáil na Cúirte tugtha ar a haire ag an nGníomhaireacht.

# 3.43. An Ghníomhaireacht Feidhmiúcháin Eorpach um an tSláinte agus an Digitiú (HaDEA)

## Réamhrá

**3.43.1.** Bunaíodh an Ghníomhaireacht Feidhmiúcháin Eorpach um an tSláinte agus an Digitiú ('HaDEA'), atá lonnaithe sa Bhruiséil, le Cinneadh Cur Chun Feidhme (AE) 2021/173 ón gCoimisiún, le haghaidh tréimhse dar tús an 16 Feabhra 2021 agus dar críoch ar an 31 Nollaig 2028. Ar na cúraimí atá ar HaDEA, tá bainistiú a dhéanamh ar ghníomhaíocht an Aontais i réimse na sláinte poiblí agus cláir dhigiteacha i réimsí lena n-áirítear an tionsclaíocht agus an spás a chomhordú. I ***bhFíor 3.43.1***, tugtar na príomhfhigiúirí do HaDEA[133].

### Fíor 3.43.1 – Príomhfhigiúirí do HaDEA




* Tá figiúirí an bhuiséid bunaithe ar iomlán na leithreasuithe faoi chomhair íocaíochtaí atá ar fáil le linn na bliana airgeadais.

** Áirítear le 'foireann' oifigigh an Aontais, gníomhairí sealadacha an Aontais, daoine atá fostaithe ar conradh ag an Aontas agus saineolaithe náisiúnta ar iasacht, ach ní áirítear leis sin oibrithe eatramhacha ná sainchomhairleoirí.

*Foinse:* Cuntais bhliantúla HaDEA do bhlianta airgeadais 2021 agus 2022; figiúirí foirne arna soláthar ag HaDEA.

Bhain HaDEA neamhspleáchas airgeadais amach in Aibreán 2021. Eascraíonn an méadú ar fhoireann agus ar bhuiséad ó fhás le linn thréimhse thosaigh HaDEA agus ó chomparáid a rinneadh ar bhliain iomlán in 2022 le tréimhse naoi mí in 2021. Táthar ag dréim leis go mbeidh méadú leanúnach ar an mbuiséad agus ar an bhfoireann araon i gcaitheamh na mblianta beaga seo amach anseo.

[133] Tá tuilleadh eolais faoi ról agus gníomhaíochtaí HaDEA ar fáil ar a shuíomh gréasáin: https://hadea.ec.europa.eu

## Faisnéis a thacaíonn leis an ráiteas dearbhaithe

**3.43.2.** I Roinn 3.1, tá tuairisc ar ár gcur chuige iniúchóireachta, an bonn atá lenár dtuairim, na freagrachtaí atá ar bhainistíocht HaDEA agus orthu siúd a bhfuil an rialachas de chúram orthu, agus freagrachtaí an iniúchóra as iniúchóireacht a dhéanamh ar na cuntais agus ar na hidirbhearta is bun leis na cuntais. Is cuid dhílis den tuairim é an síniú atá ar leathanach 367.

## Ráiteas dearbhaithe na Cúirte Iniúchóirí arna chur ar fáil do Pharlaimint na hEorpa agus don Chomhairle – Tuarascáil an iniúchóra neamhspleách

### Tuairim

**3.43.3.** Tá iniúchóireacht déanta againn ar an méid seo a leanas:

(a) cuntais na Gníomhaireachta Feidhmiúcháin Eorpaí um an tSláinte agus an Digitiú ('HaDEA'), atá comhdhéanta de na ráitis airgeadais[134] agus de na tuarascálacha ar chur chun feidhme bhuiséad HaDEA[135] don bhliain airgeadais dar críoch an 31 Nollaig 2022, agus

(b) dlíthiúlacht agus rialtacht na n-idirbheart is bun leis na cuntais sin,

de réir mar a cheanglaítear le hAirteagal 287 den Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh (CFAE).

[134] Tá na ráitis airgeadais comhdhéanta den chlár comhardaithe, den ráiteas um fheidhmíocht airgeadais, den ráiteas faoi shreabhadh airgid, den ráiteas maidir leis na hathruithe ar ghlansócmhainní agus d'achoimre ar bheartais chuntasaíochta shuntasacha agus de nótaí míniúcháin eile.

[135] Tá na tuarascálacha ar chur chun feidhme an bhuiséid comhdhéanta de na tuarascálacha, ina gcomhiomlánaítear na hoibríochtaí buiséadacha go léir, agus de na nótaí míniúcháin.

## Beachtas na gcuntas

### Tuairim maidir le beachtas na gcuntas

**3.43.4.** Is é ár dtuairim go dtugann cuntais HaDEA don bhliain dar chríoch an 31 Nollaig 2022 léargas fíorcheart, ar gach slí ábharthach, ar staid airgeadais HaDEA amhail an 31 Nollaig 2022, ar thorthaí a chuid oibríochtaí, ar a shreabha airgid, agus ar na hathruithe ar ghlansócmhainní don bhliain dar chríoch an dáta céanna, i gcomhréir lena Rialachán Airgeadais agus le rialacha cuntasaíochta arna nglacadh ag oifigeach cuntasaíochta an Choimisiúin. Tá siad sin bunaithe ar chaighdeáin chuntasaíochta don earnáil phoiblí a bhfuil glacadh go hidirnáisiúnta leo.

## Dlíthiúlacht agus rialtacht na n-idirbheart is bun leis na cuntais

### Ioncam

**Tuairim maidir le dlíthiúlacht agus rialtacht an ioncaim is bun leis na cuntais**

**3.43.5.** Is é ár dtuairim go bhfuil an t-ioncam is bun le cuntais HaDEA don bhliain dar chríoch an 31 Nollaig 2022 dlíthiúil agus rialta ar gach slí ábharthach.

### Íocaíochtaí

**Tuairim maidir le dlíthiúlacht agus rialtacht na n-íocaíochtaí is bun leis na cuntais**

**3.43.6.** Is é ár dtuairim go bhfuil na híocaíochtaí is bun le cuntais HaDEA don bhliain dar chríoch an 31 Nollaig 2022 dlíthiúil agus rialta ar gach slí ábharthach.

**3.43.7.** Maidir leis na barúlacha anseo ina dhiaidh seo, ní tharraingíonn siad amhras ar bith ar thuairim na Cúirte Iniúchóirí.

## Barúlacha maidir leis na córais bhainistíochta agus rialaithe

**3.43.8.** Fuaireamar laigí i gceithre cinn as sé nós imeachta soláthair ar luach íseal a ndearnadh iniúchadh orthu (faoi bhun €15 000). Áiríodh leo sin cur síos ar ábhair na gconarthaí nach raibh soiléir, caibidlíocht le conraitheoirí ionchasacha a thosaigh sular seoladh cuirí chun tairisceana, costais áirithe a bheith san áireamh i dtairiscint an tairgeora ach a bhí fágtha amach as na foirmeacha ordaithe, agus cinntí dámhachtana nach raibh sínithe ag an oifigeach údarúcháin

## Obair leantach ar bharúlacha ó bhlianta roimhe seo

**3.43.9.** Tugtar forléargas san ***Iarscríbhinn*** ar an ngníomhaíocht a rinneadh mar fhreagairt ar bharúlacha na Cúirte Iniúchóirí ó bhlianta roimhe seo.

# Iarscríbhinn – Obair leantach ar bharúlacha ó bhlianta roimhe seo

| Sraithuimhir | Bliain bharúil CIE | Barúil CIE (achoimre) | Gníomh ceartaitheach a rinneadh agus / nó forbairtí ábhartha eile (achoimre) | Stádas bharúil CIE (Oscailte / Dúnta) |
|---|---|---|---|---|
| 1 | 2021 | Rinne Ard-Stiúrthóir AS SANTE a húdarás a tharmligean chun gníomhú mar Stiúrthóir sealadach HaDEA go dtí go raibh an acmhainneacht ag HaDEA a bhuiséad féin a chur chun feidhme. Ní raibh sé sin i gcomhréir le Rialachán bunaidh HaDEA. | Teagmhas aonuaire a bhí ann. Tá Stiúrthóir Feidhmiúcháin buan ag HaDEA anois | Dúnta |
| 2 | 2021 | Faoin 31 Nollaig 2021, ní raibh comhaontú ar leibhéal seirbhíse sínithe ag HaDEA leis an gCoimisiún maidir lena spás oifige a fháil ar cíos. | Tá an comhaontú ar leibhéal seirbhíse leis an gCoimisiún tugtha i gcrích ag HaDEA. | Dúnta |

An Ghníomhaireacht Feidhmiúcháin Eorpach um an tSláinte agus an Digitiú (HaDEA)

# Freagra HaDEA


**3.43.8.** Tá HaDEA ag teacht leis an mbarúil. Tá an uirlis thiomnaithe TF PPMT (Uirlis Fhorordaithe Bainistithe Soláthair) lena ndéantar na próisis soláthair a chuíchóiriú tuilleadh i bhfeidhm ag HaDEA amhail ó mhí Mheán Fómhair 2022.

# 3.44. An Ghníomhaireacht Feidhmiúcháin Eorpach um Thaighde (REA)

## Réamhrá

**3.44.1.** Bunaíodh an Ghníomhaireacht Feidhmiúcháin Eorpach um Thaighde (‘REA’), atá lonnaithe sa Bhruiséil, le Cinneadh Cur Chun Feidhme (AE) 2021/173 ón gCoimisiún, atá infheidhme ón 1 Aibreán 2021 go dtí an 31 Nollaig 2028. Tháinig REA i gcomharbas ar an nGníomhaireacht Feidhmiúcháin Taighde, a bunaíodh in 2007. Tacaíonn REA le beartas taighde agus nuálaíochta an Aontais trí bhainistiú a dhéanamh ar thionscadail a fhaigheann tacaíocht ón gcreatchlár dar teideal Fís Eorpach agus ón gclár a bhí ann díreach roimhe sin i.e. Fís 2020. Déanann REA bainistiú freisin ar an gCiste Taighde um Ghual agus Cruach agus ar bhearta a bhaineann le táirgí talmhaíochta a chur chun cinn. I ***bhFíor 3.44.1***, tugtar na príomhfhigiúirí do REA[136].

### Fíor 3.44.1 – Príomhfhigiúirí do REA




* Tá figiúirí an bhuiséid bunaithe ar iomlán na leithreasuithe faoi chomhair íocaíochtaí atá ar fáil le linn na bliana airgeadais.

** Áirítear le ‘foireann’ oifigigh an Aontais, gníomhairí sealadacha an Aontais, daoine atá fostaithe ar conradh ag an Aontas agus saineolaithe náisiúnta ar iasacht, ach ní áirítear leis sin oibrithe eatramhacha ná sainchomhairleoirí.

*Foinse:* Cuntais bhliantúla REA do bhlianta airgeadais 2021 agus 2022; figiúirí foirne arna soláthar ag REA.

[136] Tá tuilleadh eolais faoi ról agus gníomhaíochtaí REA ar fáil ar a shuíomh gréasáin: www.rea.europa.eu.

## Faisnéis a thacaíonn leis an ráiteas dearbhaithe

**3.44.2.** I Roinn 3.1, tá tuairisc ar ár gcur chuige iniúchóireachta, an bonn atá lenár dtuairim, na freagrachtaí atá ar bhainistíocht REA agus orthu siúd a bhfuil an rialachas de chúram orthu, agus freagrachtaí an iniúchóra as iniúchóireacht a dhéanamh ar na cuntais agus ar na hidirbhearta is bun leis na cuntais. Is cuid dhílis den tuairim é an síniú atá ar leathanach 367.

## Ráiteas dearbhaithe na Cúirte Iniúchóirí arna chur ar fáil do Pharlaimint na hEorpa agus don Chomhairle – Tuarascáil an iniúchóra neamhspleách

# Tuairim

**3.44.3.** Tá iniúchóireacht déanta againn ar an méid seo a leanas:

(a) cuntais na Gníomhaireachta Feidhmiúcháin Eorpaí um Thaighde ('REA'), atá comhdhéanta de na ráitis airgeadais[137] agus de na tuarascálacha ar chur chun feidhme bhuiséad REA[138] don bhliain airgeadais dar chríoch an 31 Nollaig 2022, agus

(b) dlíthiúlacht agus rialtacht na n-idirbheart is bun leis na cuntais sin,

de réir mar a cheanglaítear le hAirteagal 287 den Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh (CFAE).

---

[137] Tá na ráitis airgeadais comhdhéanta den chlár comhardaithe, den ráiteas um fheidhmíocht airgeadais, den ráiteas faoi shreabhadh airgid, den ráiteas maidir leis na hathruithe ar ghlansócmhainní agus d'achoimre ar bheartais chuntasaíochta shuntasacha agus de nótaí míniúcháin eile.

[138] Tá na tuarascálacha ar chur chun feidhme an bhuiséid comhdhéanta de na tuarascálacha, ina gcomhiomlánaítear na hoibríochtaí buiséadacha go léir, agus de na nótaí míniúcháin.

## Beachtas na gcuntas

### Tuairim maidir le beachtas na gcuntas

**3.44.4.** Is é ár dtuairim go dtugann cuntais REA don bhliain dar chríoch an 31 Nollaig 2022 léargas fíorcheart, ar gach slí ábhartha
ch, ar staid airgeadais REA amhail an 31 Nollaig 2022, ar thorthaí a chuid oibríochtaí, ar a shreabha airgid, agus ar na hathruithe ar ghlansócmhainní don bhliain dar chríoch an dáta céanna, i gcomhréir lena Rialachán Airgeadais agus le rialacha cuntasaíochta arna nglacadh ag oifigeach cuntasaíochta an Choimisiúin. Tá siad sin bunaithe ar chaighdeáin chuntasaíochta don earnáil phoiblí a bhfuil glacadh go hidirnáisiúnta leo.

## Dlíthiúlacht agus rialtacht na n-idirbheart is bun leis na cuntais

### Ioncam

**Tuairim maidir le dlíthiúlacht agus rialtacht an ioncaim is bun leis na cuntais**

**3.44.5.** Is é ár dtuairim go bhfuil an t-ioncam is bun le cuntais REA don bhliain dar chríoch an 31 Nollaig 2022 dlíthiúil agus rialta ar gach slí ábharthach.

### Íocaíochtaí

**Tuairim maidir le dlíthiúlacht agus rialtacht na n-íocaíochtaí is bun leis na cuntais**

**3.44.6.** Is é ár dtuairim go bhfuil na híocaíochtaí is bun le cuntais REA don bhliain dar chríoch an 31 Nollaig 2022 dlíthiúil agus rialta ar gach slí ábharthach.

# Freagra REA

Tá tuarascáil na Cúirte tugtha ar a haire ag an nGníomhaireacht.

Is é Seomra IV, faoi cheannas Mihails Kozlovs (Comhalta den Chúirt Iniúchóirí), a ghlac an tuarascáil seo i Lucsamburg ag an gcruinniú a bhí aige an 19 Meán Fómhair 2023.

*Thar ceann na Cúirte Iniúchóirí*

Tony Murphy
*An tUachtarán*

# CÓIPCHEART

© An tAontas Eorpach, 2023

Is i gCinneadh Uimh. 6-2019 ó Chúirt Iniúchóirí na hEorpa maidir leis an mbeartas sonraí oscailte agus athúsáid doiciméad a leagtar amach an beartas athúsáide atá ag Cúirt Iniúchóirí na hEorpa.

Mura léirítear a mhalairt (e.g. i bhfógraí cóipchirt aonair), déantar ábhar na Cúirte Iniúchóirí atá faoi úinéireacht an Aontais a cheadúnú faoi cheadúnas *Creative Commons* – Sannadh 4.0 Idirnáisiúnta (CC BY 4.0). Mar riail ghinearálta, dá bhrí sin, ceadaítear athúsáid ar choinníoll go dtugtar aitheantas cuí agus go léirítear aon athruithe. Ní fhéadfaidh aon duine atá ag baint athúsáid as ábhar na Cúirte Iniúchóirí an bhunbhrí ná an teachtaireacht a shaobhadh. Ní bheidh an Chúirt Iniúchóirí faoi dhliteanas i leith aon iarmhairt a bhaineann le hathúsáid.

Caithfear cead breise a fháil má léirítear daoine príobháideacha inaitheanta in ábhar ar leith, e.g. i bpictiúir d’fhoireann na Cúirte Iniúchóirí, nó má tá oibreacha tríú páirtí san áireamh.

I gcás ina bhfaightear an cead sin, cuirfidh sé an cead ginearálta thuasluaite ar ceal agus tiocfaidh sé ina ionad, agus beidh sé ráite go soiléir sa chead nua má tá aon srianta eile ann maidir le húsáid.

D’fhéadfadh sé gur gá cead a lorg go díreach ó shealbhóirí an chóipchirt chun ábhar nach leis an Aontas Eorpach é a úsáid nó a atáirgeadh.

Maidir le bogearraí nó doiciméid atá cumhdaithe ag cearta maoine tionsclaíche, amhail paitinní, trádmharcanna, dearaí cláraithe, lógónna agus ainmneacha, tá siad eisiata ó bheartas athúsáide na Cúirte Iniúchóirí.

Tá naisc chuig suíomhanna gréasáin tríú páirtí le fáil ar shuíomhanna gréasáin an Aontais Eorpaigh atá san fhearann europa.eu. Ós rud é nach bhfuil aon smacht ag an gCúirt orthu sin, moltar duit a mbeartais príobháideachais agus chóipchirt a léamh go cúramach.

**Úsáid lógó CIE**

Ní fhéadtar lógó Chúirt Iniúchóirí na hEorpa a úsáid gan toiliú a fháil ó Chúirt Iniúchóirí na hEorpa roimh ré.

QJ-AG-23-001-GA-N

CÚIRT INIÚCHÓIRÍ NA hEORPA

Oifig Foilseachán an Aontais Eorpaigh

ISBN 978-92-849-0011-4